(89) Sa tSualainn, áirítear i Roinn 7 de bhille Rialtais 1990/91:158, arna ghlacadh leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne, iarraidh ar pharlaimint na Sualainne údarú a thabhairt don Rialtas, nó don údarás arna chinneadh ag an Rialtas, ráthaíocht a ghlacadh thar ceann Stát na Sualainne, i gcomhpháirt agus go leithleach le Stát na Danmhairge, d'iasachtaí an Chuibhreannais agus d'ionstraimí airgeadais eile a úsáidtear i ndáil le pleanáil, dearadh, tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. Áirítear i Roinn 4 de bhille Rialtais 1990/91:158, arna ghlacadh leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne, an struchtúr eagrúcháin atá beartaithe agus an maoiniú atá beartaithe don Nasc Seasmhach, lena n-áirítear an oibleagáid ráthaíochta. Foráiltear leis go mbeidh cistiú suntasach airgeadais de dhíth ar an gCuibhreannas ar dtús agus ba cheart don Chuibhreannas é sin a fháil trí iasachtaí a chruinniú ar an margadh. Déanfaidh na Stáit an iasacht sin a ráthú i gcomhpháirt agus go leithleach, rud a chiallaíonn go ráthaíonn an dá Stát an méid iomlán ina n-aonar, le ceart cláraigh in aghaidh a chéile ar feadh leath an mhéid. Foráiltear freisin le Roinn 4 de bhille Rialtais 1990/91:158, arna ghlacadh leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne, gur cheart go mbeadh an Cuibhreannas in ann an Nasc Seasmhach a mhaoiniú ar théarmaí fabhracha. Measadh go raibh thart ar SEK 15 bhilliún (EUR 2.01 billiún) i gceist leis na gealltanais ráthaíochta iomlána a bhaineann leis an Nasc Seasmhach⁽⁴⁵⁾.⁽⁴⁶⁾ tráth ar cuireadh é i gcrích, agus áiríodh leo costais tógála agus mhaoinithe. Tugadh faoi deara freisin, i gcás tionscadal amhail an Nasc Seasmhach, a ndearnadh infheistíochtaí móra ann thar roinnt blianta, go raibh sé thar a bheith deacair méid beacht a mheas, ós rud é gur bhraith costais an tionscadail i bpraghsanna reatha, *inter alia*, ar rátaí úis amach anseo agus ar threochtaí ginearálta praghsanna. Dá bhrí sin, bhí sé beartaithe ag an Rialtas filleadh ar an bParlaimint le tuarascáil ar an gcaoi a rachadh an tionscadal chun cinn. Thairis sin, luadh go mbeadh torthaí diúltacha ar an gCuibhreannas le linn bhlianta tosaigh na céime oibriochtúla, ós rud é nach mbeadh ioncam ó dholáí úsáideora leordhóthanach chun costais an Chuibhreannais a chumhdach go hiomlán. Chumhdódh na cuideachtaí sealbhaíochta an t-easnamh sin, trí ranniocaíochtaí, nó tríd an gCuibhreannas, trí iasachtaí. Luaitear i mBille an Rialtais 1990/91:158 gurb é an réiteach is fearr ná go bhfaigheadh an Cuibhreannas na cistí riachtanacha é féin, le ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach ó na Stáit. Dá réir sin, measadh go sroichfidh na gealltanais ráthaíochta iomlána ina leith sin thart ar SEK 1.8 billiún (EUR 0.24 billiún)⁽⁴⁷⁾.⁽⁴⁸⁾ Bhí sé beartaithe ag an Rialtas, ina leith sin, tuairisc a thabhairt don Pharlaimint ar dhul chun cinn an tionscadail.

(90) Meabhraítear sa Chomhaontú Cuibhreannais an oibleagáid seo i ndáil le ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach Stáit maidir le hiasachtaíocht an Chuibhreannais. Foráiltear leis, i Roinn 4(3): 'Déanfar ceanglais chaipitil an Chuibhreannais maidir le pleanáil, dearadh tionscadail agus tógáil an [Naisc Sheasmhaigh], lena n-áirítear costais sheirbhísithe iasachta, agus maidir leis na ceanglais chaipitil a chumhdach a eascraíonn as cailteanais leabhar a mheastar go dtarlóidh siad ar feadh roinnt blianta tar éis an [Naisc Sheasmhaigh] a oscailt don trácht a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh sa [Chomhaontú Idir-Rialtasach], trí iasachtaí a fháil nó trí ionstraimí airgeadais a eisiúint ar an margadh oscailte le hurrús i bhfoirm ráthaíochtaí rialtais na Sualainne agus na Danmhairge.'

2.2.1.2. Riar shamhail na ráthaíochta Stáit

(91) Sa tSualainn, le cinntí ó Rialtas na Sualainne an 13 Feabhra 1992 (K91/1443/3, K92/320/3), an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K94/202/3) agus an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3) rinneadh an inniúlacht agus an oibleagáid ráthaíochtaí a shannadh go comhpháirteach do gach maoiniú a theastaíonn ón gCuibhreannas i ndáil leis an Nasc Seasmhach a tharmlígean chuig Riksgäldskontoret ('Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne').

(92) Le cinneadh Rialtas na Sualainne an 13 Feabhra 1992 (K91/1443/3, K92/320/3) formheasadh Comhaontú an Chuibhreannais.

⁽⁴⁵⁾ De réir Eurostat, ba é ECU 1 = SEK 7.4793 an meánráta malairte, in 1991, idir an ECU agus an krona. Cuirtear an ráta malairte sin i bhfeidhm chun neas-choibhéis EUR agus SEK a ríomh.

⁽⁴⁶⁾ Ar leibhéal praghsanna 1991.

⁽⁴⁷⁾ *Supra*, fonóta 45.

⁽⁴⁸⁾ Ar leibhéal praghsanna 1991.

- (93) Le cinneadh Rialtas na Sualainne an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) údaráíodh d'Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne ráthaíochtaí a eisiúint, i gcomhpháirt agus go leithleach le Stát na Danmhairge, de SEK 600 milliún (EUR 65,78 milliún) ⁽⁴⁹⁾ agus DKK 600 milliún (EUR 80,42 milliún). Bhain sé sin le maoiniú do phleanáil agus do dheardh tionscadail an Chuibhreannais.
- (94) Le cinneadh Rialtas na Sualainne an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3) údaráíodh agus forchuireadh gealltanais ar Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne ráthaíochtaí a riar agus a eisiúint thar ceann Stát na Sualainne agus i gcomhpháirt agus go leithleach le Stát na Danmhairge chun riachtanais mhaoinithe uile an Chuibhreannais le haghaidh costais a bhaineann le pleanáil, dearadh tionscadail, tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh a chumhdach, i gcomhréir leis an gComhaontú Idir-Rialtasach. Níl cinneadh Rialtas na Sualainne an 23 Meitheamh 1994 faoi réir leasuithe.
- (95) Sa Danmhairg, fuair Nationalbanken ('Banc Náisiúnta na Danmhairge') toscaireacht chomhfhreagrach tríd an Acht Foirgníochta. Sa Danmhairg, is é Banc Náisiúnta na Danmhairge, thar ceann na hAireachta Airgeadais, a bhainistíonn fiachas an rialtais, trí chumhacht aturnae. Dá bhrí sin, nuair a thug an tAcht Foirgníochta údarás d'Aireacht Airgeadais na Danmhairge ráthaíocht — i gcomhpháirt agus go leithleach le Stát na Sualainne — a ghlacadh thar ceann Stát na Danmhairge chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, thug sé údarú freisin do Bhanc Náisiúnta na Danmhairge glacadh leis an ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach sin maidir le hoibleagáid Stáit.
- (96) Mar a tugadh faoi deara in aithris 30 den Chinneadh Tosaigh, sainíonn Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne an creat ginearálta do bheartas maoinithe an Chuibhreannais (féach tuilleadh aithrisí (97) go (102)), agus déanann siad maoirseacht ar chur chun feidhme shamhail na ráthaíochta Stáit nuair a shíníonn an Cuibhreannas comhaontuithe iasachta nua nó nuair a úsáideann sé ionstraimí airgeadais eile i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh (féach tuilleadh aithrisí (103) go (116)). Ina mbarúlacha mar fhreagairt ar an gCinneadh Tosaigh ⁽⁵⁰⁾, chuir na Stáit tuilleadh sonraí ar fáil maidir leis na heilimintí sin, atá san áireamh san fhorléargas thíos.
- (97) An 16 Nollaig 1997, shínigh Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne (thar ceann na Stát) agus an Cuibhreannas comhaontú comhair trípháirteach ('Comhaontú Comhair 1997') chun roinnt de dhéileálacha na bpáirtithe a rialáil, lena n-áirítear ceart cúlraigh Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne i gcoinne an Chuibhreannais, agus oibleagáidí tuairiscithe agus faisnéise an Chuibhreannais dóibh (féach tuilleadh aithris (99)). Rinneadh an comhaontú sin a fhorlíonadh le comhaontú idir an Cuibhreannas agus Stát na Sualainne (trí Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne), a tugadh i gcrích an 23 Deireadh Fómhair 2000 (féach freisin aithris (100)). Cuireadh comhaontú nua comhair trípháirteach, a tugadh i gcrích an 8 Samhain 2004 ('Comhaontú Comhair 2004') in ionad Chomhaontú Comhair 1997 (féach tuilleadh, aithris (101)). Rinneadh an comhaontú sin a fhorlíonadh le comhaontú idir an Cuibhreannas agus Stát na Sualainne (trí Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne), a tugadh i gcrích an 14 Samhain 2012 (féach freisin aithris (102)).
- (98) Tá roinnt téarmaí, cearta agus oibleagáidí foirmiúla do na páirtithe i gComhaontuithe Comhair 1997 agus 2004. Mhínigh na Stáit gur tugadh isteach na socruithe riaracháin praiticiúla sin a rinne Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge chun deis a thabhairt do na Stáit faireachán a dhéanamh ar bheartas maoinithe an Chuibhreannais agus tionchar a imirt air, agus chun a áirithiú nach sáróidh an Cuibhreannas a shainordú agus go leanfar beartas maoinithe lena n-íoslaghdaítear riosca fadtéarmach na Stát. De réir na Stát, áirithíodh leis an sásra sin freisin nach dtéann an chabhair a deonaíodh don Chuibhreannas thar a bhfuil riachtanach.

⁽⁴⁹⁾ De réir Eurostat, ba é ECU 1 = SEK 9,1215 an meánráta malairte, in 1993, idir an ECU agus krona na Sualainne. Cuirtear an ráta malairte sin i bhfeidhm chun neas-choibhéis EUR de SEK a ríomh.

⁽⁵⁰⁾ Tagraíonn barúlacha na Stát mar fhreagra ar an gCinneadh Tosaigh freisin d'fhaisnéis a chuir údarais na Sualainne agus údarais na Danmhairge ar fáil in SA.36558, SA.36662, SA.51262 agus SA.52617, sular tugadh fógra do na Stáit maidir leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil.

- (99) Sonraítear i gComhaontú Comhair 1997 go bhfuil sé ar intinn ag Banc Náisiúnta na Danmhairge agus ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne teorainn a chur lena gceart cúlraigh, i gcás gníomhachtaí ráthaíochtaí, chuig an gCuibhreannas, agus, dá bhrí sin, gan é a úsáid in aghaidh na máthairchuideachtaí. Tá plean aisíocaíochta ann, ar féidir iad a choigeartú ó am go ham, teorainneacha riosca le haghaidh infheistíochtaí leachtachta agus idirbhearta díorthacha ag an gCuibhreannas, agus sonraítear ann oibleagáidí áirithe faisnéise agus tuairiscithe. Déantar foráil sa chomhaontú sin freisin maidir le sonraí áirithe i ndáil le hidirbhearta iasachtaíochta agus díorthacha arna ráthú ag na Stáit. Dá réir sin, gheobhaidh an Cuibhreannas formheas ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne i gcás idirbhearta uile an Chuibhreannais, amhail iasachtaí agus Máistir-Chomhaontuithe ISDA. Ní dhéanfaidh an Cuibhreannas idirbhearta le contrapháirtithe nach bhfuil formheas faighte acu roimh ré ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge ná ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne. Gheobhaidh an Cuibhreannas formheas ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne le haghaidh na doiciméadachta conartha uile i ndáil le hiasachtaí an Chuibhreannais. Déanfaidh Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne measúnú i dtaobh an bhfuil nó an bhféadfadh na comhaontuithe aonair a bheith tábhachtach maidir le raon feidhme a n-oibleagáide ráthaíochta comhpháirtí agus leithlí Stáit, a riosca, agus gach imthoisc eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibleagáid na ráthaíochta nó do sholáthraithe na ráthaíochta.
- (100) I gcomhaontú forlíontach Dheireadh Fómhair 2000 idir an Cuibhreannas agus Stát na Sualainne, sainítear treoirlínte maidir le hiasachtaíocht ráthaithe agus bainistíú punainne Stáit an Chuibhreannais, agus sonraítear ann, má chomhlíonann an Cuibhreannas na treoirlínte sin, nach gá d'Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne idirbhearta aonair a fhorghnó sula ndéanfaidh an Cuibhreannas iad. Maidir le hidirbhearta a bhféadfadh comhlíonadh na dtreoirlínte a bheith doiléir ina leith, ba cheart don Chuibhreannas dul i dteagmháil ar dtús le hOifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus a mhíniú cén fáth a bhféadfaí a mheas go gcumhdaítear na hidirbhearta sin leis an gcomhaontú.
- (101) Liostaítear i gComhaontú Comhair 2004 oibleagáidí agus rioscaí áirithe a bhaineann le bainistíocht airgeadais an Chuibhreannais. Beidh beartas airgeadais ag an gCuibhreannas ina mbeidh treoirlínte agus rialacha maidir le bainistíocht airgeadais agus bainistíocht riosca airgeadais. Glacfaidh bord stiúrthóirí an Chuibhreannais an beartas airgeadais agus an straitéis airgeadais gach bliain agus tabharfaidh siad aird ar bharúlacha Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne. Tá roinn i gComhaontú Comhair 2004 maidir leis an oibleagáid faisnéise agus tuairiscithe, meabhraítear ann ceart cúlraigh Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne, meabhraítear ann an oibleagáid atá ar an gCuibhreannas formheas a fháil maidir le doiciméadacht uile an chonartha i ndáil lena iasachtaíocht agus lena dhul i mbun Máistir-Chomhaontuithe ISDA, agus an gá atá le toiliú i scríbhinn ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge agus ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne chun téarmaí nó coinníollacha idirbhearta ráthaithe a athrú. I gcás ina ndéanann an Cuibhreannas idirbhearta nach dtagann faoi na treoirlínte a luaitear i mbeartas airgeadais an Chuibhreannais, tá an ceart comhpháirteach agus leithleach ag Banc Náisiúnta na Danmhairge agus ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne a cheangal ar an gCuibhreannas scor d'idirbhearta, iad a leachtú, nó staonadh ó idirbhearta mar chuid dá bhainistíocht airgeadais. Déanfaidh an Cuibhreannas freisin an plean d'fhorbairt fhadtéarmach dhliteanais airgeadais an Chuibhreannais a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear cur i láthair na haisíocaíochta agus na ndíbhinní atá beartaithe.
- (102) Sonraítear i gcomhaontú forlíontach mhí na Samhna 2012 idir an Cuibhreannas agus Stát na Sualainne, má chomhlíonann an Cuibhreannas a bheartas airgeadais de réir bhrí Chomhaontú Comhair 2004, nach gá d'Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne idirbhearta aonair a fhorghnó sula ndéanfaidh an Cuibhreannas iad. I gcás idirbhearta eile, nach gcomhlíonann an beartas airgeadais, ba cheart don Chuibhreannas formheas i scríbhinn a fháil ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne chun a áirithiú go gcumhdaítear an t-idirbheart sonrach leis an oibleagáid faoi ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach Stáit.

2.2.1.3. Cur chun feidhme shamhail na ráthaíochta Stáit

- (103) Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc ar dtús ar chur chun feidhme shamhail na ráthaíochta Stáit de réir mar a cuireadh i bhfeidhm é go dtí breithiúnas *Øresund* an 19 Meán Fómhair 2018 (féach tuilleadh, aithrisí (104) go (115)). Tugtar tuilleadh sonraí le hAithris (116) le haghaidh na tréimhse ina dhiaidh sin.

- (104) Sa tréimhse roimh bhreithiúnas *Øresund*, rinne na Stáit ionstraimí fiachais (amhail bannaí) a eisíodh faoi chlár EMTN ⁽⁵¹⁾ a ráthú. Rinneadh é sin a chur ar bhonn foirmiúil i bhfoirm gníomhas ráthaíochta a shínigh na Stáit an 21 Meán Fómhair 1995 i leith chlár EMTN, a bunaíodh an lá céanna. Lena síniú, ráthóidh na Stáit i gcomhpháirt agus go leithleach do shealbhóirí na n-ionstraimí go ndéanfaidh na Stáit, má mhainníonn an Cuibhreannas ar chúis ar bith aon tsuim ráthaithe a íoc nuair a bheidh sí dlite agus iníoctha, an tsuim sin a íoc gan choinníoll laistigh de cheithre lá gnó tar éis éileamh i scríbhinn ó shealbhóir ar an dá Stát agus ar an gCuibhreannas. Bhí an gníomhas ráthaíochta ina chuid dhílis den mheabhrán faisnéise. Níor áiríodh sa ghníomhas ráthaíochta a síníodh an 21 Meán Fómhair 1995 tagairt dhíreach don Chomhaontú Idir-Rialtasach ná don reachtaíocht cur chun feidhme ina dhiaidh sin, ach aithníodh i gclár EMTN gur bunaíodh an Cuibhreannas de bhun an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh.
- (105) Rinneadh tagairt freisin sa chlár EMTN ina dhiaidh sin do ghníomhas ráthaíochta an 21 Meán Fómhair 1995, agus dhearbhaigh na Stáit bailíocht an ghnímh ráthaíochta sin i litreacha an 10 Feabhra 2000. An 22 Bealtaine 2001, síníodh gníomhas nua ráthaíochta i leith nuashonrú an chlár EMTN, a foilsíodh ar an dáta céanna. Bhí na coinníollacha céanna go substaintiúil ag an ngníomhas ráthaíochta, a shínigh na Stáit an 22 Bealtaine 2001, agus a bhí ag an ngníomhas ráthaíochta a shínigh na Stáit an 21 Meán Fómhair 1995. Sna nuashonruithe bliantúla a rinneadh ina dhiaidh sin ar chlár EMTN, rinneadh tagairt don ghníomhas ráthaíochta sin an 22 Bealtaine 2001.
- (106) Gach uair a d'eisigh an Cuibhreannas bannaí faoin gclár EMTN, dheimhnigh Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne go raibh na bannaí sin faoi réir an ghníomhais ráthaíochta. Bhí feidhm ag an ngníomhas ráthaíochta an 21 Meán Fómhair 1995 maidir le bannaí faoin gclár EMTN go dtí 2000, agus bhí feidhm ag an ngníomhas ráthaíochta an 22 Bealtaine 2001 le bannaí faoi chlár EMTN ó 2001.
- (107) Mhínigh na Stáit go gciallaíonn sé sin nár eisigh Banc Náisiúnta na Danmhairge ná Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne ráthaíocht shonrach do gach banna aonair, ach dheimhnigh siad gur chumhdaigh an gníomhas ráthaíochta a eisíodh cheana féin an banna aonair faoin gclár EMTN, trí thoiiliú le téarmaí praghsála na hiasachta sin agus trína nglacadh a dheimhniú.
- (108) Bhí bannaí a eisíodh faoi chlár MTN na Sualainne faoi réir ráthaíochta ó na Stáit freisin. Eisíodh gníomhas ráthaíochta an 2 Nollaig 1996 i bhfabhar shealbhóirí ionstraimí fiachais arna n-eisiúint faoi chlár MTN na Sualainne. Bhí bannaí aonair a eisíodh faoi chlár MTN na Sualainne faoi réir an chomhaontaithe ráthaíochta sin. Thagair clár MTN na Sualainne siar don Chomhaontú Idir-Rialtasach. Gach uair a eisíodh banna aonair faoi chlár MTN na Sualainne, d'fhormheas Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne bannaí, gan a lua go sainráite gur chumhdaigh gníomhas na ráthaíochta an banna aonair.
- (109) I gcás na gcomhaontuithe iasachta neamhspleácha, amhail na comhaontuithe sin ó BEI, shínigh an Cuibhreannas conarthaí airgeadais leis an institiúid airgeadais. I gceangal le gach conradh airgeadais bhí doiciméad maidir le comhaontú ráthaíochta. Chumhdaigh na comhaontuithe ráthaíochta sin idir na Stáit agus na hinstiúidí airgeadais an tsaoráid iasachta iomlán de bhun conradh airgeadais faoi seach. An comhaontú ráthaíochta dá dtagraítear sa Chomhaontú Idir-Rialtasach. Rinne an tSualainn agus an Danmhairg an comhaontú ráthaíochta deireanach a bhain le hiasachtaí BEI an 22 Deireadh Fómhair 2001.
- (110) Fuair an Cuibhreannas iasachtaí go díreach freisin ó iasachtóirí príobháideacha, a rinne comhaontuithe iasachta neamhspleácha. Rinne na Stáit na hiasachtaí sin go léir a ráthú ar bhonn comhaontuithe ráthaíochta aonair, agus i gcomhréir leis na hoibleagáidí sa Chomhaontú Idir-Rialtasach agus sa Chomhaontú Cuibhreannais.

⁽⁵¹⁾ Ciallaíonn 'clár' an clár chun ionstraimí fiachais a eisiúint arna bhunú ag an gCuibhreannas.

- (111) Maidir leis na saoráidí creidmheasa atá i seilbh an Chuibhreannais le banc chun críoch íocaíochta thar oíche agus i gcás éagsúlachtaí gearrthéarmacha ar leachtacht, rinne an Danmhairg agus an tSualainn comhaontú ráthaíochta nua le haghaidh gach athmhaoinithe. Bunaíodh na háiseanna creidmheasa in 1994 agus déantar iad a athnuachan gach ceithre bliana. Thagair na comhaontuithe ráthaíochta sin siar don Chomhaontú Idir-Rialtasach, don Acht Foirgníochta, don Chinneadh ó Pharlaimint na Sualainne agus do chinntí Rialtais an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) agus an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3).
- (112) Ina theannta sin, bhí comhaontú ráthaíochta ag gabháil le gach Máistir-Chomhaontú ISDA idir Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge, agus an contrapháirtí faoi seach, i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh, an Acht Foirgníochta, an chinnte ó Pharlaimint na Sualainne agus chinntí Rialtais an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) agus an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3). Chumhdaigh an comhaontú ráthaíochta sin na hidirbhearta aonair faoi Mháistir-Chomhaontú ISDA. Níor eisigh Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne ná Banc Náisiúnta na Danmhairge comhaontuithe ráthaíochta aonair ar leibhéal an idirbhirt, agus níor dheimhnikh siad go sonrach go raibh feidhm ag an ráthaíocht a bhaineann le Máistir-Chomhaontú ISDA.
- (113) Ar deireadh, bhí comhaontú ráthaíochta idir Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge, agus an contrapháirtí faoi seach ag gabháil leis na Máistir-Chomhaontuithe Athcheannaigh Domhanda, i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh, an Achta Foirgníochta, an chinntí ó Pharlaimint na Sualainne agus chinntí an Rialtais an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) agus an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3). Mar a luaitear in aithris (83), ní dhearnadh aon idirbheart de bhun comhaontuithe den sórt sin agus, dá réir sin, ní dhearnadh aon chomhaontú ráthaíochta aonair.
- (114) Leis na comhaontuithe ráthaíochta éagsúla cruthaíodh oibleagáidí infheidhme go díreach agus oibleagáidí ginearálta don tSualainn agus don Danmhairg, agus rangáítear iad *pari passu* le gach oibleagáid agus féichiúnas neamh-fhoirdaithe neamhurraithe eile de chuid Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Bhanc Náisiúnta na Danmhairge. Tá na comhaontuithe ráthaíochta neamhchoinníollach; níl sé d'oibleagáid ar na hinfheisteoirí féachaint leis an éileamh ón gCuibhreannas a fhorfheidhmiú ach féadfaidh siad éilimh a dhíriú go díreach ar Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus ar Bhanc Náisiúnta na Danmhairge i gcás mainneachtana.
- (115) Is ráthaíochtaí leanúnacha iad na ráthaíochtaí, ach tá siad teoranta *de facto* do théarma na hiasachta nó an idirbhirt a urraítear leis an ráthaíocht. I gcás nach bhfuil aon idirbhearta faoi mháistir-chomhaontú, mar shampla, le contrapháirtí áirithe, níl aon éileamh ag an gcontrapháirtí sin i gcoinne Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne nó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge, d'ainneoin ráthaíocht a bheith ann; dá bhrí sin, ní fhéadfaidh an ráthaíocht ach fiachas iarbhair an Chuibhreannais a chumhdach, go dtí go n-aisíocfar an fiachas ina iomláine.
- (116) Maidir leis an tréimhse i ndiaidh bhreithiúnas *Øresund*, chuir na Stáit in iúl don Choimisiún nár eisíodh aon fhiachas ráthaithe Stáit eile. Dá bhrí sin, tharla an t-athmhaoiniú deireanach a ráthaigh an Stát an 24 Lúnasa 2018. Is amhlaidh atá toisc gur chinn Bord Stiúrthóirí an Chuibhreannais iasachtaíocht ráthaithe Stáit a sheachaint, a mhéid is féidir, sa tréimhse go dtí cinneadh críochnaitheach an Choimisiúin. Maidir leis an athmhaoiniú riachtanach a bhí ag teastáil faoi dheireadh 2020, ionas nach gcumhdófaí athmhaoiniú den sórt sin go huathoibríoch leis na comhaontuithe ráthaíochta atá ann cheana, thionscain an Cuibhreannas leasuithe ar nuashonrú bliantúil chlár EMTN i mí an Mheithimh 2020. D'fhoilligh roghanna a choinneáil ar oscailt, sonraítear anois i dtéarmaí praghsála ábhartha an chlár cé acu atá nó nach bhfuil na hionstraimí atá le heisiúint ráthaithe.

2.2.2. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas

2.2.2.1. Córas cánach corparáide na Danmhairge

- (117) Sa Danmhairg, toibhítear cáin chorparáide i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Cháin Chorparáide⁽⁵²⁾. Tá rialacha eile atá ábhartha chun críoch cánach ioncaim corparáidí le fáil i ngníomhartha eile de chuid na Danmhairge, amhail Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach⁽⁵³⁾, Acht na Danmhairge um Chánachas ar Ioncam agus ar Mhaoín⁽⁵⁴⁾, agus Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach⁽⁵⁵⁾. Cuireann Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach rialacha ar fáil maidir leis an gcaoi a gcuirtear dlíthe cánach i bhfeidhm ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí araon. Bunaítear le hAcht na Danmhairge um Cháin Chorparáide an ráta cánach is infheidhme maidir

⁽⁵²⁾ Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide 'Selskabsskatteloven'.

⁽⁵³⁾ Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach 'Ligningsloven'.

⁽⁵⁴⁾ Acht na Danmhairge um Chánachas ar Ioncam agus ar Mhaoín 'Statsskatteloven'.

⁽⁵⁵⁾ Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach 'Afskrivningsloven'.

le cuideachtaí, agus sonraítear rialacha atá ábhartha go sonrach maidir le cánachas cuideachtaí. Soláthraítear le hAcht na Danmhairge um Dhímheas Cánach rialacha maidir le dímheas sócmhainní a úsáidtear chun críoch tráchtála.

- (118) Tá na heintitis dhlíthiúla atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge liostaithe i Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide. Déantar idirdhealú i gcóras cánach chorparáide na Danmhairge idir cánachas ar eintiteas ar leithligh agus cánachas ar eintitis thrédhearcacha. Mar riail ghinearálta, ní bhíonn ach corparáidí faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge (i.e. eintitis ar leithligh chun críoch cánach), toisc go gcaitear le comhpháirtíochtaí mar chomhpháirtíochtaí atá thrédhearcach chun críoch cánach. Tá cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, amhail A/S Øresund, comhpháirtí na Danmhairge sa Chuibhreannas, liostaithe i Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide. Ní liostaítear comhpháirtíochtaí, amhail an Cuibhreannas, i Roinn 1, agus caitear leo mar eintitis thrédhearcacha chun críoch cánach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag rialacha na Danmhairge maidir le cáin chorparáide ach amháin maidir le comhpháirtí na Danmhairge sa Chuibhreannas, A/S Øresund, agus ní maidir leis an gCuibhreannas, é féin. Deimhnítear leis an gComhaontú Cuibhreannais, i Roinn 12.4, go dtiteann sé ar A/S Øresund agus ar SVEDAB brabús nó caillteanas an Chuibhreannais a dhearbhu, chun críoch cánach.
- (119) I gcás eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, leagtar síos na rialacha maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanais agus dímheas, faoi seach, in Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, in Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, agus in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach.
- (120) Maidir leis an gcomhpháirtíocht idir A/S Øresund agus SVEDAB sa Chuibhreannas, aithníonn gach comhpháirtí a sciar 50 % d'ioncam inchánach nó de chaillteanas na comhpháirtíochta. Ós rud é go bhfuil A/S Øresund faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, tá ceart comhréireach ag A/S Øresund chun (i) dímheas a dhéanamh ar bhonn shócmhainní na comhpháirtíochta, agus (ii) a chuid de chaillteanas na comhpháirtíochta a asbhaint agus a thabhairt ar aghaidh (le haghaidh asbhainte amach anseo), chun an t-ioncam inchánach a chinneadh.
- (121) Chun an t-ioncam inchánach ('bonn cánach') a chinneadh, ní mór tagairt a dhéanamh do Roinn 4 d'Acht na Danmhairge maidir le Cánachas ar Ioncam agus ar Mhaoín. Liostaítear sa roinn sin na hítimí arb ionann iad agus ioncam inchánach. Tá foclaíocht ghinearálta sa roinn agus cuimsítear ann beagnach gach ioncam, cibé acu an príomhioncam nó ioncam cúlpháirtí de chineál é, agus cibé acu a fhaightear é in airgead nó i luach airgid. Agus ollioncam inchánach á ríomh, comhthiomsaítear an t-ioncam go léir. Go ginearálta, níl feidhm ag aon chóras sceidealaithe ná ag aon chóras ciseáin chun críoch costais a asbhaint nó caillteanais a fhritháireamh ó fhoinsé ioncaim amháin in aghaidh brabús ó fhoinsé ioncaim eile, nó chun caillteanais a thabhairt ar aghaidh.
- (122) Go ginearálta, is é an cuntas brabúis agus caillteanais sa tuarascáil bhliantúil an pointe tosaigh chun ioncam inchánach a chinneadh, cé nach mór cuntas brabúis agus caillteanais ar leithligh chun críoch cánach a dhréachtú. Aithnítear ioncam agus costais go ginearálta ar bhonn fabhráithe. I gcás ioncaim, ciallaíonn sé sin go bhfuil ioncam inchánach sa bhliain ina dtagann an cáiniócoir i dteideal an ioncaim. Bíonn na costais in-asbhainte de ghnáth sa bhliain ina dtabhaítear an oibleagáid iad a íoc.
- (123) Tá na costais a thabhaítear chun ioncam a fháil, a áirithiú nó a chothabháil in-asbhainte (Roinn 6(a) d'Acht na Danmhairge maidir le Cánachas ar Ioncam agus ar Mhaoín). Leis na rialacha maidir le cáin ioncaim chorparáide is féidir caillteanais chánach a thabhairt ar aghaidh. Mar sin féin, tá athrú tagtha ar choinníollacha agus ar theorainneacha na rialacha maidir le caillteanas a thabhairt ar aghaidh le linn na tréimhe ábhartha (1991-2016) (féach tuilleadh, aithrisí (135) go (142)). Ní cheadaítear aon tabhairt siar caillteanas.
- (124) Faoi chóras cánach chorparáide na Danmhairge, ní gá dímheas arna asbhaint chun críoch cánach a bheith i gcomhréir leis an dímheas a thaispeántar sna cuntais bhliantúla. Braitheann an ráta agus an modh dímheasa chun críoch cánach ar an ngrúpa sócmhainní atá á dhímheas (maoin dhochorraithe, gléasra, innealra, trealamh, etc.).
- (125) Le rialacha dímheasa cánach na Danmhairge, ní fhorordaítear ceanglas maidir le dímheas cánach éigeantach. Ina ionad sin, leagtar amach i rialacha Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach an dímheas bliantúil uasta a cheadaítear chun críoch cánach. Dá réir sin, féadfaidh cuideachtaí atá faoi réir cáin chorparáide sa Danmhairg moill a chur ar chur i bhfeidhm na liúntas dímheasa chun críoch cánach, gan a gceart chun dímheasa a chailleadh. I gcás

foirgneamh, féadfar dímheas a ghlacadh den chéad uair i mbliain na hÉadála nó sa bhliain ina gcuirtear bailchríoch ar an tógáil. Déantar sócmhainní in-dímheasa a luacháil ag an gcostas éadála chun críoch dímheasa.

- (126) Sa Danmhairg, tugtar DIAS ar an gcóras digiteach chun tuairisceán cánach a chomhdú ⁽⁵⁶⁾, córas a cuireadh chun feidhme ó 2014 ar aghaidh.
- (127) Mar gheall ar an gcóras cánach comhpháirteach éigeantach sa Danmhairg, is í an chuideachta atá i gceannas ar an gcomhghrúpa cánachais (an chuideachta bainistíochta) an chuideachta a chuireann faisnéis isteach maidir le hioncam inchánach agus caillteanais chánach do chomhaltaí uile an chomhghrúpa cánachais. Tíolacann comhaltaí aonair an chomhghrúpa cánachais tuairisceán cánach dá gcuid féin ina bhfuil faisnéis faoi idirbhearta idir cuideachtaí. Nuair a thíolacann an chuideachta bainistíochta tuairisceán cánach do bhliain chánach ar leith, lena n-áirítear caillteanais do chomhalta amháin nó níos mó den chomhghrúpa cánachais, ní mór don chuideachta bainistíochta na nithe seo a leanas a shonrú: an t-ioncam inchánach (cibé acu ioncam deimhneach nó ioncam diúltach) do gach comhalta den ghrúpa cánach comhpháirteach, rud a chiallaíonn go gcláraítear an caillteanas sa bhliain ina dtarlaíonn sé; an úsáid a bhaineann gach comhalta as a gcuid caillteanas féin atá á dtabhairt ar aghaidh; an fritháireamh don bhliain idir eintitis a dhéanann brabús agus caillteanas; úsáid caillteanas arna dtabhairt ar aghaidh ag gach eintiteas ó eintitis eile atá ar fáil dóibh (caillteanais chánachais chomhpháirteacha); agus na caillteanais chánach atá fágtha ag deireadh na bliana cánach arna sonrú in aghaidh an chomhalta den chomhghrúpa cánachais agus in aghaidh na bliana inar tharla an caillteanas cánach. Tá prionsabal 'is túisce isteach is túisce amach' ('FIFO') ann chun caillteanais chánach a úsáid, rud a chiallaíonn nach mór na caillteanais is sine a úsáid ar dtús. Ní mór caillteanas cánach a thugtar ar aghaidh agus is féidir a úsáid i mbliain chánach ar leith, a úsáid an bhliain sin, nó murach sin, forghéillfear é ⁽⁵⁷⁾. Dá bhrí sin, tá úsáid na gcaillteanas a thugtar ar aghaidh i dtuairisceáin chánach bhliantúla cuideachta uathoibríoch go bunúsach.
- (128) Tá bailíochtaí laistigh de chóras DIAS chun a áirithiú go bhfuil na sonraí cláraithe i gcomhréir le hionchais an chórais.
- (129) Is é sé mhí tar éis dheireadh na bliana cánach an gnáth-spríocdháta ⁽⁵⁸⁾ chun tuairisceán cánach a chur isteach ⁽⁵⁹⁾. Tar éis tuairisceán cánach a chomhdú, eisíonn na húdaráis chánach measúnú cánach. Níl aon sprioc-am socraithe ann chun measúnú cánach a eisiúint, toisc go bhfuil a eisiúint ag brath ar an tuairisceán cánach a bheith á chomhdú. Eisítear an measúnú de ghnáth, áfach, le linn mhí Dheireadh Fómhair na bliana dár gcionn, agus socraíocht chrochnaitheach dlite an 20 Samhain. Tá an cháin atá le híoc le feiceáil cheana féin ar an tuairisceán cánach a cuireadh isteach. Níl sa mheasúnú cánach ach glacadh leis na sonraí a chuirtear isteach tríd an tuairisceán cánach. Gintear an measúnú cánach go huathoibríoch, ach amháin a mhéid a fhéadfar é a leasú ina dhiaidh sin tar éis iniúchadh de láimh ag na húdaráis chánach.

2.2.2.2. Bunú dlíthiúil rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas

- (130) Mar a léirítear in aithris (84), cumhdaítear leis an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil — agus, dá bhrí sin, leis an gcinneadh seo — rialacha speisialta na Danmhairge is infheidhme maidir leis an gCuibhreannas, maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas. Mar sin, leis an gcinneadh seo déanfar anailís ar rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanais agus dímheas mar gheall ar sheasamh A/S Øresund mar chomhpháirtí sa Chuibhreannas. Baineann gníomhaíochtaí A/S Øresund féin, atá neamhspleách ar a rannpháirtíocht sa Chuibhreannas, le naisc chúlchríche bóthair agus iarnróid na Danmhairge, agus ní mheastar gur Státchabhair iad (aithris 48 den Chinneadh Tosaigh); dá bhrí sin, tá rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas, mar atá feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí A/S Øresund féin, lasmuigh de raon feidhme an chinnidh seo.
- (131) Sa Chinneadh Tosaigh, in aithris 49, rinneadh tagairt freisin don chóras comhpháirteach cánachais le Sund & Bælt. Ós rud é, áfach, gur chinn an Coimisiún i gcinneadh 2014 nach Státchabhair atá sa bheart sin, agus, i mbreithiúnas *Øresund*, sheas an Chúirt Ghinearálta le cinneadh 2014 maidir leis an mbeart sin, níl an córas cánachais comhpháirteach mar chuid de raon feidhme an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil.

⁽⁵⁶⁾ Roimh 2014, rinneadh na tuairisceáin chánach ar pháipéar, ach bhí na prionsabail chéanna i bhfeidhm.

⁽⁵⁷⁾ De réir Roinn 12(3) d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide.

⁽⁵⁸⁾ Is féidir iarratas a dhéanamh ar shíneadh a chur leis an ngnáth-spríoc-am comhdaithe, má tá cúis bhailí leis sin a dhéanamh. Déanann údaráis chánach na Danmhairge measúnú aonair ar iarratas den sórt sin, agus, má mheastar an chúis a bheith iomchuí, deonaítear síneadh. De ghnáth, ní féidir síneadh a fháil a théann níos faide ná an 30 Meán Fómhair den bhliain dár gcionn. Le roinnt blianta anuas, dheonaigh údaráis chánach na Danmhairge síneadh ginearálta ar an ngnáth-spríoc-am comhdaithe do gach eintiteas, mar shampla, le linn phandéim COVID-19.

⁽⁵⁹⁾ I gcás A/S Øresund, is é an 30 Meitheamh an bhliain dár gcionn an spríocdháta.

- (132) Nuair a bunaíodh A/S Øresund, agus in ainneoin go raibh sé faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, ní raibh sé faoi réir rialacha na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas faoi Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach agus Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach. Ina ionad sin, rinneadh foráil i Roinn 11 den Acht Foirgníochta do riail speisialta maidir leis an tréimhse ama is infheidhme chun caillteanais a thabhairt ar aghaidh, agus rinneadh foráil in Ailt 12 agus 13 den Acht Foirgníochta do riail speisialta maidir leis na rátaí uasta dímhéasa. Cuirtear na rialacha speisialta sin maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas i bhfeidhm ar ioncam inchánach ghníomhaíochtaí A/S Øresund féin (nach gcumhdaítear leis an gcinneadh seo (aithris (130)), agus ar an ioncam inchánach i bhfianaise a úinéireachta 50 % ar an gCuibhreannas.
- (133) In 2005, rinneadh an tAcht Foirgníochta, lena n-áirítear rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, a ionchorprú san Acht Sund & Bælt. Tá teacht ar an riail speisialta maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh i Roinn 12 den Acht Sund & Bælt, agus tá teacht ar an riail speisialta maidir le dímhéas i Roinn 13 agus i Roinn 14 den Acht Sund & Bælt. Níor tháinig aon athrú ar an dá fhoráil i gcomparáid le forálacha an Achta Foirgníochta.
- (134) Rinneadh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas a aisghairm le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016, lena leasaítear Acht Sund & Bælt, ionas go raibh A/S Øresund faoi réir ghnáthchóras cánach chorparáide na Danmhairge ón 1 Eanáir 2016, lena n-áirítear maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas in Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, agus in Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach.

2.2.2.3. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas

- (135) Bunaíodh leis an Acht Foirgníochta, i Roinn 11, go bhféadfadh A/S Øresund a chaillteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse 15 bliana cánach, agus, i gcás caillteanas a tabhaíodh sular cuireadh an Nasc Seasmhach i seirbhís, ar feadh tréimhse 30 bliain chánach⁽⁶⁰⁾. Tagraítear don riail sin sa chinneadh seo mar 'LCF 1991-2001'. Don tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Achta Foirgníochta, in 1991, suas go dtí an bhliain chánach 2001 agus an bhliain sin san áireamh, faoi Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach⁽⁶¹⁾, ba í an riail ghinearálta ab infheidhme maidir le heintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge ná go bhféadfaí caillteanais arna dtabhú le linn bliain chánach ar leith a thabhairt ar aghaidh, agus iad a asbhaint óna n-ioncam inchánach, ar feadh cúig bliana ina dhiaidh sin⁽⁶²⁾. Laistigh de na tréimhsí dá dtagraítear, faoin dá ghníomh, ní fhéadfaí an caillteanas a thabhairt ar aghaidh go dtí bliain chánach ina dhiaidh sin, áfach, mura bhféadfaí é a asbhaint ón ioncam inchánach i mbliain chánach roimhe sin. Faoin dá ghníomh, ní fhéadfaí caillteanais chánach a thabhairt ar ais lena n-úsáid i mblianta cánach roimhe seo.
- (136) Le Roinn 8 d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002, leasaíodh Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach⁽⁶³⁾ agus cuireadh deireadh leis an teorainn cúig bliana a bhí i bhfeidhm go ginearálta le caillteanais a thabhairt ar aghaidh⁽⁶⁴⁾. Le Roinn 14 d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002, leasaíodh an tAcht Foirgníochta⁽⁶⁵⁾ freisin, chun deireadh a chur leis an teorainn 15 bliana⁽⁶⁶⁾. Bhí éifeacht ag na leasuithe ar chaillteanais a tharla sa bhliain chánach 2002 nó níos déanaí, mar a fhoráiltear le Roinn 19(3) d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002. Tagraítear sa chinneadh sin don riail tabhairt ar aghaidh caillteanas is infheidhme maidir le A/S Øresund ón mbliain chánach 2002 mar 'LCF 2002-2012'.

⁽⁶⁰⁾ Luadh go mícheart sa Chinneadh Tosaigh, in aithris 37, gur ceadaíodh le Roinn 11 den Acht Foirgníochta don Chuibhreannas caillteanais a d'fhéadfaí a thabhairt ar aghaidh a áireamh i méid iomlán na gcaillteanas a d'fhéadfaí a thabhairt ar aghaidh, caillteanais a d'eascair as asbhaint na gcostas oibriúcháin a tabhaíodh sular cuireadh tús le hoibriú an Naisc Sheasmhaigh.

⁽⁶¹⁾ Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach is infheidhme don tréimhse seo: Acht Uimh. 660 an 19 Deireadh Fómhair 1989.

⁽⁶²⁾ Luaitear an méid seo a leanas i Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach: 'Má léirítear caillteanas san ioncam inchánach arna ríomh do bhliain chánach, féadfar an caillteanas sin a asbhaint ón ioncam inchánach do na chéad chúig bliana eile ina dhiaidh sin. Le linn na tréimhse sin, áfach, ní fhéadfar an asbhaint a thabhairt ar aghaidh chuig bliain ioncaim ina dhiaidh sin ach amháin mura féidir í a áireamh in ioncam inchánach bliana roimhe sin.'

⁽⁶³⁾ Acht Comhdhlúite 887 an 8 Deireadh Fómhair 2001 arna leasú go deireanach le Roinn 5 d'Acht 271 an 8 Bealtaine 2002, inar fhan Roinn 15 gan athrú maidir leis an tréimhse teorann cúig bliana i gcomparáid le hAcht Uimh. 660 an 19 Deireadh Fómhair 1989.

⁽⁶⁴⁾ Le Roinn 8 d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002, cuireadh 'ina dhiaidh sin' in ionad na bhfocal 'an chéad chúig bliana ina dhiaidh sin'.

⁽⁶⁵⁾ Le hAcht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002, leasaíodh Acht Uimh. 353 an 16 Bealtaine 2001, arb é a bhí ann an leagan comhdhlúite den Acht Foirgníochta, arna leasú le hAcht Uimh. 894 an 3 Nollaig 1997, le hAcht Uimh. 986 an 20 Nollaig 1999, agus le hAcht Uimh. 217 an 28 Márta 2001. Níor bhain na leasuithe sin le Roinn 11.

⁽⁶⁶⁾ Níor leasaíodh le hAcht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002 an dara habairt de Roinn 11 maidir leis na caillteanais a tabhaíodh sular cuireadh an Nasc Seasmhach nó ceangail chúlchríche bhóthair agus iarnróid na Danmhairge i seirbhís.

- (137) Dá bhrí sin, d'fhéadfadh eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, lena n-áirítear A/S Øresund, a gcaillteanais a tabhaíodh sa bhliain chánach 2002 a thabhairt ar aghaidh go dtí an bhliain chánach 2012 agus an bhliain sin san áireamh ⁽⁶⁷⁾ (aithris (138)) gan aon teorainneacha ama ná méide.
- (138) Le hAcht Uimh. 591 an 18 Meitheamh 2012 ⁽⁶⁸⁾, aisghaireadh Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach. An tráth céanna, le hAcht Uimh. 591 an 18 Meitheamh 2012 tugadh isteach teorainn ar úsáid caillteanas a tugadh ar aghaidh, trí Roinn 12 a chur le hAcht na Danmhairge um Cháin Chorparáide ⁽⁶⁹⁾. Bhí feidhm ag Roinn 12 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide maidir le blianta cánach dar tosach an 1 Iúil 2012 nó dá éis.
- (139) Foráiltear leis an teorainn i Roinn 12 nua d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide go raibh cead fós ag eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge caillteanais a asbhaint ó bhlianta cánach roimhe sin ina n-ioncam inchánach amach anseo ar feadh tréimhse neamhtheoranta; mar sin féin, ní fhéadfaí ach caillteanas arb ionann é agus DKK 7 500 000 (EUR 1 005 311) ⁽⁷⁰⁾ ⁽⁷¹⁾, móide, dá mbeadh caillteanas breise fós ann, méid a chomhfhreagraíonn d'uasmhéid 60 % den ioncam inchánach os cionn DKK 7 500 000 (EUR 1 005 311) ⁽⁷²⁾, a asbhaint in aon bhliain ar leith. Dá bhrí sin, níor ceadaíodh d'eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin ioncaim chorparáidigh na Danmhairge a mbrabús uile a fhritháireamh i mbliain chánach áirithe le caillteanais. Mar sin féin, ní raibh dul in éag a gcaillteanas mar thoradh ar an teorannú; d'fhéadfaí na caillteanais atá fágtha a asbhaint fós i mblianta cánach amach anseo. Maidir le heintitis dhlítheanacha atá faoi réir cánachais ghrúpa, bhí feidhm ag an tairseach sin maidir leis an ngrúpa iomlán ar bhonn comhdhlúite, i.e. ní bhaineann sé le gach eintiteas ar leithligh.
- (140) Maidir le A/S Øresund, níor athraigh an riail maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh dá bhforáiltear i Roinn 12 d'Acht Sund & Bælt ⁽⁷³⁾ agus a leasaíodh an 21 Bealtaine 2002 (aithris (136)), agus lean sí d'fheidhm a bheith aici maidir le A/S Øresund fiú tar éis Roinn 12 nua den Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide ⁽⁷⁴⁾ a thabhairt isteach. Níor thagair an riail sin d'aon teorannú maidir le caillteanais a tugadh ar aghaidh a úsáid. Ba í an bhliain chánach 2013 an chéad bhliain chánach de A/S Øresund a raibh feidhm ag LCF 2013-2015 maidir léi.
- (141) Le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015, aisghaireadh Roinn 12 d'Acht Sund & Bælt le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, agus tháinig A/S Øresund faoi réir ghnáthrialacha Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide.
- (142) Tá achoimre ar rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas leagtha amach i dTábla 1.

Tábla 1

Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas

Bliain	Ainm an bhirt	A/S Øresund	Eintitis eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge
1991	LCF 1991-2001	Rachaidh na caillteanais in éag tar éis (i) 15 bliana (ii) 30 bliain i gcás costas arna dtabhú sula gcuirtear an Nasc Seasmhach i seirbhís Níl aon teorannú leis an úsáid a bhaintear as caillteanais An riail is infheidhme: Roinn 11 den Acht Foirgníochta	Téann na caillteanais in éag tar éis cúig bliana Níl aon teorannú leis an úsáid a bhaintear as caillteanais An riail is infheidhme: Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach

⁽⁶⁷⁾ Ar choinníoll gur thosaigh bliain chánach 2012 roimh an 1 Iúil 2012.

⁽⁶⁸⁾ Acht lena leasaítear Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, an tAcht um Cháin Iarchoimeáda, an tAcht um Rialú Cánach, an tAcht um Riarachán Cánach agus Achtanna éagsúla eile (lena n-áirítear Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach).

⁽⁶⁹⁾ Luaitear an méid seo a leanas in Alt 12(1) d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide: 'Má léiríonn ioncam inchánach caillteanas, féadfar an caillteanas sin a asbhaint agus an t-ioncam inchánach do na blianta cánach ina dhiaidh sin á ríomh, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i míreanna 2 agus 3.'

⁽⁷⁰⁾ Innéacsaithe go bliantúil.

⁽⁷¹⁾ I bpraghsanna 2012.

⁽⁷²⁾ I bpraghsanna 2012.

⁽⁷³⁾ Cuireadh Acht Sund & Bælt in 2005 (aithris (87)) in ionad an Achta Foirgníochta.

⁽⁷⁴⁾ Ós rud é gur athraíodh an riail is infheidhme go ginearálta an 18 Meitheamh 2012 (agus go raibh sí i bhfeidhm go dtí 2016 mar a mhínítear in aithris (141), tagróidh an Coimisiún don riail is infheidhme maidir le A/S Øresund sa tréimhse sin mar 'LCF 2013-2015'.

Bliain	Ainm an bhirt	A/S Øresund	Eintitis eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge
2002	LCF 2002-2012	Ní théann na caillteanais in éag Níl aon teorannú leis an úsáid a bhaintear as caillteanais An riail is infheidhme: Roinn 11 den Acht Foirgníochta, arna leasú le Roinn 14 d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002	Ní théann na caillteanais in éag Níl aon teorannú leis an úsáid a bhaintear as caillteanais An riail is infheidhme: Roinn 15 d'Acht um Measúnú Cánach na Danmhairge, arna leasú le hAlt 8 d'Acht Uimh. 313 an 21 Bealtaine 2002
2013	LCF 2013-2015	Níl raibh aon athrú ann An riail is infheidhme: Roinn 12 d'Acht Sund & Bælt (a tháinig in ionad Roinn 11 den Acht Foirgníochta)	Ní théann na caillteanais in éag Teorannú le húsáid caillteanas: (i) gur féidir caillteanas DKK 7,5 milliún a tugadh ar aghaidh a asbhaint ó ioncam inchánach i gcónaí (ii) ní féidir le caillteanais bhreise an t-ioncam inchánach a laghdú níos mó ná 60 % in aon bhliain ina dhiaidh sin An riail is infheidhme: Roinn 12 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide (aisghairm Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, mar a luaitear thuas)
2016	Neamhbhainteach	Ní théann na caillteanais in éag Teorannú le húsáid caillteanas: (i) gur féidir caillteanas DKK 7,5 milliún a tugadh ar aghaidh a asbhaint ó ioncam inchánach i gcónaí (ii) ní féidir le caillteanais bhreise an t-ioncam inchánach a laghdú níos mó ná 60 % in aon bhliain ina dhiaidh sin An riail is infheidhme: aisghairm Roinn 12 d'Acht Sund & Bælt	Níl raibh aon athrú ann An riail is infheidhme: Roinn 12 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide

2.2.2.4. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas

(143) De bhun Roinn 12 agus Roinn 13 den Acht Foirgníochta, an t-uasráta dímheasa bliantúil is infheidhme maidir le sócmhainní uile A/S Øresund, socraíodh é ag 6 % de na costais éadála tosaigh, de réir méid cothrom ⁽⁷⁵⁾. Nuair a shroich an dímheas iomlán 60 % de na costais éadála, bheadh an ráta dímheasa teoranta do 2 % ar a mhéad den chostas éadála, go bliantúil. Sainmhíníodh na costais éadála mar na costais tógála iomlána. Cuireadh riail speisialta na Danmhairge maidir le dímheas i bhfeidhm ar shócmhainní dílse A/S Øresund ⁽⁷⁶⁾ agus ar a ceart chun dímheasa ar 50 % de shócmhainní an Chuibhreannais ⁽⁷⁷⁾. Mar a tugadh faoi deara in aithris (84), tá an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil — agus, dá bhrí sin, an cinneadh sin — teoranta, i ndáil leis sin, d'anailís a dhéanamh ar an éifeacht atá ag ceart A/S Øresund chun dímheas a fháil ar 50 % de shócmhainní an Chuibhreannais (aithris 48 den Chinneadh Tosaigh). D'fhéadfaí tús a chur leis an dímheas, ag uasráta 6 %, ón mbliain chánach a cuireadh an Nasc Seasmhach i seirbhís — níor ceadáíodh aon dímheas sular cuireadh i seirbhís é.

⁽⁷⁵⁾ Faoi mhodh na líne díri, déantar na sócmhainní a dhímheas de réir méid sheasmhach gach bliain, go dtí go ndéantar iad a dhímheas go hiomlán.

⁽⁷⁶⁾ Caipitlítear na costais tógála do shuiteálacha cúlchríche bóthair agus iarnróid na Danmhairge mar shócmhainní i gclár comhardaithe A/S Øresund.

⁽⁷⁷⁾ Déantar costais tógála an Naisc Sheasmhaigh a chaipitliú mar shócmhainní i gclár comhardaithe an Chuibhreannais.

- (144) Nuair a bunaíodh an tAcht Foirgníochta, suas go dtí an bhliain chánach 1998, agus an bhliain sin san áireamh, bhí an ráta 6 % / 2 % ag comhfhreagairt do na rátaí dímheasa 6 % / 2 % agus don mhodh líne díri is infheidhme maidir leis an gcatagóir ‘foirgnimh agus suiteálacha’, de bhun Roinn 22 d’Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach ⁽⁷⁸⁾, a raibh feidhm aige maidir le heintitis dhlítheanacha a bhí faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge, le linn na tréimhse sin. Ceanglaítear le hAcht na Danmhairge um Dhímheas Cánach ar eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge modh dímheasa sonrach a úsáid, ag brath ar chatagóir na sócmhainní, lena n-áirítear uasrátaí dímheasa ⁽⁷⁹⁾. De réir Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, bhí uasráta dímheasa níos ísle ag an gcatagóir ‘foirgnimh agus suiteálacha’, i gcomparáid leis na catagóirí eile sócmhainní, chun saolré fhada ‘foirgneamh agus suiteálacha’ a léiriú. Leis an Acht Foirgníochta, áfach, bunaíodh ráta dímheasa bhliantúil chomhionann 6 % / 2 % de réir méid cothrom, a bhfuil feidhm aige maidir le sócmhainní uile A/S Øresund, gan aon idirdhealú de réir catagóir sócmhainní. Tugtar ‘DEP 1991-1998’ ar an rial is infheidhme maidir le A/S Øresund sa chinneadh seo.
- (145) I gcás blianta cánach ag tosú ó 1999 ar aghaidh, tháinig laghdú go 5 % ⁽⁸⁰⁾ ar an ngnáthráta dímheasa le haghaidh ‘foirgneamh agus suiteálacha’ a leagtar amach in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach agus, i gcás blianta cánach ag tosú ón 1 Iúil 2007 ar aghaidh, go 4 % ⁽⁸¹⁾. Bhí feidhm ag na huasrátaí dímheasa sin go dtí go raibh an tsócmhainn dímheasta go hiomlán (gan teorannú 2 % tar éis 10 mbliana mar atá in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach is infheidhme go dtí sin ⁽⁸²⁾). D’fhan an ráta dímheasa le haghaidh A/S Øresund ag 6 % / 2 %, de bhun Roinn 12 agus Roinn 13 den Acht Foirgníochta, agus de bhun Roinn 13 agus Roinn 14 d’Acht Sund & Bælt ⁽⁸³⁾ ⁽⁸⁴⁾.
- (146) Is gnách go mbíonn dímheas roghnach d’eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge, toisc nach bhfuil aon oibleagáid ann lámhálas dímheasa a éileamh chun críoch cánach. Féadfaidh an ráta dímheasa a bheith éagsúil ó bhliain go bliain de réir rogha an cháiníocóra, laistigh de theorainneacha an uasráta a shocraítear. Bhí feidhm ag an tsolúbthacht sin freisin maidir le A/S Øresund.
- (147) Le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015, aisghaireadh Roinn 12 d’Acht Sund & Bælt le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, agus tháinig A/S Øresund faoi réir ghnáthrialacha Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach.
- (148) Leagtar amach achoimre ar rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas i dTábla 2.

Tábla 2

Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas

Bliain	Ainm an bhirt	A/S Øresund	Eintitis eile atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge
1991	DEP 1991-1998	Déantar na sócmhainní uile a dhímheas ag ráta suas le 6 % de réir méid cothrom go dtí go sroicheann suim iomlán an dímheasa 60 % de na costais éadála agus ina dhiaidh sin ag ráta suas le 2 % de réir méid cothrom. An rial is infheidhme: Roinn 12 agus Roinn 13 den Acht Foirgníochta	Déantar ‘foirgnimh agus suiteálacha’ a dhímheas ag ráta suas le 6 % de réir méid cothrom go dtí go sroicheann suim iomlán an dímheasa 60 % de na costais éadála agus ina dhiaidh sin ag ráta suas le 2 % de réir méid cothrom. Déantar ‘innealra agus trealamh’ a dhímheas ag ráta suas le 30 % ar bhonn comhardaithe laghdaithe. An rial is infheidhme (maidir le foirgnimh agus suiteálacha): Roinn 22 d’Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach.

⁽⁷⁸⁾ Acht Comhdhlúite Uimh. 597 an 16 Lúnasa 1991.

⁽⁷⁹⁾ Ba é ‘innealra agus trealamh’ an t-aon chatagóir eile a bhain leis an Nasc Seasmhach. De réir Acht comhdhlúite Uimh. 597 an 16 Lúnasa 1991, ba é 30 % an t-uasráta dímheasa don chatagóir sin ar bhonn comhardaithe laghdaithe (laghdú go 25 % ó 2001). Faoi mhodh comhardaithe laghdaithe, déantar sócmhainní a dhíluacháil de réir cion dá luach glan ó dhímheas gach bliain, rud a chiallaíonn go laghdáítear an dímheas de réir mar a dhruideann glanluach na sócmhainne le nialas. Mhínigh údarais na Danmhairge freisin gur caitheadh go ginearálta le suiteálacha iarnróid amhail rianta, comharthaí agus cáblaí lasnaíre mar ‘innealra agus trealamh’ go dtí an bhliain chánach 2008. Ón mbliain ioncaim 2008 i leith, d’athraigh an ráta le haghaidh suiteálacha iarnróid in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach go 7 %, ar bhonn comhardaithe laghdaithe.

⁽⁸⁰⁾ Roinn 17 d’Acht Uimh. 433 an 26 Meitheamh 1998, lena leasaítear Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach (Acht Comhdhlúite Uimh. 932 an 24 Deireadh Fómhair 1996).

⁽⁸¹⁾ Roinn 2 d’Acht Uimh. 540 an 6 Meitheamh 2007, lena leasaítear Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach (Acht Comhdhlúite Uimh. 856 an 8 Lúnasa 2006).

⁽⁸²⁾ Féach fonóta 78.

⁽⁸³⁾ Cé gur fhan an t-uasráta dímheasa is infheidhme maidir le A/S Øresund ag 6 % suas go dtí an bhliain chánach 2015, agus an bhliain sin san áireamh, úsáideann an Coimisiún, sa chinneadh seo, an téarma ‘DEP 1999-2007 DEP’ chun tagairt a dhéanamh don rial is infheidhme maidir le A/S Øresund sa tréimhse inarbh é 5 % an gnáthráta dímheasa, agus an téarma ‘DEP 2008-2015’ chun tagairt a dhéanamh don rial is infheidhme maidir le A/S Øresund sa tréimhse inarbh é 4 % an gnáthráta dímheasa.

⁽⁸⁴⁾ Le linn na tréimhse sin, tugadh isteach roinnt leasuithe freisin don chatagóir ‘innealra agus trealamh’. D’fhan na rátaí níos airde, áfach, ná an 6 % is infheidhme maidir le A/S Øresund.

Bliain	Ainm an bhirt	A/S Øresund	Eintitis eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge
1999	DEP 1999-2007	Níl raibh aon athrú ann An riail is infheidhme: Roinn 12 agus Roinn 13 den Acht Foirgníochta, ansin Roinn 13 agus Roinn 14 d'Acht Sund & Bælt	Déantar 'foirgnimh agus suiteálacha' a dhímheas ag ráta suas le 5 % de réir méid cothrom. Déantar 'innealra agus trealamh' a dhímheas ag ráta suas le 30 % ar bhonn comhardaithe laghdaithe. (Laghdaíodh an ráta sin go 25 % ar bhonn comhardaithe laghdaithe in 2001). An riail is infheidhme (maidir le foirgnimh agus suiteálacha): Roinn 17 d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, arna leasú le hAcht Uimh. 433 an 26 Meitheamh 1998
2007	DEP 2008-2015	Níl raibh aon athrú ann An riail is infheidhme: Roinn 13 agus Roinn 14 d'Acht Sund & Bælt	Déantar 'foirgnimh agus suiteálacha' a dhímheas ag ráta suas le 4 % de réir méid cothrom. Déantar 'Innealra agus trealamh a úsáidtear go heisiach i gcomhair gníomhaíochtaí tráchtála' a dhímheas ag ráta 25 % ar bhonn comhardaithe laghdaithe, suiteálacha bonneagair (amhail suiteálacha iarnróid) ag ráta 7 %. An riail is infheidhme (maidir le foirgnimh agus suiteálacha): Roinn 17 d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, arna leasú le hAcht Uimh. 540 an 6 Meitheamh 2007.
2016	Neamhbhainteach	Tá feidhm ag gnáthrialacha Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach: Déantar 'foirgnimh agus suiteálacha' a dhímheas ag ráta suas le 4 % de réir méid cothrom. Déantar 'Innealra agus trealamh a úsáidtear go heisiach i gcomhair gníomhaíochtaí tráchtála' a dhímheas ag ráta 25 % ar bhonn comhardaithe laghdaithe, suiteálacha bonneagair (amhail suiteálacha iarnróid) ag ráta 7 %. An riail is infheidhme (maidir le foirgnimh agus suiteálacha): Roinn 17 d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, arna leasú le hAcht Uimh. 540 an 6 Meitheamh 2007 (Aisghairm Roinn 13 agus Roinn 14 d'Acht Sund & Bælt.	Níl raibh aon athrú ann

2.3. Teagmhálacha roimhe seo idir an Coimisiún agus an Cuibhreannas

- (149) I litir dar dáta an 1 Lúnasa 1995, chuir an Cuibhreannas an Coimisiún ar an eolas maidir le samhail ráthaíochta an Stáit a dheonaigh na Stáit saor in aisce ina fhabhar chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú. D'iarr an Cuibhreannas ar an gCoimisiún a dheimhniú nár cheart samhail ráthaíochta an Stáit a mheas mar stáitchabhair, nó, i gcás ina mbeadh forchoimeádais ag an gCoimisiún maidir le bailíocht an léirmhíithe sin, samhail na ráthaíochta Stáit a fhorghabhair mar Stáitchabhair atá comhoiriúnach.
- (150) Le litreacha chuig údaráis na Danmhairge agus na Sualainne an 27 Deireadh Fómhair 1995 ('litreacha 1995'), ⁽⁸⁵⁾ dheimhnigh seirbhísí an Choimisiúin nach gníomhaíocht eacnamaíoch é tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh, agus nár ghá fógra a thabhairt faoi shamhail na ráthaíochta Stáit mar Stáitchabhair ⁽⁸⁶⁾.
- (151) Tar éis na litreacha sin, ní dhearna na Stáit aon bheart breise chun formheas an Choimisiúin a fháil le haghaidh shamhail mhaoinithe an Naisc Sheasmhaigh.

3. Forais chun an nós imeachta a thionscnamh

- (152) Thionscain an Coimisiún an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil an 28 Feabhra 2019. Sa Chinneadh Tosaigh, a glacadh ar an dáta sin, sholáthair sé a réamh-mheasúnú ar na bearta, agus chuir sé amhras in iúl maidir lena gcomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach.

3.1. Cáiliú na mbeart cabhrach líomhnaithe

- (153) Ar bhonn an réamh-imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid roimh ré gur dheonaigh an Danmhairg agus an tSualainn Stáitchabhair, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, don Chuibhreannas chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit, agus gur dheonaigh an Danmhairg tuilleadh Stáitchabhrach don Chuibhreannas, i bhfoirm rialacha speisialta na Danmhairge maidir le cailleanais a thabhairt ar aghaidh agus dímhéas (aithris 100 den Chinneadh Tosaigh).
- (154) Mar sin féin, ní raibh an Coimisiún in ann measúnú cinntitheach a dhéanamh maidir le cáilíocht na mbeart mar chabhair aonair nó mar scéim cabhrach, agus ní raibh sé in ann líon na mbeart ná an dáta/na dátaí ar ar deonaíodh iad a shuí (aithris 108 den Chinneadh Tosaigh).
- (155) Go sonrach, bhí amhras ar an gCoimisiún i dtaobh ar cheart na ráthaíochtaí Stáit a mheas mar scéim cabhrach, nó ar cheart iad a mheas mar chabhair aonair arna deonú nuair a bunaíodh an Cuibhreannas, nó mar chabhair aonair a dheonaítear gach uair a fhorghabhair na húdaráis náisiúnta idirbheart airgeadais an Chuibhreannais (aithris 110 den Chinneadh Tosaigh).

⁽⁸⁵⁾ Ard-Stiúrthóir Ard-Stiúrthóireacht an Iompair.

⁽⁸⁶⁾ Luaitear an méid seo a leanas i litreacha 1995:

'Tar éis dóibh scrúdú a dhéanamh ar na socruithe a rinne an dá Stát siad i ndáil le nasc Øresund, tá seirbhísí an Choimisiúin den tuairim go bhfuil an ráthaíocht ag gabháil le tionscadal bonneagair a bhaineann le leas an phobail, lena bhfeabhsaítear bonneagar agus seirbhísí iompair na dtíortha. Ní féidir a mheas, i bprionsabal, gur cabhair Stáitchabhair de réir bhrí Airteagal 92.1 atá i gceist le hinfheistíocht in earraí poiblí a ráthú: cuireann rialtais go leor earraí agus seirbhísí den sórt sin ar fáil toisc nach bhfuil córas an mhargaidh in ann na hearraí sin a sholáthar go héifeachtach. Is iondúil go mbíonn na hearraí sin doroinnte agus inchaite ag gach saoránach, bíodh siad ag íoc astu nó ná bíodh.

Téann earra poiblí, amhail an tionscadal bonneagair reatha arna ráthú ag an dá rialtas, chun tairbhe na sochaí ar bhealach comhchoiteann. Ós rud é nach dtugtar é d'aon fhiontar nó tionscal ar leith, ní thagann sé faoi raon feidhme Airteagal 92.1, ach is beart ginearálta é maidir le beartas eacnamaíoch agus pleanáil talún.

Dá bhrí sin, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil di, measann seirbhísí Ard-Stiúrthóireacht an Iompair nach dtagann an ráthaíocht a d'eisigh do rialtas chun nasc Øresund a thógáil faoi raon feidhme Airteagal 92.1, agus [...] nár cheart fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith.'

- (156) Maidir le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas, mheas an Coimisiún roimh ré gur deonaíodh na bearta sin leis an gcuspóir agus an raon feidhme céanna leis na ráthaíochtaí Stáit agus, dá bhrí sin, ní raibh sé in ann teacht ar chonclúid maidir lena gcineál sonrach, lena n-uimhir shonrach nó lena ndátaí sonracha deonaithe (aithrisí 109 agus 110 den Chinneadh Tosaigh).
- (157) Dá bhrí sin, bhí amhras ar an gCoimisiún freisin i dtaobh an cabhair atá ann cheana nó an cabhair nua a bhí sna bearta uile nó i gcuid díobh (aithris 117 den Chinneadh Tosaigh).

3.2. Measúnú comhoiriúnachta

- (158) D'áitigh na Stáit gur cheart don Choimisiún, má mheasann sé gur Státchabhair atá sna bearta, gur cheart dó measúnú a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE, lena gceadaítear cabhair chun cur i gcrích tionscadail tábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn. In 2014, bhunaigh an Coimisiún na prionsabail ar dá réir a dhéanann an Coimisiún measúnú ar mhaoiniú poiblí tionscadal den sórt sin, le glacadh na Teachtaireachta chun anailís a dhéanamh ar chomhoiriúnacht Státchabhrach leis an margadh inmheánach chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn⁽⁸⁷⁾ ('Teachtairacht IPCEI')⁽⁸⁸⁾. Cé nár tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ar dháta deonaithe na mbeart le linn an réamh-imscrúdaithe, mheas sé gur léir gur cuireadh na ráthaíochtaí Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas i bhfeidhm den chéad uair roimh theacht i bhfeidhm Theachtairacht IPCEI. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, nach raibh an Teachtaireacht IPCEI infheidhme, ach mheas sé, ós rud é go gcomhdhlúthaíonn sí cleachtas an Choimisiúin a mhéid a bhaineann leis an measúnú comhoiriúnachta ar chabhair ar bhonn Airteagal 107(3), pointe (b) CFAE, go mbeadh na treoirphrionsabail bhunúsacha a leagtar amach ann úsáideach le haghaidh mheasúnú an Choimisiúin (aithris 129 den Chinneadh Tosaigh).
- (159) Ghlac an Coimisiún an réamhsheasamh go raibh sé i gceist leis na bearta tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn (aithris 127 den Chinneadh Tosaigh). I bhfianaise bhreithiúnas *Øresund*, áfach, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí measúnú a dhéanamh ar a mhéid a bhain na bearta le cabhair infheistíochta, agus leis sin amháin, nó le cabhair infheistíochta agus cabhair oibriúcháin araon, ceist nárbh fhéidir leis an gCoimisiún a thabhairt i gcrích sa réamh-imscrúdú (aithris 134 den Chinneadh Tosaigh). Ina theannta sin, bhí amhras ar an gCoimisiún maidir leis an ngá atá leis na bearta (aithris 143 den Chinneadh Tosaigh) agus comhréireacht na mbeart (aithris 152 den Chinneadh Tosaigh) toisc nach raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun na teorainneacha réasúnta a chinneadh maidir le méid agus fad na ráthaíochtaí Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas. Ina theannta sin, ní raibh an Coimisiún in ann teacht ar an gconclúid chinntitheach an raibh saobhadh míchuí iomaíochta mar thoradh ar na bearta nach féidir a shárú mar gheall ar a n-éifeachtaí dearfacha (aithris 157 den Chinneadh Tosaigh), agus mar gheall nach raibh sé in ann a mheas an ann do na ráthaíochtaí, ná do na coinníollacha maidir le slógadh na ráthaíochtaí sin (aithris 160 den Chinneadh Tosaigh).

3.3. Ionchais dhlisteanacha

- (160) Ar deireadh, thug an Coimisiún dá aire go ndéanadh sé scrúdú breise, i gcomhlathéacs an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, ar an tréimhse bheacht ar lena linn a d'fhéadfadh an Cuibhreannas, an tSualainn agus/nó an Danmhairg ionchais dhlisteanacha a agairt, dá bhfaighfí amach gur Státchabhair neamh-chomhoiriúnach atá sna bearta (aithris 181 den Chinneadh Tosaigh).

4. Barúlacha a fuarthas ó pháirtithe leasmhara

- (161) Déantar achoimre sa roinn seo ar na barúlacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis an gCinneadh Tosaigh ó shé pháirtí leasmhara⁽⁸⁹⁾. Tá baint ag na páirtithe leasmhara sin go léir leis an tionscal loingseoireachta (oibreoirí farantóireachta, calafoirt, agus comhlachais). Chuir siad in iúl gur cúis inné dóibh an státchabhair líomhnaithe i bhfabhar an Chuibhreannais. Ar an iomlán, measann siad gurb ionann na bearta agus cabhair aonair agus, go páirteach, cabhair nua atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach, nach féidir leis na Stáit ionchais dhlisteanacha a éileamh ina leith.

⁽⁸⁷⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún – Critéir chun anailís a dhéanamh ar a chomhoiriúnaí leis an margadh inmheánach atá Státchabhair chun cur i gcrích tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn, (IO C 188 an 20 Meitheamh 2014, lch. 4).

⁽⁸⁸⁾ Arna hionadú le teachtaireacht C(2021)8481 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2021.

⁽⁸⁹⁾ An Gearánach, Scandlines, Stena Line, FSS, Grimaldi, agus Port Trelleborg.

- (162) D'áitigh roinnt de na páirtithe leasmhara sin gur chuir an Chúirt Ghinearálta, i mbreithiúnas *Øresund*, teorainn le lánrogha an Choimisiúin maidir le toradh an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil, toisc gurb ionann réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta agus cinneadh *prima facie* maidir le neamhdhleathacht na cabhrach. De réir na bpáirtithe leasmhara sin, baineann na srianta sin le cáilíocht na mbeart cabhrach mar chabhair aonair nó scéimeanna aonair, chomh maith lena gcomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach. I ndáil leis sin, meabhraíonn siad go bhfuil breithiúnais na Cúirte ina gceangal ar an gCoimisiún de bhun na chéad mhíre d'Airteagal 266 CFAE.
- (163) Ós rud é go measann siad go bhfuil an tsamhail mhaoinithe don Nasc Seasmhach inchomparáide le samhail Nasc Seasmhach Chaolas Fehmarn idir an Danmhairg agus an Ghearmáin, áitíonn roinnt páirtithe leasmhara freisin nach mór don Choimisiún réasúnaíocht na Cúirte Ginearálta sa bhreithiúnas *maidir le Scandlines agus Caolas Fehmarn* agus sa bhreithiúnas *maidir le Stena Line agus Caolas Fehmarn* a chur san áireamh freisin, toisc go mbaineann na cásanna sin leis na saincheisteanna céanna.
- (164) Tá forluí idir na barúlacha ó Scandlines, Stena Line, FSS, Grimaldi Group, agus Port Trelleborg, den chuid is mó. Dá bhrí sin, ar mhaithe le héascaíocht tagartha, tagrófar do na barúlacha sin thíos mar bharúlacha ó 'Scandlines et al.'.

4.1. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

- (165) Dheimhnigh an Gearánach go measann sé gur Státchabhair iad samhail ráthaíochta na Stát agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas araon, ós rud é gur cheart an Cuibhreannas a mheas mar ghnóthas, go bhfuil na bearta inchurtha i leith Stáit na Danmhairge agus/nó na Sualainne (de réir mar is infheidhme), go bhféadfadh na bearta difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, buntáiste roghnaitheach a thabhairt don tairbhí, agus iomaíocht a shaobhadh. Ar mhaithe le soiléireacht, meabhraíonn an Gearánach go dtarlaíonn cánachas ar thoradh airgeadais an Chuibhreannais ar leibhéal a dhá mháthairchuideachta, is é sin A/S Øresund ar thaobh na Danmhairge.
- (166) Cé nár cuimsíodh é i raon feidhme an Chinnidh Tosaigh, dúirt an Gearánaí freisin gur shann an Danmhairg agus an tSualainn go díreach an Cuibhreannas mar thógálaí agus oibreoir aonair an Naisc Sheasmhaigh, gan nós imeachta soláthair phoiblí a réachtáil chun lamháltas a dhámhachtain chun an bonneagar a shaothrú, go mbeadh buntáiste eacnamaíoch ag baint leis, ann féin agus as féin, agus go mbeadh Státchabhair mar thoradh air.
- (167) Ina theannta sin, d'áitigh Stena Line, Scandlines, Grimaldi agus FSS go sainráite go measann siad gur gnóthas é an Cuibhreannas de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, toisc go bhfuil sé ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch trí sheirbhísí iompair a thairiscint mar chúiteamh ar luach saothair. Cuireann siad in iúl freisin, i ndáil leis sin, go measann siad nach mbaineann sé le hábhar, chun a chinneadh cé acu an ndéanann an Cuibhreannas gníomhaíocht eacnamaíoch, go gcinneann an Cuibhreannas a phraghsanna féin.

4.2. Aicmiú mar scéim nó mar chabhair aonair

- (168) Thug an Gearánach agus Scandlines et al. barúil ar an réasúnaíocht sa Chinneadh Tosaigh, ina meastar go bhfuil trí bhealach fhéideartha ann chun an chabhair líomhnaithe a bhaineann le samhail na ráthaíochta Stáit a aicmiú, eadhon, mar (i) scéim cabhrach, (ii) cabhair aonair, arna deonú nuair a bunaíodh an Cuibhreannas, nó (iii) cabhair aonair, a dheonaítear gach uair a fhorhmheasann údaráis náisiúnta idirbheart airgeadais an Chuibhreannais.
- (169) Áitíonn an Gearánach agus Scandlines et al. nach gcáilíonn samhail na ráthaíochta Stáit ná rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas mar scéimeanna cabhrach de réir bhrí Airteagal 1(d) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh⁽⁹⁰⁾ ('Rialachán 2015/1589'), ós rud é go ndéanann an chabhair go sonrach don Chuibhreannas, le haghaidh tionscadal sonrach, agus, thairis sin, nach gcomhlíontar an coinníoll nach mór é a bheith indéanta dámhachtainí cabhrach a dheonú 'gan bearta cur chun feidhme breise a bheith ag teastáil', ós rud é nach mór do Stát na Danmhairge nó do Stát na Sualainne gach ráthaíocht Stáit a fhorhmheas go sonrach sula n-eiseofar í. Dá bhrí sin, ba cheart an chabhair a mheas mar chabhair aonair (i.e., cabhair *ad hoc*). I ndáil leis sin, tagraíonn an Gearánach agus Scandlines et al. do bhreithiúnas Øresund⁽⁹¹⁾, agus tugann an Gearánach dá aire 'nár tarchuireadh ar ais chuig an gCoimisiún ach mír 83 de bhreithiúnas Øresund, an anailís a bhaineann leis an am ar deonaíodh ráthaíochtaí an Stáit, a líon agus cé acu ar cheart iad a aicmiú mar chabhair nua nó mar chabhair a bhí ann cheana, seachas mar scéimeanna cabhrach'.

⁽⁹⁰⁾ IO L 248, 24.9.2015, lch. 9.

⁽⁹¹⁾ Míreanna 77, 80 agus 83.

- (170) Áitíonn an Gearánach go dtugann le tuisceant i Roinn 2.1 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 87 agus Airteagal 88 de Chonradh CE maidir le Státchabhair i bhfoirm ráthaíochtaí ⁽⁹²⁾ (Fógra Ráthaíochta 2008) nach mór méid na Státchabhair i ráthaíocht a mheasúnú tráth a eisítear í, arb é an tráth a ghlacann an Stát leis an riosca a bhaineann leis an ráthaíocht. Áitíonn an Gearánach nár ghlac na Stáit le haon riosca a bhaineann le ráthaíocht tríd an gComhaontú Idir-Rialtasach nó tríd an gComhaontú Cuibhreannais, nach ceart in-fhorfheidhmithe le dlí é Airteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach, agus, chun go measfar ráthaíocht a bheith deonaithe, nach mór é a bheith indéanta a mhéid a thomhas, rud nach féidir a thomhas ar bhonn na gcomhaontuithe sin, ós rud é nach bhfuil aon teorainn ann maidir le ham agus méid ⁽⁹³⁾.
- (171) I ndáil leis sin, maíonn an Gearánach go gceanglaítear ar an gCuibhreannas toiliú na Stát a fháil le haghaidh na n-oibleagáidí conarthacha uile a bhaineann le hidirbhearta iasachta agus urrús atá le cumhdach ag ráthaíochtaí arna n-eisiúint ag na Stáit. ⁽⁹⁴⁾ Mar shampla, áitíonn an Gearánach go leagtar amach go sainráite i gclár MTN go gceanglaítear ar an gCuibhreannas formheas aonair a fháil ó gach ceann de na ráthóirí le haghaidh an idirbhirt fiachais shonraigh sin le haghaidh gach idirbhirt fiachais arna gcomhaontú faoi na cláir sin, a bhfuil ráthaíocht le tacú leis. Mar sin, cé go n-aithníonn an Gearánach gurb ionann an Comhaontú Idir-Rialtasach agus gealltán nó gealltanas ó na Stáit agus eatarthu go n-eiseoidh siad ráthaíochtaí, áitíonn siad nach bhfuil an gealltán ná an gealltanas sin gan choinníoll. Áitíonn an Gearánach go leagtar síos i gclár MTN na creatchoinníollacha maidir le ráthaíochtaí a eisiúint d'fhonn é a éascú don Chuibhreannas iasachtaí a fháil, trí chead a thabhairt don Chuibhreannas na coinníollacha faoina bhféadfáir ráthaíocht a eisiúint a thaispeáint do chreidiúnaithe ionchasacha. Áitíonn an Gearánach, ina theannta sin, go leagtar amach sa ghníomhas ráthaíochta arna shíniú ag na Stáit in 1996, nach ráthaíonn na Stáit ach ionstraimí fiachais a bhí faoi réir fhormheas na Stát roimh a n-eisiúint faoi seach — go ndearnadh na formheasanna sin i ndáil le gach eisiúint ionstraimí fiachais faoi chlár MTN na Sualainne.
- (172) Mar shampla eile, áitíonn an Gearánach, d'fhonn forálacha ghníomhas na ráthaíochta dar dáta an 22 Bealtaine 2001 a chur i bhfeidhm maidir le haon tráinse d'ionstraimí fiachais arna n-eisiúint ag an gCuibhreannas faoi chlár EMTN, nach mór an tráinse sin d'ionstraimí fiachais a bheith formheasta ag gach ceann de na Stáit i scríbhinn roimh thráth eisiúna an tráinse sin d'ionstraimí fiachais.
- (173) Áitíonn an Gearánach go raibh beagnach 250 ráthaíocht shonracha eisithe ag na Stáit suas go dtí mí na Samhna 2019. Áirítear leis sin 96 ráthaíocht faoi chlár EMTN, 34 ráthaíocht faoi chlár MTN na Sualainne, 44 ráthaíocht le haghaidh iasachtaí ó iasachtóirí príobháideacha, 14 ráthaíocht maidir le saoráidí creidmheasa d'iasachtaí gearrthéarmacha i mbainc thráchtála, 60 ráthaíocht le haghaidh oibleagáidí faoi Mháistir-Chomhaontuithe ISDA, agus ráthaíocht amháin le haghaidh Máistir-Chomhaontú Domhanda Athcheannaigh. Thug an Gearánach forléargas mionsonraithe ar na hionstraimí airgeadais éagsúla agus ar na ráthaíochtaí éagsúla Stáit ina leith.
- (174) Mar chuid den fhorléargas sin, áitíonn an Gearánach freisin go bhfuil forálacha sna gníomhais ráthaíochta lena sonraítear gur féidir leis na Stáit an ráthaíocht a tharraingt siar. I ndáil leis sin, luann an Gearánach, mar shampla, Roinn 2.3 den ghníomhas ráthaíochta dar dáta an 22 Bealtaine 2001, ina leagtar amach go bhfuil na Stáit i dteideal an ráthaíocht a chúlghairm faoi imthosca áirithe, cé nach scaoilfidh cúlghairm den sórt sin na Stáit óna n-oibleagáidí faoi seach faoi ghníomhas ráthaíochta 2001 a bhí ann roimh dháta na cúlghairme.
- (175) Thairis sin, áitíonn an Gearánach, i gcás ina measfar go dtugann Airteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach ceart dlíthiúil chun cabhrach i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit, go bhfuil athrú tagtha ar an mbeart cabhrach sin ó shin, toisc go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar na coinníollacha a ghabhann leis na ráthaíochtaí. Mar shampla, d'athraigh coinníollacha na ráthaíochtaí faoi chlár MTN na Sualainne gnóthais na Stát ó ráthaíochtaí tánaisteacha go ráthaíochtaí pearsanta. Dá measfaí an Comhaontú Idir-Rialtasach a bheith ag deonú ráthaíocht Stáit don Chuibhreannas, mheasfaí gur ráthaíocht thánaisteach í an ráthaíocht de réir dhlí na Sualainne, toisc nach bhfuil aon bhunús soiléir ann chun an ráthaíocht a léirmhíniú mar ráthaíocht phearsanta. Is prionsabal ginearálta é faoi dhlí na Sualainne go ndéanfar ráthaíocht a léirmhíniú mar ráthaíocht thánaisteach mura bhfuil bunús soiléir leis an ráthaíocht a léirmhíniú mar ráthaíocht phearsanta. Ciallaíonn an cáiliú mar ráthaíocht thánaisteach go bhfuil freagracht an ráthóra ina fhreagracht choimhdeach agus nach n-eascaíonn an oibleagáid íoc as ach amháin nuair

⁽⁹²⁾ IO C 155, 20.6.2008, lch. 10.

⁽⁹³⁾ Tagraíonn an Gearánach, ina leith sin, de Roinn 3.2 d'Fhógra Ráthaíochta 2008.

⁽⁹⁴⁾ Tagraíonn an Gearánach do Chomhaontú Comhair 1997 agus do Chomhaontú Comhair 2004 ina dhiaidh sin, a bhfuil foráil den sórt sin iontu araon, dar leo.

nach bhfuil an féichiúnaí féin in ann a oibleagáidí a chomhlíonadh. Ní mór don chreidiúnaí, dá bhrí sin, a chruthú nach bhfuil an féichiúnaí in ann íoc sular féidir leis éileamh a dhéanamh ar an ráthóir. Go ginearálta, ní mheastar ráthaíocht thánaisteach a bheith ina bac ar fhéimheacht faoi dhlí na Sualainne. Éilítear le ráthaíocht phearsanta gealltanais soiléir i scríbhinn nó ó bhéal ina luaitear de ghnáth go bhfuil an ráthóir freagrach as ‘fiachas dílis’ agus, dá bhrí sin, is air atá an phríomhfhreagracht. Ní gá do chreidiúnaí neamhábaltacht an fhéichiúnaí íoc a chruthú. Faoi dhlí na Sualainne, meastar go bhfuil ráthaíocht phearsanta ina bac ar fhéimheacht toisc go gcuireann na coinníollacha lena rialaítear an ráthaíocht toirmeasc ar an gcreidiúnaí féimheacht an fhéichiúnaí a chomhdú. Áitíonn an Gearánach gur ráthaíochtaí pearsanta iad na ráthaíochtaí a bhaineann le clár MTN na Sualainne. Dá bhrí sin, má chinn an Coimisiún gur thug an Comhaontú Idir-Rialtasach ceart dlíthiúil don Chuibhreannas ráthaíocht Stáit a fháil, ansin athraíodh na coinníollacha don ráthaíocht Stáit sin go substaintiúil trí chlár MTN na Sualainne. Dá bhrí sin, is cabhair nua iad na ráthaíochtaí a bhaineann le clár MTN na Sualainne, amhail na ráthaíochtaí uile arna n-eisiúint ag na Stáit a bhfuil coinníollacha athraithe den sórt sin acu.

- (176) Ina theannta sin, tar éis don Choimisiún an cinneadh críochnaitheach a ghlacadh i gcás Chaolas Fehmarn an 20 Márta 2020 ⁽⁹⁵⁾ (‘an cinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn’), chuir an Gearánach anailís isteach ar impleachtaí an cháis sin maidir leis an measúnú ar an Nasc Seasmhach. Measann an Gearánach, murab ionann agus cás Chaolas Fehmarn, nach bhfuil sna córais náisiúnta lena dtugtar ceart chun ráthaíochtaí Stáit don Chuibhreannas ach téacs reachtach amháin agus comhaontú amháin, ach roinnt gníomhartha agus comhaontuithe éagsúla, lena gcruthaítear i gcomhpháirt na coinníollacha lena rialaítear na ráthaíochtaí. Ina theannta sin, is comhaontú idirnáisiúnta é an Comhaontú Idir-Rialtasach idir dhá Stát dhéacha, nach n-aithníonn infheidhmeacht dhíreach *per se* comhaontuithe idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, níor cruthaíodh an Cuibhreannas go fóill nuair a tugadh an Comhaontú Idir-Rialtasach i gcrích an 23 Márta 1991, ná nuair a síníodh an Comhaontú Cuibhreannais an 27 Eanáir 1992. Níor cláraíodh an Cuibhreannas le hOifig um Chlárú Cuideachtaí na Sualainne go dtí an 23 Iúil 1993. Fad nach ann do thairbhí, ní féidir aon cheart dlíthiúil a thabhairt. Ní bhaintear de thátaí as cur chun feidhme náisiúnta na gcomhaontuithe sin ach an oiread go bhfuil teacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme arna dtabhairt don Chuibhreannas an ceart dlíthiúil chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú trí bhithin iasachtaí arna ráthú ag an Stát. Ina theannta sin, áitíonn an Gearánach nach ionann Comhaontú Comhair 1997 agus Comhaontú an 29 Bealtaine 2017 idir Femern A/S agus Banc Ceannais na Danmhairge, an Aireacht Airgeadais agus an Aireacht Iompair ⁽⁹⁶⁾ sa mhéid is go bhfuil forálacha mionsonraithe sa Chomhaontú Comhair sin ⁽⁹⁷⁾ maidir le caidreamh na bpáirtithe i ndáil le heisiúint ráthaíochtaí.

- (177) Dá réir sin, measann an Gearánach gur cabhair *ad hoc* ar leith atá i ngach comhaontú ráthaíochta Stáit ar leith.

- (178) I dtuairim Scandlines et al., tá neamhaird á tabhairt ag an gCoimisiún ar Rialachán 2015/1589, agus tá sé ag sárú phrionsabal tosaíocht dhlí an Aontais maidir le Státchabhair thar an dlí náisiúnta, nuair a luaitear ann, in aithris 107 den Chinneadh Tosaigh, nach mór seasamh an Ghearánaigh a chothromú i gcoinne argóint na Stát go bhfuil údarais na Stát ag tabhairt éifeacht do na ráthaíochtaí Stáit mar a leagtar amach sa Chomhaontú Idir-Rialtasach, sa Chomhaontú Cuibhreannais, agus ina ndlí náisiúnta. I bhfianaise Scandlines et al., ní mór don Choimisiún forálacha dlíthiúla Rialachán 2015/1589 a chur i bhfeidhm go docht.

⁽⁹⁵⁾ Cinneadh (AE) 2020/1472 ón gCoimisiún, an 20 Márta 2020, maidir le Státchabhair SA.39078 - 2019/C (ex 2014/N) a chuir an Danmhairg chun feidhme le haghaidh Femern A/S (IO L 339, 15.10.2020, lch. 1).

⁽⁹⁶⁾ Féach aithris 256 den chinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn.

⁽⁹⁷⁾ Sholáthair an Gearánach na sleachta seo a leanas: Mír 14: ‘déanfaidh an Cuibhreannas, a luaithe is féidir, ceadú a fháil ón dá Ráthóir le haghaidh idirbhearta uile an Chuibhreannais, amhail iasachtaí lena n-áirítear creidmheasanna bainc agus idirbhearta díorthacha. Déanann na Ráthóirí measúnú ina leith sin i dtaobh an bhfuil nó an bhféadfadh tábhacht a bheith leis na hidirbhearta maidir le réim feidhme dhliteanas na ráthaíochta, maidir le priacal an Ráthóra agus maidir leis na himthosca go léir a d’fhéadfadh difear a dhéanamh don ráthaíocht/do na Ráthóirí. Coimeádfaidh na Ráthóirí an ullmhacht is gá chun a áirithiú gur féidir a gceadú i leith idirbhearta a thabhairt roimh an teorainn ama chun glacadh leis, ach amháin i gcás imthosca urghnácha’. Mír 15: ‘ní dhéanfaidh an Cuibhreannas idirbhearta díorthacha le contrapháirteanna nár cheadaigh na Ráthóirí roimhe sin.’ Mír 16: ‘gheobhaidh an Cuibhreannas ceadú ó na Ráthóirí maidir leis an doiciméadacht chonarthach go léir i ndáil lena iasachtaí agus lena idirbhearta díorthacha.’

- (179) Thairis sin, measann Scandlines et al. go gcaitheann an Coimisiún leis an gcabhair mar chabhair a thagann faoi scéim cabhrach agus go dtugann sé neamhaird de chineál *ad hoc* na cabhrach, trína áitiú go bhféadfadh na bearta cabhrach a bheith ina gcabhair aonair arna deonú ag pointe ama amháin, in 1992, rud a sháraíonn Airteagal 1(d) agus 1(e) de Rialachán 2015/1589 agus breithiúnas Øresund. Measann siad nach féidir glacadh leis gur deonaíodh ag aon phointe amháin an oiread sin ráthaíochtaí Stáit ar leith, os cionn 100 ráthaíocht a deonaíodh d'idirbhearta airgeadais éagsúla, méideanna agus faid éagsúla, thar thréimhse níos faide ná 25 bliana, nárbh fhéidir foráil a dhéanamh maidir lena dtéarmaí nó a riachtanas in 1992. Leis an gconclúid sin, is é bunús a bheadh faoi gurb ann d'fhoráil ghinearálta lena n-údarófaí bearta éagsúla cabhrach a dheonú, foráil a mheasann siad nach bhféadfaí a dhéanamh ach amháin faoi scéim cabhrach. Tagraíonn FSS agus Calafort Trelleborg Port freisin do sheasamh na Cúirte Breithiúnais i gcás C-438/16 P ⁽⁹⁸⁾, inar dhiúltaigh sé don choincheap 'scéim scéimeanna cabhrach'.

4.3. Aicmiú mar chabhair nua nó mar chabhair atá ann cheana

- (180) De réir an Ghearánaí, cuireadh isteach ar an tréimhse teorann maidir le samhail na ráthaíochta Stáit an 13 Bealtaine 2013, nuair a d'iarr an Coimisiún faisnéis ar an Danmhairg agus ar an tSualainn tar éis an ghearáin. Dá bhrí sin, ós rud é go bhfuil roinnt beart cabhrach aonair i samhail na ráthaíochta Stáit, gurb ionann agus cabhair nua iad na ráthaíochtaí uile a deonaíodh tar éis an 13 Bealtaine 2003. Áitíonn an Gearánach gurb é an tráth deonaithe an tráth a ghlacann na Stáit leis an riosca a bhaineann leis na ráthaíochtaí. Roimh an nóiméad sin, níl aon aistriú acmhainní Stáit ann. Dá bhrí sin, tagann an Gearánaí ar an gconclúid go ndeonaítear ráthaíocht nua gach uair a d'eisigh na Stáit formheas le haghaidh iasacht shonrach nó ionstraim airgeadais shonrach. De réir an Ghearánaí, eisíodh beagnach 90 de na formheasanna sin (féach aithris (173)) tar éis an 13 Bealtaine 2003, agus dá bhrí sin is cabhair nua iad.
- (181) Ina theannta sin, is cabhair nua í an chabhair atá i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, a deonaíodh ó 10 mbliana roimh bhriseadh na tréimhse teorann.
- (182) Is é an chéad sheasamh atá ag Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi freisin go mbíonn cabhair *ad hoc* ann gach uair a chomhaontaítear iasacht nua nó idirbheart saoráide creidmheasa. Tagraíonn siad, sa chomhthéacs sin, don bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta in *France Télécom* ('breithiúnas *France Télécom*') ⁽⁹⁹⁾, ina luaitear go dtagraíonn Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 659/1999 'do dheonú cabhrach do thairbhí, seachas don dáta ar glacadh scéim cabhrach. Féadfaidh cinneadh an dáta ar deonaíodh an chabhair a bheith éagsúil ag brath ar chineál na cabhrach atá i gceist. Dá bhrí sin, i gcás scéime ilbhliantúla, lena ngabhann íocaíochtaí nó buntáistí a dheonaítear ar bhonn tréimhsiúil, féadfaidh tréimhse shuntasach ama a bheidh i gceist idir an dáta ar a nglactar gníomh arb é bunús dlí na cabhrach é agus an dáta iarbhrí ar a ndeonófar an chabhair do na gnóthais lena mbaineann. I gcás den sórt sin, chun an tréimhse teorann a ríomh, ní mór a mheas nár dámhadh an chabhair don tairbhí go dtí an dáta iarbhrí a bhfuair an tairbhí í.' Measann Stena Line, Scandlines agus Grimaldi gur léir go bhfuil feidhm ag an bprionsabal sin freisin maidir le cabhair *ad hoc*. Measann siad go ndeonaítear an chabhair i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit ar dhá bhealach: ar dtús, gach uair a thógann an Cuibhreannas iasacht amach a chumhdaítear le ráthaíocht Stáit, agus, ar an dara dul síos, gach uair nach n-íocann an Cuibhreannas an phréimh mhargaidh le haghaidh iasachtaí den sórt sin. Deonaítear an chabhair atá i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas gach uair a bhaineann údarais na Danmhairge úsáid as na forálacha speisialta chun na buntáistí a fhorordaítear fúthu a dheonú as an nua. Dá bhrí sin, de réir Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi, is cabhair nua iad gach ráthaíocht Stáit, agus na buntáistí atá i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le caillteanas agus dímhéas a thabhairt ar aghaidh, a deonaíodh tar éis 2003.

4.4. Comhoiriúnacht na mbeart cabhrach

4.4.1. Cáiliú an tionscadail i bhfianaise na Teachtaireachta IPCEI

- (183) Ní dhéanann an Gearánach agóid i gcoinne an Choimisiúin trí úsáid a bhaint as na treoiphrionsabail bhunúsacha a leagtar amach i dTeachtairacht IPCEI don mheasúnú comhoiriúnachta. Meabhraíonn sé nach mór an ghné chabhrach a chainníochtú, nach mór aon chabhair oibriúcháin a dheighilt ó chabhair infheistíochta, nach mór riachtanas agus comhréireacht na mbeart a bhunú, agus nach mór na coinníollacha slógtha a shainaitheint agus a léiriú mar choinníollacha leordhóthanacha.

⁽⁹⁸⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Meán Fómhair 2018, *an Coimisiún v an Fhrainc agus IFP Energies Nouvelles*, C-438/16 P, AE:C:2018:737, mír 71.

⁽⁹⁹⁾ Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Nollaig 2011, *France Télécom SA v an Coimisiún Eorpach*, Cás C-81/10 P, AE:C:2011:811, míreanna 80-82.

4.4.2. *An chomhchuid cabhrach a chinneadh*

- (184) Cuireann an Gearánach i bhfios go láidir nach mór an chomhchuid cabhrach a chinneadh, i gcás na ráthaíochtaí Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas araon, agus gur réamhriachtanas bunriachtanach é eolas ar conas an chomhchuid cabhrach a chinneadh, cé nach bhfuil aon cheanglas ann maidir le figiúr beacht críochnaitheach, chun measúnú a dhéanamh ar riachtanas agus comhréireacht na cabhrach.
- (185) Áitíonn Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi go bhfuil sé deacair dóibh méid na cabhrach a ríomh faoi shamhail na ráthaíochta Stáit agus faoi rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Maidir leis na ráthaíochtaí Stáit, ní hamháin gurb é a bheadh sa chabhair ná easpa ceanglais maidir le préimh (mhargaidh) a íoc, ach, ós rud é nach dócha go dtairgeadh aon pháirtí príobháideach ráthaíochtaí den sórt sin mar gheall ar an riosca an-ard a bhaineann leis an tionscadal, chomh maith le méid iomlán na n-iasachtaí ráthaithe.
- (186) Áitíonn Calafort Trelleborg nach féidir méid na cabhrach a chinneadh, ós rud é, i gcinneadh 2014, nach bhfuil aon pharaiméadar ann lena gceadaítear é a chainníochtú. Ós rud é, an tráth a deonaíodh na ráthaíochtaí Stáit, go raibh ionchais bhrabúsachta an Chuibhreannais de chineál nach raibh aon duine toilteanach aon ráthaíocht a dheonú dó ar chor ar bith, ní hionann comhchuid na cabhrach agus an difríocht idir préimh mhargaidh na ráthaíochta agus an phréimh a íocadh iarbhair, ach freisin an ráthaíocht Stáit féin. Comhfhreagraíonn luach na ráthaíochta Stáit do luach na hiasachta foluití. Cuireann Calafort Trelleborg in iúl freisin, i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, go bhfreagraíonn comhchuid na cabhrach don difríocht idir an méid a d'íocadh an Chuibhreannas, dá gcuirfí na gnáthrialacha cánach i bhfeidhm, agus an méid atá íoctha aige iarbhair.

4.4.3. *Cabhair oibriúcháin a dheonú*

- (187) Tagraíonn an Gearánach do *bhreithiúnas Øresund* ⁽¹⁰⁰⁾, d'Airteagal 10 den Chomhaontú Idir-Rialtasach, d'Airteagal 4(3) den Chomhaontú Cuibhreannais, d'aithris 50 de chinneadh 2014 ⁽¹⁰¹⁾, agus do Chomhaontuithe Comhair 1997 agus 2004, agus é á áitiú aige gur rud coiteann é go gcumhdaíonn na ráthaíochtaí Stáit costais tógála agus costais oibriúcháin an Naisc Sheasmhaigh araon. Measann an Gearánach agus Stena Line go gceadaíonn na ráthaíochtaí Stáit don Chuibhreannas neamhaird a thabhairt ar chostais agus a phraghsanna á socrú aige ⁽¹⁰²⁾. Measann an Gearánach gur gá, i gcás na ráthaíochtaí Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas araon, idirdhealú a dhéanamh idir an chabhair chun an Nasc Seasmhach a thógáil agus an chabhair chun an Nasc Seasmhach a oibriú.
- (188) Tagraíonn an Gearánach freisin don *bhreithiúnas maidir le Scandlines agus Caolas Fehmarn* ⁽¹⁰³⁾, ag meabhrú dó go bhféadfar cabhair a deonaíodh níos faide ná an pointe ama a shroich méid fhiachas na tairbhí leibhéal ar dócha go sáróidh a ioncam costais oibriúcháin agus aisíocaíochtaí fiachais faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, agus, dá bhrí sin, sula n-aisíofar an fiachas ina iomláine, a mheas mar chabhair oibriúcháin. Rinne an Gearánach trácht freisin ar aithris 124 den Chinneadh Tosaigh, agus thug sé dá aire go raibh na rioscaí a bhaineann le tionscadal an Naisc Sheasmhaigh teoranta tar éis an Nasc Seasmhach a chur i seirbhís. Measann sé go bhfuil na ráthaíochtaí Stáit le haghaidh iasachtaí a thógtar amach chun costais oibriúcháin an Chuibhreannais a íoc míchuí, agus nach bhfuil gá leo chun an infheistíocht sa Nasc Seasmhach a dhéanamh (lena ndéantar idirdhealú idir an cás seo agus tionscadal *Hinkley Point C* ⁽¹⁰⁴⁾). Chun go mbeidh údar le cabhair oibriúcháin, ní mór í a bheith teoranta ó thaobh ama de, agus ní mór í a bheith ag laghdú.

⁽¹⁰⁰⁾ Míreanna 108, 111 agus 116.

⁽¹⁰¹⁾ Tagraíonn an Gearánach freisin do mhír 107 de *bhreithiúnas Øresund* ina leith sin.

⁽¹⁰²⁾ Mar shampla, an laghdú a rinne an Chuibhreannas ar phraghsanna i ndeighleog an lasta, a tugadh isteach an 29 Samhain 2019, measann an Gearánach nach bhféadfaí sin a dhéanamh murach na ráthaíochtaí Stáit. Bhain an sampla go sonrach le gach feithicil amhail ó 9 méadar ar fad, a raibh, de réir an Ghearánaigh, laghdú 15 % ar an bpraghas ar an ngnáthráta le linn na hoíche, agus maidir le gach feithicil níos mó ná 20 méadar, ar a ngearrfaí an ráta céanna i gcás feithiclí idir 9 méadar agus 20 méadar. Dá réir sin, áitíonn siad nach bhfuil an laghdú praghsanna dírithe ach ar thrácht lasta a atreorú ó sheirbhís farantóireachta na nGearánach chuig an Nasc Seasmhach. Áitíonn Stena Line go ndearna an Chuibhreannas, go gairid tar éis oscailt an Naisc Sheasmhaigh in 2000, a phraghsanna dola ar charranna agus ar thrucaílí a dhumpáil 40 % agus 50 % faoi seach.

⁽¹⁰³⁾ Mír 242.

⁽¹⁰⁴⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Iúil 2018, *Poblacht na hOstaire v an Coimisiún Eorpach*, T-356/15, AE:T:2018:439.

- (189) Measann Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi, nach amháin gur cabhair oibriúcháin, rud atá toirmisce, cabhair a dheonaítear le linn chéim oibríochtúil an tionscadail, ach gur cabhair oibriúcháin freisin gach cabhair a bhaineann le costais oibriúcháin, lena n-áirítear le linn chéim tógála an tionscadail ⁽¹⁰⁵⁾. Ciallaíonn sé sin nach bhféadfaidh cabhair a dheonaítear don Chuibhreannas aon iasachtaí athmhaoiniúcháin a chumhdach, ós rud é gur cabhair oibriúcháin toirmisce iad na hiasachtaí sin, de réir a léirmhíneithe ar mhír 111 de bhreithiúnas *Øresund*. Measann an Gearánach, amhail i gcás na ráthaíochtaí Stáit, i gcás na Státchabhrach a dhíorthaítear ó rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, nach mór idirdhealú a dhéanamh idir cabhair chun an Nasc Seasmhach a thógáil agus cabhair chun an Nasc Seasmhach a oibriú.
- (190) Ní mheasann Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi go dtugann tionscadail bhonneagair amhail an Nasc Seasmhach údar leis an líne idir cabhair infheistíochta agus cabhair oibriúcháin a dhoiléiriú, mar a líomhnaítear in aithris 131 den Chinneadh Tosaigh. Thairis sin, níor cheart cead a bheith ag tionscadail mhórsála, go háirithe, tairbhe a bhaint as cabhair oibriúcháin ⁽¹⁰⁶⁾. Cuireann Stena Line, Scandlines, agus Grimaldi roinnt argóintí ar fáil freisin chun a léiriú nach bhfuil breithiúnas *Pointe C Hinkley* infheidhme maidir leis an gcás reatha. Ar deireadh, cuireann siad go láidir i gcoinne an mholta ón gCoimisiún, in aithris 132 den Chinneadh Tosaigh maidir le coibhéis fhéideartha ráthaíochtaí Stáit agus instealladh caipitil tosaigh.
- (191) De réir an Ghearánaigh, léirítear i measúnú eacnamaíoch ar an Ráta Toraidh Inmheánach ('IRR') agus ar Ghlanluach Láithreach ('NPV') an Chuibhreannais ⁽¹⁰⁷⁾ (féach freisin, aithris (201)) go mbeadh an Cuibhreannas in ann an Nasc Seasmhach a mhaoiniú ar théarmaí tráchtála gan na ráthaíochtaí Stáit ó 2003, rud a léiríonn sé freisin gurb ionann cabhair ón bpointe sin ar aghaidh agus cabhair oibriúcháin.

4.4.4. Riachtanas na cabhrach

- (192) Chun measúnú a dhéanamh an bhfuil gá leis an gcabhair, measann an Gearánach gur cheart don Choimisiún ríomh a dhéanamh atá comhchosúil leis an ríomh a áiríodh ina chinneadh in 2015 maidir le Caolas Fehmarn ⁽¹⁰⁸⁾ ⁽¹⁰⁹⁾, i gcás inar ríomh sé IRR an tionscadail agus inar chuir sé é i gcomparáid le meánchostas ualaithe an chaipitil ('WACC'). Dá réir sin, ní féidir cabhair a bheith riachtanach ach amháin má tá IRR níos ísle ná WACC. Chun críche an ríomha sin, tugann an Gearánach dá aire go measann an Cuibhreannas féin gur 100 bliain ar a laghad atá i saolré an Naisc Sheasmhaigh. Ní mór anailís ar leith a dhéanamh ar riachtanas na cabhrach i ndáil le céim oibríochtúil an Naisc Sheasmhaigh. I dtuairim an Ghearánaí, ní bhaineann sé le hábhar maidir leis an measúnú ar an ngá atá leis an gcabhair chun a mheas cé acu ar glacadh nó nár glacadh na bearta tráth a measadh go ginearálta nár cumhdaíodh maoiniú poiblí tionscadal bonneagair le rialacha an Aontais maidir le Státchabhair. Maidir leis an gceist an bhféadfaí tionscadal bonneagair mórsála amhail an Nasc Seasmhach a dhéanamh gan tacaíocht phoiblí, léiríonn an Gearánach gur cuideachtaí príobháideacha a rinne forbairt, maoiniú, tógáil agus oibriú Thollán Mhuir nIocht ⁽¹¹⁰⁾ go léir, faoi réir iomaíocht phoiblí inar deonaíodh lamháltas do chuideachtaí príobháideacha.

⁽¹⁰⁵⁾ Sa chomhthéacs sin, tagraíonn siad do mhír 106 agus mír 108 de bhreithiúnas *Øresund*.

⁽¹⁰⁶⁾ Tagraíonn na páirtithe leasmhara go sonrach do mhír 14 de na Treoirínte ón gCoimisiún maidir le Státchabhair Réigiúnach do 2014–2020 (IO C 209, 23.7.2013, lch. 1.), lena bhforáiltear '... gur dóchúlá go mbeidh cuideachtaí móra ina ngníomhaithe suntasacha ar an margadh lena mbaineann agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidh an infheistíocht dá ndámhtar an chabhair an iomaíocht agus an trádáil ar an margadh inmheánach a shaobhadh.'

⁽¹⁰⁷⁾ Tuarascáil arna hullmhú ag an Dr Sten Nyberg, Ollamh le hEacnamaíocht in Ollscoil Stócólm agus Cathaoirleach an Lárionaid um Dhlí agus Eacnamaíocht na hEorpa, Stócólm, agus an Dr Mattias Ganslandt, Ollamh Comhlach le hEacnamaíocht i Scoil na hEacnamaíochta agus na Bainistíochta, Ollscoil Lund, agus Stiúrthóir an Lárionaid um Dhlí agus Eacnamaíocht na hEorpa, Stócólm.

⁽¹⁰⁸⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 23 Iúil 2015 maidir le Státchabhair SA.39078 (2014/N) (an Danmhairg) chun tionscadal nasc seasmhach Chaolas Fehmarn a mhaoiniú, (C(2015) 5023 final) (IO C 325, 2.10.2015, lch. 1), aithris 103, agus an breithiúnas maidir le *Scandlines* agus *Caolas Fehmarn*, mír 211.

⁽¹⁰⁹⁾ Ar dtús, thagair an Gearánach don chinneadh dá dtagraítear i bhfonóta 108, ach nuair a glacadh an cinneadh críochnaitheach sa chás sin, chuir an Gearánach barúlacha breise ar fáil (féach tuilleadh, aithris (199)).

⁽¹¹⁰⁾ Cinneadh 88/568/CEE ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 1988 maidir le himeacht faoi Airteagal 85 de Chonradh CEE (IV/32.437/8 — Eurotunnel) (IO L 311, 17.11.1988, lch. 36) agus Cinneadh C(2015)1816 final ón gCoimisiún an 22 Meitheamh 2005 i gcás Státchabhrach N 159/2005 — An Ríocht Aontaithe — CWSI Channel Tunnel Support Funding [Cistiú Tacaíochta Lasta Tolláin Mhuir nIocht EWSI] (IO C 314, 10.12.2005, lch. 2).

- (193) Déantar achoimre ar thorthaí an mheasúnaithe eacnamaíoch ar an Nasc Seasmhach a choimisiúnaigh an Gearánach i mí Mheán Fómhair 2019 (aithris (191)), agus, go háirithe, ar IRR agus WACC an Chuibhreannais i gcásanna éagsúla, in aithrisí (201) go (206).

4.4.5. Comhréireacht na cabhrach

- (194) Áitíonn an Gearánach agus Scandlines et al., ag tagairt do *bhreithiúnas Øresund* ⁽¹¹¹⁾, nach bhfuil an chabhair comhréireach, toisc nach bhfuil na ráthaíochtaí Stáit ná rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas teoranta ó thaobh ama, méide, nó lín de, agus toisc nach bhfuil siad nasctha le hidirbhearta airgeadais sonracha. Thairis sin, tá an tréimhse aisíocaíochta fiachais doiléir, agus athraíonn sí.
- (195) Thairis sin, measann an Gearánach agus Scandlines et al. go bhfuil sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt Ghinearálta ina breithiúnas *maidir le Scandlines agus Caolas Fehmarn* ⁽¹¹²⁾ agus ina breithiúnas *maidir le Stena Line agus Caolas Fehmarn* ⁽¹¹³⁾ go bhféadfadh cabhair a bheith riachtanach agus comhréireach go dtí 'an pointe ama nuair a bheadh an tairbhí in ann, ar bhonn a shreafa airgid, iasacht a fháil ar an margadh oscailte gan tacaíocht ó ráthaíochtaí Stáit nó iasachtaí Stáit'. Baintear an pointe sin amach de ghnáth nuair a shroicheann méid fhiachas an tairbhí leibhéal ar dócha go sáróidh a ioncam costais oibriúcháin agus aisíocaíochtaí fiachais faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh, agus dá bhrí sin sula n-aisíocfar an fiachas ina iomláine'. Dar le roinnt de na páirtithe leasmhara, 'D'fhéadfaí a mheas, dá bhrí sin, gur cabhair oibriúcháin atá i gceist le níos mó ná an leibhéal sin, nach bhfuil aon údar tugtha ag an gCoimisiún ina leith sa chinneadh a chonspóidtear.' De réir na bpáirtithe leasmhara, is léir, dá bhrí sin, nach mór an chabhair a theorannú go dtí an tráth ina mbeidh an tairbhí in ann iasachtaí a fháil as a stuaim féin ar an margadh oscailte.
- (196) Tagraíonn an Gearánach do chinntí na Cúirte Ghinearálta ina breithiúnas *maidir le Scandlines agus Fehmarn Belt* ⁽¹¹⁴⁾, nuair a mhaígh sé go bhfuil cabhair comhréireach suas leis an méid ag a mbíonn an tionscadal brabúsach. Thairis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta, i mbreithiúnas *Øresund*, nach bhfuil sé ábhartha don mheasúnú ar chomhréireacht go gcuirfeadh cineálacha eile maoinithe ó na Stáit ualach airgeadais níos airde ar bhuiséad an Stáit ⁽¹¹⁵⁾, nó go bhféadfadh cineálacha níos díri cabhrach a bheith faoi dhliteanas cabhair níos suntasaí a ghiniúint ⁽¹¹⁶⁾. Ina theannta sin, maíonn an Gearánach, trí thagairt a dhéanamh do thuarascáil bhliantúil 2014 SVEDAB, gur shroich an Cuibhreannas, faoi 2012 ar a laghad, an pointe meá ar mheá, i gcás nach raibh aon ghlanbhrabús ná aon ghlancaillteanas ann, agus go mbeadh an Cuibhreannas in ann díbhinn, nó comhroinnt brabúis, a dháileadh ar a mháthairchuideachtaí an bhliain ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, tagraíonn an Gearánach do nuashonrú taighde Rátálacha Domhanda Standard&Poor ón 18 Samhain 2016, ag tabhairt dá aire gur thosaigh an Cuibhreannas ag íoc fiachais in 2004, cúig bliana roimh an sceideal, agus, ó 2000, go raibh brabús oibriúcháin an Chuibhreannais dearfach agus go bhfuil sé fós dearfach. Tugann an Gearánach dá aire gur éirigh cothromas an Chuibhreannais dearfach in 2016 agus, de réir an Chuibhreannais, gur thosaigh sé ag dáileadh díbhinní ar na máthairchuideachtaí in 2018, nuair a íocadh díbhinn DKK 1.1 billiún (EUR 0.15 billiún) don bhliain chánach 2017, agus, in 2018, gur chinn na máthairchuideachtaí an íocaíocht díbhinne bhliantúil a mhéadú, rud a d'fhág go rabhtas ag súil, ina dhiaidh sin, go n-aisíocfaí fiachas an Chuibhreannais faoi 2050 agus ní go dtí sin, rud atá i bhfad níos déanaí ná an bhliain 2033 a rabhtas ag súil leis roimhe sin. Ina theannta sin, tógann Stát na Danmhairge airgead as A/S Øresund chun críoch seachas aisíoc an fhiachais a bhaineann le costais nasc cúlchríche bóthair agus iarnróid na Danmhairge. Mar thoradh air sin, cuireadh síneadh leis an tréimhse aisíocaíochta don Chuibhreannas. Ar bhonn na mbarúlacha sin, measann an Gearánach gur léir go bhfuil ioncam an Chuibhreannais sách substaintiúil, de réir dealraimh is leor é chun tionscadail eile a mhaoiniú, agus gur dócha go sáróidh sé costais oibriúcháin agus aisíocaíochtaí fiachais faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.

⁽¹¹¹⁾ Míreanna 118 go 139.

⁽¹¹²⁾ Mír 242.

⁽¹¹³⁾ Mír 213.

⁽¹¹⁴⁾ Mír 224.

⁽¹¹⁵⁾ Mír 191 agus Mír 153.

⁽¹¹⁶⁾ Mír 153.

- (197) I ndáil leis an méid sin, meabhraíonn an Gearánach freisin gurb é an Cuibhreannas an t-aon cheann nach n-íocann aon phréimheanna le haghaidh na ráthaíochtaí Stáit, i measc na gcuideachtaí móra Danmhargacha atá faoi úinéireacht phoiblí ar thug Stát na Danmhairge ráthaíochtaí dóibh, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as droichead an Chreasa Mhóir a thógáil agus a oibriú agus as Nasc Seasmhach Chaolas Fehmarn, agus go n-íocann beagnach gach ceann eile 0.15 % ar fhiachas gan íoc. De réir an Ghearánaigh, léiríonn sé sin go soiléir go bhféadfaí tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh a bhaint amach le cabhair níos lú ná préimh 0 %.
- (198) Déanann an Gearánach tagairt shonrach d'aithris 150 den Chinneadh Tosaigh, inar luaigh an Coimisiún go raibh an chuma air go raibh coinne leis go rannchuideodh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas le hinmharthanacht an tionscadail, rud a d'fhágfadh éifeachtaí na ráthaíochtaí agus buntáiste na rialacha speisialta sin idirspiléach. Measann an Gearánach go bhfuil an ráiteas seo mícheart. Is buntáistí breise thar na ráthaíochtaí Stáit iad rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas agus ní féidir a mheas go bhfuil siad idirspiléach chun críoch rialacha maidir le Státchabhair. D'áitigh an Gearánach ar an gCoimisiún dearbhuithe cánach an Chuibhreannais a iarraidh chun ríomh ceart a dhéanamh ar mhéid an bhuntáiste a chuir na rialacha speisialta sin ar fáil don Chuibhreannas.
- (199) Chuir an Gearánach barúlacha isteach freisin tar éis anailís a dhéanamh ar an anailís chomhréireachta atá sa chinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn. Tugann an Gearánach dá aire, go háirithe, an difríocht idir riosca *ex ante* (roimh thógáil) agus riosca *ex post* (tar éis an Nasc Seasmhach a chur i seirbhís), an gá atá le hathmheastóireacht a dhéanamh ar an Státchabhair tar éis na tógála, agus na srianta (raon feidhme teoranta don tógáil, tosaíocht tugtha d'aisíoc iasachtaí arna bhfóirdheonú ag an Stát, agus táille ráthaíochta), atá riachtanach freisin chun comhréireacht Státchabhrach a áirithiú i gcás an Naisc Sheasmhaigh.
- (200) D'áitigh Stena Line freisin, i bhfianaise go raibh an Nasc Seasmhach brabúsach, agus go raibh sreafaí dearfacha airgid ag an gCuibhreannas a sháraíonn a chostais oibriúcháin agus aisíocaíochtaí fiachais faoi 2004, nach raibh Státchabhair don Chuibhreannas comhréireach ó 2004 ar a laghad.
- (201) Mar a tugadh faoi deara in aithris (191) agus in aithris (193), choimisiúnaigh an Gearánach measúnú eacnamaíoch ar IRR agus WACC an Chuibhreannais chun anailís a dhéanamh cé acu an bhféadfadh an Cuibhreannas an Nasc Seasmhach a mhaoiniú ar théarmaí margaidh, gan ráthaíochtaí Stáit, agus cathain a d'fhéadfadh sé é sin a dhéanamh. Áitíonn an Gearánach go bhfuil dhá éifeacht ag na ráthaíochtaí Stáit ar an maoiniú. Ar an gcéad dul síos, chuir na ráthaíochtaí ar chumas an Chuibhreannais dul i bhfiacha os cionn 100 % dá chothromas agus dá fhiacha le linn a chéad 17 mbliana oibríochta (cothromas diúltach go dtí 2016). Ar an dara dul síos, chuir na ráthaíochtaí ar chumas an Chuibhreannais iasacht a fháil ar chostas níos ísle ná cuideachtaí inchomparáide (fuair an Cuibhreannas rátáil chreidmheasa AAA). Chuir an Gearánach in iúl freisin go bhfuil meánaibíocht iarbhrí (gar do chúig bliana) fhiachas an Chuibhreannais mar thoradh ar na ráthaíochtaí Stáit, rud atá an-ghearr i gcomparáid le saolré eacnamaíoch na sócmhainní (níos mó ná 100 bliain). Is é conclúid an mheasúnaithe go bhféadfadh an Cuibhreannas an Nasc Seasmhach a mhaoiniú ar théarmaí tráchtála gan na ráthaíochtaí Stáit in 2003 nó in 2004, i.e. díreach cúpla bliain tar éis don Nasc Seasmhach dul i seirbhís. I ngach cás, (ag tagairt do na cásanna íogaireachta a rinneadh), ní raibh gá le Státchabhair a thuilleadh ó 2009 nó 2010 ar aghaidh. Chun teacht ar an gconclúid sin, rinneadh roinnt anailísí sa staidéar, lena n-áirítear comparáid idir IRR an Chuibhreannais agus ríomh WACC bunaithe ar 37 gcuideachta inchomparáide, dálaí margaidh le haghaidh fiachais agus cothromais sa Danmhairg (féach tuilleadh, aithris (202)), agus meastachán ar mhargadhluach an Chuibhreannais le linn na mblianta 2000 go 2018 (féach tuilleadh, aithris (203)).
- (202) Áirítear sa mheasúnú eacnamaíoch anailís ar thuarascálacha bliantúla an Chuibhreannais, a léiríonn gurb ionann IRR an Chuibhreannais, bunaithe ar réamh-mheastachán líneach an toraidh oibríochtúil thar thréimhse 100 bliain, agus 7.2 % (roimh cháin), agus, má tá an tréimhse teoranta do 40 bliain, gurb ionann IRR agus 6.2 %. Thit WACC na gcuideachtaí neamh-fhóirdheontais inchomparáide faoi bhun IRR an Chuibhreannais in 2004 sa chás 100 bliain⁽¹⁷⁾. Dá bhrí sin, de réir an Ghearánaigh, ón bpointe ama sin, ní raibh gá le Státchabhair a thuilleadh (le linn na géarchéime airgeadais domhanda, chuaigh WACC go sealadach os cionn IRR sa chás 100 bliain, ach, ó 2009 i leith, d'fhan WACC faoi bhun IRR). Sa chás 40 bliain, d'fhan WACC na gcuideachtaí inchomparáide faoi bhun IRR ó 2010 i leith.

⁽¹⁷⁾ De réir na tuarascála, léirítear san anailís ar na cuideachtaí inchomparáide agus ar dhálaí margaidh le haghaidh fiachais agus cothromais sa Danmhairg gur thit WACC na gcuideachtaí inchomparáide ó 9.3 % go 3.0 % le linn na tréimhse 2000-2018. I gcás na Sualainne, b'ionann sin faoi seach agus 8.7 % agus 3.3 %.

- (203) Léiríonn meastachán ar mhargadhluach an Chuibhreannais (bunaithe ar shreafaí airgid lascainithe) le linn na mblianta 2000 go 2018 go sáraíonn luach na sreafaí airgid lascainithe costas an tionscadail ó 2003 (arna ríomh le meánráta úis an Chuibhreannais bunaithe ar réamh-mheastachán líneach na dtorthaí oibriúcháin thar thréimhse 100 bliain). Cuireann an Gearánach in iúl go léiríonn tuilleadh anailíse íogaireachta go bhfuil na conclúidí stóinseach, le haghaidh tréimhsí níos giorra agus tréimhsí níos faide sreafaí airgid. Go háirithe, léiríonn an anailís go bhfuil, i ngach cás, méid lascainithe na sreafaí airgid sa todhchaí níos airde ná an costas iomlán ó 2009. Ar an mbonn sin, baineann an Gearánach de thátaí as gur cheart go mbeadh sé tarraingteach do ghníomhaí tráchtála an Chuibhreannais a fháil ó 2003, nó, in aon chás, ó 2009. Dar leis an nGearánach, léirítear leis sin go mbeadh an Chuibhreannais in ann an Nasc Seasmhach a mhaoiniú ar théarmaí margaidh, gan na ráthaíochtaí Stáit, ó 2003, nó ar a laghad ó 2009.
- (204) Chuir an Gearánach anailís ar fáil freisin, ag na húdair chéanna, ar bhearna mhaoinithe an Chuibhreannais. In 1999, sular tháinig an Nasc Seasmhach i seirbhís, bhí WACC na gcuideachtaí inchomparáide beagán níos airde (8.0 %) ná IRR (7.2 %) thionscadal an Naisc Sheasmhaigh. Mar thoradh air sin, bhí bearna mhaoinithe DKK 2.9 billiún (EUR 0.39 billiún) ann in 1999, rud a thug údar le Státchabhair theoranta. Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Gearánach dá aire gurbh ionann an bhearna mhaoinithe agus DKK 5.9 billiún (EUR 0.79 billiún) in 2000, mar gheall ar WACC níos airde de chuid cuideachtaí inchomparáide (9.3 %) ach cuireann sé i bhfios go láidir go raibh na ráthaíochtaí Stáit rófhlaithiúil ó theacht i seirbhís an Naisc Sheasmhaigh cheana féin.
- (205) De réir na hanailíse, a bhuí leis na ráthaíochtaí Stáit, d'fhéadfadh an Chuibhreannais a chostais a mhaoiniú go hiomlán trí fhiachas le ráta úis 3 % ar an bhfiachas sin in 1999 agus 3.5 % in 2000. Ciallaíonn sé sin nach raibh WACC an Chuibhreannais ach idir 3 % agus 3.5 % (maoiniú fiachais 100 %). Dá bhrí sin, tá IRR 7.2 % i bhfad níos airde ná WACC an Chuibhreannais, agus tá samhail na ráthaíochta Stáit díréireach agus gan údar. Níor cheart gan ach laghdú 0.8 % ar WACC (ó 8 % go 7.2 %) a bheith mar thoradh ar an Státchabhair ionas go mbeidh WACC an Chuibhreannais cothrom le IRR thionscadal an Naisc Sheasmhaigh. De réir na tuarascála, b'ionann an Státchabhair dhíréireach, i dtéarmaí NPV, agus DKK 54.3 billiún (EUR 7.28 billiún), nuair a cainníochtaíodh í le ráta úis an Chuibhreannais in 1999 agus le DKK 41.8 billiún (EUR 5.60 billiún), nuair a chainníochtaítear í leis an ráta úis in 2000.
- (206) Chuir údair na tuarascála anailís bhreise ar fáil freisin ar NPV an Chuibhreannais, bunaithe ar chomparáid idir an ráta úis is infheidhme maidir leis an gChuibhreannais agus ráta úis cuideachta le maoiniú fiachais AAA 100 %. Ba é cuspóir na hanailíse méid na Státchabhair díréirí a chainníochtú. Tá an anailís bunaithe ar an bhfíric, má tá IRR níos airde ná meánráta úis bliantúil an Chuibhreannais, go mbeidh glanluach láithreach deimhneach ag an Nasc Seasmhach, nó go bhfuil toradh an tionscadail níos airde ná na costais. Ar an mbonn sin freisin, cuireann an Gearánach i bhfios go láidir go raibh na ráthaíochtaí Stáit rófhlaithiúil agus go raibh státchabhair dhíréireach ann mar thoradh orthu cheana féin ó theacht i seirbhís an Naisc Sheasmhaigh. Tacaítear tuilleadh leis an gconclúid sin trí anailís a dhéanamh ar thuairisceáin bhliantúlaithe agus ar bhliantaí bliantúlaithe.
- (207) Ina theannta sin, chuir an Gearánach meabhrán ar fáil a bhain le cuid de thorthaí an Choimisiúin sa chinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn maidir le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh, go háirithe maidir le comhréireacht.
- (208) Ar deireadh, chuir an Gearánach barúlacha isteach maidir le tuarascáil bhliantúil 2020 an Chuibhreannais, ós rud é, in earrach 2020, gur sheol an Chuibhreannais roinnt tionscnamh lena n-aistrítear a fhiachas ó iasachtaí arna ráthú ag na Stáit, go hiasachtaí gan ráthaíochtaí Stáit. Thug an Gearánach faoi deara na rátálacha creidmheasa gaolmhara, agus tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil buntáiste ag eintitis atá faoi úinéireacht an Stáit cheana féin toisc gurb é an Stát an t-úinéir, rud a thugann le tuiscint, dar lena chreidiúnaithe, urrús comhthaobhach níos airde. Tugann an Gearánach dá aire freisin gurb ionann an méid a cruinníodh le hiasachtaí gan na ráthaíochtaí Stáit in 2020 agus thart ar 28 % d'iasachtaíocht chomhlán an Chuibhreannais, rud a léiríonn freisin go raibh na ráthaíochtaí Stáit díréireach cheana féin le linn na gcéad bhlianta oibríochta.
- (209) Tagraíonn Stena Line do Theachtaireacht IPCEI, á mheabhrú nach féidir ach costais incháilithe a áireamh i ríomh bearna cistithe. Ós rud é go meastar gur tionscadal ar leithligh iad na ceangail chúlchríche bhóthair agus iarnróid, áitíonn Stena Line nach mbaineann costais na saoráidí sin le hábhar chun an méid cabhrach a bhféadfadh an Nasc Seasmhach tairbhe a bhaint aisti a ríomh. I ndáil leis sin, tugann Stena Line dá aire gur choigeartaigh an Chuibhreannais a bheartas díbhíne in 2018, d'fhonn díriú go príomha ar uaslaghdaí fiachais sna cuideachtaí úinéirí, A/S Øresund agus SVEDAB, atá i gceannas ar na naisc chúlchríche bóthair agus iarnróid. Áitíonn Stena Line gur fianaise shoiléir é sin go mbaineann costais neamh-incháilithe le Státchabhair don Chuibhreannais le haghaidh an Naisc Sheasmhaigh.

4.4.6. *Saobhadh míchuí ar iomaíocht a sheachaint agus tástáil cothromúcháin*

- (210) De réir an Ghearánaigh, tá saobhadh míchuí ar an iomaíocht mar thoradh ar an gcabhair atá sna ráthaíochtaí Stáit agus i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le caillteanais a thabhairt ar aghaidh agus dímhéas.
- (211) Deir an Gearánach nach raibh sé riamh mar chuspóir ag tionscadal an Naisc Sheasmhaigh dul in ionad na seirbhísí farantóireachta idir Helsingborg agus Helsingør, ná níor measadh gur iarmhairt riachtanach ná dosheachanta é sin. Thairis sin, meabhraíonn siad go gceanglaíonn an nasc idir calafoirt Helsingborg agus Helsingør, atá araon mar chuid de ghréasán TEN-T, bóithre TEN-T E47, E4 agus E20, agus, dá bhrí sin, lár na hEorpa leis na tíortha Nordacha. Tagraíonn an Gearánach do cheann de phríomhchuspóirí TEN-T, is é sin rannchuidiú le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa, le hiompar glan agus le hastaíochtaí ísealcharbóin, agus tugann sé dá aire gur rogha mhalartach ghlas ar an Nasc Seasmhach iad na báid farantóireachta astaíochtaí nialasacha atá aige. Ar deireadh, tagraíonn an Gearánach don Pháipéar Bán ón gCoimisiún maidir le treochlár do Limistéar Iompair Eorpach Aonair ⁽¹¹⁸⁾, inar thug an Coimisiún dá aire 'go bhfuil gá le saobhadh cánach agus fóirdheontais gan údar agus iomaíocht shaor gan saobhadh a dhíothú [...] chun cothrom iomaíochta a bhunú idir modhanna atá in iomaíocht dhíreach'. Measann an Gearánach go mbeadh an toradh socheacnamaíoch a bheadh ar imeacht a sheirbhís farantóireachta tubaisteach. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Gearánach go gceadaíonn na ráthaíochtaí Stáit don Chuibhreannas na táillí dola don Nasc Seasmhach a shocrú ag leibhéal atá íseal go saorga, lena gceadaítear don Chuibhreannas a mhéideanna tráchta agus a sciar den mhargadh a mhéadú. Cuireann na ráthaíochtaí Stáit ar chumas an Chuibhreannais rioscaí níos airde a ghlacadh, agus féimheacht, de facto, eisiata. Tarraingíonn an Gearánaí aird freisin ar shásra eile as a n-eascraíonn saobhadh margaidh, atá nasctha le cuspóirí na Stát trácht a chothú ar fud an Naisc Sheasmhaigh. Ós rud é go dtacaíonn na Stáit leis an gCuibhreannas, d'aistreofaí cuspóir an Chuibhreannais ó uasmhéadú brabúis dhocht go méadú ar an méid tráchta. Is féidir é sin a dhéanamh a bhuí leis na ráthaíochtaí Stáit.

4.4.7. *Coinníollacha slógtha na ráthaíochtaí Stáit*

- (212) Agus é ag tagairt d'Fhógra Ráthaíochta 2008, meabhraíonn an Gearánach nach bhfuil an Coimisiún i dteideal cabhair a údarú i bhfoirm na ráthaíochtaí Stáit mura bhfuil a fhios ag an gCoimisiún roimh ré na coinníollacha chun na ráthaíochtaí sin a spreagadh. De réir an Ghearánaigh, níl aon choinníollacha ann maidir le slógadh na ráthaíochtaí arna gcinneadh sna comhaontuithe iasachta arna dtabhairt i gcrích idir an Cuibhreannas agus na hinstiitúidí airgeadais lena mbaineann, agus dá bhrí sin, níl an Coimisiún in ann a fháil amach go bhfuil ráthaíochtaí an Stáit ag luí leis an margadh inmheánach.

4.5. **Ionchais dhlisteanach**

- (213) Áitíonn an Gearánach agus Scandlines et al. gur cheart breithiúnas Øresund a léirmhíniú sa chaoi go ndéanfar ionchais dhlisteanacha an Chuibhreannais agus na Stát a eisiádh tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*.
- (214) Dá réir sin, áitíonn siad, i mbreithiúnas Øresund ⁽¹¹⁹⁾, gur chinn an Chúirt Ghinearálta go sainráite nach bhféadfadh ionchais dhlisteanacha a bheith ann ach amháin don tréimhse roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, agus ní, mar is cosúil gur mhol an Coimisiún in aithris 178 den Chinneadh Tosaigh, go dtí *ar a laghad* 2000.
- (215) Tagraíonn an Gearánach don chásdlí mar a luaitear i *mbreithiúnas Øresund* ⁽¹²⁰⁾, ina liostaítear na trí choinníoll charnacha nach mór a chomhlíonadh chun go mbeadh bunús maith le héileamh ar theidlíocht chun ionchais dhlisteanacha a chosaint: (i) ní mór dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha de thionscnamh foinsí údaraithe agus iontaofa a bheith tugtha ag na húdaráis don duine lena mbaineann; (ii) ní foláir do na dearbhuithe sin a bheith ina gcúis le hionchas dlisteanach ar thaobh an duine a bhfuil siad dírithe chuige nó chuici; agus (iii) ní mór do na dearbhuithe a thugtar na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh.

⁽¹¹⁸⁾ Páipéar Bán, Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní, C(2011) 144 final, mír 59.

⁽¹¹⁹⁾ Mír 322.

⁽¹²⁰⁾ Mír 306: an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Meitheamh 2005, *Branco v an Coimisiún*, T-347/03, AE:T:2005:265, mír 102 agus an cásdlí a luaitear; an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 23 Feabhra 2006, *Cementbouw Handel & Industrie v an Coimisiún*, T-282/02, AE:T:2006:64, mír 77; an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Meitheamh 2009, *CPEM v an Coimisiún*, T-444/07, AE:T:2009:227, mír 126.

- (216) Cé go n-aithníonn an Gearánach agus Scandlines et al. ionchais dhlísteanacha a bheith ann go dtí breithiúnas *Aéroports de Paris*, measann siad nach raibh na dearbhuithe a thug an Coimisiún i litreacha 1995 ag comhlíonadh na rialacha is infheidhme a thuilleadh tar éis an bhreithiúnais sin. Áitíonn Scandlines et al, in aon chás, go rachadh an ceart chun brath ar ionchais dhlísteanacha in éag tar éis dheireadh idirthréimhse trí bliana lena gceadaítear don tairbhí a iompar a choigeartú i bhfianaise na n-imthosca dlíthiúla nua ⁽¹²¹⁾.
- (217) Thairis sin, áitíonn an Gearánach, tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, nach féidir aon amhras a bheith ann go bhféadfadh oibreoir eacnamaíoch stuama agus foláirimh foráil a dhéanamh go bhféadfadh an Coimisiún cinneadh a ghlacadh lena gcinntear go raibh na bearta cabhrach lena mbaineann faoi réir rialacha maidir le Státchabhair. Measann an Gearánach agus Scandlines et al. gur cheart do na Stáit agus don Chuibhreannas a n-iompar a choigeartú i gcomhréir leis an mbreithiúnas, agus nach mór an tréimhse idir breithiúnas *Aéroports de Paris* agus an briseadh líomhnaithe ar an tréimhse teorann a mheas mar thréimhse leordhóthanach ama chun coigeartú a dhéanamh, agus chun fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na bearta cabhrach lena mbaineann.
- (218) Ar deireadh, áitíonn an Gearánach, fiú má mheasann an Coimisiún gur dheonaigh na Stáit dhá ráthaíocht Stáit in 1992, arbh é atá iontu cabhair *ad hoc* aonair, gur léir nach féidir prionsabal na n-ionchas dlísteanach a agairt don tréimhse tar éis an 13 Bealtaine 2003. Murab amhlaidh an cás, cheadófaí do na Stáit prionsabal na n-ionchas dlísteanach a agairt chun leanúint de ráthaíochtaí Stáit a thabhairt don Chuibhreannas, gan aon phréimh a íoc agus gan aon teorainn maidir leis na méideanna atá le ráthú agus leis an tréimhse inar féidir iad a dheonú, fad is a mheasann siad is gá.

4.6. Cabhair a aisghabháil

- (219) Measann Scandlines et al. gur cheart an chabhair atá i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas agus na ráthaíochtaí Stáit a deonaíodh ó 2003 a aisghabháil. Baineann sé sin, go háirithe, leis na ráthaíochtaí Stáit le haghaidh na n-iasachtaí uile a thógtar amach chun an fiachas tosaigh a athmhaoiniú, agus baineann sé freisin leis an gcabhair le haghaidh gach costais oibriúcháin eile a chumhdaítear le hiasachtaí. Cuireann Calafort Trelleborg i bhfios go láidir nach mór na ráthaíochtaí Stáit iarbhir a chúlghairm, chomh maith leis an gCuibhreannas a bheith tar éis an difríocht idir préimh an mhargaidh agus an phréimh a íocadh a aisíoc. D'áitigh Stena Line nach mór aisghabháil a iarraidh ar (i) aon chabhair a deonaíodh tar éis 2004 (ó bhí an Cuibhreannas in ann iasachtaí a fháil ar théarmaí an mhargaidh, ar a laghad ó 2004 ar aghaidh); (ii) cabhair oibriúcháin arna deonú idir 2003 agus 2004; agus (iii) do 2003-2004, an difríocht idir praghsanna an Naisc Sheasmhaigh bunaithe ar chostais iarbhir agus an phraghsáil faoi bhun costais, chomh maith le ráthaíochtaí Stáit agus iasachtaí Stáit ⁽¹²²⁾ a chumhdaíonn aon chostais oibriúcháin.
- (220) Cuireann an Gearánach in iúl freisin, fiú dá ndearbhódh an Coimisiún go bhfuil an chabhair comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, nach mbeadh sé d'éifeacht aige sin na bearta a thabhairt chun rialtachta, arna gcur chun feidhme contrártha d'Airteagal 108(3) CFAE, *ex post facto*, agus gur cheart ús a chur i bhfeidhm ón dáta a deonaíodh gach cabhair nua.
- (221) Áitíonn FSS, Calafort Trelleborg, agus Grimaldi nár cuireadh na ráthaíochtaí Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108(3) CFAE, agus, dá bhrí sin, gur cabhair neamhdhleathach iad. Áirítear leis sin na ráthaíochtaí Stáit agus an chabhair atá i rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas a deonaíodh tar éis ghlacadh chinneadh 2014, a cuireadh ar neamhní ina dhiaidh sin. Ós rud é nach bhfuil aon fhianaise ann a thabharfadh le fios gur stad an Danmhairg agus an tSualainn de ráthaíochtaí Stáit agus cabhair a dheonú a tháinig ó rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, ba cheart don Choimisiún cinneadh a ghlacadh lena n-ordófar don Danmhairg agus don tSualainn éirí as ráthaíochtaí nua a dheonú agus lena n-ordófar don Danmhairg deireadh a chur le cabhair a dheonú a bhaineann le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, agus chun ráthaíochtaí Stáit agus buntáistí atá ann cheana a bhaineann le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas a chur ar fionraí go dtí go mbeidh cinneadh déanta ag an gCoimisiún maidir lena gcomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach.

⁽¹²¹⁾ Déantar tagairt don bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 16 Deireadh Fómhair 2014, *Alcoa Trasformazioni v an Coimisiún*, T-177/10, AE:T:2014:897, mír 72.

⁽¹²²⁾ Níor chuir Stena Line aon fhaisnéis bhreise ná shonrach isteach maidir le cé na hiasachtaí Stáit a bhfuil siad ag tagairt dóibh.

- (222) Measann an Gearánach gur eascair iarmhairtí marthanacha as an Státchabhair dhíreireach don Chuibhreannas, iarmhairtí nach mór a cheartú trí bhearta réamhbhreathnaitheacha. Ní leor deireadh a chur leis an Státchabhair trí na ráthaíochtaí Stáit a aisghairm agus deireadh a chur leo chun cothrom iomaíochta a bhunú don Nasc Seasmhach agus do na báid farantóireachta. Sa chomhthéacs sin, tagraíonn an Gearánach do mhír 96 de bhreithiúnas *Øresund*, inar chuir an Chúirt Ghinearálta in iúl gur mhol an Coimisiún go mbeadh leachtú an Chuibhreannais dodhéanta ó thaobh an dlí de, ag féachaint don Chomhaontú Idir-Rialtasach. Ós rud é go meastar i bhFógra Ráthaíochta 2008 go bhféadfadh sé gur Státchabhair iad téarmaí maoinithe níos fabhraí a fhaigheann fiontair a ndéanann a bhfoirm dhlíthiúil foráil maidir le díolúine ó ghnáthrialacha maidir le féimheacht nó nósanna imeachta dócmhainneachta eile, bheadh buntáiste suntasach fós ag an gCuibhreannas, fiú tar éis do na Stáit scor de chomhaontuithe sonracha maidir le ráthaíocht Stáit a eisiúint.
- (223) Measann an Gearánach gur gá do bhearta réamhbhreathnaitheacha den sórt sin gnáthchostais, gnáthchuspóirí, agus gnáthrioscaí tráchtála oibreoir an Naisc Sheasmhaigh a athbhunú. Go sonrach, measann siad trí réiteach fhéideartha chun gnáthdhálaí margaidh a athbhunú le haghaidh tráchta ar fud *Øresund*, eadhon, príobháidiú an Naisc Sheasmhaigh, an Nasc Seasmhach a ionchorprú mar chuideachta phoiblí a bhfuil scaireanna comhlúthacha aige a liostaítear ar na stocmhalartáin i gCóbanhávan agus/nó i Stócólm, nó lamháltas a dheonú d'oibreoir neamhspleách ar théarmaí tráchtála.

5. Barúlacha a fuarthas ó na Stáit

- (224) Déantar cur síos sa roinn seo ar bharúlacha na Stát maidir leis an gCinneadh Tosaigh. Sna barúlacha sin tá barúlacha na Stát maidir le barúlacha na bpáirtithe leasmhara a cuireadh faoi bhráid údarais na Stát i bhformáid neamhrúnda. Áirítear sa roinn seo freisin faisnéis bhreise arna cur isteach ag na Stáit mar fhreagra ar cheisteanna sonracha ón gCoimisiún.

5.1. Soiléirithe fíorasacha ar an gCinneadh Tosaigh

- (225) Chuir na Stáit soiléirithe fíorasacha ar fáil maidir leis an gcuid thuairisciúil den Chinneadh Tosaigh.
- (226) Go sonrach, soiléiríonn na Stáit nach bhfuil aon bhunús dlí ann chun iasachtaí Stáit a sholáthar don Chuibhreannas i ndlí na Sualainne nó na Danmhairge. Is soiléiriú é sin ar aithris 31 den Chinneadh Tosaigh, áit a luaitear go bhfuil an Cuibhreannas in ann iasachtaí Stáit a fháil ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge ar tháille bhliantúil 0,15 % de na luachanna iasachta gan íoc, móide ráta úis bliantúil arna shocrú ag an Aire Airgeadais. Sonraíonn na Stáit go bhféadfadh sé gurb é is cúis leis sin maoiniú an Chuibhreannais a bheith tógtha in araíocht mhaoiniú A/S *Øresund*, máthairchuideachta Dhanmhargach an Chuibhreannais. De réir Roinn 7(1) den Acht Foirgníochta (Roinn 10(4) d'Acht Sund & Bælt anois), nuair a mheastar é a bheith iomchuí, tugtar de chumhacht d'Aire Airgeadais na Danmhairge riachtanais chistiúcháin A/S *Øresund* a chumhdach trí iasachtaí Stáit.
- (227) Cuireann na Stáit i bhfios go láidir gurb é iarmhairt dhíreach an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh, reachtaíocht cur chun feidhme na Sualainne agus na Danmhairge, agus reachtaíocht Chomhaontú an Chuibhreannais, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Stáit, ón lá a bunaíodh an Cuibhreannas, gach iasacht agus ionstraim airgeadais eile a ráthú, na hiasachtaí agus na hionstraimí airgeadais eile a thóg an Cuibhreannas amach chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú. Cé gurb iad Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge atá freagrach as riar praiticiúil na ráthaíochtaí, i ndáil le hiasachtaí sonracha agus socruithe maoinithe sonracha, níl sé d'inniúlacht acu diúltú na ráthaíochtaí is gá a dheonú don Chuibhreannas chun an tionscadal a mhaoiniú.
- (228) Dá réir sin, d'fhormheas an Danmhairg an Comhaontú Cuibhreannais an 4 Feabhra 1992, agus d'fhormheas an tSualainn é an 13 Feabhra 1992. Dá bhrí sin, tháinig an Comhaontú Cuibhreannais i bhfeidhm an 13 Feabhra 1992. Ina theannta sin, shoiléirigh na Stáit nach bhfuil an Cuibhreannas cláraithe le hOifig um Chlárú Cuideachtaí na Sualainne, mar a mhaigh an Gearánach (aithris (176)), toisc go bhfuil pearsantacht dhlítheanach uathúil aige. Bhí sé cláraithe, áfach, le haghaidh CBL agus táillí slándála sóisialaí ón 23 Iúil 1993. Ní gá clárú le hOifig um Chlárú Cuideachtaí na Sualainne chun go bhféadfaidh an Cuibhreannas cearta agus oibleagáidí a fháil.

- (229) Thug na Stáit tuilleadh sonraí maidir leis an méid dá bhforáiltear sa chinneadh ó Pharlaimint na Sualainne i ndáil leis an oibleagáid ráthaíochta Stáit chomhpháirteach agus leithleach (aithris (89)), agus maidir le riar praiticiúil na hoibleagáide ráthaíochta Stáit comhpháirtí agus leithlí ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne (aithrisí (91) go (94)). Maidir le cur chun feidhme oibleagáid na ráthaíochta Stáit sa Danmhairg, thagair na Stáit de Roinn 8 den Ghníomh um Fhoirgníocht agus do na nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, a bhaineann le Roinn 8 (aithris (95)).
- (230) Shonraigh na Stáit gur thug Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge isteach na socruithe riaracháin praiticiúla (trí na Comhaontuithe Comhair) chun deis a thabhairt don tSualainn agus don Danmhairg faireachán agus tionchar a imirt ar bheartas maoinithe an Chuibhreannais. Leis an sásra sin, tugtar an deis do na Stáit a áirithiú nach sáróidh an Cuibhreannas a shainordú, agus go leantar de bheartas maoinithe lena n-íoslaghdaítear riosca fadtéarmach na Stát. Leis an sásra, dá bhrí sin, ceadáítear do na Stáit a áirithiú nach dtéann an chabhair a dheonaítear don Chuibhreannas thar a bhfuil riachtanach.
- (231) Thug na Stáit forléargas cothrom le dáta ar fhiachas gan íoc an Chuibhreannais.

5.2. Cabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

5.2.1. An Cuibhreannas mar thairbhí

- (232) Aithníonn na Stáit an Cuibhreannas mar thairbhí de shamhail na ráthaíochta Stáit. Ní ghlacann údaráis na Danmhairge leis, áfach, gur tairbhí é an Cuibhreannas de rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Tugann siad dá n-aire, ina leith sin, gur comhpháirtíocht thrédhearcach é an Cuibhreannas a mhéid a bhaineann le rialacha cánach na Danmhairge. Dá bhrí sin, ní hé an Cuibhreannas, ach A/S Øresund amháin, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, agus, thairis sin, gurb é A/S Øresund amháin a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as maidir le leath an ioncaim agus na gcostas arna dtabhú ag an gCuibhreannas.
- (233) De réir dhlí cánach na Danmhairge, tá gach comhpháirtíocht thrédhearcach ó thaobh cánach de. Dá bhrí sin, ní hé go bhfuil an Cuibhreannas thrédhearcach ó thaobh cánach de a théann chun tairbhe do A/S Øresund; ina ionad sin, is iad rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Cruthaítear na rialacha sin go háirithe do A/S Øresund, ina cháil mar chomhpháirtí sa Chuibhreannas. Ní dhéanann A/S Øresund aon ghníomhaíochtaí dílse i margadh iomaíoch, agus, dá bhrí sin, ní fhaigheann A/S Øresund Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Ina theannta sin, áitíonn údaráis na Danmhairge nach mór an cás atá idir lámha a idirdhealú ó chás C-128/16 P⁽¹²³⁾, inar mheas an Chúirt gur éintiteas a bhí thrédhearcach go fíochach a bhí ina thairbhí de bhearta cánach, toisc go gciallaíonn thrédhearcacht chánach an Chuibhreannais go bhfaigheann a úinéirí aon bhuntáiste cánach a d'fhéadfadh a bheith ann.
- (234) Ar na cúiseanna sin, áitíonn údaráis na Danmhairge nach bhfuair an Cuibhreannas aon bhuntáiste eacnamaíoch de thoradh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas.

5.2.2. Gan aon ghníomhaíocht eacnamaíoch ag an gCuibhreannas

- (235) Coinníonn na Stáit a seasamh mar a leagtar amach i Roinn 4.2.1 den Chinneadh Tosaigh, nach féidir pleanáil, tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh a mheas mar ghníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE. Dar leis na Stáit, is samplaí clasaiceacha iad tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh d'fheidhmiú cumhachtaí poiblí, nach gcumhdaítear, agus nár cheart, a chumhdach le hAirteagal 107(1) CFAE. Dá bhrí sin, tá samhail na ráthaíochta Stáit agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas lasmuigh de raon feidhme rialacha an Aontais maidir le Státchabhair.

⁽¹²³⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Iúil 2018, an Coimisiún v an Spáinn agus Daoine Eile, C-128/16 P, AE:C:2018:591.

- (236) Ina bhfreagra ar an gCinneadh Tosaigh, tagraíonn na Stáit dá n-aighneachtaí roimhe seo, dá bhforáiltear i gcomhthéacs an nós imeachta réamh-imscrúdaithe do chásanna SA.36558, SA.38371, agus SA.36559, agus deimhníonn siad go bhfuil na seasaimh a leagtar amach iontu á gcoimeád acu. I ndáil leis sin, d'áitigh na Stáit gur chinn an Coimisiún go comhsheasmhach, faoi chleachtas cinnteoireachta seanbhunaithe, go dtí tús na 2000idí, nach gníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoi raon feidhme rialacha iomaíochta an Aontais é tógáil bonneagair ag údarás poiblí atá oscailte do gach úsáideoir féideartha ar théarmaí neamh-idirdhealaitheacha. Ina ionad sin, measadh gur feidhmiú cumhachta poiblí (pleanála) a bhí sna gníomhaíochtaí sin, d'fhonn bonneagar iompair ginearálta a sholáthar.
- (237) D'áitigh na Stáit gur aidhmeanna beartais phoiblí go soiléir agus go heisiach iad na cuspoirí a raibh siad ag iarraidh a bhaint amach tríd an Nasc Seasmhach a thógáil, a bhaineann, go háirithe, le forbairt agus comhar cultúrtha, réigiúnach agus eacnamaíoch idir dhá thír a chur chun cinn. D'áitigh siad nach gá go mbeadh feidhm ag breithiúnas *Aéroports de Paris* agus breithiúnas *Leipzig Halle* ón gCúirt Ghinearálta an 24 Márta 2011, ar sheas an Chúirt Bheithiúnais leo an 19 Nollaig 2012 ⁽¹²⁴⁾ ('breithiúnais *Leipzig Halle*'), maidir le tionscadail bhonneagair, amhail an Nasc Seasmhach. Murab ionann agus aerfoirt, ní féidir le gnáthinfheisteoirí droichid trasteorann a fhorbairt agus a oibriú, lena gceanglaítear comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích, a chur chun feidhme. Ní dhearnadh léirscaoileadh cosúil le hearnáil an aerfoirt ar thógáil agus ar oibriú droichead. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir an Nasc Seasmhach agus an staid i mbreithiúnais *Leipzig Halle*, maíonn siad, toisc nach raibh sé i gceist riamh gníomhaíochtaí tráchtála an Chuibhreannais a leathnú le tógáil an Naisc Sheasmhaigh; tháinig an Cuibhreannas ar an bhfód agus é mar aidhm amháin aige aidhmeanna beartais phoiblí a chur i gcrích, agus gan gníomhaíochtaí eacnamaíocha a shaothrú.
- (238) Thairis sin, áitíonn na Stáit go mbaineann gníomhaíochtaí an Chuibhreannais go heisiach le tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh, i.e. dualgais phoiblí, ar iarmhairt dhíreach iad ar bhearta pleanála poiblí. Réamhchinnítear na bunchoinníollacha d'oibriúcháin eacnamaíocha an Chuibhreannais, agus toradh fheidhmiú na cumhachta poiblí ag na Stáit. Comhlíonann an Cuibhreannas a dhualgais phoiblí i gcorcad eacnamaíoch imfhálaithe; dá bhrí sin, níl aon riosca ann go bhféadfaí a ghníomhaíochtaí maoinithe ar bhonn shamhail na ráthaíochta Stáit a úsáid chun gníomhaíochtaí eile a thras-fhóirdheonú, nach mbaineann lena chúraimí poiblí. Sa chiall sin, tá gníomhaíochtaí agus modhanna maoinithe an Chuibhreannais incomparáide le gníomhaíochtaí agus modhanna maoinithe na n-údarás poiblí (eile) a ghearrann táille bunaithe ar chostas- as earraí nó seirbhísí poiblí sonracha a sholáthar dá n-úsáideoirí, amhail doiciméid oifigiúla áirithe a tháirgeadh, mar shampla pasanna agus ceadúnais tiomána, agus seiceálacha sláinte agus leasa ainmhithe ar ghníomhaireachtaí tréidliachta. Nuair a thugtar cumhacht eisiach d'eintitis faoi úinéireacht-Stáit dualgais phoiblí den sórt sin a chur i gcrích i gcorcad eacnamaíoch iata, ní mór a ngníomhaíochtaí a mheas mar fheidhmiú cumhachta poiblí. Meabhraíonn na Stáit, i ndáil leis sin, go bhfuil an Cuibhreannas faoi úinéireacht phoiblí 100 %, agus nach bhféadfadh aon oibreoir príobháideach tairbhe a bhaint as samhail na ráthaíochta Stáit.
- (239) D'áitigh na Stáit freisin nach féidir a mheas go bhfuil an Cuibhreannas in iomaíocht le seirbhísí farantóireachta an Ghearánaigh. Cé go bhféadfadh tionchar a bheith ag beartas praghsála an Chuibhreannais ar ghnó an Ghearánaigh, ní toradh é sin ar chaidreamh iomaíoch idir beirt ghníomhaithe incomparáide a thairgeann seirbhísí inionadaithe ar an margadh céanna. Ina ionad sin, cé go dtairgeann an Gearánach seirbhís farantóireachta tráchtála, cuireann an Cuibhreannas earra poiblí ar fáil, i bhfoirm rochtana ar phíosa áirithe bonneagair bóthair agus iarnróid. Nuair a shocraíonn an Cuibhreannas an praghas don earra poiblí sin, gníomhaíonn sé faoi chuimsiú an chinidh beartais phoiblí maidir leis an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, lena n-áirítear na naisc chúlchríche bóthair agus iarnróid. Dá bhrí sin, tá difríocht bhunúsach idir an caidreamh atá idir an Cuibhreannas agus an Gearánach agus gnáthchaidrimh iomaíochta.
- (240) Mar sin féin, chuir na Stáit argóintí breise ar fáil maidir le haicmiú shamhail na ráthaíochta Stáit agus maidir le rialacha speisialta na Danmhairge i ndáil le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas mar scéimeanna cabhrach i gcomparáid le cabhair aonair, maidir lena n-aicmiú mar chabhair nua i gcomparáid le cabhair atá ann cheana, agus maidir le hionchais dhlisteanacha a bheith ann.

⁽¹²⁴⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 24 Márta 2011, *Freistaat Sachsen agus Land Sachsen-Anhalt agus Daoine Eile v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-443/08 agus T-455/08, AE:T:2011:117; seasadh leis ar achomharc sa bhreithiúnas ón gCúirt Bheithiúnais an 19 Nollaig 2012, *Mitteldeutsche Flughafen AG agus Flughafen Leipzig-Halle GmbH v an Coimisiún*, C-288/11 P, AE:C:2012:821.

5.3. Aicmiú shamhail na ráthaíochta Stáit mar scéim nó mar chabhair aonair

- (241) Dar leis na Stáit, is saincheist fhíor-riachtanach é tréithriú shamhail na ráthaíochta Stáit, agus ní mór aird chuí a thabhairt sa mheasúnú ar chuspóir Rialachán 2015/1589, agus ar iarmhairtí praiticiúla an tréithrithe sin, don Nasc Seasmhach agus do chásanna comhchosúla eile araon.
- (242) Dar leis na Stáit, foráiltear le foclaíocht Rialachán 2015/1589 gur cabhair *ad hoc* atá i samhail na ráthaíochta Stáit, seachas scéimeanna cabhrach. Dá réir sin, measann na Stáit nach bhfuil samhail na ráthaíochta Stáit dírithe ar 'ghnóthais a shainmhínítear laistigh den acht ar bhealach ginearálta agus teibí' agus, thairis sin, go bhfuil sí 'nasctha le tionscadal sonracha'. De réir na Stát, tacaítear leis sin ós rud é gur eintiteas shainchuspóireach é an Cuibhreannas ag a bhfuil cúraimí a bhaineann leis an Nasc Seasmhach, agus go bhfuil dlúthbhaint idir na ráthaíochtaí Stáit a thugtar don Chuibhreannas agus go bhfuil siad teoranta do ghníomhaíochtaí a bhaineann le tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh. Dá bhrí sin, áitíonn na Stáit go bhfuil samhail na ráthaíochta Stáit comhdhéanta de chabhair aonair.
- (243) Measann na Stáit go bhfuil difríocht bhunúsach idir samhail na ráthaíochta Stáit sa chás seo agus, mar shampla, ráthaíochtaí indíreacha arna ndeontú do ghnóthais phoiblí i bhfoirm reachtaíochta náisiúnta lena gcuirtear féimheacht as an áireamh ⁽¹²⁵⁾.
- (244) Sa chomhthéacs sin, tagraíonn na Stáit don litríocht dhlíthiúil lena soláthraítear samplaí de scéimeanna cabhrach a thagann faoin sainmhíniú sa dara cuid d'Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589, lena n-áirítear scéim faoina bhfaigheann gnóthas sonracha cúiteamh bliantúil as cailleanais a thabhaítear i soláthar seirbhíse ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne ⁽¹²⁶⁾ agus dreasachtaí cánach, atá neamhtheoranta ó thaobh méid nó ama de, a dheonaítear do ghnóthais shonracha. ⁽¹²⁷⁾ Dar leis na Stáit, tá na scéimeanna sin an-éagsúil ó thaobh cuspóra agus cineáil de ó shamhail na ráthaíochta Stáit a dheonaítear don Chuibhreannas.
- (245) Thairis sin, de réir na Stát, léiríonn an Comhaontú Idir-Rialtasach agus an reachtaíocht cur chun feidhme sa tSualainn agus sa Danmhairg go soiléir gur deonaíodh na ráthaíochtaí comhpháirteacha agus roinnt ráthaíochtaí Stáit don Chuibhreannas ar feadh tréimhse éiginnte agus neamh-inchúlghairthe in 1992, mar réamhchoinníoll dlíthiúil agus eacnamaíoch d'oibleagáid an Chuibhreannais an Nasc Seasmhach a bhunú agus a oibriú. Dá réir sin, tá oibleagáid dhlíthiúil shoiléir aonchiallach ar an dá Stát i leith a chéile agus i leith an Chuibhreannas chun a áirithiú go ndéanfaidh na Stáit idirbhearta airgeadais ina dhiaidh sin a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh agus na reachtaíochta cur chun feidhme a ráthú. Áitíonn na Stáit nach gciallaíonn sé sin go n-éilíonn sé sin riarachán ina dhiaidh sin ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge go bhfuil rogha ar bith ag na Stáit diúltú idirbhearta den sórt sin a ráthú.
- (246) Dá bhrí sin, ba cheart, i dtuairim na Stát, dhá chabhair *ad hoc* aonair a bheith i samhail na ráthaíochta Stáit, arna ndeontú nuair a bunaíodh an Cuibhreannas an 13 Feabhra 1992. Ón lá sin ar aghaidh, bhí oibleagáid dhlíthiúil ar na Stáit gach maoiniú a éilíonn an Cuibhreannas a ráthú chun an Nasc Seasmhach a bhunú agus é a chur i seirbhís. Measann na Stáit gur thacaigh na socruithe dlíthiúla agus réasúnaíocht eacnamaíoch shamhail na ráthaíochta Stáit leis an gconclúid sin.
- (247) Maidir leis na socruithe dlíthiúla, áitíonn na Stáit, cé go bhfuil Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge freagrach as riaradh praiticiúil na gcomhaontuithe ráthaíochta i ndáil le hiasachtaí sonracha agus socruithe maoinithe sonracha, nach bhfuil aon inniúlacht acu an ráthaíocht chun an tionscadal a mhaoiniú a dhiúltú don Chuibhreannas. Thairis sin, cé go ndéanann, ó am go ham, Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge na ráthaíochtaí bunaidh i leith iasachtóir ar leith a eisiúint, a atheisiúint nó a dheimhniú, ní athraíonn sé sin oibleagáid dhlíthiúil na Stát, i leith an Chuibhreannais, gealltanais airgeadais an Chuibhreannais maidir leis an tionscadal a ráthú.

⁽¹²⁵⁾ Sa chomhthéacs sin, tagraíonn siad do bhreithiúnas na Cúirte an 3 Aibreán 2014, *Poblacht na Fraince v an Coimisiún Eorpach*, C-559/12, AE:C:2014:217.

⁽¹²⁶⁾ Mederer, W., Pesaresi, N. agus Van Hoof, N., *Dlí Iomaíochta AE: Imleabhar IV, Státchabhair, Leabhar 1*, Claeys & Casteels, 2008, lch. 566.

⁽¹²⁷⁾ Heidenhain, M., ed., *An Dlí Eorpach maidir le Státchabhair: Lámhleabhar*, Beck/Hart, 2010, lgh 587-588; agus Sinnaeve, A. agus Slot, P. J., 'An rialachán nua maidir le nósanna imeachta na Státchabhrach', *Athbhreithniú ar Dhlí an Chómhargaidh* 36, Eagrán 6, 1999, lgh 1153-1194, lch. 1161.

- (248) Tugann na Stáit dá n-aire nár leasaíodh foclaíocht fhorálacha ábhartha an Chomhaontaithe Idir-Rialtasaigh, foclaíocht shubstaint na reachtaíochta náisiúnta cur chun feidhme, ná foclaíocht an Chomhaontaithe Cuibhreannais ó glacadh iad. Ós rud é nach bhfuil aon athrú tagtha ar an mbunús dlí óna ndíorthaíonn an Cuibhreannas an ceart go ndéanfaí a mhaoiniú a ráthú ag an Stát, measann na Stáit go ndearnadh na ráthaíochtaí Stáit a dheonú go cinntitheach agus go neamh-inchúlghairthe don Chuibhreannas tráth a bhain sé ceart dlíthiúil amach chun cistiú arna ráthú ag an Stát a fháil, i.e. ón lá a bunaíodh é.
- (249) Chuir na Stáit tuilleadh sonraí ar fáil maidir le cur chun feidhme oibleagáid ráthaíochta Stáit chomhpháirteach agus leithleach na Sualainne i gcomhthéacs éileamh an Ghearánaigh gur athraíodh ráthaíochtaí na Sualainne ó ráthaíochtaí tánaisteacha go ráthaíochtaí pearsanta (aithris (175)). D'áitigh na Stáit nár tháinig aon athrú riamh ar bhunoibleagáid na ráthaíochta Stáit chomhpháirtigh agus leithligh. Bunaíodh oibleagáid na ráthaíochta Stáit i leith an Chuibhreannais leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne, mar obair leantach ar an gComhaontú Idir-Rialtasach. Cuireadh an cinneadh ó Pharlaimint na Sualainne chun feidhme níos déanaí le cinneadh Rialtas na Sualainne an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) agus le cinneadh Rialtas na Sualainne an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3), lenar coimisiúnaíodh Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne chun ráthaíochtaí a eisiúint. Ní dhéanann aon cheann de na cinntí sin rialáil mhionsonraithe ar an gcaoi a raibh téarmaí na gcomhaontuithe ráthaíochta aonair le cinneadh. Ina ionad sin, bhí sé sin le cinneadh agus le cur chun feidhme ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne. Níor ghlac Parlaimint na Sualainne aon chinneadh ina dhiaidh sin sa chomhthéacs sin, ná níor ghlac Rialtas na Sualainne aon chinneadh ina leith, lena leasófaí oibleagáid na ráthaíochta Stáit arna bunú le cinneadh Pharlaimint na Sualainne. Feidhmíonn na gníomhais ráthaíochta aonair chun an ceart a tugadh cheana don Chuibhreannas a chomhlíonadh. Go deimhin, tá na gníomhais ráthaíochta le léirmhíniú mar ráthaíochtaí pearsanta. Ní hionann sin, áfach, agus athrú ar oibleagáid ráthaíochta na Sualainne don Chuibhreannas agus ní théann sé thar na cearta a thugtar don Chuibhreannas sa Chomhaontú Idir-Rialtasach nó i gcinneadh Pharlaimint na Sualainne. Thairis sin, tugann na Stáit dá n-aire nach bhfuil an chumhacht ná an sainordú dlíthiúil ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne bunóibleagáid chomhpháirteach agus leithleach na ráthaíochta Stáit a leasú ná a leathnú – ná ráthaíocht nua a eisiúint – gan cinneadh nua ón Rialtas. Tá na héagsúlachtaí san fhoclaíocht a úsáidtear sna doiciméid ráthaíochta atheisithe i ndáil leis na hiasachtaí aonair le léirmhíniú mar chur chun feidhme éagsúil na bunóibleagáide maidir le ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach an Stáit seachas mar ráthaíochtaí aonair nua.
- (250) A mhéid a bhaineann le cur chun feidhme oibleagáid na Danmhairge maidir le ráthaíocht Stáit chomhpháirteach agus leithleach, mhínigh na Stáit nár tháinig aon athrú ar oibleagáid na ráthaíochta Stáit dá bhforáiltear leis an Acht Foirgníochta ó tháinig sé i bhfeidhm. Ní fhoráiltear go sainráite do na coinníollacha slógtha sa reachtaíocht sin, dá bhrí sin, mar réamhshocrú, measfar gur 'simpler kaudition' é an oibleagáid ráthaíochta sin. Déantar idirdhealú i ndlí na Danmhairge idir ráthaíochtaí 'simpler kaudition' agus ráthaíochtaí 'selvskyldnerkaution'. Ciallaíonn 'simpler kaudition' nach mór don pháirtí a iarrann an ráthaíocht a thaispeáint don ráthóir nach bhfuil an príomhaí (an féichiúnaí) in ann a oibleagáidí a íoc. De ghnáth éilítear leis sin (i) gur suíodh le linn forghníomhaithe (i.e., iarracht an pháirtí sin a éileamh a fhorghníomhú i gcoinne shócmhainní an pháirtí) nach bhfuil an príomhaí in ann a oibleagáidí a íoc de réir mar a bheidh siad dlite; nó (ii) gur tógadh an príomhaí faoi imeachtaí féimheachta nó imeachtaí dócmhainneachta comhchosúla. Ciallaíonn 'selvskyldnerkaution' gur féidir leis an bpáirtí a iarrann an ráthaíocht a iarraidh ar an ráthóir íoc má theipeann ar an bpriomhaí íocaíocht a dhéanamh in am trátha. De réir dhlí-eolaíochta na Danmhairge maidir le ráthaíochtaí, de ghnáth déantar ráthaíocht a léirmhíniú mar 'simpler kaudition' ach amháin má tá bunús soiléir ann í a léirmhíniú mar 'selvskyldnerkaution'. Dá bhrí sin, mura dtugtar tuairisc shoiléir ar an ráthaíocht mar 'selvskyldnerkaution', beidh ar an bpáirtí a iarrann an ráthaíocht a thaispeáint don ráthóir nach bhfuil an príomhaí in ann a oibleagáidí a íoc de réir mar a bheidh siad dlite.
- (251) Sa chleachtas, déantar na coinníollacha maidir le slógadh a shonrú tuilleadh sna comhaontuithe ráthaíochta arna n-eisiúint faoi na hidirbhearta airgeadais éagsúla. Leanann sé ó fhoclaíocht na gcomhaontuithe ráthaíochta sin go bhfuil siad neamhchoinníollach agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar na hinfeisteoirí féachaint le héileamh i gcoinne an Chuibhreannais a fhorfheidhmiú, ach féadfaidh siad aghaidh a thabhairt ar na ráthóirí go díreach i gcás mainneachtana. Níl sé d'oibleagáid ar na creidiúnaithe aon chéimeanna dócmhainneachta a ghníomhachtú. Den pháirt eile, tá foráil shonrach i gclár EMTN, in iasachtaí BEI, agus i Máistir-Chomhaontuithe ISDA lena rialaítear cás dócmhainneachta féideartha. De réir na forála sin, tugann gach creidiúnaí orthu féin gan dlús a chur le haon ullmhúcháin nó imeachtaí dócmhainneachta nó gan gníomhachtú nó páirt a ghlacadh i gcomhdú le haghaidh féimheachta, atógála, riaracháin, díscailte, etc., fad a chumhdaítear oibleagáidí an Chuibhreannais leis na ráthaíochtaí.

- (252) Thagair na Stáit freisin don chinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn agus, go háirithe, don bharúil gur chuir an Coimisiún i dtábhacht, in aithris 253 den chinneadh sin, go bhfuil gealltanais soiléir ón Stát san acht lena rialaítear tógáil agus oibriú Nasc Seasmhach Chaolas Fehmarn na costais tógála a mhaoiniú trí iasachtaí Stáit agus/nó ráthaíochtaí Stáit, agus nach bhfuil an tAire Airgeadais údaraithe faoin acht ach chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an meascán idir iasachtaí Stáit agus ráthaíochtaí Stáit. Luaigh siad freisin aithris 256 den chinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn, ina luaitear nach bhfuil rogha teoranta ag an Aire Airgeadais, agus aigesean amháin, maidir le hiasachtaí Stáit agus ráthaíochtaí Stáit a chur chun feidhme. I gcás Øresund, tá Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne freagrach as riaradh praiticiúil na ráthaíochtaí i ndáil le hiasachtaí sonracha agus socrúithe maoinithe sonracha, gan aon inniúlacht diúltú na ráthaíochtaí riachtanacha a dheonú don Chuibhreannas chun an tionscadal a mhaoiniú. Dá bhrí sin, áitíonn na Stáit, i gcás Øresund, go bhfuil cumhacht lánroghnach na Stát níos teoranta fós ná mar atá i gcás Chaolas Fehmarn.
- (253) Thairis sin, tugann na Stáit dá n-aire gur chuir an Coimisiún i dtábhacht go mbaineann an chabhair a dheonaítear do Femern A/S — an t-eintiteas sainchuspóireach atá freagrach as Nasc Seasmhach Chaolas Fehmarn a thógáil agus a oibriú — go heisiach le maoiniú phleanáil agus thógáil an naisc sheasmhaigh sin, d'eisiamh tionscadal agus gníomhaíochtaí eile. Áitíonn na Stáit go mbeidh an rud céanna i bhfeidhm i gcás Øresund. Is 'eintiteas sainchuspóireach' é an Cuibhreannas nach féidir gníomhaíochtaí a dhéanamh seachas iad siúd a bhaineann leis an Nasc Seasmhach. Maidir le measúnú foriomlán ar raon feidhme na ráthaíochtaí lena gcuirtear san áireamh nach féidir leis an gCuibhreannas gníomhaíochtaí eile a dhéanamh, ní fhéadfaí a bhaint de thátal as, dar leo, ach go bhfuil na ráthaíochtaí nasctha le tionscadal sonrach.
- (254) Is é tátal na Stát, ar na cúiseanna céanna atá i gcás Chaolas Fehmarn, gur léir nach ndámhtar cabhair nua don Chuibhreannas gach uair a dhéantar idirbheart nua, a ráthaítear. Deimhnítear leis an gcinneadh críochnaitheach maidir le Caolas Fehmarn, dá bhrí sin, go bhfuil na Stáit den tuairim gur cheart na ráthaíochtaí Stáit a thréithriú mar dhá chabhair *ad hoc* aonair a deonaíodh nuair a bunaíodh an Cuibhreannas in 1992.
- (255) Is é réasúnaíocht eacnamaíoch shamhail na ráthaíochta Stáit costais mhaoinithe iomlána an tionscadail a íoslaghdú. Bhainfí an bonn den aidhm sin dá mbeadh lánrogha ag gach Stát comhaontú ráthaíochta sonracha a eisiúint i leith an Chuibhreannais. Ní fheidhmeodh an tsamhail mar shásra maoiniúcháin dá mbeadh ar an gCuibhreannas 'iarratas' a dhéanamh chuig na Stáit ar ráthaíocht Stáit gach uair a thógfadh an Cuibhreannas iasacht nua amach. Chomh maith leis sin, ní bheadh aon chiall eacnamaíoch margaidh ann glacadh leis, ar thaobh amháin, go bhfuil saintréithe 'gnóthais' ag an gCuibhreannas, in iomaíocht le hoibreoirí margaidh eile, agus, ar an taobh eile, glacadh leis go mbeadh freagracht glactha ag an ngnóthas sin as an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, gan ceart dlíthiúil soiléir a bheith faighte aige, ar dtús, chun a chostais tógála a mhaoiniú le ráthaíochtaí Stáit, ón tús. Thairis sin, áitíonn na Stáit go ndearbhaítear leis an bhfíorchás eacnamaíoch, go háirithe na margaí airgeadais, gur tharla an deonú in 1992 freisin. San achomre ar anailís chreidmheasa Standard & Poor ar an gCuibhreannas an 18 Samhain 2016, luaitear 'go gcumhdaíonn na ráthaíochtaí sin, de réir a bhfoclaíochta, íocaíocht fiachais agus úis uile Øresundsbron go neamh-inchúlghairthe agus go neamhchoinníollach'. Ar an gcúis sin, nascann Standard & Poor an rátáil ar fhiachas an Chuibhreannais leis an rátáil fhadtéarmach don tSualainn agus don Danmhairg — i.e. AAA.
- (256) Ar deireadh, áitíonn na Stáit go dtacaíonn na prionsabail ghinearálta i ndlí an Aontais maidir le Státchabhair agus i gcásdlí an Aontais leis an gconclúid gur deonaíodh an chabhair a dhíorthaítear ó shamhail na ráthaíochta Stáit nuair a bunaíodh an Cuibhreannas. Dar leo, bhí na gealltanais chun iasachtaí an Chuibhreannais a ráthú don Nasc Seasmhach daingean, beacht agus neamhchoinníollach nuair a bunaíodh an Cuibhreannas. Rinneadh an chabhair a dhíorthaítear ó shamhail na ráthaíochta Stáit a dheonú, dá bhrí sin, in 1992, nuair a fuair an Cuibhreannas ceart dlíthiúil neamhchoinníollach agus neamh-inchúlghairthe chun úsáid a bhaint as samhail na ráthaíochta Stáit chun a ghealltanais a bhaineann leis an tionscadal sonracha a mhaoiniú, fiú mura ndearnadh na socrúithe airgeadais sin sa todhchaí go fóill (i.e. fiú murar 'íocadh' na ráthaíochtaí go fóill).

5.4. Aicmiú shamhail na ráthaíochta Stáit mar chabhair nua nó mar chabhair atá ann cheana

- (257) Tagraíonn na Stáit d'Airteagal 17(2) de Rialachán 2015/1589, ina luaitear go dtosóidh an tréimhse teorann deich mbliana (le haghaidh aisghabhála) ar an lá a dhámhfair an chabhair neamhdhleathach ar an tairbhí mar chabhair aonair.

- (258) Measann na Stáit go ndeachaigh an tréimhse teorann deich mbliana in éag an 13 Feabhra 2002, atá deich mbliana tar éis bhunú an Chuibhreannais, an 13 Feabhra 1992. Dá bhrí sin, tá gach cabhair a bhaineann le samhail na ráthaíochta Stáit ann cheana agus ní féidir í a aisghabháil.
- (259) Ina theannta sin, áitíonn údaráis na Sualainne gur deonaíodh aon chabhair fhéideartha go cinntitheach roimh a haontachas leis an Aontas, agus sular tháinig Comhaontú LEE i bhfeidhm ⁽¹²⁸⁾, an 1 Eanáir 1994. Dá réir sin, is cabhair atá ann cheana í an ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach Stáit arna soláthar ag an tSualainn, i gcomhréir le hAirteagal 1(b), pointe (i) de Rialachán 2015/1589 agus Airteagal 144 d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne.
- (260) I dtuairim na Stát, is é is aidhm do na hidirdhealuithe bunúsacha idir 'cabhair nua' agus 'cabhair atá ann cheana', agus idir 'scéimeanna cabhrach' agus 'cabhair *ad hoc*', cothromaíocht a bhaint amach idir dhá bhreithniú bhunúsacha: (i) forfheidhmiú éifeachtach na rialacha maidir le Státchabhair; agus (ii) deimhneacht dhlíthiúil do na Ballstáit, d'fhaighteoir na cabhrach, agus dá chomhpháirtithe conarthacha, a d'athraigh a staid maidir le bheith ag brath ar an gcabhair.
- (261) Sa chomhthéacs sin, cuireann na Stáit in iúl freisin gur thiomhde bhunúsach dhlíthiúil agus eacnamaíoch é chun an tionscadal a sheoladh, agus chun an caiteachas a bhaineann le tógáil an Naisc Sheasmhaigh a thabhtú, gur deonaíodh ráthaíochtaí Stáit don Chuibhreannas ón dá Stát rannpháirteacha, agus go mbeadh na ráthaíochtaí Stáit sin fós baili go dtí go n-aisíocfaí fiachas an Chuibhreannais ina iomláine.
- (262) Tugann na Stáit dá n-aire, thairis sin, go bhféadfadh aon pháirtí leasmhar nó aon iomaitheoir ionchasach gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún nó Airteagal 108(3) CFAE a agairt go díreach os comhair na gcúirteanna náisiúnta amhail ó bhunú an Chuibhreannais, agus laistigh de na teorainneacha ama faoi seach faoi dhlí an Aontais agus faoin dlí náisiúnta. Tar éis dhul in éag na dteorainneacha ama sin, níl an inniúlacht ag an gCoimisiún aisghabháil a ordú, ná bearta iomchuí a fhorchur don todhchaí. Áitíonn siad go mbeadh éiginnteacht dhlíthiúil dho-ghlactha ann don Chuibhreannas agus do na Stáit dá mbeadh an inniúlacht sin ag an gCoimisiún roinnt blianta tar éis sheoladh an tionscadail agus tar éis don fhiachas a bheith tabhaithe.
- (263) Cuireann na Stáit leis sin gur áirithíodh leis an gcleachtas iasachtaí a athmhaoiniú ar bhonn leanúnach go bhfuil íoschostais fhoriomlána iasachtaíochta ann, agus nár cheart go bhféadfadh iasachtaí arna ráthú ag an Stát a thógtar amach ar bhonn leanúnach, mar thoradh air sin, go gcaithfí leis an gCuibhreannas ar bhealach éagsúil ná mar a chaithfí dá roghnódh sé, ina ionad sin, in 1992, fiachas a thabhtú mar iasachtaí fadtéarmacha arna ráthú ag an Stát nach mbeadh gá lena n-athmhaoiniú.
- (264) Ar bhonn na n-argóintí thuas, áitíonn na Stáit gur deonaíodh go cinntitheach agus go neamh-inchúlghairthe don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992 cabhair a fuarthas ó shamhail na ráthaíochta Stáit.
- (265) Mar sin féin, agus i bhfianaise thuairim na Stát gur cabhair atá ann cheana í an chabhair a eascraíonn ó shamhail na ráthaíochta Stáit agus nach féidir, dá bhrí sin, í a aisghabháil, tá gealltanais tugtha ag na Stáit a áirithiú go maoineoidh an Cuibhreannas fiachas nua, agus go ndéanfaidh sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú, ar théarmaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an gcabhair don Chuibhreannas a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit de réir mar a rachaidh ionstraimí fiachais an Chuibhreannais atá gan íoc in éag. Thug na Stáit forléargas don Choimisiún ar an aistriú chuig téarmaí an mhargaidh maidir leis an bhfiachas atá fágtha, agus ar an bpróifíl aisíocaíochta a bhfuiltear ag súil léi. Déanfar an fiachas sin a athmhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh de réir mar a thiocfaidh sé in aibíocht agus de réir mar a bheidh gá le hathmhaoiniú. Dá bhrí sin, déanfar an maoiniú a bheidh ann amach anseo ar théarmaí an mhargaidh a chur chun feidhme de réir a chéile nuair a bheidh riachtanais athmhaoinithe ann amach anseo. Dheimhnigh na Stáit, sa chomhthéacs sin, nach bhfuair an Cuibhreannas aon mhaoiniú ná aon athmhaoiniú nua arna ráthú ag an Stát ó *bhreithiúnas Øresund* (aithris (116)). Dá bhrí sin, sa chleachtas, tá tús curtha leis an gcéimniú amach cheana féin.

⁽¹²⁸⁾ Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), (IO 1994 L 1, 3.1.1994, lch. 3).

5.5. **Barúlacha maidir le rialacha speisialta na Danmhairge i ndáil le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas**

- (266) Maidir le rialacha speisialta na Danmhairge i ndáil le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, áitíonn an Danmhairg, más gá iad a mheas mar bhearta a thagann faoi na rialacha maidir le Státchabhair, go gcaithfí na bearta a mheas go príomha mar 'chabhair atá ann cheana'.
- (267) Áitíonn an Danmhairg (agus í ag tagairt freisin d'argóintí a cuireadh isteach i gcomhthéacs SA.38371 (2014/CP)) gur bunaíodh leis an Acht Foirgníochta, ón tús, agus i bhfianaise na n-imthosca sonracha inar léir go raibh gá le planáil fhadtéarmach ar mhaoiniú A/S Øresund mar gheall ar chostais tógála bonneagair, go mbeadh A/S Øresund faoi réir rialacha níos fabhraí maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas ná mar a bheadh faoi Acht ginearálta na Danmhairge um Measúnú Cánach (Roinn 15). Dá bhrí sin, sna nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, luaigh an reachtóir go sainráite gurbh é an chúis a bhí leis an tréimhse teorann fhadaíthe a dheonú le haghaidh tabhairt ar aghaidh caillteanas in 1991 nach mbeadh A/S Øresund in ann tairbhe a bhaint as na rialacha is infheidhme go ginearálta maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas (le teorainn cúig bliana), mar gheall ar chaiteachas suntasach, mar aon le heaspa brabús le linn na tréimhse tógála. Tugann an Danmhairg dá haire go raibh na caillteanais a tabhaíodh sular tháinig an Nasc Seasmhach i seirbhís, go bunúsach, mar gheall ar ús ar na hiasachtaí a bhí riachtanach chun an Nasc Seasmhach a thógáil. Níl costais mhaoiniúcháin (ús) mar chuid de na costais éadála ar féidir iad a chaipitliú mar shócmhainn i gclár comhardaithe an Chuibhreannais, ar ar a mbonn is féidir dímhéas a chur i bhfeidhm. Tá costais úis in-asbhainte, áfach, mar chostas de réir na rialach ginearálta maidir le hús a asbhaint in Acht ginearálta na Danmhairge maidir le Cánachas ar Ioncam agus Maoin ⁽¹²⁹⁾ agus, dá bhrí sin, gineadh caillteanais i gcéim thosaigh an tionscadail.
- (268) I ndáil le riail speisialta na Danmhairge maidir le dímhéas, áitíonn an Danmhairg, faoi Roinn 12 den Acht Foirgníochta, gur cumhdaíodh A/S Øresund le bunús dlí ar leith maidir le dímhéas chostais éadála tosaigh an tionscadail. Thug an Danmhairg dá haire go bhfuarthas na gnáthrialacha dímhéasa (i.e. na rialacha is infheidhme go ginearálta) in Acht um Dhímhéas Cánach na Danmhairge. Thagair an Danmhairg, sa chomhthéacs sin, do na nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, ina luaitear go bhfreagraíonn na forálacha sin d'fhorálacha comhchosúla is infheidhme maidir le 'foirgnimh agus suiteálacha eile' faoi Acht um Dhímhéas Cánach na Danmhairge a bhí i bhfeidhm an tráth sin, i.e. Roinn 22 d'Acht comhdhlúite Uimh. 597 an 16 Lúnasa 1991. Mhínigh an Danmhairg go raibh riail speisialta na Danmhairge maidir le dímhéas le meas mar riail phraiticiúil lena gceadófaí córas aonfhoirmeach do na sócmhainní go léir, rud a bhí ar dtús díobhálach don Chuibhreannas, toisc gur cuireadh an ráta dímhéasa is lú fabhar i bhfeidhm ar gach sócmhainn (d'fhéadfaí ítimí eile, amhail innealra, a dhímhéas níos tapúla de ghnáth ná 6 % / 2 %, ach i gcás A/S Øresund, cuireadh an 6 % / 2 % i bhfeidhm mar uasmhéid).
- (269) I dtuairim údaráis na Danmhairge, ní féidir féachaint ar rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas mar bhuntáistí nach mór a scrúdú ar leithligh ó shamhail na ráthaíochta Stáit. Na rialacha a bhfuil feidhm acu maidir le A/S Øresund, saothraíonn siad an aidhm céanna le samhail na ráthaíochta Stáit, eadhon, maoiniú an Naisc Sheasmhaigh a áirithiú, ar an gcostas is lú. Thairis sin, tá dlúthbhaint idir na méideanna atá sna buntáistí cánach sin agus samhail na ráthaíochta Stáit, agus neodraítear leis an nglanéifeacht chomhcheangailte aon sochar cánach a d'fhéadfadh a bheith faighte ag A/S Øresund. Go háirithe, laghdaítear méid iomlán na cabhrach (coibhéis deontais chomhláin) a dheonaítear trí shamhail na ráthaíochta Stáit a mhéid a bheidh dliteanas cánach níos ísle i gceist le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus, dá bhrí sin, ualach fiachais níos ísle ann don Chuibhreannas. Os a choinne sin, mura mbeadh A/S Øresund faoi réir na rialacha speisialta, bheadh ualach fiachais níos airde ag an gCuibhreannas, agus dá bhrí sin bheadh méid níos airde cabhrach deonaithe tríd shamhail na ráthaíochta Stáit. I bhfocail eile, bhí feabhas curtha ar stóinseacht airgeadais an tionscadail ag rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas a raibh feidhm acu maidir le A/S Øresund, rud a d'ísigh an riosca a bhaineann le hiasachtaí a thabhairt don Chuibhreannas.
- (270) Ina theannta sin, áitíonn an Danmhairg gur cheart go mbeadh aon cheann de rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas faoi réir na rialacha maidir le Státchabhair, go bhfuil an tréimhse ábhartha chun buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh na rialacha maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas teoranta don tréimhse ón 1 Eanáir 2013 go dtí an 31 Nollaig 2015, i.e., trí bliana. Don tréimhse dar tús an bhliain chánach 2002 agus suas go dtí an bhliain chánach 2012 agus an bhliain sin san áireamh, ní raibh aon bhuntáiste ann ós rud é go bhféadfadh gach eintiteas dlíthiúil atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge a gcaillteanais a thabhairt ar aghaidh gan aon teorainn sna blianta cánach ina dhiaidh sin. Ba cheart an riail speisialta maidir le tabhairt ar

⁽¹²⁹⁾ 'Statsskatteloven', Roinn 6(1)(e).

aghaidh caillteanas mar a bhí sí i bhfeidhm roimh an tréimhse sin a mheas mar chabhair atá ann cheana agus a deonaíodh le teacht i bhfeidhm an Achta Foirgníochta. Tugann an Danmhairg dá haire sa chomhthéacs sin go bhfuil difríocht shuntasach idir LCF 1991-2001 agus an staid is infheidhme i mbreithiúnas *France Télécom*. Bunaíodh leis an Acht Foirgníochta, ón tús, agus i bhfianaise imthosca sonracha A/S Øresund, go mbeadh A/S Øresund faoi réir rialacha níos fabhraí maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas i bhfianaise na planála fadtéarmaí maidir le maoiniú infheistíochta bonneagair. Ba cheart a mheas gur deonaíodh an buntáiste féideartha, ar a dhéanaí, tráth a tharla na caillteanais, tá an fíoras go n-úsáidtear na caillteanais ar dháta níos déanaí neamhábhartha chun a chinneadh cathain a deonaíodh an buntáiste, agus, dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil an chabhair anois ina chabhair a bhí ann cheana. Níor cinneadh an buntáiste sin, dá bhrí sin, agus bhí sé ag brath ar rialáil bhliantúil ar an ranníocaíocht chánach mar atá in *France Télécom*, agus ní fhéadfaí é a bhaint ach amháin tríd an reachtaíocht a leasú.

- (271) Chuir an Danmhairg sonraí breise ar fáil freisin maidir le tuairisceáin chánach bhliantúla A/S Øresund, go háirithe maidir leis na caillteanais a tugadh ar aghaidh agus a úsáideadh ó 1992 i leith, agus maidir leis na méideanna dímheasta bliantúla. Dheimhnigh an Danmhairg gur úsáideadh caillteanais a tharla níos mó ná cúig bliana roimhe sin (agus, dá bhrí sin, faoi na gnáthrialacha, bheidís imithe in éag). Thairis sin, don tréimhse 2013-2015, rinneadh 100 % de na brabúis a fhritháireamh le caillteanais a tugadh ar aghaidh, rud nach bhféadfaí a dhéanamh faoi na gnáthrialacha cánachais, mar gheall ar an teorainn a bhí i bhfeidhm. Dheimhnigh an Danmhairg freisin gur tharla an chéad dímheas i ndáil le sócmhainní an Naisc Sheasmhaigh maidir leis an mbliain chánach 2004, ag ráta 6 %; ag an am, ba é 5 % an ráta dímheasa faoi na gnáthrialacha cánachais. Bhain A/S Øresund úsáid freisin as an bhféidearthacht dímheas a dhéanamh ag 6 % sa tréimhse ag tosú lena bhliain chánach 2008, nuair ba é 4 % an ráta dímheasa faoi na gnáthrialacha cánachais. Ina theannta sin, dheimhnigh an Danmhairg gur fhan an méid dímheasa carntha iomlán faoi bhun 60 %, suas go dtí an bhliain chánach 2015, agus an bhliain sin san áireamh, agus ina dhiaidh sin aisghaireadh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas.

5.6. Comhoiriúnacht na mbeart cabhrach

- (272) Níor mheas na Stáit gur iomchuí ná nár ghá barúil mhionsonraithe a thabhairt ar na hamhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir le comhoiriúnacht aon chabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann don Chuibhreannas, i bhfianaise a seasaimh maidir le Státchabhair a bheith ann agus maidir leis an gcáilíocht mar chabhair atá ann cheana, mar a thuairiscítear i Ranna 5.2 go 5.5.

5.7. Ionchais dhlisteanach

- (273) Dar leis na Stáit, níor ghlac an Chúirt Ghinearálta, i mbreithiúnas *Øresund*, seasamh maidir le hionchais dhlisteanacha don tréimhse tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*. Dá bhrí sin, ní aontaíonn siad leis na páirtithe leasmhara, a d'áitigh go léir gur cheart an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a léirmhíniú ar bhealach ina ndéantar ionchais dhlisteanacha a eisiáimh don Chuibhreannas agus do na Stáit tar éis an 12 Nollaig 2000.
- (274) Iarrann na Stáit go gcuirfidh an Coimisiún imthosca sonracha an tionscadail san áireamh má bhíonn sé de thoradh ar mheasúnú Státchabhrach an Choimisiúin go mbeidh sé ábhartha cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpointe beacht ama nach bhféadfadh na Stáit ná an Cuibhreannas a bheith ag brath ar ionchais dhlisteanacha a thuilleadh.
- (275) Go sonrach, measann siad, ar an gcéad dul síos, nach mór a aithint go raibh ionchais dhlisteanacha ag an gCuibhreannas agus ag na Stáit maidir leis na bearta roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, agus, dá bhrí sin, le linn na céime tógála ar fad inar tabhaíodh fiachas an Chuibhreannais. Ina dhiaidh sin, is beag an deis a bhí ag na Stáit agus ag an gCuibhreannas an tsamhail mhaoinithe a leasú. Áitíonn na Stáit, i gcás den sórt sin, d'fhonn a bheith éifeachtach, nach mór éifeachtaí a bheith ag ionchais dhlisteanacha a fuarthas roimh an mbreithiúnas sin tar éis dháta an bhreithiúnais. Mar sin, fiú mura féidir leis na Stáit agus leis an gCuibhreannas brath ar ionchais dhlisteanacha tar éis mhí na Nollag 2000, bunaíodh ionchais an Chuibhreannais maidir leis an gcaoi a mbeadh sé in ann a fhiachas tógála a mhaoiniú agus a athmhaoiniú roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*. Dá mba rud é go gcuirfeadh an breithiúnas sin deireadh le féidearthacht an Chuibhreannais é féin a (ath)mhaoiniú le ráthaíochtaí Stáit, chuirfeadh sé feidhmíú leanúnach an Chuibhreannais i mbaol, agus, sa chleachtas, chuirfí deireadh le hionchais dhlisteanacha na Stát agus an Chuibhreannais go cúlgabhálach roimh mhí na Nollag 2000.

- (276) Ar an dara dul síos, ar feadh níos mó ná 20 bliain tar éis Chomhaontú an Chuibhreannais in 1992, agus ar feadh níos mó ná 12 bhliain tar éis don Nasc Seasmhach dul i seirbhís, ní dhearna aon cheann de na páirtithe leasmhara (lena n-áirítear an Gearánach) gearán faoi na ráthaíochtaí Stáit a bhí ar fáil don Chuibhreannas, ná faoi rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas.
- (277) Ar an tríú dul síos, níor thug breithiúnas *Aéroports de Paris* aon chúis don Chuibhreannas ná do na Stáit lena chreidiúint go raibh an Nasc Seasmhach cumhdaithe leis na rialacha maidir le Státchabhair. Bhí an breithiúnas an-sonrach agus, ag an am, déileáladh leis mar chás in earnáil an aerfoirt, nasctha le léirscaoileadh na hearnála sin. Thairis sin, mar a luaitear in aithris (276), níor thug an Coimisiún ná aon tríú páirtí cúis don Chuibhreannas ná do na Stáit amhras a bheith orthu maidir le dlíthiúlacht mhaoiniú an Chuibhreannais ar feadh níos mó ná 12 bhliain tar éis thús oibríocht an Naisc Sheasmhaigh.
- (278) Dá bhrí sin, i bhfianaise na dtrí argóint sin, agus i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo, áitíonn na Stáit, ar an gcéad dul síos, gur cheart bearta cabhrach a théann chun tairbhe don Chuibhreannas tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, agus go dtí go n-aisíofar an fiachas foirgníochta ina iomláine, a chumhdach le hionchais dhlisteanacha freisin. Murach sin, ní bheadh brí le hionchais dhlisteanacha an Chuibhreannais agus na Stát roimh mhí na Nollag 2000.
- (279) Ar an dara dul síos, agus i gcás ar bith, measann na Stáit gur leanadh d'ionchais dhlisteanacha go dtí go ndearna an Chúirt Ghinearálta cinneadh 2014 a neamhniú an 19 Meán Fómhair 2018, ós rud é nár thuig an Cuibhreannas ná na Stáit nár leor an scrúdú a rinne an Coimisiún i gcinneadh 2014 roimh an dáta sin.
- (280) Ar an tríú dul síos, agus i gcás ar bith, measann na Stáit go raibh ionchais dhlisteanacha ag an gCuibhreannas agus ag na Stáit go dtí gur ghlac an Coimisiún a chinneadh in 2014, cinneadh a ndearnadh agóid ina choinne ina dhiaidh sin os comhair na Cúirte Ginearálta, ós rud é go raibh na héifeachtaí dlíthiúla céanna ag litreacha 1995 agus a bhí ag cinneadh gan chabhair. Ós rud é nach ndearnadh agóid i gcoinne na litreach sin, nó gur cheistigh an Coimisiún í ar bhealach ar bith eile roimh chinneadh 2014, bhí ionchais dhlisteanacha ag na Stáit.
- (281) Ar an gceathrú dul síos, agus i gcás ar bith, tá na Stáit den tuairim go raibh ionchais dhlisteanacha ag an gCuibhreannas agus ag na Stáit ar a laghad go dtí go bhfuair siad litir an 13 Bealtaine 2013 ón gCoimisiún lenar cuireadh an gearán ar aghaidh.

5.8. Bearta réamhbhreathnaitheacha

- (282) Measann na Stáit nach bhfuil aon bhunús dlí i ndlí an Aontais maidir le Státchabhair ag aon cheann de na bearta réamhbhreathnaitheacha ná de na leigheasanna struchtúracha atá molta ag an nGearánach, agus gur cheart, dá bhrí sin, neamhaird a thabhairt orthu. Tugann siad dá n-aire, sa chomhthéacs sin, go bhforáiltear le hAirteagal 345 CFAE nach ndéanfaidh CFAE dochar ar bhealach ar bith do na rialacha sna Ballstáit lena rialaítear an córas úinéireachta maoine. De réir an chásdlí ⁽¹³⁰⁾, tá sé de shaoirse ag na Ballstáit an córas úinéireachta maoine a chinneadh ina gcórais inmheánacha, lena n-áirítear cé acu an mian leo nó nach mian leo cuideachtaí atá faoi úinéireacht an Stáit a bhunú.
- (283) I gcomhthéacs éileamh an Ghearánaigh go mbeadh buntáiste suntasach fós ag an gCuibhreannas, fiú tar éis do na Stáit scor de ráthaíochtaí sonracha Stáit a eisiúint mar gheall ar an díolúine ó fhéimheacht (aithris (222)), d'áitigh na Stáit nach gcuirfeadh aon ní cosc, ar bhonn prionsabail, ar an gCuibhreannas a bheith faoi réir gnáthnósanna imeachta féimheachta faoi dhlí na Danmhairge nó na Sualainne. Léirítear é sin go soiléir sa bharúil go bhfuil tagairt shonrach ann do chás dócmhainneachta a d'fhéadfadh a bheith ann i gclár EMTN, in iasachtaí BEI, agus i Máistir-Chomhaontuithe ISDA (aithris (251)).

⁽¹³⁰⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 20 Márta 1985, *an Iodáil v an Coimisiún*, C-41/83, AE:C:1985:120, mír 22 agus an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 30 Aibreán 1974, *Sacchi*, C-155/73, AE:C:1974:40, mír 14.

6. Measúnú ar na bearta

6.1. Measúnú ar chabhair a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE

- (284) Leagtar síos le hAirteagal 107(1) CFAE 'aon chabhair arna deonú ag Ballstát nó arna deonú trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfadh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit'.
- (285) Ar bhonn na forála sin, chun beart a cháiliú mar Státchabhair, ní mór na coinníollacha carnacha seo a leanas a chomhlíonadh: (i) gur gnóthas é faighteoir an bhirt; (ii) go bhfuil an beart inchurtha i leith an Stáit agus go bhfuil sé á mhaoiniú trí acmhainní Stáit; (iii) go dtugann an beart buntáiste roghnaitheach dá fhaighteoirí; agus (iv) go saobhann an beart an iomaíocht nó go mbagraíonn sé go saobhfhar iomaíocht leis agus gur dócha go ndéanfaidh sé difear don trádáil idir na Ballstáit.
- (286) An Cinneadh Tosaigh inar cuireadh in iúl, in aithris 100, réamhthuairim an Choimisiúin gur Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE iad na ráthaíochtaí Stáit arna ndeonú ag na Stáit don Chuibhreannas chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, chomh maith le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas.

6.1.1. Gníomhaíocht eacnamaíoch agus coincheap an ghnóthais

- (287) Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil feidhm ag na rialacha maidir le Státchabhair ach amháin i gcás inar 'gnóthas' faighteoir na cabhrach. Tá gnóthais sainithe go comhsheasmhach ag an gCúirt Bhreithiúnais mar eintitis atá ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch, beag beann ar a stádas dlíthiúil agus ar an gcaoi a maoinítear iad⁽¹³¹⁾. Is gníomhaíocht eacnamaíoch í aon ghníomhaíocht a bhaineann le hearraí agus/nó seirbhísí a thairiscint i margadh ar leith⁽¹³²⁾. Eintiteas a dhéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus neamheacnamaíocha araon, ní mheasfar gur gnóthas é ach amháin maidir leis an gcéad cheann⁽¹³³⁾.
- (288) Ina theannta sin, chun gníomhaíocht áirithe a aicmiú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch, ní bhaineann sé le hábhar an bhféadfadh infheisteoir príobháideach an ghníomhaíocht chéanna a dhéanamh⁽¹³⁴⁾. A luaithe a théann eintiteas i mbun gníomhaíochtaí eacnamaíocha, beag beann ar a stádas dlíthiúil, nó ar an gcaoi a maoinítear é, is gnóthas é de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, agus féadfaidh feidhm a bheith ag na rialacha maidir le Státchabhair i ndáil le buntáistí airgeadais arna ndeonú ag an Stát nó trí acmhainní Stáit don eintiteas sin⁽¹³⁵⁾.
- (289) Ina theannta sin, chinn Cúirteanna an Aontais gur féidir seirbhísí a sholáthraítear de ghnáth ar luach saothair a aicmiú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus gurb í saintréith fhíor-riachtanach an luacha saothair gur comaoin atá ann i leith na seirbhíse atá i gceist⁽¹³⁶⁾. Dá bhrí sin, is é cineál na gníomhaíochta a dhéantar lena gcinntear cé acu atá nó nach bhfuil eintiteas ina ghnóthas chun críoch an dlí maidir le Státchabhair.

⁽¹³¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile v Stichting Pensioenfonds Medische Specialisten*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, AE:C:2000:428, mír 74; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *Ministero dell'Economia e delle Finanze v Cassa di Risparmio di Firenze SpA, Fondazione Cassa di Risparmio di San Miniato agus Cassa di Risparmio di San Miniato SpA*, C-222/04, AE:C:2006:8, mír 107.

⁽¹³²⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 1987, *An Coimisiún v an Iodáil*, 118/85, AE:C:1987:283, mír 7; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Meitheamh 1998, *An Coimisiún v Poblacht na hIodáile*, C-35/96 AE:C:1998:303, mír 36; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Meán Fómhair 2000, *Pavlov agus Eile v Stichting Pensioenfonds Medische Specialisten*, Cásanna Uamtha C-180/98 go C-184/98, AE:C:2000:428, mír 75.

⁽¹³³⁾ Breithiúnas *Aéroports de Paris*, mír 108.

⁽¹³⁴⁾ Féach, chuige sin, breithiúnas na Cúirte an 19 Feabhra 2002, *Wouters, Savelbergh agus Price Waterhouse Belastingadviseurs BV v Algemene Raad van de Nederlandse Orde van Advocaten*, C-309/99, AE:C:2002:98, mír 58.

⁽¹³⁵⁾ Breithiúnas na Cúirte an 17 Feabhra 1993, *Christian Poucet v Assurances Générales de France agus Caisse Mutuelle Régionale du Languedoc-Roussillon agus Daniel Pistre v Cancave*, Cásanna Uamtha C-159/91 agus C-160/91, AE:C:1993:63, mír 17.

⁽¹³⁶⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 20 Meán Fómhair 2019, *Havenbedrijf Antwerpen agus Maatschappij van de Brugse Zeehaven v an Coimisiún*, T-696/17 AE:T:2019:652, mír 75.

- (290) I mbreithiúnas *Aéroports de Paris* ⁽¹³⁷⁾, rialaigh an Chúirt Ghinearálta gur ghá féachaint ar oibriú aerfoirt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Ina dhiaidh sin, thángthas ar an gconclúid i mbreithiúnais *Leipzig Halle*, más rud é go n-úsáidfead rúidbhealach aerfoirt le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha, gur gníomhaíocht eacnamaíoch é a thógáil freisin, agus dá bhrí sin go bhféadfadh a chistiú teacht faoi raon feidhme na rialacha maidir le Státchabhair. Cé go mbaineann na cásanna sin go sonrach le haerfoirt, dealraíonn sé go bhfuil na prionsabail a d'fhorbair Cúirteanna an Aontais infheidhme freisin maidir le bonneagar eile a thógáil atá nasctha go doscartha le gníomhaíocht eacnamaíoch ⁽¹³⁸⁾ ⁽¹³⁹⁾, mar a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas *chalafoirt na Beilge* ⁽¹⁴⁰⁾.
- (291) Luaigh an Coimisiún cheana féin, in aithrisí 74 go 76 den Chinneadh Tosaigh, go bhféadfaí a mheas *prima facie* go bhfuil an Cuibhreannas ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch agus gur cheart é a mheas mar ghnóthas. Maíonn na Stáit nach gnóthas é an Cuibhreannas, toisc nach ndéanann sé gníomhaíocht eacnamaíoch (Roinn 5.2.2). Dar leis na Stáit, is samplaí clasaiceacha iad tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh d'fheidhmiú cumhachtaí poiblí, nach gcumhdaítear, agus nár cheart, a chumhdach le hAirteagal 107(1) CFAE.
- (292) Is fíor nach bhfuil feidhm ag Airteagal 107(1) CFAE i gcás ina ngníomhaíonn Stáit 'trí chumhacht phoiblí a fheidhmiú' ⁽¹⁴¹⁾, nó i gcás ina ngníomhaíonn eintitis phoiblí ina gcáil mar údarais phoiblí ⁽¹⁴²⁾. Is féidir eintiteas a mheas mar eintiteas a ghníomhaíonn trí údarás poiblí a fheidhmiú nuair a thagann an ghníomhaíocht i dtrácht faoi réim fheidhmeanna sár-riachtanacha an Stáit nó nuair a bhaineann sí leis na feidhmeanna sin de réir a cineáil, a cuspóra agus na rialacha a bhfuil sí faoina réir ⁽¹⁴³⁾.
- (293) Measann an Coimisiún go bhfuil gá le measúnú foriomlán agus, chun cáiliú mar ghníomhaíocht a ghníomhaíonn trí chumhacht phoiblí a fheidhmiú, gur cheart go mbeadh baint ag gníomhaíocht an Chuibhreannais le feidhmeanna bunriachtanacha an Stáit, de réir a chineáil, a aidhme, agus na rialacha a bhfuil sé faoina réir. Ní fhéadfaidh ach gníomhaíochtaí neamheacnamaíocha teacht faoin gcoincheap maidir le cumhacht phoiblí a fheidhmiú ⁽¹⁴⁴⁾.
- (294) De réir cáisdlí socair ⁽¹⁴⁵⁾, ba cheart cáilíocht na gníomhaíochta eacnamaíche a bheith bunaithe ar ghnéithe fíorasacha, eadhon earraí nó seirbhísí a sholáthar ar mhargadh ar leith. Tá an Cuibhreannas, mar úinéir agus oibreoir bhonneagar an Naisc Sheasmhaigh, gníomhach ar an margadh chun seirbhís iompair a sholáthar ar luach saothair do shaoránaigh agus do ghnóthais: gearrfaidh an Cuibhreannas táille (dola) ar úsáideoirí na coda bóthair den Nasc Seasmhach chun caolas Øresund a thrasnú; ina theannta sin, íocann Údarás Iompair na Sualainne agus Údarás Iarnróid Stát na Danmhairge táille as úsáid an bhonneagair iarnróid ar an Nasc Seasmhach. Tá sé beartaithe le hioncam an Chuibhreannais ó bhóithre agus ó iarnróid go maoineofar an costas iomlán a bhaineann le pleanáil, dearadh tionscadail, tógáil, cothabháil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh, agus chomh maith leis sin na costais a bhaineann le tógáil na naisc cúlchríche bóthair agus iarnróid, trí dhíbhinní a dháileadh ar na máthairchuideachtaí (aithris (70)).

⁽¹³⁷⁾ Mír 125, arna deimhníú ag an gCúirt Bhreithiúnais ina breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2002, *Aéroports de Paris van Coimisiún*, C-82/01 P, AE:C:2002:617.

⁽¹³⁸⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, AE:C:2015:9, mír 42; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Márta 2018, *Naviera Armas v an Coimisiún*, T-108/16, AE:T:2018:145, mír 119.

⁽¹³⁹⁾ Féach freisin mír 202 den Fhógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1).

⁽¹⁴⁰⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 20 Meán Fómhair 2019, *Havenbedrijf Antwerpen agus Maatschappij van de Brugse Zeehaven v an Coimisiún*, T-696/17 AE:T:2019:652, míreanna 98–107.

⁽¹⁴¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 1987, *an Coimisiún v an Iodáil*, 118/85, AE:C:1987:283, míreanna 7 agus 8.

⁽¹⁴²⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Bealtaine 1988, *Bodson*, 30/87, AE:C:1988:225, mír 18.

⁽¹⁴³⁾ Féach, go háirithe, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Eanáir 1994, *SAT Fluggesellschaft mbH v Eurocontrol*, C-364/92, AE:C:1994:7, mír 30 agus an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Márta 1997, *Calì & Figli*, C-343/95, AE:C:1997:160, míreanna 22 agus 23.

⁽¹⁴⁴⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Márta 2009, *SELEX Sistemi Integrati SpA v an Coimisiún*, C-113/07 P, AE:C:2009:191, mír 70.

⁽¹⁴⁵⁾ Mar shampla, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Meitheamh 1987, *an Coimisiún v an Iodáil*, AE:C:1987:283, mír 7.

- (295) Ba cheart a thabhairt faoi deara nár deonaíodh cumhachtaí poiblí sonracha don Chuibhreannas i ndáil leis an Nasc Seasmhach a thógáil agus a oibriú, ach go ndéanfaidh sé an bonneagar a thógáil agus a oibriú mar oibreoir eacnamaíoch. Ní hionann tógáil agus oibriú tráchtála mórthionscadal bonneagair agus feidhmiú cumhachtaí poiblí ann féin, agus tá tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh faoi rialú loighic eacnamaíoch, ós rud é go maoinítear é den chuid is mó le táillí úsáideora ⁽¹⁴⁶⁾. Go deimhin, tá gníomhaíochtaí an Chuibhreannais an-difriúil ón méid a measadh, san am a chuaigh thart, a bheith mar chuid de ghníomhaíochtaí cumhachta poiblí, amhail an t-arm nó na póilíní, sábháilteacht agus rialú aerloingseoireachta, rialú agus sábháilteacht tráchta muirí, faireachas frith-thruaillithe, eagrú, maoiniú agus forfheidhmiú pianbhreitheanna príosúin, forbairt agus athbheochan talún poiblí ag údarais phoiblí, agus bailiú sonraí atá le húsáid chun críoch poiblí ar bhonn oibleagáid reachtúil arna forchur ar na gnóthais lena mbaineann sonraí den sórt sin a nochtadh ⁽¹⁴⁷⁾.
- (296) Tá margadh ann chun caolas Øresund a thrasnú, go háirithe, toisc gur chuir oibreoir farantóireachta atá ann cheana an tseirbhís ar fáil cheana féin, ar gnóthas príobháideach é a oibríonn faoi dhálaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, tá na seirbhísí iompair a sholáthraíonn an Cuibhreannas in iomaíocht leis na seirbhísí iompair a sholáthraíonn oibreoirí farantóireachta. Ní ghlacann an Coimisiún le hargóint na Stát, a bhfuil achoimre déanta uirthi in aithris (239), nach féidir a mheas go bhfuil an Cuibhreannas in iomaíocht leis na seirbhísí farantóireachta. De réir mar a admhaíonn na Stáit, is féidir le beartas praghsála an Chuibhreannais difear suntasach a dhéanamh do ghnó an Ghearánaigh. Cibé ar ceapadh an Cuibhreannas d'fhonn dul in iomaíocht leis an tseirbhís farantóireachta nó nár ceapadh, ⁽¹⁴⁸⁾ tá seirbhís á tairiscint aige chun caolas Øresund a thrasnú, rud a dhéanann difear díreach do staid iomaíochta na n-oibreoirí margaidh atá bunaithe cheana féin. Dá bhrí sin, is é conclúid an Choimisiúin go bhfuil an Cuibhreannas, agus an Nasc Seasmhach á oibriú aige, ag gabháil do ghníomhaíocht eacnamaíoch.
- (297) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire nach bhfaigheann gníomhaíocht lena mbaineann earraí nó seirbhísí a thairiscint ar mhargadh gné fheidhmiú na cumhachta poiblí toisc gur roghnaigh Ballstát monaplacht a dheonú d'eintiteas poiblí chun na hearraí nó na seirbhísí atá i gceist a thairiscint agus ar an gcúis sin amháin ⁽¹⁴⁹⁾. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfadh an cheist i dtaobh an ann do mhargadh le haghaidh seirbhísí áirithe a bheith ag brath ar an gcaoi a n-eagraítear na seirbhísí sin sa Bhallstát lena mbaineann, agus, de bharr rogha pholaitiúil nó forbairtí eacnamaíocha, go bhféadfadh aicmiú gníomhaíochta ar leith athrú le himeacht ama ⁽¹⁵⁰⁾. Ós rud é go dtagann cuideachta phoiblí faoi inniúlacht Aire, áfach, ní fhágann sin nach féidir a mheas go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á seoladh aici ⁽¹⁵¹⁾. Ina theannta sin, ní chiallaíonn eintiteas a bheith bunaithe ar bhonn comhaontú idirnáisiúnta gurb ionann an ghníomhaíocht a dhéanann an t-eintiteas sin agus feidhmiú na cumhachta poiblí; ní mór é sin a mheasúnú ar bhonn cás ar chás, i bhfianaise na gníomhaíochta a dhéanann an t-eintiteas sin ⁽¹⁵²⁾. Measann an Coimisiún gurb í an cheist rithabhachtach cé acu an bhfuil earra nó seirbhís á sholáthar ar mhargadh ag an gCuibhreannas tríd an Nasc Seasmhach a oibriú. Tugann an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh atá go soiléir, mar a leagtar amach thuas.

⁽¹⁴⁶⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Deireadh Fómhair 1980, *Van Landewyck*, Cásanna Uamtha 209/78 go 215/78 agus 218/78, AE:C:1980:248, mír 88; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Samhain 1995, *FFSA agus eile*, C-244/94, ECLI:EU:C:1995:392, mír 21; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Iúil 2008, *MOTOE*, C-49/07, A:C:2008:376, míreanna 27 agus 28.

⁽¹⁴⁷⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2011 maidir le Státchabhair SA.32820 (2011/NN) — An Ríocht Aontaithe — Cabhair do Sheirbhísí Eolaíochta Fóiréinsí, IO C 29, 2.2.2012, lch. 4, mír 8; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Eanáir 1994, *SAT Fluggesellschaft mbH v Eurocontrol*, C-364/92, AE:C:1994:7, mír 27; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Márta 2009, *Selex Sistemi Integrati v An Coimisiún*, C-113/07 P, ECLI:EU:C:2009:191, mír 71; Cinneadh ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2002 maidir le Státchabhair N 438/02 — An Bheilg — Cúnamh d'údarais chalafoirt, IO C 284, 21.11.2002, lch. 2; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Márta 1997, *Calì & Figli*, C-343/95, AE:C:1997:160, mír 22; Cinneadh ón gCoimisiún an 19 Iúil 2006 maidir le Státchabhair N 140/06 — An Liotuáin — Leithdháileadh fóirdheontas ar Fhiontair Stáit ag na Tithe Ceartúcháin, IO C 244, 11.10.2006, lch. 12; Cinneadh ón gCoimisiún an 27 Márta 2014 maidir le Státchabhair SA.36346 — An Ghearmáin — scéim forbartha talún GRW le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus tráchtála, IO C 141, 9.5.2014, lch. 1; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 12 Iúil 2012, *Compass-Datenbank GmbH*, C-138/11, AE:C:2012:449, mír 40.

⁽¹⁴⁸⁾ Féach freisin an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 20 Meán Fómhair 2019, *Havenbedrijf Antwerpen agus Maatschappij van de Brugse Zeehaven v an Coimisiún*, T-696/17, AE:T:2019:652, mír 100, inar dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta don mhaíomh nach bhféadfaí gníomhaíocht a aicmiú mar ghníomhaíocht eacnamaíoch mar gheall ar easpa iomaíochta.

⁽¹⁴⁹⁾ Féach, chuige sin, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Aibreán 1991, *Höfner agus Elser v Macrotron*, -C 41/90, AE:C:1991:161, míreanna 22-23.

⁽¹⁵⁰⁾ Fógra ón gCoimisiún maidir le coincheap na Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (IO C 262, 19.7.2016, lch. 1), mír 13 (agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁽¹⁵¹⁾ Breithiúnas *Aéroports de Paris*, mír 109.

⁽¹⁵²⁾ Féach, chuige sin, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Eanáir 1994, *SAT Fluggesellschaft mbH v Eurocontrol*, C-364/92, AE:C:1994:7, go háirithe mír 19.

- (298) Tugann an Coimisiún dá aire, thairis sin, fiú dá bhféadfaí a fháil amach go bhfeidhmíonn an Cuibhreannas roinnt cumhachtaí mar údarás poiblí, nach gcuireann sé sin, ann féin, cosc ar a shnáitheanna eile gníomhaíochta a bheith ina ngníomhaíocht eacnamaíoch. Leanann sé ó chásdlí socair go bhféadfaidh eintiteas, ag an am céanna, gníomhaíocht eacnamaíoch agus cumhacht phoiblí a chur i gcrích ⁽¹⁵³⁾.
- (299) I gcás ar bith, is léir gur chinn údaráis na Stát sásra margaidh a thabhairt isteach, ós rud é go raibh sé beartaithe i gcónaí an Nasc Seasmhach a oibriú mar ⁽¹⁵⁴⁾ bhonneagar a shaothraítear ar bhonn tráchtála agus a mhaoinítear le dola. Téann sé sin i gcoinne na hargóinte gur feidhmiú na cumhachta poiblí a bheadh i ngníomhaíocht an Chuibhreannais.
- (300) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gur gníomhaíocht eacnamaíoch é oibriú an Naisc Sheasmhaigh.
- (301) I bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear in aithris (290), is gníomhaíocht eacnamaíoch é tógáil bonneagair atá nasctha go doscartha leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin freisin. Is léir ón gComhaontú Idir-Rialtasach (aithris (61)) nach féidir tógáil an Naisc Sheasmhaigh a scaradh óna oibriú amach anseo. Ina theannta sin, meastar sa Chomhaontú Cuibhreannais (aithris (66)) gur tionscadal amháin é tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh. Cinneann an Coimisiún, ar an mbonn sin, go bhfuil nasc doscartha idir tógáil an Naisc Sheasmhaigh agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh. Ós rud é gurb ionann é oibriú an Naisc Sheasmhaigh agus gníomhaíocht eacnamaíoch, mar sin, is ionann tógáil an Naisc Sheasmhaigh agus gníomhaíocht eacnamaíoch freisin.
- (302) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, go bhfuil an Cuibhreannas, agus tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh á dhéanamh aige, ag gabháil do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Mar thoradh air sin, ní mór an Cuibhreannas a mheas mar ghnóthas chun críoch Airteagal 107(1) CFAE, i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin.

6.1.2. *Acmhainní Stáit agus a mhéid atá siad inchurtha i leith na Stát*

- (303) Maidir le tionscnamh Stáit na mbuntáistí a eascraíonn as cur i bhfeidhm na mbeart, tá coincheap na Státchabhrach níos leithne ná coincheap an fhóirdheontais. Is amhlaidh atá toisc go gcuimsíonn sé ní hamháin sochair dhearfacha, amhail fóirdheontais agus instealltaí caipitil, ach bearta freisin lena maolaítear, i bhfoirmeacha éagsúla, na muirir a áirítear de ghnáth i mbuiséad gnóthais agus, dá bhrí sin, nach fóirdheontais iad de réir bhrí bheacht an fhocail, atá comhchosúil ó thaobh cineáil de agus a bhfuil an éifeacht chéanna acu ⁽¹⁵⁵⁾.
- (304) Thángthas ar an réamhchonclúid sa Chinneadh Tosaigh, in aithris 79, go mbaineann na ráthaíochtaí Stáit, arna ndeónú ag an Danmhairg agus ag an tSualainn gan aon táille a íoc, chomh maith le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas a dheonaigh an Danmhairg don Chuibhreannas, le hacmhainní Stáit, agus go bhfuil siad inchurtha i leith na Stát. Níor chuir na Stáit ná aon cheann de na páirtithe leasmhara ina choinne sin.
- (305) Beart trína ndeonaíonn údaráis phoiblí cóir fhabhrach chánach do ghnóthais áirithe, cé nach mbaineann aistriú dearfach cistí leis, cuirtear tairbhíthe i staid airgeadais níos fabhraí ná cáiníocóirí eile, agus is ionann é agus aistriú acmhainní Stáit ⁽¹⁵⁶⁾.

⁽¹⁵³⁾ Féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2002, *Aéroports de Paris v an Coimisiún*, C-82/01 P, AE:C:2002:617, míreanna 76 go 78, agus, chuige sin, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2012, *Mitteldeutsche Flughafen AG agus Flughafen Leipzig-Halle GmbH v an Coimisiún*, C-288/11, AE:C:2012:821, mír 43.

⁽¹⁵⁴⁾ Murab ionann agus seirbhís a cuireadh ar fáil saor in aisce, féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, AE:C:2015:9, mír 43.

⁽¹⁵⁵⁾ Féach inter alia an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Samhain 2001, *Adria-Wien Pipeline GmbH agus Wietersdorfer & Peggauer Zementwerke GmbH v Finanzlandesdirektion für Kärnten*, C-143/99, AE:C:2001:598, mír 38; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Iúil 2004, an *Spáinn v an Coimisiún*, C-501/00, AE:C:2004:438, mír 90, agus an cásdlí a luaitear ann; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Nollaig 2005, an *Iodáil v an Coimisiún*, C-66/02 AE:C:2005:768, mír 77; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *Ministero dell'Economia e delle Finanze v Cassa di Risparmio di Firenze*, C-222/04, AE:C:2006:8, mír 131, agus an cásdlí a luaitear ann.

⁽¹⁵⁶⁾ Féach, mar shampla, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Márta 1994, *Banco Exterior de España*, C-387/92, AE:C:1994:100, mír 14; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 9 Deireadh Fómhair 2014, *Ministerio de Defensa agus Navantia*, AE:C:2014:2262.

- (306) Thairis sin, is leor a mheas gur aistriú acmhainní Stáit é riosca a chruthú go gcuirfí ualach breise ar an Stát amach anseo, trí bheith ina ráthaíocht ar théarmaí nach bhfreagraíonn do théarmaí an mhargaidh ⁽¹⁵⁷⁾. Is amhlaidh atá, mar shampla, nuair a dheonaíonn Ballstát ráthaíochtaí, gan a cheangal ar thairbhí na ráthaíochta préimh ar théarmaí an mhargaidh a íoc.
- (307) Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, go mbaineann acmhainní Stáit na Danmhairge agus na Sualainne le socrú shamhail na ráthaíochta Stáit, lena gcuirtear d'oibleagáid ar na Stáit na hionstraimí airgeadais a ráthú chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, gan aon táille a íoc, agus go mbaineann rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas le hacmhainní Stáit na Danmhairge. Ós rud é gur bhunaigh an Danmhairg agus an tSualainn samhail na ráthaíochta Stáit, tá sé inchurtha i leith na Stát. Ar an gcaoi chéanna, tagann rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas ón Acht Foirgníochta, ar gníomh reachtach é arna ghlacadh ag an Danmhairg; agus, dá bhrí sin, tá siad inchurtha i leith na Danmhairge.

6.1.3. Buntáiste eacnamaíoch roghnaitheach

- (308) De réir cásdlí socair, chun a chinneadh an Státchabhair atá i mbeart Stáit, is gá a shuíomh an bhfaigheann an gnóthas is faighteoir buntáiste eacnamaíoch nach bhfaigheadh sé faoi ghnáthdhálaí margaidh, i.e., in éagmais idirghabháil Stáit ⁽¹⁵⁸⁾. Níl ábhartha ach éifeacht an bheart ar an ngnóthas; ní an chúis ná an cuspóir atá le hidirghabháil Stáit ⁽¹⁵⁹⁾. Chun measúnú a dhéanamh air sin, ba cheart staid airgeadais an ghnóthais tar éis an bheart a chur i gcomparáid leis an staid airgeadais ina mbeadh sé murach gur tugadh an beart isteach.
- (309) Thairis sin, chun teacht faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE, ní mór beart Stáit a bheith i bhfabhar 'gnóthais áirithe nó táirgeadh earraí áirithe'. Dá bhrí sin, ní thagann gach beart atá i bhfabhar oibreoirí eacnamaíocha faoi choincheap na cabhrach, ach amháin na bearta sin a thugann buntáiste ar bhealach roghnaitheach do ghnóthais áirithe nó do chatagóirí áirithe gnóthas nó d'earnálacha eacnamaíocha áirithe.
- (310) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhféadfaidh comhghnéithe a bheith i mbeart cabhrach aonair, más rud é, ag féachaint dá gcríneolaíocht, dá gcuspóir, agus d'imthosca an ghnóthais tráth a n-idirghabhála, go bhfuil siad nasctha chomh dlúth sin lena chéile go bhfuil siad doscarta óna chéile. Sa chomhthéacs sin, féadfar teaghlaim gnéithe a chatagóiriú mar Státchabhair i gcás ina ngníomhaíonn an Stát ar bhealach lena gcosnófar oibreoir amháin nó níos mó atá ar an margadh cheana féin ⁽¹⁶⁰⁾.

6.1.3.1. Samhail na ráthaíochta Stáit

- (311) Féadfaidh ráthaíocht phoiblí, arna deonú ar théarmaí fabhracha, buntáiste a thabhairt don iasachtaí trína chur ar a chumas iasacht a fháil ar ráta úis nach bhféadfaí a fháil ar an margadh gan an ráthaíocht ⁽¹⁶¹⁾. Faoi Airteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach, ghabh na Stáit orthu féin gach iasacht agus ionstraim airgeadais eile a thóg an Cuibhreannas amach i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh a ráthú i gcomhpháirt agus go leithleach. Ní cheanglaítear ar an gCuibhreannas préimh ráthaíochta bhliantúil a íoc ar an bhfiachas gan íoc atá cumhdaithe ag samhail na ráthaíochta Stáit, dá bhforáiltear le Protocal Breise a ghabhann leis an gComhaontú Idir-Rialtasach (aithris (85)). Meabhraítear sa Chomhaontú Cuibhreannais go bhfuil oibleagáid ráthaíochta comhpháirtí agus leithlí Stáit ann maidir le hiasachtaíocht an Chuibhreannais (aithris (90)). Níor chuir na Stáit aon fhianaise ar fáil go bhfuil easpa préimhe ráthaíochta i gcomhréir le téarmaí an mhargaidh; ní mhaíonn siad fiú go mbeadh a leithéid amhlaidh.

⁽¹⁵⁷⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 1 Nollaig 1998, *Ecotrade Srl v Altiforni e Ferriere di Servola SpA* (AFS), C-200/97, AE:C:1998:579, mír 41; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Márta 2013, *Bouygues agus Bouygues Télécom v an Coimisiún agus Eile*, Cásanna Uamtha C-399/10 P agus C-401/10 P, AE:C:2013:175, míreanna 137, 138 agus 139.

⁽¹⁵⁸⁾ An Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Iúil 1996, *Syndicat français de l'Express international (SFEI) agus eile v La Poste agus eile*, C-39/94, AE:C:1996:285, mír 60; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 1999, *An Spáinn v an Coimisiún*, C-342/96 P, : EU:C:1999:210, mír 41.

⁽¹⁵⁹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Iúil 1974, *an Iodáil v Coimisiún*, C-173/73, AE:C:1974:71, mír 13.

⁽¹⁶⁰⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Samhain 2013, *MOL Magyar Olaj- és Gázipari Nyrt. v an Coimisiún*, T-499/10, AE:T:2013:592, mír 67.

⁽¹⁶¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Nollaig 2011, *Residex Capital v Gemeente Rotterdam*, C-275/10, AE:C:2011:814, mír 39.

Ós rud é gurb é tairbhe ráthaíochta é gurb é an ráthóir a iompraíonn an riosca a bhaineann leis an ráthaíocht, is iondúil go n-íocfaí an ráthóir sin le préimh iomchuí lena mbaineann riosca den sórt sin. Is léir go mbaineann riosca leis na ráthaíochtaí maidir le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh agus dá bhrí sin ní bheadh ráthaíochtaí den sórt sin ar fáil ar an margadh gan an ceanglas préimh a íoc. I mbreithiúnas Øresund⁽¹⁶²⁾, chinn an Chúirt Ghinearálta go bhféadfadh deonú ráthaíochta ar théarmaí nach bhfuil coibhéiseach le téarmaí an mhargaidh, de ghnáth, buntáiste a thabhairt don tairbhí. Sa chás sin, chuaigh na Stáit, thairis sin, níos faide ná ráthaíocht a dheonú don Chuibhreannas ar théarmaí neamh-mhargaidh, ach, go deimhin, thug siad faoi oibleagáid dhlíthiúil iasachtaíocht uile an Chuibhreannais a ráthú i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh, gan aon chúiteamh a éileamh ar na Stáit a thugann faoi na rioscaí a bhaineann leis an oibleagáid sin. Tugann an Coimisiún dá aire, mar thairbhí na hoibleagáide sin, go mbeadh buntáiste láithreach ag an gCuibhreannas, ón uair a deonaíodh an oibleagáid sin, a mhéid a bhí ceart in-fhorfheidhmithe aige chun ráthaíochtaí Stáit i ndáil lena riachtanais iasachtaíochta uile i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, agus samhail ráthaíochta Stáit á bunú trí oibleagáid a thabhtú chun na hionstraimí airgeadais a ráthú chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú gan gá préimh ráthaíochta a íoc ar théarmaí an mhargaidh, gur thug na Stáit buntáiste don Chuibhreannas i bhfoirm costais mhaoiniúcháin níos ísle.

- (312) De réir cásdlí shocair, nuair a ghlacann na Ballstáit bearta a théann chun tairbhe d'eintitis shonracha, ceadaítear sainaitheint buntáiste, i bprionsabal, a nádúr roghnaitheach a thoimhdiú⁽¹⁶³⁾. Is amhlaidh atá toisc gur furasta teacht ar an gconclúid de ghnáth go bhfuil saintréith roghnaitheach ag bearta den sórt sin, toisc go bhforchoimeádann siad cóir fhabhrach do ghnóthas amháin nó do líon beag gnóthas⁽¹⁶⁴⁾. Sa chás seo, ós rud é go mbaineann an buntáiste go sonrach leis an gCuibhreannas, is buntáiste roghnaitheach é samhail na ráthaíochta Stáit i bhfabhar an Chuibhreannais de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.1.3.2. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas

- (313) Sa Danmhairg, láimhseáiltear comhpháirtíochtaí, amhail an Cuibhreannas, mar eintitis thrédhearcacha chun críoch cánach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag rialacha cánach na Danmhairge ach amháin maidir le comhpháirtí Danmhargach an Chuibhreannais, A/S Øresund, agus ní maidir leis an gCuibhreannas, é féin (aithris (118)). Sa chomhthéacs sin, ní mór don Choimisiún a mheas ar dtús ar cheart an Cuibhreannais a mheas mar thairbhí rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas (féach tuilleadh, aithrisí (314) go (319)). Ar an dara dul síos, ní mór don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar a mhéid a thug na rialacha sin buntáiste roghnaitheach don tairbhí nach mbeadh faighte aige faoi ghnáthrialacha cánachais (féach tuilleadh, aithrisí (320) go (347)).

6.1.3.2.1. Tairbhí rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas

- (314) Chun a shuíomh cén t-eintiteas ba cheart a mheas mar thairbhí rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, tugann an Coimisiún dá aire, chun críoch rialacha maidir le Státchabhair a chur i bhfeidhm, gur féidir a mheas gur aonad eacnamaíoch amháin iad eintitis dhlíthiúla ar leithligh i ndáil le gníomhaíocht eacnamaíoch. Meastar ansin gurb é an t-aonad eacnamaíoch sin an gnóthas ábhartha. I ndáil leis sin, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil sciar rialaithe agus naisc fheidhmiúla, eacnamaíocha agus orgánacha eile ábhartha⁽¹⁶⁵⁾.

⁽¹⁶²⁾ Mír 120.

⁽¹⁶³⁾ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 13 Nollaig 2017, *an Phoblacht Heilléanach v an Coimisiún*, T-314/15, AE:T:2017:903, mír 78 agus mír 79.

⁽¹⁶⁴⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 4 Meitheamh 2015, *an Coimisiún v MOL*, C-15/14 P, AE:C:2015:362, míreanna 60 et seq.; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Mengozzi an 27 Meitheamh 2013, *Deutsche Lufthansa*, C-284/12, AE:C:2013:442, mír 52.

⁽¹⁶⁵⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 16 Nollaig 2010, *AceaElectrabel Produzione SpA v an Coimisiún*, C-480/09 P, AE:C:2010:787, míreanna 47 go 55; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 10 Eanáir 2006, *Cassa di Risparmio di Firenze SpA agus Daoine Eile*, C-222/04, AE:C:2006:8, mír 112.

- (315) Measann an Coimisiún, chun críoch ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh, A/S Øresund, a mhéid a bhaineann sé leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin, agus gur gnóthas aonair iad an Cuibhreannas. Is comhpháirtíocht é an Cuibhreannas idir cuideachta faoi dhliteanas teoranta arna bunú ag Stát na Danmhairge (A/S Øresund) agus cuideachta faoi dhliteanas teoranta arna bunú ag Stát na Sualainne (SVEDAB) (aithris (64) agus aithris (65)). Tá A/S Øresund, a bhfuil 50 % dá scaireanna ina sheilbh aige, faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach, in éineacht le SVEDAB, i gcoinne tríú páirtithe i leith aon oibleagáid a d'fhéadfadh teacht chun cinn don Chuibhreannas i ndáil lena oibríochtaí; agus ainmníonn sí ceathrar den ochtar comhaltaí boird ⁽¹⁶⁶⁾.
- (316) Meabhraíonn an Coimisiún gurb é atá i ngníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh ná an Nasc Seasmhach a phleanáil, a dhearadh, a thógáil, a chothabháil agus a oibriú. Cumhdóidh an Cuibhreannas na costais a bhaineann le dearadh an tionscadail agus le hullmhúcháin eile don Nasc Seasmhach, chomh maith lena thógáil, lena chothabháil agus lena oibriú, go hiomlán trí mhuirir úsáideora (aithris (69)). Tá costais a bhaineann le cáin chorpáraide na Danmhairge san áireamh i gcostas sin an Naisc Sheasmhaigh. Mar a thuairiscítear in aithris (118), áfach, níl an Cuibhreannas féin faoi réir cánachais, toisc gur comhpháirtíocht í atá trédhearcach ó thaobh cánach de. Tá rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas mar chuid den Acht Foirgníochta (agus ionchorpraíodh iad in Acht Sund & Bælt in 2005), agus tá feidhm acu maidir le hioncam inchánach A/S Øresund. Mar gheall ar úinéireacht 50 % A/S Øresund ar an gCuibhreannas, áirítear leis sin 50 % den ioncam inchánach a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Chuibhreannais. Dá bhrí sin, ní hé an Cuibhreannas amháin atá i gceist leis an tsamhail airgeadais (i.e. iomlán na sreafaí airgeadais, lena n-áirítear na costais agus an t-ioncam go léir) a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh, ar thaobh na Danmhairge, ní hamháin leis an gCuibhreannas, ach A/S Øresund freisin, a mhéid atá A/S Øresund freagrach as cánacha a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin a íoc.
- (317) Measann an Coimisiún nach féidir íocaíocht na gcánacha sin a dheighilt ó ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil costais iomlán an Naisc Sheasmhaigh (agus costais na nasc cúlchríche bóthair agus iarnróid) le maoiniú ag muirir úsáideoirí, arna mbailiú ag an gCuibhreannas. Is éard atá sna muirir sin ioncam atá faoi réir cánach corparáide — atá iníoctha ar leibhéal A/S Øresund — ar bhonn Acht na Danmhairge um Cháin Chorpáraide. Dá réir sin, cé gur ioncam iad na muirir a thoibhíonn an Cuibhreannas as an Nasc Seasmhach a úsáid, meallann siad costais freisin i bhfoirm na n-íocaíochtaí cánach gaolmhara. Sa chleachtas, foráiltear leis an socrú eagraíochtúil agus airgeadais go n-íocfaidh an Cuibhreannas díbhinní leis na máthairchuideachtaí, rud a mhaoineoidh ní hamháin costais na nasc cúlchríche, ach na dliteanais chánach a bhaineann leis an Nasc Seasmhach freisin. Dá bhrí sin, rachaidh aon laghdú ar mhéid an dliteanais cánach a bhaineann le gníomhaíocht an Naisc Sheasmhaigh chun tairbhe an ghnóthais atá i mbun na gníomhaíochta eacnamaíche sin. Mar thoradh air sin, téann sé chun tairbhe don Chuibhreannas toisc go laghdaíonn sé ualach airgeadais a bheadh ar an gCuibhreannas a iompar murach sin, ós rud é gurb é sruth ioncaim an Chuibhreannais é a úsáidtear chun dliteanas cánach A/S Øresund a eascraíonn as an ioncam a ghintear leis an Nasc Seasmhach a urscaoileadh.
- (318) Thairis sin, thug údarais na Danmhairge faoi deara (aithris (269)), go laghdaítear méid iomlán na cabhrach (coibhéis deontais chomhláin) a dheonaítear trí shamhail na ráthaíochta Stáit a mhéid a eascraíonn ualach fiachais níos ísle don Chuibhreannas as rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Dá bhrí sin, os a choinne sin, mura ndeonófaí na rialacha speisialta sin do A/S Øresund, i bhfianaise a úinéireachta ar 50 % den Chuibhreannas, bheadh ualach fiachais níos airde ag an gCuibhreannas, agus dá bhrí sin, de réir na loighce a lean údarais na Danmhairge, bheadh méid níos mó cabhrach deonaithe trí shamhail na ráthaíochta Stáit. Deimhnítear leis sin tuairim an Choimisiúin gur cheart an Cuibhreannas agus A/S Øresund a mheas mar ghnóthas aonair chun críoch ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh agus gurb é an gnóthas aonair sin ar cheart a mheas mar thairbhí rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, agus, mar thoradh air sin, gur tairbhí é an Cuibhreannas freisin.

⁽¹⁶⁶⁾ Ranna 3.1, 3.2, agus 8.2 den Chomhaontú Cuibhreannais.

- (319) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (314) go (318), measann an Coimisiún, dá gcruthódh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas buntáiste roghnaitheach, go mbeadh an Cuibhreannas ina thairbhí den bhuntáiste sin.

6.1.3.2.2. Buntáiste roghnaitheach

- (320) Tar éis dó a shuíomh go mbeadh an gnóthas aonair, agus dá bhrí sin, an Cuibhreannas freisin, ina thairbhí de bhuntáiste a d'escail as rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas (aithris (319)), ní mór don Choimisiún a shuíomh cé acu an gcruthódh na rialacha sin buntáiste den sórt sin. Chun é sin a dhéanamh, ós rud é go bhfuil an Cuibhreannas trédhearcach chun críoch cánach na Danmhairge (aithris (118)), agus ós rud é go bhfuil A/S Øresund freagrach as na cánacha a bhaineann le 50 % de ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh a íoc (aithris (120)), ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar dhliteanais chánach A/S Øresund, a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Chuibhreannais. Chun a chinneadh cé acu an gcruthaíonn rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas buntáiste den sórt sin, ní mór na dliteanais chánach faoi na rialacha sin a chur i gcomparáid leis na dliteanais chánach a mbeadh A/S Øresund faoina réir faoi na gnáthrialacha cánachais, i.e. in éagmais na rialacha speisialta sin.
- (321) Chun go dtiocfaidh beart faoi raon feidhme Airteagal 107(1) CFAE, ní mór dó, laistigh de chomhthéacs córais dlí ar leith, tús áite a thabhairt do 'gnóthais áirithe nó do tháirgeadh earraí áirithe' thar chinn eile atá i staid dhlíthiúil agus fhíorasach atá inchomparáide, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear leis an gcóras tagartha ⁽¹⁶⁷⁾ (tugtar an 'tástáil trí chéim' air sin de ghnáth agus mínítear tuilleadh é sa chéad aithris eile). Mar sin féin, mar a leagtar amach in aithris (312), nuair a ghlacann na Ballstáit bearta a théann chun tairbhe d'eintitis shonracha, is féidir glacadh leis, i bprionsabal, go bhfuil buntáiste roghnaitheach ann. Sa chás seo, ós rud é go mbaineann rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas go sonrach le A/S Øresund agus leis an gCuibhreannas, a mhéid is gur buntáiste iad na rialacha sin, tá an buntáiste sin roghnaitheach.
- (322) Mar sin féin, chun a chinneadh cé acu an raibh buntáiste roghnaitheach ag an ngnóthas aonair de bhua rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, rinne an Coimisiún measúnú ar na bearta sin faoin anailís chaighdeánach trí chéim arna bunú ag Cúirteanna an Aontais ⁽¹⁶⁸⁾. Ar an gcéad dul síos, ní mór an córas tagartha a shainaithint, is é sin, na 'gnáthrialacha' cánachais ⁽¹⁶⁹⁾. Ar an dara dul síos, ní mór a chinneadh an ionann beart ar leith agus maolú ar an gcóras sin, a mhéid a dhéanann sé idirdhealú idir oibreoirí eacnamaíocha atá, i bhfianaise an chuspóra atá ina dhlúthchuid den chóras, i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil. Más maolú ar an gcóras tagartha atá sa bheart, agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé roghnaitheach *prima facie*, is gá a shuíomh, sa tríú céim den tástáil, cé acu an bhfuil údar leis an maolú de bharr chineál nó scéim ghinearálta an chórais. Sa chomhthéacs sin, is faoin mBallstát atá sé a léiriú go dtagann an chóir dhifreáilte chánach go díreach ó bhunphrionsabail nó ó threoirphrionsabail an chórais sin ⁽¹⁷⁰⁾.

6.1.3.2.2.1. Buntáiste roghnaitheach: rialacha speisialta de chuid na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas

- (323) Mar a meabhraíodh in aithris (322), chun beart cánach náisiúnta a aicmiú mar bheart 'roghnaitheach', ní mór don Choimisiún tús a chur leis tríd an gcóras tagartha a shainaithint, is é sin an 'gnáthchóras cánach' is infheidhme sa Bhallstát lena mbaineann. Tá tábhacht ar leith ag baint le cinneadh an chórais tagartha i gcás bearta cánach, ós rud é nach féidir buntáiste eacnamaíoch a bhunú chun críoch Airteagal 107(1) CFAE ach amháin i gcomparáid le 'gnáthchánachas'. Dá bhrí sin, maidir leis an tacar gnóthas atá i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil a chinneadh, braitheann sé sin ar an réamh-shainmhíniú ar an gcóras dlí i bhfianaise a chuspóra atá sé riachtanach, i

⁽¹⁶⁷⁾ Féach, chuige sin, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 5 Nollaig 2023, *Engie v an Coimisiún*, cásanna uamtha C-451/21 P agus C-454/21 P, AE:C:2023:948, mír 106 agus an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 2 Feabhra 2023, *an Spáinn, Lico agus Daoine Eile v an Coimisiún*, cásanna uamtha C-649/20 P, C-658/20 P agus C-662/20 P, AE:C:2023:60, mír 46 agus an cásdlí a luaitear iontu; féach freisin an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Nollaig 2016, *an Coimisiún v World Duty Free Group agus Eile*, C-20/15 P agus C-21/15 P, AE:C:2016:981, mír 54 agus an cásdlí a luaitear ann.

⁽¹⁶⁸⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *an Coimisiún v an Ísiltír*, C-279/08 P, AE:C:2011:551, mír 62; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Samhain 2001, *Adria-Wien Pipeline*, C-143/99, AE:C:2001:598.

⁽¹⁶⁹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Meitheamh 2018, *Andres v an Coimisiún*, C-203/16 P, AE:C:2018:505, mír 88.

⁽¹⁷⁰⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *Paint Graphos agus Eile*, Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08, AE:C:2011:550, mír 49 et seq.; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 2004, *GIL Insurance*, C-308/01, AE: C:2004:252.

gcás inarb infheidhme, scrúdú a dhéanamh an bhfuil staid fhíorasach agus dhlíthiúil na ngnóthas i bhfabhar an bhirt atá i gceist inchomparáide le staid fhíorasach agus dhlíthiúil na ngnóthas sin nach bhfuil.

- (324) Mar a tugadh faoi deara in aithris (118), liostaítear i Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide na heintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge. Áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta, amhail A/S Øresund, ar an liosta sin. Ina theannta sin, mar a tugadh faoi deara in aithris (135) agus in aithris (136), is féidir teacht ar na rialacha ábhartha maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas in Acht um Measúnú Cánach na Danmhairge (Roinn 15) le haghaidh na dtréimhsí idir 1991 agus 2012, agus in Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide (Roinn 12) le haghaidh na dtréimhsí seo a leanas (aithris (138) agus aithris (139)). Leis na rialacha sin, cinntear na coinníollacha agus na teorainneacha maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas chun críoch cánach d'eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin ioncaim chorporáideach na Danmhairge (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta). Mar a míníodh cheana in aithris (117), foráiltear le hAcht um Measúnú Cánach na Danmhairge rialacha maidir leis an gcaoi a gcuirtear na dlíthe cánach i bhfeidhm ar dhaoine aonair agus ar chuideachtaí araon, agus le hAcht um Cháin Chorporáide na Danmhairge cinntear na heintitis atá faoi réir cáin ioncaim chorporáidigh, an ráta agus na rialacha eile atá ábhartha maidir le cánachas cuideachtaí.

LCF 1991-2001

- (325) Ar an gcéad dul síos, mar a thug an Danmhairg dá aire (aithris (267)), le haghaidh LCF 1991-2001, fuarthas an riail is infheidhme go ginearálta maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas i Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach. Áirítear leis an Acht sin rialacha cánach ioncaim do dhaoine aonair agus do chuideachtaí araon, agus is cuid é den chóras cánach ioncaim chorporáidigh (mar aon leis na gníomhartha cánach ioncaim ábhartha, go háirithe Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide). Mar sin, cinntear le hAcht na Danmhairge um Cháin Chorporáide cé hiad na heintitis nach mór dóibh cáin chorporáide a íoc, agus foráiltear le hAcht na Danmhairge um Measúnú Cánach na paraiméadair faoina gcinntear an méid atá le híoc acu. Ceann de na tosca lena gcinntear an méid sin is ea cé acu an bhfuil aon chailleanais tugtha ar aghaidh ag an eintiteas inchánach a fhéadfaidh sé a úsáid chun a bhonn inchánach a laghdú. Le Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, suíodh go bhféadfaí, don tréimhse LCF 1991-2001, cailleanais a thabhairt ar aghaidh in ioncam inchánach an cháiniócóra ar feadh na gcúig bliana ina dhiaidh sin (aithris (135)). Bhí an teorainn cúig bliana ina dlúthchuid den riail maidir le cailleanas a thabhairt ar aghaidh is infheidhme go ginearálta (beart ginearálta, is infheidhme gan idirdhealú maidir le gach oibreoir eacnamaíoch), seachas ina eisceacht ó chreat reachtach níos leithne⁽¹⁷¹⁾. I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an teorainn cúig bliana doscartha ón gcóras ginearálta cánach ioncaim chorporáidigh, lena ndéantar foráil maidir le cailleanais chánach a thabhairt ar aghaidh, toisc go bhfuil na rialacha sin ábhartha chun an bonn cánach a chinneadh. Cinneann an Coimisiún gurb é córas cánach corporáide na Danmhairge an córas tagartha ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar LCF 1991-2001, lena n-áirítear, go háirithe, Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide agus Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, lena foráladh, chun críoch measúnú a dhéanamh ar mhéid na cánach corporáide is iníoctha ag eintiteas dlíthiúil atá faoi réir na cánach sin (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta), go bhféadfaí cailleanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh uastréimhse cúig bliana. Níl na forálacha cánach atá san Acht Foirgníochta, lena n-áirítear LCF 1991-2001, ina gcuid den chóras sin, mar nach bhfuil feidhm acu ach maidir le tionscadal ar leith amháin. Is é cuspóir ábhartha chóras cánach corporáide na Danmhairge córas ginearálta cánachais a bhunú do chuideachtaí ar a mbrabúis, agus, go sonrach, rialacha a chur ar fáil maidir leis an mbonn cánach a chinneadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear tabhairt ar aghaidh caillteanas (agus dímhéas sócmhainní) do gach cuideachta, gan idirdhealú. Dá bhrí sin, is de réir thagarmharc Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide agus Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, agus, i bhfianaise an chuspóra thuas, nach mór LCF 1991-2001 a mheasúnú faoin dara céim den anailís trí chéim (aithrisí (326) agus (327)).

⁽¹⁷¹⁾ Féach, mar shampla, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 28 Meitheamh 2018, *Andres v an Coimisiún*, C-203/16 P, AE:C:2018:505, mír 103 agus mír 104.

- (326) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire, faoi Roinn 11 den Acht Foirgníochta, go bhféadfadh A/S Øresund caillteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh 15 bliana cánach nó, i gcás caillteanais arna dtabhú sular cuireadh an Nasc Seasmhach i seirbhís, ar feadh 30 bliain chánach. Bhí feidhm aige sin freisin maidir le 50 % de chaillteanais an Chuibhreannais, i bhfianaise úinéireacht 50 % A/S Øresund. Dá mbeadh A/S Øresund faoi réir na ngnáthrialacha faoin gcóras tagartha (lena n-áirítear Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach), bheadh a chaillteanais imithe in éag níos luaithe, agus ní bheadh na caillteanais sin a chuaigh in éag ar fáil a thuilleadh chun brabúis a fhritháireamh i dtuaisceáin chánach A/S Øresund ⁽¹⁷²⁾. Dá réir sin, ba mhaolú ar an gcóras tagartha é Roinn 11 den Acht Foirgníochta, lena dtugtar buntáiste do A/S Øresund, i gcomparáid le heintitis dhlíthiúla eile (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, toisc go bhféadfadh sé a chaillteanais a thabhairt ar aghaidh chun a ualach cánach a laghdú ar feadh tréimhse níos faide ná mar a bheadh ar fáil do na heintitis sin. Mar a thug an Coimisiún dá aire in aithrisí (314) go (319), téann sé sin chun tairbhe don Chuibhreannas freisin, a mhéid a bhíonn laghdú ar ualach cánach A/S Øresund mar thoradh ar laghdú ar ualach airgeadais an Chuibhreannais.
- (327) Ina theannta sin, cinneann an Coimisiún gur cheart A/S Øresund, atá ina ghnóthas aonair leis an gCuibhreannas (aithris (315)), chun críoch chur i bhfeidhm rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, a mheas mar ghnóthas atá sa staid chéanna fhíorasach agus dhlíthiúil le heintitis dhlítheanacha eile (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge, i bhfianaise na gcuspóirí atá ina ndlúthchuid den chóras tagartha. Mar a tugadh faoi deara in aithris (325), is é cuspóir ábhartha an chórais tagartha sin córas ginearálta cánachais a bhunú do chuideachtaí maidir lena mbrabúis, agus, go sonrach, rialacha a chur ar fáil maidir leis an mbonn cánach a chinneadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear caillteanais (agus dímhéas sócmhainní) a thabhairt ar aghaidh do gach cuideachta, gan idirdhealú; is amhlaidh atá beag beann ar cé acu a ghlacann siad páirt i dtionscadail áirithe nó nach nglacann. Dheimhnigh an Danmhairg gur cruthaíodh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas do A/S Øresund, agus go bhfuil feidhm acu ina cáil mar chomhpháirtí sa Chuibhreannas (aithris (233)). Léirítear sna nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta gur cuireadh LCF 1991-2001 i bhfeidhm de réir analaí leis an rialail is infheidhme maidir le droichead an Chaolais Mhoir. Mhínigh údarais na Danmhairge, le linn réamhchéim an imscrúdaithe, gurb amhlaidh a bhí mar gheall ar chineál urghnách an tionscadail tógála a raibh costais shuntasacha ag baint leis thar thréimhse fhada ama, mar aon le hionchais réasúnta maidir le hinmharthanacht fhadtéarmach. Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, nach ndéantar idirdhealú i gcóras cánach na Danmhairge (lena n-áirítear an rialail maidir le tabhairt ar aghaidh gnáthchaillteanas faoi Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach) idir eintitis de réir mhéid na dtionscadal a dtugann siad fúthu. Cé gur fíor go bhfuil A/S Øresund freagrach as infheistíocht mhór, ní chuirtear cosc ar chuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta infheistíochtaí suntasacha den chineál céanna a dhéanamh, ná infheistíochtaí ar féidir a bheith ag súil go mairfidh caillteanais níos faide ná cúig bliana ina leith. Dá bhrí sin, ní athraítear le raon feidhme thionscadal an Naisc Sheasmhaigh, i bhfianaise an chuspóra cáin a ghearradh ar bhrabúis, go bhfuil A/S Øresund sa seasamh dlíthiúil agus fíorasach céanna le heintitis dhlítheanacha eile (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. I bhfocail eile, ós rud é go bhfuil A/S Øresund — lena n-áirítear trína úinéireacht 50 % ar an gCuibhreannas — freagrach as mórinfheistíocht bonneagair, ní dhéantar idirdhealú idir a sheasamh, go dlíthiúil nó go fíorasach, chun críoch an chórais tagartha, agus cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún gur léir gur mhaolaigh LCF 1991-2001 mar a bhí feidhm aige maidir le A/S Øresund ón gcóras ginearálta is infheidhme sa Danmhairg, toisc go ndearna sé idirdhealú idir oibreoirí eacnamaíocha atá i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil i bhfianaise an chuspóra atá á shaothrú ag an gcóras cánach lena mbaineann.
- (328) Ar an tríú dul síos, cinneann an Coimisiún nach bhfuil údar leis an maolú a luaitear in aithris (327) de bharr chineál ná scéim ghinearálta an chórais. Meabhraíonn an Coimisiún go bhféadfaí a chinneadh fós go bhfuil beart, atá roghnaitheach *prima facie*, neamhroghnaitheach má tá údar leis de bharr chineál nó scéim ghinearálta an chórais sin. Is amhlaidh atá i gcás ina dtagann beart go díreach ó bhunphrionsabail nó ó threoirphrionsabail bhunúsacha an chórais tagartha, nó i gcás inar toradh é ar na sásraí bunúsacha is gá d'fheidhmiú agus d'ifeachtacht an chórais ⁽¹⁷³⁾. Ní féidir brath ar chuspóirí beartais sheachtraigh, nach cuid dhílis den chóras cánach ginearálta iad, chun na críche sin ⁽¹⁷⁴⁾. Is faoin mBallstát lena mbaineann atá sé a léiriú go bhfuil údar le beart, atá roghnaitheach ar an gcéad amharc, de bharr chineál nó scéim ghinearálta a chórais cánach ⁽¹⁷⁵⁾.

⁽¹⁷²⁾ Go praiticiúil, is é Sund & Bælt a chomhdaíonn na tuairisceáin cánach corparáide dá bhaill ghrúpa. Chomh maith leis na tuairisceáin chánach ar leithligh a comhdaíodh dá bhaill ghrúpa, rinne Sund & Bælt tuairisceán comhdhlúite ar cháin ioncaim corparáidigh a chomhdú don ghrúpa. Chun an léitheoireacht a éascú agus i gcomhthéacs an chinidh seo, thagair an Coimisiún do thuaisceáin chánach A/S Øresund agus do thíolacadh na dtuaisceáin cánach ag A/S Øresund.

⁽¹⁷³⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *Paint Graphos agus Daoine Eile*, Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08, AE:C:2011:550, mír 69.

⁽¹⁷⁴⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *Paint Graphos agus Daoine*, Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08, AE:C:2011:550, mír 69 agus mír 70; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2006, *an Phortaingéil v an Coimisiún*, C-88/03, AE:C:2006:511, mír 81; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *an Coimisiún v an Ísiltír*, C-279/08 P, AE:C:2011:551; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Nollaig 2008, *British Aggregates v an Coimisiún*, C-487/06 P, AE:C:2008:757; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Iúil 2013, *P Oy*, C-6/12, AE:C:2013:525, mír 27 et seq.

⁽¹⁷⁵⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 15 Samhain 2011, *an Coimisiún agus an Spáinn v Rialtas Ghiobrálta agus na Ríochta Aontaithe*, Cásanna Uamtha C-106/09 P agus C-107/09 P, AE:C:2011:732, mír 146; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 2004, *an Ísiltír v an Coimisiún*, C-159/01, AE:C:2004:246, mír 43; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2006, *an Phortaingéil v an Coimisiún*, C-88/03, AE:C:2006:511.

- (329) Tugann an Coimisiún dá aire gur áitigh údarais na Danmhairge, le linn an réamh-imscrúdaithe, gur féidir a mheas go bhfuil údar maith le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas mar gheall ar loighic an chórais mar gheall ar chineál urghnách thionscadal an Naisc Sheasmhaigh ina iomláine i dtéarmaí a mhéide agus a chuspóra, rud a fhágann nach féidir é a chur i gcomparáid le haon tionscadal bonneagair eile a bhí faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. I ndáil leis sin, meabhraíonn an Coimisiún gurb é cuspóir an chórais tagartha córas ginearálta cánachais a bhunú do chuideachtaí ar a mbrabúis, agus, go sonrach, rialacha a chur ar fáil maidir leis an mbonn cánach a chinneadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear tabhairt ar aghaidh cailteanas do gach cuideachta, gan idirdhealú (aithris (325)). Mar a léirítear in aithris (327), ní dhéantar idirdhealú sa chóras tagartha idir eintitis de réir mhéid na dtionscadal a dtugann siad fúthu, agus ní chuirtear cosc ar chuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta infheistíochtaí suntasacha den chineál céanna a dhéanamh, ná infheistíochtaí ar féidir a bheith ag súil go mairfidh caillteanais níos faide ná cúig bliana ina leith. Sna himthosca sin, ní mheasann an Coimisiún go mbeadh údar le cóir dhifriúil do A/S Øresund mar gheall ar charachtar thionscadal an Naisc Sheasmhaigh, i bhfianaise chineál agus scéim ghinearálta an chórais sin. Is é sin le rá, ní mheasann an Coimisiún go mbeadh an chóir éagsúil sin comhsheasmhach, riachtanach agus comhréireach i bhfianaise threoirphrionsabail chóras cánach na Danmhairge. In aithris 90 den Chinneadh Tosaigh, thug an Coimisiún dá aire nár léirigh údarais na Danmhairge go leordhóthanach cén fáth, agus a mhéid a bheadh, méid agus cuspóir an tionscadail leordhóthanach chun údar a thabhairt le cóireáil chánach éagsúil. Tar éis an cinneadh Tosaigh a ghlacadh, níor tharraing údarais na Danmhairge aird an Choimisiúin ar aon fhianaise nua a d'athródh dearcadh an Choimisiúin, agus mar sin níor chomhlíon siad an dualgas cruthúnais maidir leis an tríú céim ⁽¹⁷⁶⁾. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach ionann an beart agus maolú a bhfuil údar maith leis ar chur i bhfeidhm an chórais tagartha, a eascraíonn go díreach as bunphrionsabail nó treoirphrionsabail an chórais cánach sin.
- (330) Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh buntáiste roghnaitheach do A/S Øresund mar thoradh ar LCF 1991-2001, buntáiste a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh. Mar a tugadh faoi deara in aithris (319), bheadh an Cuibhreannas ina thairbhí d'aon bhuntáiste roghnaitheach a chruthaítear le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas, i bhfianaise gur gnóthas aonair iad A/S Øresund agus an Cuibhreannas chun críche ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh. Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún go raibh buntáiste roghnaitheach don Chuibhreannas mar thoradh ar LCF 1991-2001.

LCF 2002-2012

- (331) Maidir le LCF 2002-2012, meabhraíonn an Coimisiún, mar a tugadh faoi deara in aithris (136), gur leasáidh Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach (Roinn 15) an 21 Bealtaine 2002, agus nach ndearna sé aon teorainn a fhorchur a thuilleadh ar an bhféidearthacht go bhféadfadh eintitis dhlítheanacha (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge a gcaillteanais a thabhairt ar aghaidh. Ní mheasann an Coimisiún go raibh tionchar ag an leasú reachtach sonrach sin ar (i) raon feidhme an chórais tagartha do LCF 2002-2012, i gcomparáid le LCF 1991-2001, nó (ii) cuspóir an chórais tagartha sin. Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, don tréimhse LCF 2002-2012, go ndearna an córas tagartha foráil go raibh eintitis dhlítheanacha (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge i dteideal a gcaillteanais a thabhairt ar aghaidh, gan aon teorainn i ndáil leis an tréimhse ina bhféadfaí caillteanais a thabhairt ar aghaidh. Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb é córas cánach corparáide na Danmhairge an córas tagartha ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar LCF 2002-2012, lena n-áirítear, go háirithe, Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide agus Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach, lena foráladh go bhféadfaí, chun críoch measúnú a dhéanamh ar mhéid na cánach corparáide is infíochta ag eintiteas dlítheanach atá faoi réir na cánach sin (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) caillteanais a thabhairt ar aghaidh gan teorainn ama.

⁽¹⁷⁶⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Meán Fómhair 2011, *Paint Graphos agus Daoine Eile*, Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08, AE:C:2011:550, mír 65.

- (332) Tugann an Coimisiún dá aire, cosúil le hAcht na Danmhairge um Measúnú Cánach gur leasáíodh an tAcht Foirgníochta chun deireadh a chur leis an teorainn 15 bliana a bhí infheidhme maidir le A/S Øresund de réir LCF 1991-2001. Sna himthosca sin, maidir le caillteanais arna dtabhú ón mbliain chánach 2002, bhí A/S Øresund faoi réir na rialach céanna a bhí ann sna rialacha is infheidhme go ginearálta (i.e. gan aon teorainn ama a bheith ann chun caillteanais a thabhairt ar aghaidh). I bhfocail eile, ní raibh A/S Øresund faoi réir maolú ón gcóras tagartha.
- (333) Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún nach raibh buntáiste roghnaitheach le haghaidh A/S Øresund mar thoradh ar LCF 2002-2012. Mar thoradh air sin, ní raibh buntáiste roghnaitheach don Chuibhreannas mar thoradh ar LCF 2002-2012 ach oiread. Dá bhrí sin, níorbh ionann LCF 2002-2012 agus Státchabhair do A/S Øresund ná don Chuibhreannas.

LCF 2013-2015

- (334) Le haghaidh thréimhse LCF 2013-2015, tá an riail maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanais is infheidhme go ginearálta le fáil i Roinn 12 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide. Mar a tugadh faoi deara in aithris (138), Acht Uimh. 591 an 18 Meitheamh 2012, aisghaireadh Roinn 15 d'Acht na Danmhairge um Measúnú Cánach. An tráth céanna, chuir Acht Uimh. 591 an 18 Meitheamh 2012 Alt 12 le hAcht um Cháin Chorporáide na Danmhairge, lenar tugadh isteach teorainn nua ar úsáid caillteanais a tugadh ar aghaidh, a raibh feidhm aige maidir le blianta cánach dar tús an 1 Iúil 2012 nó dá éis. Faoi na hathruithe sin, d'fhéadfadh eintitis dhlíthiúla (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge caillteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh thréimhse neamhtheoranta. Mar sin féin, ní fhéadfaí ach caillteanais arb ionann é agus DKK 7 500 000 (EUR 1 005 311) móide, dá bhfanadh caillteanais breise ann, méid a chomhfhreagraíonn d'uasmhéid 60 % den ioncam inchánach de bhreis ar DKK 7 500 000 (EUR 1 005 311), a asbhaint i mbliain chánach ar leith (aithris (139)). Bhí an teorainn sin ina chuid lárnach den riail maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanais a bhí infheidhme go ginearálta, seachas ina eisceacht ar chreat reachtach níos leithne. Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb é córas cánach corporáide na Danmhairge an córas tagartha ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar Is é LCF 2013-2015 córas cánach corporáide na Danmhairge, lena n-áirítear, go háirithe, Roinn 1 agus Roinn 12 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide, lenar foráladh, chun measúnú a dhéanamh ar mhéid na cánach corporáide is infíochta ag eintiteas dlíthiúil (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir na cánach sin, go bhféadfaí caillteanais a thabhairt ar aghaidh gan teorainn ama, ach nach bhféadfaí iad a úsáid ach amháin chun brabúis a fhritháireamh faoi réir na dteorainneacha a leagtar amach i Roinn 12. Mar a míníodh cheana in aithris (325), is é is cuspóir do chóras cánach corporáide na Danmhairge córas ginearálta cánachais a bhunú do chuideachtaí ar a mbrabúis, agus, go sonrach, rialacha a chur ar fáil maidir leis an mbonn cánach a chinneadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear tabhairt ar aghaidh caillteanais agus dímhéas sócmhainní (do gach cuideachta, gan idirdhealú).
- (335) Tugann an Coimisiún dá aire, roimh an leasú ar Acht Sund & Bælt an 4 Bealtaine 2015 (aithris (134)), nach raibh feidhm maidir le A/S Øresund ag na teorainneacha i dtéarmaí mhéid na gcaillteanais a d'fhéadfaí a úsáid a raibh feidhm acu maidir le heintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) de bhua an chórais tagartha. Dá bhrí sin, i ndáil leis na blianta cánach 2013, 2014, agus 2015, d'fhéadfadh A/S Øresund a bhonn brabúis iomlán a fhritháireamh trí leas a bhaint as caillteanais a tugadh ar aghaidh, rud nach mbeadh sé in ann a dhéanamh dá mbeadh sé faoi réir na ngnáthrialacha, faoin gcóras tagartha. Mar a tugadh faoi deara in aithris (327), tá seasamh fhórasach agus dlíthiúil comhchosúil ag A/S Øresund le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, maidir le LCF 2013-2015, go raibh maolú ag A/S Øresund ar na gnáthrialacha cánachais, a chuir i staid níos tairbhí é ná gnóthais eile i staid dhlíthiúil agus fhórasach chomhchosúil maidir le cuspóir an chórais tagartha. I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire, murab ionann agus LCF 2002-2012, nach ndearnadh aon leasú ar an Acht Sund & Bælt chun an leasú ar Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide a léiriú. Dá bhrí sin, trí dhiúltú leasú den sórt sin a dhéanamh, cheadaigh údarais na Danmhairge do A/S Øresund seasamh níos buntáistí a bheith aige ná mar atá ag cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge. Dá bhrí sin, ní mór a mheas gur maolú ar an gcóras tagartha é an teaghlaim den leasú ar Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide, agus nach ann do leasú comhfhreagrach ar Acht Sund & Bælt, rud a thugann buntáiste do A/S Øresund i gcomparáid le heintitis dhlítheanacha eile (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge, toisc go bhféadfadh sé a chailteanais a úsáid chun a dhliteanas cánach a laghdú, gan na teorainneacha a raibh feidhm acu maidir leis na heintitis eile sin. Bhí na heintitis eile sin i staid dhlítheanach agus fhórasach chomhchosúil le A/S Øresund, i bhfianaise an chórais chánach tagartha, a raibh sé mar chuspóir aige córas ginearálta cánachais a chur ar bun do chuideachtaí agus dá mbrabús.

- (336) Mar a tugadh faoi deara in aithris (329), d'áitigh údarais na Danmhairge, le linn an réamh-imscrúdaithe, gur féidir a mheas go bhfuil údar le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas mar gheall ar loighic an chórais tagartha mar gheall ar chineál urghnách thionscadal an Naisc Sheasmhaigh ó thaobh a mhéide agus a chuspóra de, rud a fhágann nach féidir é a chur i gcomparáid le haon thionscadal eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Mar a tugadh faoi deara in aithris (329), ní mheasann an Coimisiún go dtabharfadh cineál thionscadal an Naisc Sheasmhaigh údar le cóireáil dhifriúil le haghaidh A/S Øresund, i bhfianaise chineál agus scéim ghinearálta an chórais tagartha. Tar éis an Chinnidh Tosaigh, níor chuir údarais na Danmhairge aon fhianaise bhreise isteach a d'athródh dearcadh an Choimisiúin. Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, nach ionann LCF 2013-2015 agus maolú a bhfuil bonn cirt leis ar chur i bhfeidhm an chórais tagartha, a eascraíonn go díreach as bunphrionsabail nó treoirphrionsabail chóras cánach corparáide na Danmhairge.
- (337) Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, go raibh buntáiste roghnaitheach do A/S Øresund mar thoradh ar LCF 2013-2015. Ós rud é gur gnóthas aonair iad an Cuibhreannas agus A/S Øresund chun críche ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh (aithris (315)), is tairbhí é an gnóthas aonair den bhuntáiste roghnaitheach a cruthaíodh le LCF 2013-2015, agus, mar thoradh air sin, is buntáiste roghnaitheach don Chuibhreannas é mar thoradh ar LCF 2013-2015.
- (338) Meabhraíonn an Coimisiún gur aisghaireadh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, agus ina dhiaidh sin bhí A/S Øresund faoi réir ghnáthchóras cánach corparáide na Danmhairge (aithris (134)). Tugann an Coimisiún dá aire, dá bhrí sin, nach raibh aon bhuntáiste roghnaitheach eile i bhfabhar A/S Øresund nó an Chuibhreannais, i ndáil leis na rialacha maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas, i bhfeidhm ón dáta sin.

6.1.3.2.2.2. Buntáiste roghnaitheach: rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas

- (339) Mar a tugadh faoi deara in aithris (118), liostaítear i Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide na heintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Áirítear cuideachtaí faoi dhlítheanas teoranta, amhail A/S Øresund, ar an liosta sin. Thug an Danmhairg dá haire, don tréimhse iomlán atá faoi mheasúnú, go bhfuil na gnáthrialacha maidir le dímheas cánach le fáil in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach (aithris (268)), ina leagtar síos na huasrátaí dímheasa, na modhanna dímheasa, agus na teorainneacha a d'fhéadfadh a bheith ann do na catagóirí éagsúla sócmhainní in-dímheasa, chun críoch cánach, ag eintitis atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Mar sin, cinntear le hAcht na Danmhairge um Cháin Chorparáide cé na heintitis nach mór dóibh cáin chorparáide a íoc, agus leagtar síos in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach na rátaí agus na tairseacha ar dá réir a fhéadfaidh na heintitis sin a sócmhainní a dhímheas, chun an dímheas sin a fhritháireamh in aghaidh a mbonn inchánach.

DEP 1991-1998

- (340) Don tréimhse 1991-1998, chinn Roinn 22 d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach go raibh an gnáthráta dímheasa d'fhoirgnimh agus do shuiteálacha, don tréimhse suas go dtí an bhliain chánach 1998 agus an bhliain sin san áireamh ⁽¹⁷⁷⁾, ag 6 % de réir méid cothrom go dtí gur shroich sé 60 % de na costais fála, agus, ina dhiaidh sin, go raibh sé teoranta do 2 % den chostas fála, go bliantúil (aithris (144)). Cinneann an Coimisiún gurb é an córas tagartha do DEP 1991-1998 córas cánach corparáide na Danmhairge, lena n-áirítear, go háirithe, Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, mar aon leis na rialacha is infheidhme go ginearálta d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, lena bhforáiltear do na rátaí, na modhanna agus na teorainneacha féideartha le haghaidh dímheas sócmhainní seasta. Maidir le foirgnimh agus suiteálacha, sholáthair an córas tagartha sin, le linn na tréimhse ábhartha, dímheas ag ráta 6 % (agus teorainn 2 % ann, tar éis don dímheas carntha 60 % a bheith sroichte). Mar a míníodh cheana in aithris (325), is é is cuspóir do chóras cánach corparáide na Danmhairge córas ginearálta cánachais a bhunú do chuideachtaí ar a mbrabúis, agus, go sonrach, rialacha a chur ar fáil maidir leis an mbonn cánach a chinneadh, lena n-áirítear rialacha lena gceadaítear tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas sócmhainní (do gach cuideachta, gan idirdhealú). Rinneadh foráil sa chóras tagartha, dá bhrí sin, go bhféadfaí foirgnimh agus suiteálacha a dhímheas chun críoch cánach ag ráta suas le 6 % (leis an teorannú thuasluaite). Bhí uasrátaí dímheasa níos airde sa chóras tagartha sin ag cineálacha eile sócmhainní, i gcomhréir le hAcht na Danmhairge um Dhímheas Cánach.

⁽¹⁷⁷⁾ Amhail ó 1991 ar a laghad — níl an tréimhse roimhe sin ábhartha don mheasúnú seo.

- (341) Mar a míníodh in aithris (143), san Acht Foirgníochta, socraíodh an ráta dhímheasa le haghaidh A/S Øresund ag 6 % / 2 % de na costais éadála tosaigh, rud a d'fhág gur cuireadh riail ghinearálta aonair maidir le dhímheas i bhfeidhm ar shócmhainní uile A/S Øresund, lena n-áirítear a sciar 50 % ar shócmhainní an Chuibhreannais. De réir na nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, bhí an ráta sin ag freagairt d'fhorálacha inchomparáide ab infheidhme maidir le foirgnimh agus suiteálacha faoi Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, a bhí i bhfeidhm ag an am. Mhínigh an Danmhairg go raibh an riail is infheidhme maidir le A/S Øresund le meas mar riail phraiticiúil, lena gceadaítear córas aonfhoirmeach le haghaidh na sócmhainní uile a bhí díobhálach do A/S Øresund ar dtús, más rud ar bith é, toisc gur cuireadh an ráta dhímheasa is lú fabhar i bhfeidhm ar an tionscadal ar fad (d'fhéadfaí, de ghnáth, ítimí eile, amhail innealra, a dhímheas ag ráta níos airde ná 6 % / 2 %, ach i gcás A/S Øresund, ráta comhréidh a cuireadh i bhfeidhm) (aithris (268)). Mar thoradh ar fhorálacha an Achta Foirgníochta, dá bhrí sin, d'fhéadfadh A/S Øresund riail aonair maidir le dhímheas a chur i bhfeidhm ach d'fhéadfadh sé, i gcás aon cheann de na catagóirí sócmhainní, dhímheas a dhéanamh ar ráta níos tapúla ná eintitis dhlítheanacha eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge.
- (342) Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach maolú é DEP 1991-1998 a d'fhéadfadh buntáiste roghnaitheach a thabhairt do A/S Øresund, nó, dá réir sin, don Chuibhreannais, i gcomparáid leis an gcánachas 'normálta' a leagtar amach sa chóras tagartha. Dá bhrí sin, níorbh ionann DEP 1991-1998 agus Státchabhair do A/S Øresund ná don Chuibhreannais.

DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015

- (343) Tugann an Coimisiún dá aire gur leasaíodh Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach an 26 Meitheamh 1998, sa chaoi gur laghdaigh, ón mbliain chánach 1999, an gnáthráta dhímheasa d'fhoirgnimh agus do shuiteálacha go dtí uasmhéid 5 % (Roinn 17 d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach). An tráth céanna, cuireadh deireadh leis an riail ar dá réir a cuireadh ráta dhímheasa 2 % i bhfeidhm tar éis deich mbliana. An 6 Meitheamh 2007, rinneadh Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach a leasú a thuilleadh, ón mbliain chánach 2008, gur tháinig laghdú ar an ngnáthráta dhímheasa d'fhoirgnimh agus do shuiteálacha go dtí uasmhéid 4 % (aithris (145)). Cinneann an Coimisiún gurb é an córas tagartha do DEP 1999-2007 córas cánach corparáide na Danmhairge, lena n-áirítear, go háirithe, Roinn 1 d'Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, mar aon leis na rialacha is infheidhme go ginearálta d'Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, lena bhforáiltear do na rátaí, na modhanna agus na teorainneacha féideartha le haghaidh dhímheas sócmhainní seasta. Foráladh leis na rialacha sin, chun críoch measúnú a dhéanamh ar mhéid na cánach corparáide is iníoctha ag eintiteas dlítheanach atá faoi réir na cánach sin (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhlítheanas teoranta), go bhféadfaí foirgnimh agus suiteálacha a dhímheas ag ráta 5 % don tréimhse DEP 1999-2007, agus don tréimhse DEP 2008-2015 ag ráta 4 %. Ní mheasann an Coimisiún go raibh tionchar ag leasuithe reachtacha an 26 Meitheamh 1998 agus an 6 Meitheamh 2007 ar chuspóir an chreata sin, i gcomparáid leis an tréimhse DEP 1991-1998.
- (344) Ar an dara dul síos, níor léiríodh na hathruithe sin san Acht Foirgníochta (nó, níos déanaí, san Acht Sund & Bælt), a choinnigh an ráta 6 % / 2 % ar an mbonn sócmhainne iomlán. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar éifeacht an ráta 2 % is infheidhme maidir le A/S Øresund, a luaithe a shroichfidh an dhímheas carntha 60 % agus éifeacht dhímheas neamhdhífreáilte an bhoinn sócmhainne ina iomláine. Ar an gcéad phointe, tugann an Coimisiún dá aire, ar feadh na tréimhse iomláine ó bhunú A/S Øresund agus an Chuibhreannais, go dtí an bhliain chánach 2016, nach raibh aon ábharthacht phraiticiúil ag baint leis an ráta 2 %, ós rud é nár shroich méid foriomlán shócmhainní an Chuibhreannais a d'fhéadfadh A/S Øresund a dhímheas ag 60 % fós (aithris (271)). Ar an dara pointe, tugann an Coimisiún dá aire go raibh an ráta dhímheasa 6 % a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sócmhainní iomlána an Chuibhreannais faoi réir rialacha cánach na Danmhairge (is é sin, an 50 % atá faoi úinéireacht A/S Øresund), gan idirdhealú a dhéanamh idir 'foirgnimh agus suiteálacha' agus sócmhainní eile a d'fhéadfadh córas dhímheasa níos fabhraí a bheith acu in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach. Sa chomhthéacs sin, thagair údarais na Danmhairge, go háirithe, do shuiteálacha iarnróid, amhail rianta, comharthaí agus cáblaí lasnairde (aithris (144) agus fonóta 79), ach thug siad dá n-aire freisin nár scrúdaíodh ná nár measadh go mion riamh an éifeacht a bheadh ag ráta dhímheasa níos tapúla a chur i bhfeidhm ar na sócmhainní sin. Measann an Coimisiún, fiú mura raibh córais dhímheasa níos fabhraí ar shócmhainní áirithe infheidhme maidir le A/S Øresund, agus dá bhrí sin, maidir lena dhímheas ar na sócmhainní sonracha sin, i gcás fhorghóir mór a shócmhainní (an tionscadal arb é atá ann, go bunúsach, droichead agus tollán a thógáil), go raibh cead ag A/S Øresund dhímheas a dhéanamh ar ráta níos airde ná mar a bheadh sé in ann faoi ghnáthrialacha cánachais. D'fhéadfadh dhímheas níos tapúla sócmhainne a bheith mar thoradh ar ráta níos airde dhímheasa, rud a fhágann gur féidir an bonn cánach a laghdú ar bhealach níos déine sna blianta tosaigh shaolré sócmhainne; dá bhrí sin, d'fhéadfadh éifeacht fhioscach an méid sin ar feadh shaolré iomlán na sócmhainne a bheith inchomparáide le hiasacht saor in aisce. Tugann an Coimisiún dá aire, sa chomhthéacs sin, nach bhfuil sé ábhartha ach breithniú a dhéanamh ar an tréimhse go dtí an bhliain chánach 2016, ós rud é, ón mbliain sin, go raibh A/S Øresund faoi réir na ngnáthrialacha. Trí dhiúltú don Acht Foirgníochta, nó don Acht

Sund & Bælt a leasú, chun teorainn den chineál céanna a fhorchur ar an uasráta dímheasa le haghaidh A/S Øresund mar atá faoi na gnáthrialacha, cheadaigh údaráis na Danmhairge dóibh tairbhe a bhaint as seasamh buntáisteach thar eintitis dhlítheanacha eile faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Dá bhrí sin, ní mór an teaghlaim leasuithe ar Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, agus easpa leasuithe comhfhreagracha ar an Acht Foirgníochta nó ar Acht Sund & Bælt, a mheas mar bheart i bhfabhar A/S Øresund. Measann an Coimisiún go raibh maolú ag A/S Øresund ar an gcóras tagartha, toisc, ar na cúiseanna a mhínítear in aithris (327), rinneadh difreáil i DEP 1999-2007 agus i DEP 2008-2015 idir oibreoirí eacnamaíocha atá i staid fhíorasach agus dhlíthiúil inchomparáide i bhfianaise chuspóir an chórais tagartha.

- (345) Mar a tugadh faoi deara in aithris (329), d'áitigh údaráis na Danmhairge, le linn an réamh-imscrúdaithe, gur féidir a mheas go bhfuil údar le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímheas mar gheall ar loighic an chórais tagartha, mar gheall ar chineál urghnách thionscadal an Naisc Sheasmhaigh ó thaobh a mhéide agus a chuspóra de, rud a fhágann nach féidir é a chur i gcomparáid le haon tionscadal eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Mar a tugadh faoi deara in aithris (329), ní mheasann an Coimisiún go dtabharfadh cineál tionscadal an Naisc Sheasmhaigh údar le cóireáil dhifriúil le haghaidh A/S Øresund, i bhfianaise chineál agus scéim ghinearálta an chórais tagartha. Tar éis an Chinnidh Tosaigh, níor chuir údaráis na Danmhairge aon fhianaise bhreise isteach a d'athródh dearcadh an Choimisiúin. Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, nach ionann LCF 2013-2015 agus maolú a bhfuil bonn cirt leis ar chur i bhfeidhm an chórais tagartha, a eascraíonn go díreach as bunphrionsabail nó treoirphrionsabail chóras cánach corparáide na Danmhairge.
- (346) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, go raibh buntáiste roghnaitheach do A/S Øresund mar thoradh ar DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015. Mar a tugadh faoi deara in aithris (319), bheadh an Cuibhreannas ina thairbhí d'aon bhuntáiste roghnaitheach a chruthaítear le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímheas, i bhfianaise gur gnóthas aonair iad A/S Øresund agus an Cuibhreannas chun críche ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh. Dá bhrí sin, baineann an Coimisiún de thátal as go raibh buntáiste roghnaitheach don Chuibhreannas mar thoradh ar DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015.
- (347) Meabhraíonn an Coimisiún gur aisghaireadh rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, agus ina dhiaidh sin bhí A/S Øresund faoi réir ghnáthchóras cánach corparáide na Danmhairge (aithris (134)). Tugann an Coimisiún dá aire, dá bhrí sin, nach bhfuil aon bhuntáiste roghnaitheach eile i bhfabhar A/S Øresund nó an Chuibhreannais, i ndáil leis na rialacha maidir le dímheas, i bhfeidhm ón dáta sin.

6.1.4. *Saobhadh iomaíochta agus éifeacht ar thrádáil idir na Ballstáit*

- (348) Maidir le cabhair arna deonú ag Ballstát lena neartaítear seasamh gnóthais i gcomparáid le gnóthais eile atá in iomaíocht i dtrádáil laistigh den Aontas, ní mór a mheas go ndéanann sí difear do thrádáil idir na Ballstáit⁽¹⁷⁸⁾. Meastar go ndéanann beart arna dheonú ag an Stát saobhadh ar iomaíocht nó gur bagairt é ar iomaíocht a shaobhadh nuair is dóigh staid iomaíochta an fhaighteora a fheabhsú, i gcomparáid lena iomaitheoirí.
- (349) In aithris 97 den Chinneadh Tosaigh, tháinig an Coimisiún ar an réamhchonclúid, gan é a bheith riachtanach a chinneadh cé acu an bhféadfadh na bearta an iomaíocht a shaobhadh agus difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit ar an margadh maidir le droichid (trasteorann) a thógáil agus a oibriú, gur léir go bhféadfadh deonú buntáiste roghnaitheach seasamh an Chuibhreannais ar an margadh do sheirbhísí iompair a neartú chun caolas Øresund a thrasnú, i gcomparáid le gnóthais eile, amhail, go háirithe, oibreoirí farantóireachta.

⁽¹⁷⁸⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 14 Eanáir 2015, *Eventech v The Parking Adjudicator*, C-518/13, AE:C:2015:9, mír 66; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Bealtaine 2013, *Libert agus eile*, Cásanna Uamtha C-197/11 agus C-203/11, EU:C:2013:288, mír 77; an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 4 Aibreán 2001, *Friulia Venezia Giulia*, T-288/97, AE:T:2001:115, mír 41.

- (350) Tá an Cuibhreannas gníomhach ar an margadh chun droichid (trasteorann) a thógáil agus a oibriú ⁽¹⁷⁹⁾ agus ar an margadh le haghaidh seirbhísí iompair chun caolas Øresund a thrasnú. Maidir leis sin, bíonn an Cuibhreannas in iomaíocht sa trádáil idir na Ballstáit le gnóthais a sholáthraíonn seirbhísí iompair malartacha, seirbhísí farantóireachta, go háirithe.
- (351) Is léir ó na nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta gurb é a bheadh sa trácht ar an Nasc Seasmhach, chomh maith le trácht nuaghinte, an trácht atá ann cheana ar na bealaí farantóireachta ó dheas ar Øresund, an t-aistriú tráchta ó bhealaí farantóireachta eile in Øresund, agus ó na bealaí farantóireachta thar Kattegat agus Mhuir Bhailt. Ina theannta sin, údaráíodh Aire Iompair na Danmhairge seirbhís farantóireachta Údarás Iarnróid Stáit na Danmhairge atá ann cheana a dhúnadh ar fud Øresund (cé is moite den tseirbhís idir Helsingør, an Danmhairg agus Helsingborg, an tSualainn), tar éis an Nasc Seasmhach a chur i seirbhís. Tugadh faoi deara i mBille an Rialtais 1990/91:158 gur glacadh leis go bhfanadh seirbhís farantóireachta Helsingør – Helsingborg ag feidhmiú fiú dá n-aistreofaí cuid den trácht chuig an Nasc Seasmhach. Glacadh leis, áfach, go scoirfeadh gach seirbhís farantóireachta eile ar fud Øresund de bheith ag oibriú. I mBille Rialtais 1990/91:158 rinneadh tagairt freisin d'iomaíocht ó sheirbhísí farantóireachta ar bhealaí eile idir an tSualainn, an Ghearmáin agus an Iútlainn, an Danmhairg.
- (352) Thairis sin, soláthraítear i dtuarascálacha bliantúla an Chuibhreannais figiúirí maidir leis an sciar den mhargadh, ar léiríú láidir ar an iomaíocht iad, dá réir sin. I dtuarascáil bhliantúil 2005 cuirtear sonraí ar fáil maidir le héabhlóid an tráchta paisinéirí ar Øresund idir 1999 agus 2005. Léirítear ó na sonraí go raibh seirbhís Dragør-Limhamn ag feidhmiú anuraidh in 1999, agus 1.6 milliún paisinéir ann. Thit líon na bpaisinéirí a raibh 'Hydrofoils Copenhagen — Skåne' ag freastal orthu ó 3.6 milliún paisinéir in 1999 go 150 000 in 2002, agus ina dhiaidh sin d'éirigh sé as a bheith ag oibriú. Thit líon na bpaisinéirí a raibh an Gearánach ag freastal orthu ó 14,3 milliún in 1999 go 13,3 milliún in 2000, agus, thairis sin, go 11,5 milliún in 2001.
- (353) Measann an Coimisiún go bhfuil fianaise sna torthaí mar a thuairiscítear in aithrisí (351) agus (352) ar an iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann idir an Nasc Seasmhach agus oibreoirí farantóireachta, a oibríonn bealaí farantóireachta ar Øresund. Bhí na bearta lena mbronntar buntáiste roghnaitheach don Chuibhreannas faoi dhliteanas staid airgeadais an Chuibhreannais a neartú, agus, mar thoradh air sin, an iomaíocht sin a shaobhadh. Ós rud é go bhfuil an Cuibhreannas agus na hoibreoirí farantóireachta ag feidhmiú ar mhargadh a sholáthraíonn seirbhísí iompair ar Øresund, idir an Danmhairg agus an tSualainn, bíonn tionchar ag an iomaíocht sin ar thrádáil idir na Ballstáit.
- (354) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún go bhféadfar a mheas go ndéanann na bearta lena mbaineann buntáiste roghnaitheach difear do thrádáil laistigh den Aontas agus gur dóigh dóibh iomaíocht a shaobhadh.

6.1.5. *An chonclúid maidir le cabhair a bheith ann*

- (355) Ar bhonn a mheasúnaithe in aithrisí (287) go (354), tagann an Coimisiún ar an gconclúid gurb ionann samhail na ráthaíochta Stáit, ar dá réir a thug na Stáit gealltanais marthanach chun na hionstraimí airgeadais a ráthú chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú, agus a dheonaigh an Danmhairg agus an tSualainn don Chuibhreannas, agus Státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Is é conclúid an Choimisiúin é freisin gurb ionann LCF 1991-2001, LCF 2013-2015, DEP 1999-2007, agus DEP 2008-2015, a dheonaigh an Danmhairg do A/S Øresund, agus a bhfuil buntáiste do A/S Øresund mar thoradh air agus, dá bhrí sin, don Cuibhreannas mar chuid den ghnóthas aonair céanna chun críche ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh (aithris (319)), agus Státchabhair don Chuibhreannas de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE. Rinneadh Státchabhair don Chuibhreannas iad LCF 2002-2012 agus DEP 1991-1998 de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.

6.2. **Aicmiú mar scéim nó mar chabhair aonair**

- (356) Sa Chinneadh Tosaigh, in aithris 108, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras ann i dtaobh ar cheart na ráthaíochtaí Stáit a mheas mar scéim cabhrach, cibé acu ar cheart iad a mheas mar chabhair aonair, ar deonaíodh iad nuair a bunaíodh an Cuibhreannas, nó ar cheart iad a mheas mar chabhair aonair, a dheonaíonn na húdaráis náisiúnta gach uair a fhorhmheasann na húdaráis náisiúnta idirbhearta airgeadais an Chuibhreannais. In aithris 107 den Chinneadh Tosaigh, luaigh an Coimisiún a réamhthuairim nach féidir riar na ráthaíochtaí i ndáil le hidirbhearta airgeadais sonracha a mheas ar

⁽¹⁷⁹⁾ Meabhraíonn an Coimisiún sa chomhthéacs sin gur shuigh sé in aithris (301) nach féidir tógáil an Naisc Sheasmhaigh a dhealú óna oibriú amach anseo.

leithligh ó na ráthaíochtaí Stáit a deonaíodh in 1992, agus, in aithris 109, thug an Coimisiún dá aire gur cheart a réamhcháilíocht maidir leis na ráthaíochtaí mar chabhair aonair a chur i bhfeidhm maidir leis na bearta cánach freisin. Ós rud é nach bhféadfadh an Coimisiún teacht ar chonclúid maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na bearta tacaíochta ina scéim nó ina mbearta cabhrach aonair, ní fhéadfadh sé teacht ar chonclúid maidir leis an dáta a deonaíodh na ráthaíochtaí agus na bearta cánach, ná maidir lena líon.

- (357) Chun a chinneadh cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn na bearta cabhrach mar scéimeanna cabhrach nó mar chabhair aonair, ní mór don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar chineál na mbearta cabhrach, i bhfianaise na sainmhínithe a leagtar amach i Rialachán 2015/1589.
- (358) De réir Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589, 'ciallaíonn 'scéim cabhrach' aon ghníomh ar féidir dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh ar a bhonn, gan bearta cur chun feidhme breise a cheangal, do ghnóthais a shainítear laistigh den acht ar bhealach ginearálta teibí agus aon acht ar féidir cabhair nach bhfuil nasctha le tionscadal sonrach a dheonú ar a bhonn do ghnóthas amháin nó do roinnt gnóthas ar feadh tréimhse éiginnte ama agus/nó le haghaidh méid éiginnte'.
- (359) I gcodarsnacht leis sin, sainmhínítear 'cabhair aonair' in Airteagal 1(e) de Rialachán 2015/1589 mar 'cabhair nach ndéonaítear ar bhonn scéim cabhrach agus dámhachtainí cabhrach infhógartha ar bhonn scéim cabhrach'.

6.2.1. Samhail na ráthaíochta Stáit

6.2.1.1. Scéim nó cabhair aonair

- (360) Mheas an Coimisiún in aithris 103 den Chinneadh Tosaigh nach féidir a mheas go bhfuil an chéad staid a áirítear sa sainmhíniú ar scéim cabhrach infheidhme maidir leis an tsamhail ráthaíochta Stáit toisc nach bhfuil sé dírithe ar 'gnóthais a shainítear laistigh den ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí', ach ar an gCuibhreannas, go sonrach. Níor chuir na Stáit, ná aon pháirtí leasmhar, a mhalairt d'argóintí faoina mbráid. Mar a tugadh faoi deara in aithris (169), thagair an Gearánach agus Scandlines et al. do bhreithiúnas *Øresund* chun tacú lena dtuairim nach féidir le samhail na ráthaíochta Stáit a bheith ina scéim. De réir an Ghearánaigh, níor cheart don Choimisiún a mheas fiú cé acu an bhféadfadh samhail na ráthaíochta Stáit a bheith ina scéim (aithris (169)). Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go bhfuil gá le hanailís den sórt sin ós rud é gur neamhnigh an Chúirt Ghinearálta cinneadh 2014 maidir le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas, agus maidir leis na ráthaíochtaí Stáit a deonaíodh don Chuibhreannas (aithris (12)). Thug an Coimisiún éifeacht do bhreithiúnas *Øresund* tríd an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh ina raibh cineál na mbearta mar chabhair aonair nó mar scéim ina fhoras sainráite chun an nós imeachta sin a oscailt (aithris (155)).
- (361) Tar éis a imscrúdaithe fhoirmiúil, baineann an Coimisiún de thátal as nach féidir an Státchabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit a mheas mar scéim, mar a mhínítear a thuilleadh in aithrisí (362) agus (363).
- (362) Ar an gcéad dul síos, ní dheonaítear an chabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit ar bhonn gnímh lena ndéantar foráil maidir le dámhachtainí cabhrach aonair a dhéanamh do ghnóthais a shainítear laistigh den ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí. Foráiltear leis an Acht Foirgníochta do rial speisialta is infheidhme go sonrach maidir leis an gCuibhreannas. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann samhail na ráthaíochta Stáit an chéad choinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (363) Ar an dara dul síos, sonraítear go sainráite san Acht Foirgníochta an tionscadal lena mbaineann mar mhaoiniú an Naisc Sheasmhaigh. Measann na Stáit agus na páirtithe leasmhara araon go bhfuil an chabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit nasctha leis an tionscadal sonrach sin. Tugann an Coimisiún dá aire go sonraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú Idir-Rialtasach go dtógfar an Nasc Seasmhach mar nasc comhcheangailte bóthair agus iarnróid, ina mbeidh iarnród dériain agus mótarbhealach ceithre lána, agus go sínfidh sé ó leithinis shaorga ag Aerfort Kastup agus go dtrasnóidh sé caolas *Øresund* trí thollán tumtha chuig oileán saorga agus uaidh sin amach mar dhroichead comhcheangailte ard agus íseal chun dul isteach sa tSualainn ó dheas de Linhamn. Ina theannta sin, tugtar tuairisc mhionsonraithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú Idir-Rialtasach ar dhearadh teicniúil an Naisc Sheasmhaigh. Dá bhrí sin, tráth a cuireadh samhail na ráthaíochta Stáit ar bun agus nuair a comhtháthaíodh é sa Chomhaontú Cuibhreannais, sainmhíníodh an tionscadal go sonrach agus go soiléir, i dtaca le suíomh geografach agus dearadh teicniúil araon. Thairis sin, i mbreithiúnas *Øresund*, mheas an Chúirt Ghinearálta go sainráite nach mór a mheas

go bhfuil an chabhair a bhaineann leis na ráthaíochtaí Stáit nasctha le tionscadal sonracha ⁽¹⁸⁰⁾. Dá bhrí sin, baineann an Coimisiún de tháthas as go bhfuil samhail na ráthaíochta Stáit nasctha le tionscadal sonracha agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann samhail na ráthaíochta Stáit an dara coinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.

- (364) I bhfianaise an mhéid thuas, baineann an Coimisiún de tháthas as nach gcomhlíonann cabhair a thagann ón shamhail na ráthaíochta Stáit an sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (365) Ba cheart, dá bhrí sin, an chabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit a cháiliú mar bheart cabhrach aonair amháin nó níos mó, de réir bhrí Airteagal 1(e) de Rialachán 2015/1589.

6.2.1.2. Dáta deonaithe

- (366) Ní mór a chinneadh fós cé acu an bhfuil samhail na ráthaíochta Stáit comhdhéanta de chabhair aonair a dheonaítear nuair a bunaíodh an Cuibhreannas, nó an bhfuil sé comhdhéanta de shraith beart cabhrach aonair, a dheonaítear gach uair a ráthaíonn na Stáit idirbheart airgeadais an Chuibhreannais.
- (367) Bunaithe ar chásdlí chúirteanna an Aontais ⁽¹⁸¹⁾, tá sé seanbhunaithe go dtagraíonn an dáta deonaithe cabhrach don dáta a thugtar an ceart dlíthiúil don tairbhí an chabhair a fháil faoin gcóras náisiúnta is infheidhme.
- (368) Mar a luaitear in aithris (85), bunaíodh ráthaíocht chomhpháirteach agus leithleach na n-iasachtaí agus na n-ionstraimí airgeadais eile go léir a bhain an Cuibhreannas amach i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh, in 1991, le hAirteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach, a dhaingnigh an tSualainn an 8 Lúnasa 1991 agus a dhaingnigh an Danmhairg an 24 Lúnasa 1991 (aithris (61)). Rinneadh an oibleagáid ráthaíochta a eascraíonn as an gComhaontú Idir-Rialtasach a chur chun feidhme i reachtaíocht náisiúnta na Sualainne agus na Danmhairge in 1991, leis an Acht Foirgníochta agus leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne (aithris (63)). Leis an gComhaontú Cuibhreannais, meabhraítear oibleagáid ráthaíochta na Stáit i leith an Chuibhreannais. Foráiltear le Roinn 4(3) den Chomhaontú Cuibhreannais an bunús dlí chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú: 'Ceanglais chaipitil an Chuibhreannais maidir le planáil, dearadh tionscadail agus tógáil an [Naisc Sheasmhaigh], lena n-áirítear costais seirbhísithe iasachta, agus maidir leis na ceanglais chaipitil a chumhdach a eascraíonn as cailleanais leabhair trádála a mheastar a tharlóidh ar feadh roinnt blianta tar éis an [Nasc Seasmhach] a oscailt don trácht, déanfar iad a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an méid a comhaontaíodh sa [Chomhaontú Idir-Rialtasach], trí iasachtaí a fháil nó trí ionstraimí airgeadais a eisiúint sa mhargadh oscailte le hurrús i bhfoirm ráthaíochtaí rialtais na Sualainne agus na Danmhairge' (aithris (90)).
- (369) Ar bhonn fhorálacha an Chomhaontaithe Chuibhreannais, d'fhéadfadh an Cuibhreannas iasachtaí arna ráthú ag an Stát a thógáil amach chun céimeanna planála agus tógála an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. D'fhéadfadh an Cuibhreannas a fhíochas a mhéadú tuilleadh trí iasachtaí ráthaithe sna chéad bhlianta tar éis an Nasc Seasmhach a chur i seirbhís. Bhí gá leis an bhforáil sin ós rud é go rabhthas ag súil go gcaillfí an Nasc Seasmhach don chéad líon blianta. Ciallaíonn sé sin nár leor an brabús oibriúcháin, sna chéad bhlianta, chun go gcumhdódh an Cuibhreannas na costais mhaoinithe ar an bhfíochas a bheadh carntha aige le linn na gcéimeanna planála agus tógála. Dá bhrí sin, le linn an chéad líon blianta, bheadh ar an gCuibhreannas tuilleadh fiachais a thabht. Ní dhearnadh foráil sa Chomhaontú Cuibhreannais, áfach, maidir le ceart ar aon ráthaíochtaí breise chun oibríochtaí an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. Sa chomhlíonadh sin, dheimhíodh na Stáit nár soláthraíodh aon ráthaíocht Stáit chun oibríochtaí an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. Is léir ó thuairascálacha bliantúla an Chuibhreannais gur mhó an t-ioncam, ón gcéad bhliain oibríochta, ná na costais oibriúcháin agus go raibh an brabús oibriúcháin dearfach. Suas go dtí 2003 agus an bhliain sin san áireamh, bhí an brabús oibriúcháin sin, cé go raibh sé dearfach, níos lú ná an costas maoinithe agus dá bhrí sin, tháinig méadú ar an bhfíochas. Ó 2004 ar aghaidh, ba leor an brabús oibriúcháin chun rannchuidiú le laghdú fiachais, agus, dá bhrí sin, laghdaíodh an fiachas foriomlán bliain i ndiaidh bliana.

⁽¹⁸⁰⁾ Breithiúnas Øresund, mír 80.

⁽¹⁸¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 25 Eanáir 2018, *BSCA v an Coimisiún*, T-818/14, AE:T:2018:33, mír 72 agus an cásdlí a luaitear ann.

- (370) Mar sin féin, d'ainneoin na hanailíse in aithris (369), d'fhéadfadh an Cuibhreannas, bunaithe ar fhorálacha an Chomhaontaithe Chuibhreannais, ráthaíochtaí an Stáit a úsáid chun a fhiachas a athmhaoiniú (a bhaineann leis na céimeanna pleanála agus tógála), le linn na céime oibríochtúla. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, go ndearnadh foráil sa Chomhaontú Chuibhreannais go bhféadfadh na Stáit oibríochtaí an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. Tá sé sin soiléir freisin ó Roinn 6 den Chomhaontú Chuibhreannais, ar dá réir a bhí an costas iomlán a bhain le pleanáil, dearadh tionscadail, maoiniú, tógáil, oibriú agus cothabháil an Naisc Sheasmhaigh le cumhdach leis na hioncaim oibriúcháin. Is é sin le rá, ní hamháin gur leor an t-ioncam oibriúcháin chun na costais oibriúcháin a chumhdach, ach ba cheart gur leor iad chun costas iomlán an Naisc Sheasmhaigh a chumhdach, lena n-áirítear costais tógála agus costais mhaoinithe ghaolmhara an Naisc Sheasmhaigh (agus na naisc chúlchríche). Tugann an Coimisiún dá aire nach raibh an pointe sin soiléir i gcinneadh 2014. Thagair aithris 50 de chinneadh 2014 do dhá ráthaíocht Stáit 'le haghaidh iasachtaí a ghlac an Cuibhreannas amach chun tógáil agus oibriú an tionscadail bhonneagair [an Nasc Seasmhach] a mhaoiniú'. Ba ar an mbonn sin a mheas an Chúirt Ghinearálta, i *mbreithiúnas Øresund* ⁽¹⁸²⁾, go bhféadfaí costais oibriúcháin arna dtabhú le linn na céime oibríochta a chumhdach leis na ráthaíochtaí Stáit. Rinneadh an pointe sin a shoiléiriú tuilleadh le linn an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil.
- (371) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún nach gcumhdaítear le samhail na ráthaíochta Stáit, lena n-áirítear na comhaontuithe ráthaíochta foluiteacha, oibríochtaí an Naisc Sheasmhaigh. Ina ionad sin, ráthaítear leis an maoiniú le haghaidh infheistíochta i bpleanáil agus i dtógáil an Naisc Sheasmhaigh.
- (372) Thug na Stáit tuilleadh soiléirithe maidir le riar oibleagáid na ráthaíochta Stáit. Sa tSualainn, rinneadh an inniúlacht agus an oibleagáid chun ráthaíochtaí a shannadh go comhpháirteach do gach maoiniú a theastaíonn ón gCuibhreannas i ndáil le pleanáil agus tógáil an Naisc Sheasmhaigh a tharmligeann chuig Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne (aithris (91)). Sa Danmhairg, rinneadh an inniúlacht agus an oibleagáid sin a tharmligeann chuig Banc Náisiúnta na Danmhairge (aithris (95)). Sainíonn Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus Banc Náisiúnta na Danmhairge an creat ginearálta le haghaidh bheartas maoinithe an Chuibhreannais agus déanann siad maoirseacht ar chur chun feidhme oibleagáid na ráthaíochta Stáit nuair a shíníonn an Cuibhreannas comhaontuithe iasachta nua nó nuair a úsáideann sé ionstraimí airgeadais eile i ndáil le maoiniú an Naisc Sheasmhaigh. Tá roinnt téarmaí, cearta agus oibleagáidí foirmiúla de chuid na bpáirtithe i gComhaontú Comhair 1997 agus i gComhaontú Comhair 2004 (aithrisí (97) go (102)). Leis na Comhaontuithe Comhair, tugtar deis do na Stáit faireachán a dhéanamh ar bheartas maoinithe an Chuibhreannais agus tionchar a imirt air, chun a áirithiú nach sáróidh an Cuibhreannas a shainordú, agus chun a áirithiú go leanfar beartas maoinithe lena n-íoslaghdaítear riosca fadtéarmach na Stát. De réir na Stát, cheadaigh an sásra sin do na Stáit a áirithiú freisin nach dtéann an chabhair a dheonaítear don Chuibhreannas thar a bhfuil riachtanach.
- (373) Mar a leagtar amach in aithris (74), sa chleachtas, glacann an Cuibhreannas iasachtaí nua amach go rialta chun a chostais phleanála agus tógála a athmhaoiniú, go minic trí bhannaí a eisiúint faoi chlár a bunaíodh roimhe seo amhail clár EMTN. Tá ráthaíochtaí ann ar leibhéil éagsúla. Tá gníomhas ráthaíochta san áireamh i gclár EMTN agus i gclár MTN na Sualainne. Mar a thuairiscítear in aithrisí (103) go (108), is gníomhas é seo i bhfabhar na sealbhóirí (i.e. na hinfheisteoirí sa bhanna) faoinar chomhaontaigh Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne i gcomhpháirt agus go leithleach gach suim a bhfuil an Cuibhreannas faoi dhliteanas dlíthiúil a íoc a ráthú. Soiléirítear le haithrisí (107) agus (108), nuair a eisiúnn an Cuibhreannas bannaí faoi chlár EMTN, go ndeimhníonn Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne go bhfuil an banna sonrach faoi réir an ghníomhais ráthaíochta faoi seach. Faoi chlár MTN na Sualainne, déanann Banc Náisiúnta na Danmhairge agus Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne na bannaí a fhormheas, gan dearbhú ar an ngníomhas ráthaíochta faoi seach (aithris (108)). Maidir leis na comhaontuithe iasachta neamhspleácha, mar a thuairiscítear in aithrisí (109) agus (110) síníonn an Cuibhreannas conarthaí airgeadais le hinstiitúidí airgeadais. Is doiciméad comhaontaithe ráthaíochta é a ghabhann le gach conradh airgeadais. Thairis sin, eisiítear comhaontuithe ráthaíochta freisin le haghaidh saoráidí creidmheasa (aithris (111)) agus le haghaidh Máistir-Chomhaontuithe ISDA (aithris (112)). De réir na bpáirtithe leasmhara, ba cheart gach gníomhas ráthaíochta, dearbhú, formheas bannaí, nó comhaontú ráthaíochta den sórt sin a mheas mar chabhair aonair, arna dheonú tráth a shínítear an comhaontú ráthaíochta sin, toisc go gceanglaítear ar an gCuibhreannas formheas aonair a fháil ó na ráthóirí le haghaidh idirbheart fiachais ar leith. Ina theannta sin, tá forálacha sna gníomhais ráthaíochta lena sonraítear gur féidir leis na Stáit an ráthaíocht a tharraingt siar.

⁽¹⁸²⁾ Breithiúnas *Øresund*, míreanna 107 agus 108.

- (374) Shoiléirigh na Stáit nach gciallaíonn an fíoras gá idirbhearta airgeadais aonair a bheith á riar ina dhiaidh sin ag Oifig Náisiúnta Fiachais na Sualainne nó ag Banc Náisiúnta na Danmhairge, áfach, go bhfuil aon rogha acu ná ag na Stáit diúltú idirbhearta den sórt sin a ráthú (féach aithris (245)). Cé go bhféadfaí ráthaíocht le haghaidh iasacht nó banna sonrach amháin a dhiúltú (mar shampla mar gheall ar rioscaí a bhaineann leis an iasacht nó leis an mbanna sin), bheadh oibleagáid fós ar Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus ar Bhanc Náisiúnta na Danmhairge na ráthaíochtaí uile is gá a sholáthar chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú. Sa chás sin, bheadh orthu idirbheart eile a ráthú ionas go bhféadfadh an Cuibhreannas an maoiniú ráthaithe is gá a fháil.
- (375) Tá an Coimisiún den tuairim gurb ann don bhuntáiste don Chuibhreannas a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit, go bunúsach, ós rud é gurb é an Cuibhreannas tairbhí oibleagáid chomhpháirteach agus leithleach an Stáit chun a iasachtaíocht a ráthú i leith thionscadal an Naisc Sheasmhaigh. Bunaithe ar fhoclaíocht Roinn 4(3) den Chomhaontú Cuibhreannais, thug an Comhaontú Cuibhreannais an ceart dlíthiúil don Chuibhreannas pleanáil agus tógáil an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú trí bhíthin ionstraimí fiachais a thairbhíonn de ráthaíochtaí Stáit, nuair a bunaíodh an Cuibhreannas an 13 Feabhra 1992. Is iad A/S Øresund agus SVEDAB, atá faoi úinéireacht 100 % ag na Stáit faoi seach, a bhunaigh an Cuibhreannas, ar fhormheas Rialtais na Danmhairge agus na Sualainne an Comhaontú Cuibhreannais an 13 Feabhra 1992 (aithris (66)). Níl sé beartaithe leis an socrú eagraíochtúil a roghnaítear chun na ráthaíochtaí a chur chun feidhme, lena gceanglaítear formheas ex ante ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne agus ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge, le haghaidh idirbhearta aonair, freagracht na Stát as na costais mhaoinithe i dtrácht a ráthú a theorannú ná a athrú go hábhartha, mar a mhínítear tuilleadh sna haithrisí seo a leanas.
- (376) Dá réir sin, measann an Coimisiún gurb é an Comhaontú Cuibhreannais an gníomh dlíthiúil lenar deonaíodh an chabhair i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit go cinntitheach don Chuibhreannas. Gheall an Danmhairg agus an tSualainn, bunaithe ar an gComhaontú Idir-Rialtasach, leis an gComhaontú Cuibhreannais, oibleagáid dhlíthiúil iasachtaí agus ionstraimí airgeadais arna dtógáil amach ag an gCuibhreannas a ráthú chun pleanáil agus tógáil an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú. Bunaíodh an Cuibhreannas go foirmiúil tríd an gComhaontú Cuibhreannais, inar meabhraíodh go raibh an ceart ag an gCuibhreannas chun ráthaíochtaí an Stáit. Sna himthosca sin, is féidir a mheas go raibh an ceart dlíthiúil ag an gCuibhreannas tairbhe a bhaint as ráthaíochtaí an Stáit óna bhunú, rud a shoiléirigh oibleagáid ráthaíochta na Stát a leagadh amach sa Chomhaontú Idir-Rialtasach. Ós rud é go bhfuil an ceart dlíthiúil sin fós i bhfeidhm go comhsheasmhach ón tráth sin i leith, agus nár athraigh a raon feidhme (féach freisin aithris (387), ina leith sin), measann an Coimisiún gur deonaíodh na ráthaíochtaí Stáit go cinntitheach an 13 Feabhra 1992 ⁽¹⁸³⁾. Measann an Coimisiún, ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, nach n-athraíonn na socrúithe chun na ráthaíochtaí Stáit a chur chun feidhme an fíoras sin.
- (377) Cé go bhféadfadh sé go mbeadh na Stáit, trí Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne nó trí Bhanc Náisiúnta na Danmhairge, in ann diúltú conradh fiachais sonrach nua a ráthú ar mhaith leis an gCuibhreannas a thabhairt i gcrích, coinníonn siad an oibleagáid an maoiniú uile is gá a ráthú don Nasc Seasmhach (aithris (374)). Tá feidhm aige sin freisin maidir le hargóint an Ghearánaigh go raibh forálacha sna gníomhais ráthaíochta go bhféadfaí na gníomhais a tharraingt siar (aithris (174)). Cinneann an Coimisiún, fiú más féidir gníomhais ráthaíochta aonair a tharraingt siar, nach gciallaíonn sé sin go gcuirfí deireadh le hoibleagáid na Stát an maoiniú is gá don Nasc Seasmhach a ráthú. D'fhéadfaí gníomhas ráthaíochta eile a bhunú ina leith sin, mar shampla, nó d'fhéadfaí an maoiniú a ráthú trí bhíthin iasachtaí ráthaithe aonair neamhspleácha.
- (378) Measann an Coimisiún nach féidir formheasanna nó dearbhuithe ó Bhanc Náisiúnta na Danmhairge nó ó Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne (aithris (373)) a mheas mar dheontais nua cabhrach, ós rud é nach bhfuil sna hidirbhearta sin ach cur chun feidhme na hoibleagáide ráthaíochta a ghabh na Stáit orthu féin faoin gComhaontú Cuibhreannais.

⁽¹⁸³⁾ Tugann an Coimisiún dá aire nach n-athraítear an toradh sin mar gheall ar ghealltanais na Stát a áirithiú go maoiníodh an Cuibhreannas fiachas nua agus go ndéanfaidh sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh (aithris (265)).

- (379) Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire, agus infheistíochtaí móra á ndéanamh aige, gur gnách d'infheisteoir méid áirithe cobhsaíochta a éileamh sa phleanáil airgeadais le haghaidh na hinfheistíochta. Gan a bheith in ann meastacháin réasúnacha a dhéanamh maidir leis na coinníollacha airgeadais a bheidh infheidhme maidir le hinfheistíocht, ní dócha go gcuirfidh infheisteoirí an t-am agus na hacmhainní is gá chun an tionscadal a bhaint amach i mbaol. Tugann an Coimisiún dá aire, ina leith sin, gurb é réasúnaíocht eacnamaíoch shamhail na ráthaíochta Stáit costais mhaoinithe iomlána an tionscadail a íoslaghdú (aithris (255)). Tugadh tuairisc cheana féin ar shamhail na ráthaíochta Stáit sa Chomhaontú Idir-Rialtasach, agus, mar sin, sainmhíníodh í sular cuireadh tús leis an infheistíocht. Dá réir sin, ba cheart é a mheas mar cheann de na coinníollacha bunúsacha is infheidhme maidir leis an infheistíocht, ar ar ullmhaíodh planáil airgeadais na hinfheistíochta ina leith. Dá bhrí sin, bhí cur i bhfeidhm shamhail na ráthaíochta Stáit soiléir ón tús, agus ba dhlúthchuid den tsamhail airgeadais é, ar ar a bhonn a rinne an Cuibhreannas infheistíocht shuntasach.
- (380) Tugann an Coimisiún dá aire dearbhú an Ghearánaigh in aithris (170), de réir Roinn 2.1 d'Fhógra Ráthaíochta 2008, nach mór méid na Státchabhrach i ráthaíocht a mheasúnú tráth a eisítear é. Áitíonn an Gearánach go gciallaíonn sé sin nach mór an ráthaíocht a mheas mar ráthaíocht a deonaíodh nuair a ghlacann an Stát leis an mbaol a bhaineann léi. Áitíonn sé nach bhfuil aon riosca bainteach le samhail na ráthaíochta Stáit trí na Comhaontuithe Idir-Rialtasacha agus Cuibhreannais, agus nach ceart infheidhmithe le dlí é Airteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach. Ina theannta sin, measann sé, chun go measfar ráthaíocht a bheith deonaithe, nach mór a bheith in ann a mhéid a thomhas, rud nach féidir a thomhas ar bhonn na gComhaontuithe Idir-Rialtasacha nó Cuibhreannais, ós rud é nach bhfuil aon teorainn ama ná méid ann. Tagraíonn an Gearánach freisin do Roinn 3.2 d'Fhógra Ráthaíochta 2008, mar thaca leis an éileamh sin. Ina theannta sin, measann an Gearánach, fiú dá bhféadfaí a mheas go dtugtar ceart dlíthiúil chun cabhrach i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit leis an gComhaontú Idir-Rialtasach, go ndearnadh athrú ó bhonn ar choinníollacha na ráthaíochtaí ó shin, mar shampla, trí chlár MTN lena n-athraítear gnóthais na Stát ó ráthaíochtaí tánaisteacha go ráthaíochtaí pearsanta (aithris (175)).
- (381) Ní aontaíonn an Coimisiún le dearbhuithe an Ghearánaigh.
- (382) Ar an gcéad dul síos, mar a shonraítear in aithris (367), meastar Státchabhair a bheith deonaithe ar an dáta a tugadh an ceart dlíthiúil neamhchoinníollach don tairbhí í a fháil faoin gcóras náisiúnta is infheidhme. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris (376), gur tugadh an ceart sin don Chuibhreannas ar dháta a bhunaithe.
- (383) Ar an dara dul síos, luaitear i Roinn 2.1 d'Fhógra Ráthaíochta 2008 go ndeonaítear Státchabhair a bhaineann le ráthaíocht 'tráth a thugtar an ráthaíocht, ní nuair a dhéantar í a agairt ná nuair a dhéantar íocaíochtaí faoi théarmaí na ráthaíochta.' Mar a mhínigh na Stáit (aithris (227)), ón dáta a bunaíodh an Cuibhreannas, tá sé d'obleagáid ar na Stáit na hiasachtaí agus na hionstraimí airgeadais eile a thógann an Cuibhreannas amach chun an Nasc Seasmhach a mhaoiniú a ráthú; níl sé d'inniúlacht ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne ná ag Banc Náisiúnta na Danmhairge diúltú na ráthaíochtaí is gá chun an tionscadal a mhaoiniú a dheonú don Chuibhreannas. Ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur tugadh an ráthaíocht ar an dáta ar ar bunaíodh an Cuibhreannas.
- (384) Ar an tríú dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go dtugann an Gearánach le fios nach mór a mheas gur deonaíodh an ráthaíocht nuair a ghlacann an Stát leis an riosca a bhaineann léi, agus nach bhfuil aon riosca ag baint le samhail na ráthaíochta Stáit trí na Comhaontuithe Idir-Rialtasacha agus Cuibhreannais. I ndáil leis sin, luaitear i Roinn 2.1 d'Fhógra Ráthaíochta 2008 gurb é an tairbhe a bhaineann le ráthaíocht Stáit 'gurb é an Stát a iompraíonn an riosca a bhaineann leis an ráthaíocht'. Ós rud é go bhfuil sé d'obleagáid ar na Stáit maoiniú fiachais an Chuibhreannais a ráthú i ndáil leis an Nasc Seasmhach ó bunaíodh é, na rioscaí a bhaineann leis an oibleagáid ráthaíochta sin agus lena cur chun feidhme ina dhiaidh sin, measann an Coimisiún gur bhain an Cuibhreannas tairbhe as na Stáit a bheith ag iompar na rioscaí sin ón dáta sin.

- (385) Ar an gceathrú dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach ionann Airteagal 12 den Chomhaontú Idir-Rialtasach agus ceart infheidhmithe le dlí, go háirithe, mar gheall ar chórais dlí dhéacha na Stát (aithris (176)). I gcóras dlí déach, ní bhíonn an dlí idirnáisiúnta bailí ar an leibhéal náisiúnta go dtí go mbeidh sé ionchorpraithe sa dlí náisiúnta. Tugann an Coimisiún dá aire nach measann sé gur cruthaíodh leis an gComhaontú Idir-Rialtasach, ar bhonn neamhspleách, ceart infheidhmithe le dlí ach, ina ionad sin, go bhfuair an Cuibhreannas an ceart chun ráthaíochtaí Stáit ó dháta an Chomhaontaithe Chuibhreannais (aithris (376)). Thairis sin, dhaingnigh an tSualainn an Comhaontú Idir-Rialtasach an 8 Lúnasa 1991 agus an Danmhairg an 24 Lúnasa 1991 (aithris (61)). Chuir na Stáit é chun feidhme ina ndlíchórais náisiúnta, tríd an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne agus tríd an Acht Foirgníochta. Leis na dlíthe náisiúnta sin, cruthaíodh cearta infheidhmithe le dlí sna Stáit, as ar eascair, in éineacht leis an gComhaontú Chuibhreannais, oibleagáid ráthaíochta infheidhmithe i bhfabhar an Chuibhreannais.
- (386) Ar an gcúigiú dul síos, ní aontaíonn an Coimisiún le maíomh an Ghearánaigh nach féidir ráthaíocht a mheas mar ráthaíocht mura féidir a méid a thomhas. Luaitear i Roinn 2.1 d'Fhógra Ráthaíochta 2008 'cé acu is Státchabhair í ráthaíocht nó nach ea, agus, más amhlaidh atá, ní mór méid na Státchabhrach sin a mheasúnú tráth a thugtar an ráthaíocht.' Tugann an Coimisiún dá aire go léirítear le struchtúr na habairte seo (i) gur féidir a chinneadh i dtaobh cé acu an ionann ráthaíocht agus Státchabhair, agus (ii) más ea, méid na cabhrach sin, ina dhá chéim chomhleanúnacha ar leithligh. Foráiltear leis an bhforáil sin d'Fhógra Ráthaíochta 2008, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún a shuíomh, ar an gcéad dul síos, cé acu an Státchabhair atá i ráthaíocht, agus, sa chás amháin go ndeimhníonn sé gurab amhlaidh an cás, gur cheart dó, ar an dara dul síos, méid na cabhrach sin a chinneadh. Sna himthosca sin, tá sé mícheart a rá nach féidir a mheas gur deonaíodh cabhair mura féidir a méid a thomhas, ós rud é nár cheart an measúnú ar mhéid na cabhrach a dhéanamh go dtí go mbeidh sé déanta a shuíomh cheana gur deonaíodh an chabhair. Ní athraítear an chonclúid sin le Roinn 3.2 den Fhógra Ráthaíochta 2008. Leagtar amach san alt sin liosta de choinníollacha carnacha, lena gceadaítear, má chomhlíontar iad, láithreach Státchabhrach a chur as an áireamh maidir le ráthaíocht Stáit aonair. Tugtar ar aird i bpointe (b) den roinn sin gurb é ceann de na coinníollacha sin 'gur féidir méid na ráthaíochta a thomhas i gceart nuair a dheonaítear í'. Ní cheanglaítear leis sin, áfach, go bhféadfaí tomhas den sórt sin a dhéanamh chun go mbeidh cabhair ann; ina ionad sin, d'fhéadfadh sé go bhféadfaí easpa cabhrach a shuíomh.
- (387) Ar deireadh, maidir le maíomh an Ghearánaigh gur athraíodh cineál na ráthaíochtaí ó bhonn, tugann an Coimisiún dá aire, chun críoch an dáta a chinneadh ar ar deonaíodh an Státchabhair a eascraítear as samhail na ráthaíochta Stáit don Chuibhreannas, gurb í an phríomh-shaincheist an dáta a fuair an Cuibhreannas ceart infheidhmithe le dlí chun an chabhair sin a shainaithint. Mar a cinneadh in aithris (375), bhí an ceart sin ag an gCuibhreannas amhail óna bhunú. Amhail ón dáta sin, bhí sé d'oibleagáid ar na Stáit, i leith an Chuibhreannais, costas maoinithe iomlán an Naisc Sheasmhaigh a ráthú. Mar a tugadh faoi deara in aithris (384), is é an buntáiste don Chuibhreannas a bhaineann le hoibleagáid na ráthaíochta go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Stáit tabhairt faoi na rioscaí a bhaineann le maoiniú pleanáil agus tógáil an Naisc Sheasmhaigh. Níor athraíodh an buntáiste sin, ná an ceart chuige, ó bunaíodh é. Mar a mhínigh na Stáit (aithris (249)), sa socrú dlíthiúil a bunaíodh tríd an gComhaontú Idir-Rialtasach, sa chinneadh ó Pharlaimint na Sualainne, sa chinneadh ó Rialtas na Sualainne an 1 Aibreán 1993 (K91/1443/3, K93/202/3) agus sa chinneadh ó Rialtas na Sualainne an 23 Meitheamh 1994 (K91/1443/3, K94/1680/3), níl aon mhionsonraí ann maidir leis an gcaoi a raibh téarmaí na gcomhaontuithe ráthaíochta aonair le cinneadh. Ina ionad sin, bhí sé sin le cinneadh agus le cur chun feidhme ag Oifig Fiachais Náisiúnta na Sualainne. Níl aon chinneadh ann ina dhiaidh sin ó Pharlaimint na Sualainne sa chomhthéacs sin, ná aon chinneadh ó Rialtas na Sualainne, lena leasófaí oibleagáid na ráthaíochta Stáit arna bunú leis an gcinneadh ó Pharlaimint na Sualainne. Fónann na gníomhais aonair ráthaíochta agus comhaontuithe ráthaíochta chun an ceart a tugadh cheana don Chuibhreannas a chomhlíonadh. Ar thaobh na Danmhairge, mar a leagtar amach in aithris (250), níl aon mhionsonraí ann maidir le coinníollacha slógaidh san Acht Foirgníochta, lena gcuirtear an Comhaontú Idir-Rialtasach chun feidhme. Ní shonraítear na coinníollacha slógaidh sin ach amháin sna comhaontuithe ráthaíochta faoi na hidirbhearta airgeadais éagsúla. Mar a aithníonn na Stáit, tá na gníomhais ráthaíochta agus na comhaontuithe ráthaíochta aonair le léirmhíniú mar ráthaíochtaí pearsanta ('selvskyldnerkaution' i ndlí na Danmhairge). Ní hionann sin, áfach, agus athrú ar an oibleagáid ráthaíochta comhpháirtí agus leithlí agus ní théann sé thar na cearta a thugtar don Chuibhreannas sa Chomhaontú Chuibhreannais, lena gcuirtear an Comhaontú Idir-Rialtasach chun feidhme. Ar chaoi ar bith, tugann an Coimisiún dá aire, cé go bhféadfadh an cheist maidir le cé acu an bhfuil ráthaíocht pearsanta nó tánaisteach (nó 'simpelkaution' nó 'selvskyldnerkaution') difear a dhéanamh don chaidreamh dlíthiúil idir an Cuibhreannas agus a chreidiúnaithe, nó idir na creidiúnaithe sin agus na Stáit, nach n-athraíonn sé an oibleagáid bhunúsach dhlíthiúil atá ar na Stáit ráthaíochtaí a sholáthar do ghníomhaíochtaí an Chuibhreannais i ndáil leis an Nasc Seamhach. Mar a tugadh faoi deara in aithris (311) agus (375), is gné dhílis den oibleagáid dhlíthiúil sin an buntáiste don Chuibhreannas atá i samhail na ráthaíochta Stáit, agus dá bhrí sin, an chabhair a eascraíonn aisti, agus nár athraíodh é ó bunaíodh an Cuibhreannas an 13 Feabhra 1992.

- (388) Is é conclúid an Choimisiúin nach mór an státchabhair a dhíorthaítear ó shamhail na ráthaíochta Stáit a mheas mar chabhair aonair amháin, arna deonú ag an dá Stát don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992.

6.2.2. *Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas*

- (389) Sa Chinneadh Tosaigh, mheas an Coimisiún, in aithris 109, gur chosúil go raibh an sainmhíniú sna hachtanna dlí ábhartha ar bhearta cánach na Danmhairge atá á measúnú, neamhiata ó thaobh méid agus faid de, ach go raibh baint shonrach aige le gníomhaíocht an Chuibhreannais i ndáil leis an tionscadal. Ós rud é gur chosúil gur deonaíodh na bearta sin leis an gcuspóir agus an raon feidhme céanna leis na ráthaíochtaí Stáit, bhí breithnithe an Choimisiúin a luaitear sa Chinneadh Tosaigh maidir le cáiliú na ráthaíochtaí sin le cur i bhfeidhm freisin maidir leis na bearta cánach.

6.2.2.1. *Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas*

6.2.2.1.1. *LCF 1991-2001*

- (390) Bunaíodh leis an Acht Foirgníochta, ón tús, go mbeadh A/S Øresund faoi réir rialacha níos fabhraí maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas ná mar a bheadh faoi Acht ginearálta na Danmhairge um Measúnú Cánach. An tréimhse ghinearálta cúig bliana le haghaidh tabhairt ar aghaidh caillteanas, ba léir cheana in 1991 nár leor í chun na caillteanais a tabhaíodh don tionscadal a úsáid chun brabúis a fhritháireamh. Sna nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, luaigh an reachtóir go sainráite gurb é an chúis a bhí leis an tréimhse teorann shínte a dheonú le haghaidh tabhairt ar aghaidh caillteanas in 1991 nach mbeadh A/S Øresund in ann tairbhe a bhaint as na rialacha is infheidhme go ginearálta maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas (le teorainn cúig bliana), mar gheall ar an gcaiteachas suntasach a tabhaíodh sa tréimhse tógála, mar aon leis an bhfíoras nach mbeadh A/S Øresund in ann, sa tréimhse chéanna, aon bhrabúis a fháil (aithris (267)).

6.2.2.1.1.1. *LCF 1991-2001: Scéim nó cabhair aonair*

- (391) Measann an Coimisiún nach féidir an Státchabhair a dhíorthaítear ó LCF 1991-2001 a mheas mar scéim.
- (392) Ar an gcéad dul síos, ní dheonaítear an chabhair a eascraíonn ó LCF 1991-2001 ar bhonn gnímh lena bhforáiltear go ndéanfar dámhachtainí cabhrach aonair do ghnóthais a shainítear laistigh den ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí. Ina ionad sin, foráiltear leis an Acht Foirgníochta do riail speisialta is infheidhme maidir le A/S Øresund, go sonrach.
- (393) Ar an dara dul síos, sonraítear go sainráite san Acht Foirgníochta an tionscadal lena mbaineann sé, gurb é tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh é. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach mór a mheas go bhfuil an chabhair a thagann ó LCF 1991-2001 nasctha le tionscadal sonrach, ós rud é go bhfuil an buntáiste is gné dílis den chabhair nasctha le caillteanais a thabhaítear i gcomhthéacs thionscadal an Naisc Sheasmhaigh amháin, agus tionscadail nó gníomhaíochtaí eile á n-eisiamh. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an chabhair a thagann ó LCF 1991-2001 an sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (394) Ba cheart, dá bhrí sin, an chabhair a thagann ó LCF 1991-2001 a cháiliú mar chabhair aonair amháin nó níos mó, de réir bhrí Airteagal 1(e) de Rialachán 2015/1589.

6.2.2.1.1.2. *LCF 1991-2001: Dáta deonaithe*

- (395) Is ionann LCF 1991-2001 agus Státchabhair i bhfoirm buntáiste cánach. Meabhraíonn an Coimisiún gur chinn sé roimhe seo gur ar bhonn bliantúil a dheonaítear Státchabhair a thagann as cóireáil chánach bhuntáisteach, ar ghlacadh le dearbhú cánach an tairbhí ó na húdaráis chánach ⁽¹⁸⁴⁾, ós rud é gurb é sin an tráth a thagann an buntáiste chun cinn de ghnáth le haghaidh Státchabhair den sórt sin. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gur cheart a chinneadh, ar an gcaoi chéanna, go ndéonaítear rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas ar bhonn bliantúil, ach amháin má tá cúiseanna soiléire ann le himeacht ón gcur chuige sin.

⁽¹⁸⁴⁾ Féach, mar shampla, Cinneadh (AE) 2018/859 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Státchabhair SA.38944 (2014/C) (ex 2014/NN) arna chur chun feidhme ag Lucsamburg chuig Amazon (IO L 153, 15.6.2018, lch. 1). Ghlac Cúirteanna an Aontais leis an gcur chuige sin — féach, mar shampla, breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 12 Bealtaine 2021, *Lucsamburg v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-816/17 agus T-318/18, AE:T:2021:252, mír 153 agus mír 339.

- (396) Measann an Coimisiún, a mhéid a bhaineann le LCF 1991-2001, go bhfuil cúiseanna soiléire ann le himeacht ón gcur chuige sin, mar a leagtar amach tuilleadh in aithrisí (397) go (403).
- (397) Tugann an Coimisiún dá aire gur mhínigh údarais na Danmhairge (aithris (267)) go raibh na cailteanais a thabhaigh an Cuibhreannas sular cuireadh an Nasc Seasmhach i seirbhís, go bunúsach, mar gheall ar ús a tabhaíodh ar na hiasachtaí, a bhí riachtanach chun an Nasc Seasmhach a thógáil. Mar a mhínigh an Danmhairg (aithris (267)), i bhfianaise an chaiteachais shuntasach tosaigh ar an infheistíocht, agus na heaspa brabúis don Nasc Seasmhach le linn a thréimhse tógála, níor leor an riail is infheidhme go ginearálta maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas, le teorainn cúig bliana, chun go bhféadfaí na cailteanais sin a úsáid chun brabúis a fhritháireamh. Is é sin le rá, chun an infheistíocht a dhéanamh sa Nasc Seasmhach, bhí sé d'obleagáid ar an gCuibhreannas cailteanais shuntasacha a thabhu, agus, gan riail speisialta a chur i bhfeidhm, ní féadfaí na cailteanais sin a thabhairt ar aghaidh ar bhealach úsáideach, ionas go bhféadfaí brabúis a fhritháireamh sna blianta atá le teacht. Mar thoradh air sin, mar chuid de na coinníollacha maidir leis an infheistíocht sa Nasc Seasmhach ag an gCuibhreannas, agus chun pleanáil fhadtéarmach mhaoiniú thógáil an Naisc Sheasmhaigh a bhunú, bhunaigh reachtóir na Danmhairge LCF 1991-2001.
- (398) Tugann údarais na Danmhairge dá n-aire, in éineacht leis an obleagáid ráthaíochta Stáit, gur bunaíodh LCF 1991-2001 ag an tús, chun maoiniú na hinfeistíochta suntasaí sa Nasc Seasmhach a áirithiú, ar an gcostas is lú (aithris (269)). Chuir LCF 1991-2001 ar chumas A/S Øresund brabúis sa todhchaí a fhritháireamh le cailteanais nach bhfuil imithe i léig, rud a lagdaigh a bhonn cánach. Mar thoradh air sin, bhí buntáiste ag an gCuibhreannas. An tráth céanna, áfach, cheadaigh LCF 1991-2001 bonn leachtachta níos airde, agus é mar chuspóir an t-ualach fiachais a íslú. Chiallaigh ualach fiachais foriomlán níos ísle, méid ráthaithe foriomlán níos ísle ann freisin, agus, dá bhrí sin, níos lú Státchabhrach i bhfoirm na ráthaíochtaí.
- (399) Mar a tugadh faoi deara in aithris (379), agus infheistíochtaí móra á ndéanamh aige, is gnách d'infheisteoir méid áirithe cobhsaíochta a cheangal sa phleanáil airgeadais le haghaidh na hinfeistíochta. Gan a bheith in ann meastacháin réasúnacha a dhéanamh maidir leis na coinníollacha airgeadais a bheidh infheidhme maidir le hinfeistíocht, ní dócha go gcuirfidh infheisteoirí an t-am agus na hacmhainní is gá chun an tionscadal a bhaint amach i mbaol. Tugann an Coimisiún dá aire, ina leith sin, gur bunaíodh LCF 1991-2001 d'fhonn cóireáil cánach shonrach a chur ar fáil d'infheistíocht an Naisc Sheasmhaigh, chun a phleanáil airgeadais fhadtéarmach a éascú agus chun costas foriomlán na hinfeistíochta a íoslaghdú. Sainmhíniú an chóireáil cánach sin leis an Acht Foirgníochta sular cuireadh tús leis an infheistíocht, agus, dá réir sin, ba cheart í a mheas mar cheann de na coinníollacha bunúsacha is infheidhme maidir leis an infheistíocht (mar aon le hoibleagáid na ráthaíochta Stáit agus samhail na ráthaíochta Stáit), ar ar ullmhaíodh pleanáil airgeadais na hinfeistíochta. Dá réir sin, bhí cur i bhfeidhm LCF 1991-2001 soiléir ón tús, agus ba dhlúthchuid den tsamhail airgeadais é, ar ar a bhonn a dhéanadh an Cuibhreannas infheistíocht shuntasach. Go háirithe, tugann an Coimisiún dá aire gurb é an cuspóir reachtach a bhí taobh thiar d'achtú LCF 1991-2001, mar a léirítear sna nótaí ullmhúcháin a ghabhann leis an Acht Foirgníochta, úsáid fhóinteach na gailteanas a tabhaíodh mar thoradh ar thógáil an Naisc Sheasmhaigh a chumasú.
- (400) Tugann an Coimisiún dá aire freisin, mar a cinneadh in aithris (330), go raibh buntáiste ag baint leis an gceart atá ag A/S Øresund a chailteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide ná mar a cheadaítear faoi ghnáthrialacha cánachais na Danmhairge amháin ó bhunú an chirt sin. Mar gheall ar an mbuntáiste a bhaineann le bheith in ann cailteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse níos faide, mar aon leis an bhfíoras go raibh sé soiléir ón tús go dtabhófaí cailteanais shuntasacha chun úsáid na tréimhse níos faide sin a áirithiú, bhí an buntáiste a bhain le LCF 1991-2001 soiléir ón tús. Tá sé sin éagsúil leis an gcás i mbreithiúnas *France Télécom* ⁽¹⁸⁵⁾, mar shampla, i gcás nach bhféadfaí an buntáiste a eascraíonn as cóireáil cánach speisialta a dheimhniú ach amháin ar bhonn bliantúil ar bhunú an ráta cánach gnó is infheidhme faoi na gnáthrialacha cánach ⁽¹⁸⁶⁾.

⁽¹⁸⁵⁾ *Supra*, fonóta 99.

⁽¹⁸⁶⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Samhain 2009, an *Fhrainc v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha T-427/04 agus T-17/05, AE:T:2009:474, míreanna 321-323.

- (401) Bunaíodh le Roinn 11 den Acht Foirgníochta, ó 1991, rialí fhabhrach le haghaidh A/S Øresund, a mhéid a bhí sé de cheart aige a chaillteanais a thabhairt ar aghaidh ar feadh tréimhse is faide ná mar a bhí ag eintitis dhlítheanacha eile atá faoi réir cánach corparáidí. Agus an tAcht Foirgníochta á achtú aici, gheall an Danmhairg go gceadófaí do A/S Øresund tairbhiú den cheart dlíthiúil chun an tréimhse níos faide tabhairt ar aghaidh. Foráladh leis an Acht Foirgníochta, i Roinn 6, go raibh an Nasc Seasmhach le forbairt ag cuibhreannas idir cuideachta faoi dhliteanas teoranta arna bunú ag Stát na Danmhairge (trí chuideachta shealbháochta) agus cuideachta faoi dhliteanas teoranta arna bunú ag Stát na Sualainne. Bunaíodh A/S Øresund mar chuideachta faoi dhliteanas teoranta an 9 Nollaig 1991 (aithris (64)) agus bunaíodh an Cuibhreannas, tríd an gComhaontú Cuibhreannais, an 13 Feabhra 1992 (aithris (66)). Chinn an Coimisiún go dtéann an buntáiste a eascraíonn as LCF 1991-2001 chun tairbhe don Chuibhreannas, toisc go laghdaíonn sé an dliteanas cánach nach mór a ioncam a úsáid chun urscaoileadh a dhéanamh (aithris (317)). Ba léir ón tús go bhfabhródh an buntáiste sin chuig an gCuibhreannas trí LCF 1991-2001 (aithris (400)). Bunaíodh an ceart dlíthiúil chun an bhuntáiste sin don Chuibhreannais sa dlí, tríd an Acht Foirgníochta, sular bunaíodh an Cuibhreannas fiú.
- (402) Ar bhonn na n-eilimintí sin (aithrisí (397) go (401)), measann an Coimisiún gur bunaíodh an buntáiste a eascraíonn as LCF 1991-2001 chun maoiniú infheistíocht an Naisc Sheasmhaigh a éascú (infheistíocht as a dtabhófaí, ar ndóigh, caillteanais shuntasacha nach bhféadfaí a úsáid laistigh de chúig bliana), agus chun tacú leis an infheistíocht sin. Tháinig an buntáiste mar thoradh ar an Acht Foirgníochta féin, agus bhí sé ar cheann de na coinníollacha le haghaidh infheistíochta. Ón nóiméad a bunaíodh an Cuibhreannas, agus go raibh sé in ann leas a bhaint as an gceart dlíthiúil chun an bhuntáiste a bunaíodh leis an Acht Foirgníochta, bhí an baol ann go ndéanfadh LCF 1991-2001 iomaíocht a shaoibh agus go ndéanfadh sé difear a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit, trí sheasamh an Chuibhreannais ar mhargadh atá oscailte don iomaíocht agus don trádáil idir na Ballstáit a neartú. Sna himthosca sin, baineann an Coimisiún de thátaí as go bhfuil cúiseanna soiléire ann lena chinneadh nár deonaíodh an chabhair a eascraíonn as LCF 1991-2001 ar bhonn bliantúil, ach, ina ionad sin, gur deonaíodh í ag aon am amháin, ar bhunú an Chuibhreannais.
- (403) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur go huathoibríoch a tharla an buntáiste a eascraíonn as an gceart dlíthiúil chun an tréimhse is faide tabhairt ar aghaidh, gan aon rogha ag A/S Øresund, ag an gCuibhreannas, ná ag údaráis na Danmhairge. Chun a dhliteanas cánach corparáide bliantúil a chinneadh, tá A/S Øresund faoi réir an phróisis chéanna le haon eintiteas dhlítheanach eile (lena n-áirítear cuideachtaí faoi dhliteanas teoranta) atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge. Mar a thuairiscítear in aithris (127), gach bliain, faoin gcomhchóras cánachais éigeantaigh sa Danmhairg, cuireann an gnóthas atá i gceannas ar an gcomhghrúpa cánachais faisnéis isteach maidir le hioncam inchánach agus caillteanais chánach le haghaidh chomhaltaí uile an ghrúpa sin. Luaitear sa tuairisceán cánach, i gcás gach ball den ghrúpa, an t-ioncam inchánach, úsáid na gcaillteanas dílis arna dtabhairt ar aghaidh, úsáid caillteanas ó bhaill eile den ghrúpa, agus na caillteanais chánach atá fágtha. Níl lánrogha ag eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge maidir le caillteanais arna dtabhairt ar aghaidh a úsáid. De réir an Achta um Measúnú Cánach na Danmhairge, agus, ón 18 Meitheamh 2012, de réir Acht na Danmhairge um Cháin Chorparáide, ní mór caillteanas cánach a thugtar ar aghaidh agus is féidir a úsáid i mbliain chánach ar leith a úsáid le linn na bliana sin; seachas sin, forghéillfear é. Ní mór caillteanais chánach a thugtar ar aghaidh a úsáid de réir phrionsabal FIFO, rud a chiallaíonn nach mór na caillteanais chánach is sine a úsáid ar dtús. Gintear go huathoibríoch ansin an measúnú cánach bliantúil, a eisiúnn na húdaráis chánach. Gach bliain roghnaíonn na húdaráis chánach eintitis a ndéantar iniúchadh de láimh ar a dtuairisceáin chánach. Sna himthosca sin, ós rud é nach bhfuil lánrogha ann tráth dhearbhuí cánach an tairbhí agus toisc gur ghlac na húdaráis leis an tuairisceán cánach, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach leasaítear le tiolacadh na dtuairisceán cánach bliantúil an fíoras gur deonaíodh an chabhair cheana in 1992. Dá bhrí sin, ní raibh i dtíolacadh na dtuairisceán cánach ach céim fhoirmiúil a bhí riachtanach chun an chabhair a deonaíodh cheana a fháil, seachas iarraidh ar dheonú bliantúil cabhrach.
- (404) Baineann an Coimisiún de thátaí as, dá bhrí sin, gurb ionann LCF 1991-2001 agus cabhair aonair amháin, chun tacú le hinfeistíocht shuntasach, a dheonaigh an Danmhairg don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992.

6.2.2.1.2. LCF 2013-2015

- (405) Mar a tugadh faoi deara in aithris (333), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon bhuntáiste ag A/S Øresund ná ag an gCuibhreannas a tháinig ó LCF 2002–2012, toisc, don tréimhse sin, go raibh A/S Øresund faoi réir na rialacha céanna maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus a bhí ag gnóthais eile sa Danmhairg. Dá bhrí sin, níorbh ionann LCF 2002–2012 agus Státchabhair do A/S Øresund, ná, dá réir sin, don Chuibhreannas (aithris (333) agus aithris (355)).
- (406) Mar a míníodh in aithris (138), le hAcht Uimh. 591 an 18 Meitheamh 2012, tugadh isteach teorainn ar an rochtain ar chaillteanais a tugadh ar aghaidh do ghnóthais sa Danmhairg. Ní raibh feidhm ag an teorainn sin maidir le A/S Øresund, áfach, toisc gur fhan forálacha an Achta Foirgníochta, arna leasú in 2002, agus arna n-ionchorprú san Acht Sund & Bælt, i bhfeidhm go dtí 2016. Is le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015 amháin a aisghaireadh Roinn 12 d'Acht Sund & Bælt le héifeacht ón 1 Eanáir 2016, agus gur tháinig A/S Øresund faoi réir ghnáthrialacha Acht na Danmhairge um Cháin Chorporaíde. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, in aithris (337), gur bhuntáiste do A/S Øresund é LCF 2013–2015 agus, dá bhrí sin, don Chuibhreannas freisin. Is éard atá sa bheart cabhrach teaghlaim eilimintí (aithris (334)) toisc go bhfuair A/S Øresund ceart chun buntáiste roghnaitheach thar ghnóthais eile i gcás comhchosúil, de bhua go ndearnadh foráil leis na rialacha is infheidhme maidir le A/S Øresund do mhaolú ar an gcóras tagartha, rud a d'fhág go raibh buntáiste roghnaitheach ann.

6.2.2.1.2.1. LCF 2013-2015: Scéim nó cabhair aonair

- (407) Measann an Coimisiún nach féidir an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015 a mheas mar scéim.
- (408) Ar an gcéad dul síos, ní dheonaítear an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015 ar bhonn gnímh lena ndéantar foráil maidir le dámhachtainí cabhrach aonair a thabhairt do ghnóthais a shainítear laistigh den ghníomh ar bhealach ginearálta agus teibí. Foráiltear le LCF 2013-2015 do riail speisialta is infheidhme go sonrach maidir le A/S Øresund. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an chabhair sin an chéad choinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach, mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (409) Ar an dara dul síos, sonraítear go sainráite san Acht Foirgníochta, arna leasú in 2002, agus arna ionchorprú in Acht Sund & Bælt, an tionscadal lena mbaineann sé mar thógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh. Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, nach mór a mheas go bhfuil an chabhair a thagann ó LCF 2013–2015 nasctha le tionscadal sonrach, ós rud é go bhfuil an buntáiste is gné dhílis den chabhair nasctha le caillteanais a thabhaítear i gcomhthéacs tionscadal an Naisc Sheasmhaigh amháin, agus tionscadail nó gníomhaíochtaí eile á n-eisiamh. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015 an dara coinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (410) Dá bhrí sin, ní thagann an chabhair a thagann ó LCF 2013-2015 faoin sainmhíniú ar 'scéim cabhrach' de réir bhrí Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589. Ní mór, dá bhrí sin, é a cháiliú mar chabhair aonair amháin nó níos mó ná cabhair aonair amháin, de réir bhrí Airteagal 1(e) de Rialachán 2015/1589.

6.2.2.1.2.2. LCF 2013-2015: Dáta deonaithe

- (411) Mar a tugadh faoi deara in aithris (395), meastar de ghnáth gur ar bhonn bliantúil a dheonaítear Státchabhair a eascraíonn as buntáistí cánach, ach amháin má tá cúis ann lena chinneadh gur tháinig an buntáiste a bhaineann leis an gcabhair sin chun cinn ag am eile. Ní mheasann an Coimisiún, a mhéid a bhaineann le LCF 2013–2015, go bhfuil cúiseanna soiléire ann le himeacht ón gcur chuige sin. Tá an cás a bhfuil feidhm aici maidir le LCF 1991–2001 mar a leagtar amach in aithrisí (396) go (404) difriúil go bunúsach leis an gcás a bhfuil feidhm aici maidir le LCF 2013–2015, mar a leagtar amach in aithrisí (412) go (417).
- (412) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb ionann LCF 1991–2001 agus cabhair aonair amháin, chun tacú le hinfeistíocht shuntasach, a dheonaigh an Danmhairg don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992 (aithris (404)). Go háirithe, agus an chonclúid sin á baint amach aige, thug an Coimisiún dá aire gur bunaíodh LCF 1991–2001 d'fhonn pleanáil fhadtéarmach na hinfeistíochta sa Nasc Seasmhach a éascú, an buntáiste a d'eascair as an Acht Foirgníochta féin, agus go raibh sé ar cheann de na coinníollacha bunúsacha ar ar ullmhaíodh pleanáil airgeadais na hinfeistíochta (aithris (399)).

- (413) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir a mheas gur deonaíodh an chabhair a thagann ó LCF 2013–2015 roimh an 18 Meitheamh 2012, nuair a leasaíodh Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide (aithris (138)), agus níor leasaíodh Acht Sund & Bælt. Sula raibh an leasú sin infheidhme, ní fhéadfadh A/S Øresund ná an Cuibhreannas tairbhe a bhaint as aon bhuntáiste a d'eascair as an leasú sin.
- (414) Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur cuireadh an Nasc Seasmhach i seirbhís i mí Iúil 2000. Rinneadh an cinneadh chun infheistíocht a dhéanamh sa Nasc Seasmhach, agus pleanáil airgeadais na hinfeistíochta, roimh an tráth sin.
- (415) Sna himthosca sin, measann an Coimisiún nach mór LCF 2013–2015 a idirdhealú ó LCF 1991–2001, a mhéid nach bhféadfaí a mheas gur cuireadh chun feidhme é chun tacú leis an infheistíocht airgeadais sa Nasc Seasmhach, nó go raibh sé ina choinníoll don infheistíocht sin, nó chun a áirithiú go bhféadfaí pleanáil fhadtéarmach airgeadais na hinfeistíochta a dhéanamh, ós rud é go raibh an cinneadh chun infheistíocht a dhéanamh, agus, go deimhin, an infheistíocht féin, curtha i gcrích i bhfad sula raibh feidhm ag LCF 2013–2015. Mar thoradh air sin, na cúiseanna ar chinn sé gur deonaíodh an buntáiste a bhaineann leis an gcabhair a tháinig ó LCF 1991–2001 ar ócáid amháin, atá bunaithe go suntasach ar an bhfóras go raibh pleanáil infheistíochta fadtéarmaí an Naisc Sheasmhaigh ag brath ar LCF 1991–2001, ar an deimhneacht gur deonaíodh é, agus ar an ngá atá le bheith cinnte go bhféadfaí é a chur san áireamh sa phleanáil airgeadais, cinneann an Coimisiún nach bhfuil feidhm acu maidir le LCF 2013–2015.
- (416) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire, idir LCF 1991–2001 agus LCF 2013–2015, go raibh LCF 2002–2012 ann, nár Státchabhair é do A/S Øresund ná don Chuibhreannas (aithris (333) agus aithris (355)). Ba ionann LCF 2013–2015 agus cóireáil bhuntáisteach a thabhairt isteach arís, in ainneoin nach raibh gá leis a thuilleadh le haghaidh na pleanála infheistíochta. I ndáil leis sin, bheadh sé d'éifeacht ag LCF 2013–2015 tacú le hoibríochtaí laethúla A/S Øresund nó an Chuibhreannais, seachas an infheistíocht tosaigh sa Nasc Seasmhach.
- (417) Dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil cúiseanna soiléire ann le himeacht ón ngnáthchur chuige go ndeonaítear buntáistí cánach ar bhonn bliantúil. Dá bhrí sin, is féidir a mheas gur deonaíodh an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015 go cinntitheach tráth a nglacfaidh na húdaráis chánach le tuairisceáin chánach A/S Øresund a bhaineann leis na blianta cánach sa tréimhse LCF 2013–2015, ina bhféadfaí méid níos airde cailteanas a úsáid.
- (418) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb ionann an Státchabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015 agus roinnt deontas de chabhair aonair, arna ndeonú ó 2014 ⁽¹⁸⁷⁾ ar aghaidh, ar bhonn bliantúil, tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund, agus go dtí gur ghlac na húdaráis leis an tuairisceán cánach don bhliain chánach 2015. Rinneadh LCF 2013–2015 a aisghairm le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015, a bhí infheidhme ón mbliain chánach 2016.

6.2.2.2. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas

6.2.2.2.1. DEP 1999–2007 agus DEP 2008–2015

- (419) Mar a mhínítear in aithris (145), le hAcht Uimh. 433 an 26 Meitheamh 1998, tháinig laghdú go 5 % ar an ngnáth-uasráta dímheasa le haghaidh foirgneamh agus suiteálacha a socraíodh in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach agus, le hAcht Uimh. 540 an 6 Meitheamh 2007, tháinig laghdú go 4 % air. D'fhan an ráta dímheasa le haghaidh A/S Øresund, áfach, ag 6 % / 2 %, de bhun Ranna 12 agus 13 den Acht Foirgníochta agus de bhun Ranna 13 agus 14 den Acht Sund & Bælt, a d'fhan i bhfeidhm go dtí 2016. Mar a tugadh faoi deara in aithris (344), is trí dhiúltú na rialacha is infheidhme maidir le A/S Øresund a athrú chun léiriú a thabhairt ar na hathruithe ar na gnáthrialacha cánachais a chuir Stát na Danmhairge A/S Øresund i staid níos buntáistí ná eintitis dhlítheanacha eile atá faoi réir cháin chorporáide na Danmhairge. Is le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015 amháin a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2016, a aisghaireadh Roinn 13 agus Roinn 14 d'Acht Sund & Bælt agus leis sin tháinig A/S Øresund faoi réir ghnáthrialacha Acht na Danmhairge um Cháin Chorporáide agus Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach. Is éard atá sa bheart cabhrach

⁽¹⁸⁷⁾ Is in 2014 atá an tuairisceán cánach a bhaineann leis an mbliain chánach 2013.

teaghlaim eilimintí (aithris (344)) mar gur cuireadh A/S Øresund i staid níos buntáistí ná gnóthais eile i gcás comhchosúil, de bhua gur foráladh le hAcht Sund & Bælt do chóireáil cánach níos tairbhiúla agus, dá bhrí sin, rinneadh maolú ar an Acht leasaithe, ar Acht leasaithe na Danmhairge um Dhímheas Cánach, a bhí níos sriantaí agus nach raibh feidhm aige maidir le A/S Øresund, ach maidir le gnóthais eile atá inchomparáide go dlíthiúil agus go fíorasach. Mar a cinneadh in aithris (319), is buntáiste don Chuibhreannas é aon bhuntáiste do A/S Øresund a cruthaíodh le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas.

6.2.2.2.2. DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015: Scéim nó cabhair aonair

- (420) Measann an Coimisiún nach féidir a mheas gur ar bhonn scéime a deonaíodh an Státchabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015.
- (421) Ar an gcéad dul síos, ní dheonaítear an chabhair sin ar bhonn acht lena ndéantar foráil maidir le dámhachtainí cabhrach aonair a thabhairt do ghnóthais a shainítear laistigh den acht ar bhealach ginearálta agus teibí. Tagraíonn an tAcht Foirgníochta, mar atá ionchorpraithe in Acht Sund & Bælt, go sainráite do A/S Øresund a bheith i dteideal rialail speisialta na Danmhairge maidir le dímheas. Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015, an chéad choinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach, mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (422) Ar an dara dul síos, ní mór a mheas go bhfuil DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015 nasctha le tionscadal ar leith, ós rud é go gcumhdaíonn an chabhair a eascraíonn as na bearta sin buntáiste a bhaineann le dímheas chostais infheistíochta an Naisc Sheasmhaigh, agus go n-eisítear tionscadail nó gníomhaíochtaí eile. Tá sé sin amhlaidh toisc go sonraítear go sainráite san Acht Foirgníochta, agus in Acht Sund & Bælt, an tionscadal ábhartha mar thógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh. Maidir leis an gcabhair a eascraítear as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015, dá bhrí, ní chomhlíontar léi an dara coinníoll sa sainmhíniú ar scéim cabhrach mar a leagtar amach in Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589.
- (423) Dá bhrí sin, ní thagann an chabhair a eascraítear as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 faoin sainmhíniú ar 'scéim cabhrach' de réir bhrí Airteagal 1(d) de Rialachán 2015/1589. Ní mór, dá bhrí sin, é a cháiliú mar chabhair aonair amháin nó níos mó ná cabhair aonair amháin, de réir bhrí Airteagal 1(e) de Rialachán 2015/1589.

6.2.2.2.3. DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015: Dátaí deonaithe

- (424) Mar a tugadh faoi deara in aithris (395), i gcás Státchabhrach a eascraítear as buntáistí cánach, is iondúil go dtagann buntáiste chun cinn ar bhonn bliantúil, ach amháin má tá cúiseanna ann lena mheas go bhfuil údar le tuairim eile. Maidir leis an gcabhair a eascraítear as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015, measann an Coimisiún go ndealraíonn sé go ndeonoífaí an chabhair go teoiriciúil ar bhonn bliantúil. Mar sin féin, ós rud é go raibh lánrogha ag A/S Øresund maidir le cathain a d'fhéadfadh sé a shócmhainní a dhímheas ina thuairisceáin chánach (aithris (125)), sa chleachtas, tháinig an buntáiste chun cinn ar bhonn nach raibh chomh minic céanna (aithrisí (425) go (428)).
- (425) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir a mheas gur deonaíodh an buntáiste is gné dhílis den chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 roimh an 26 Meitheamh 1998, nuair a tháinig laghdú go 5 % ar an ngnáthrata dímheasa d'fhoirgnimh agus do shuiteálacha a socraíodh in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, agus nár cuireadh athrú den chineál céanna i bhfeidhm ar na rialacha dímheasa is infheidhme maidir le A/S Øresund. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir a mheas gur deonaíodh an buntáiste is gné dhílis den chabhair a eascraíonn as DEP 2008-2015 roimh an 6 Meitheamh 2007, nuair a tháinig laghdú go 4 % ar an ngnáthrata dímheasa d'fhoirgnimh agus do shuiteálacha a socraíodh in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, agus níor cuireadh athrú comhchosúil i bhfeidhm ar na rialacha dímheasa is infheidhme maidir le A/S Øresund. Dá bhrí sin, ní féidir a áitiú, toisc go raibh an rialail is infheidhme maidir le A/S Øresund mar chuid den Acht Foirgníochta cheana féin, gur cheart a mheas freisin gur deonaíodh an chabhair leis an Acht Foirgníochta.
- (426) Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil an staid a bhaineann le LCF 1991-2001 mar a leagtar amach in aithrisí (396) go (404) an-éagsúil ón staid a bhaineann le DEP 1999-2007 agus le DEP 2008-2015. Nuair a leasaíodh Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach an 26 Meitheamh 1998 agus an 6 Meitheamh 2007, rinneadh an cinneadh chun infheistíocht a dhéanamh i dtógáil an Naisc Sheasmhaigh cheana féin, agus, go deimhin, bhí an Nasc Seasmhach beagnach réidh le cur i ngníomh. Mar sin, murab ionann agus LCF 1991-2001 (aithris (399)) ní féidir a mheas go bhfuil cinneadh Stát na Danmhairge chun coinníollacha dímheasa cánach níos buntáistí a thairiscint do A/S Øresund ná d'eintitis

dhlítheanacha eile atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge ar cheann de na coinníollacha bunúsacha atá mar bhonn le pleanáil airgeadais na hinfeistíochta. Go háirithe, tugann an Coimisiún dá aire, tráth a bhí an phleanáil airgeadais á déanamh, nár mheas údarais na Danmhairge gur ghá cóireáil bhuntáisteach A/S Øresund a dheonú i gcomparáid le cuideachtaí faoi dhlítheanas teoranta eile a bhí faoi réir cáin chorparáide a mhéid a bhaineann le rialacha dímheasa sócmhainní — go deimhin, measann údarais na Danmhairge fiú go raibh DEP 1991-1998 díobhálach do A/S Øresund / don Chuibhreannas (aithris (268)). Maidir leis an gcabhair a eascraítear as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015, dá bhrí sin, ní féidir í a mheas mar chabhair arna deonú chun tacú leis an infheistíocht sa Nasc Seasmhach. Sna himthosca sin, níl feidhm ag na breithnithe a thug ar an gCoimisiún teacht ar an gconclúid gur deonaíodh LCF 1991-2001 mar chabhair aonair amháin ar chruthú an Chuibhreannais, go háirithe, mar gheall ar an riachtanas atá le LCF 1991-2001 le haghaidh phleanáil airgeadais na hinfeistíochta sa Nasc Seasmhach, maidir le DEP 1999-2007 ná maidir le DEP 2008-2015. Tugann an Coimisiún dá aire gur cheart, dá bhrí sin, an chabhair a eascraítear as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 a mheas ar bhealach níos cuí chun tacú le hoibríochtaí laethúla A/S Øresund agus an Chuibhreannais, seachas leis an infheistíocht tosaigh sa Nasc Seasmhach.

- (427) Tugann an Coimisiún dá aire go mbeadh A/S Øresund ag brath ar na rialacha is infheidhme ina leith an tráth a chuir sé a tuairisceáin chánach isteach, d'fhonn a dhlítheanais chánach a chinneadh do bhliain ar leith. Murab ionann agus tabhairt ar aghaidh caillteanas cánach a úsáid, a chuirtear i bhfeidhm go huathoibríoch (aithris (127)), sa Danmhairg, féadfaidh eintitis dhlítheanacha atá faoi réir cháin chorparáide na Danmhairge a roghnú cén uair a dhéanfaidh siad a gcuid sócmhainní a dhímheas, agus cén ráta ar a ndéanfar é, ina dtuairisceáin chánach, laistigh de na teorainneacha dá bhforáiltear leis an dlí is infheidhme (aithris (125)). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh A/S Øresund an tráth a theastaigh uaidh a chuid sócmhainní a dhímheas a roghnú ar ráta níos airde ná an ráta dá bhforáiltear in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach. Mar thoradh air sin, ní bheadh an buntáiste a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 tagtha chun cinn go huathoibríoch gach bliain tar éis ghlacadh bliantúil na dtuairisceán cánach, dá mba rud é nár cuireadh dímheas i bhfeidhm thar an ráta a bhí ar fáil faoi ghnáthrialacha cánachais na Danmhairge.
- (428) Sna himthosca sin, measann an Coimisiún go mbeadh an buntáiste a bhaineann leis an ráta dímheasa níos airde atá ar fáil do A/S Øresund, i bhfianaise nach ann do leasú ar na rialacha is infheidhme ina leith chun na teorainneacha sa dlí ginearálta a léiriú, tagtha chun cinn tráth a ghlacfaí leis na tuairisceáin chánach inar chuir sé ráta dímheasa níos airde den sórt sin i bhfeidhm (aithris (129)). Is é an tráth sin, freisin, a bheadh an Státchabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 in ann iomaíocht a shaobhadh, nó dífeair a dhéanamh don trádáil idir na Ballstáit.
- (429) Measann an Coimisiún, dá bhrí sin, gurb ionann an chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 agus roinnt cabhracha aonair, arna ndeonú ag an Danmhairg ó 2000 ⁽¹⁸⁸⁾ ar aghaidh, tráth a glacadh le tuairisceáin chánach A/S Øresund inar chuir sí ráta dímheasa i bhfeidhm a sháraíonn an ráta dá bhforáiltear in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, go dtí go nglacfar leis an tuairisceán cánach don bhliain chánach 2015. Rinneadh DEP 2008-2015 a aisghairm le héifeacht ón 1 Eanáir 2016 le hAcht Uimh. 581 an 4 Bealtaine 2015, a bhí infheidhme ón mbliain chánach 2016.

6.3. Aicmiú mar chabhair nua nó mar chabhair atá ann cheana

- (430) Tar éis don Choimisiún a shuíomh gurb ionann na bearta cabhrach agus cabhair aonair nach ndéonaítear ar bhonn scéim cabhrach, agus a ndátaí deonaithe, ní mór don Choimisiún a chinneadh, le haghaidh gach ceann de na bearta cabhrach, cibé acu an cabhair nua nó cabhair atá ann cheana iad.
- (431) Is éard atá i gcabhair nua, de bhun Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, gach cabhair nach cabhair atá ann cheana í, lena n-áirítear athruithe ar chabhair atá ann cheana.

⁽¹⁸⁸⁾ Is in 2000 atá an tuairisceán cánach a bhaineann leis an mbliain chánach 1999. Sa chleachtas, ní tharlódh an chéad dáta deonaithe sula nglacfaí leis an tuairisceán cánach don bhliain chánach 2004, ós rud é go ndeimhniúnn an Danmhairg nach ndearna A/S Øresund dímheas do bhlianta cánach roimhe sin (aithris (271)).

(432) Sainmhínítear ‘cabhair atá ann cheana’ in Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589, mar a leanas:

- (i) gan dochar d’Airteagal 144 agus Airteagal 172 d’Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne... gach cabhair a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm CFAE sna Ballstáit faoi seach, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair a cuireadh i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm CFAE sna Ballstáit faoi seach, agus atá fós infheidhme ina dhiaidh sin;
- (ii) cabhair údaraithe, is é sin le rá, scéimeanna cabhrach agus cabhair aonair atá údaraithe ag an gCoimisiún nó ag an gComhairle;
- (iii) cabhair a mheastar a bheith údaraithe de bhun Airteagal 4(6) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 nó Airteagal 4(6) de [Rialachán 2015/1589], nó roimh Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ach i gcomhréir leis an nós imeachta sin;
- (iv) cabhair a mheastar a bheith ina cabhair atá ann cheana de bhun Airteagal 17 de [Rialachán 2015/1589];
- (v) cabhair a mheastar gur cabhair a bhí ann cheana í toisc gur féidir a chruthú nár chabhair í nuair a cuireadh i bhfeidhm í ach gur chabhair í ina dhiaidh sin i ngeall ar éabhlóid sa mhargadh inmheánach, agus gan aon athrú a bheith déanta uirthi ag an mBallstát. I gcás ina ndéanfar cabhair de bhearta áirithe tar éis gníomhaíocht a léirscaoileadh le dlí an Aontais, níor cheart na bearta sin a mheas mar chabhair atá ann cheana tar éis an dáta a shocraítear don léirscaoileadh’.

(433) I dtaca le hAirteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589, foráiltear le hAirteagal 17(3) de Rialachán 2015/1589 go measfar gur cabhair atá ann cheana aon chabhair a bhfuil a tréimhse teorann deich mbliana imithe in éag. Foráiltear le hAirteagal 17(2) go dtosóidh an tréimhse teorann ar an lá a dhámhfar an chabhair neamhdhleathach ar an tairbhí mar chabhair aonair nó mar chabhair faoi scéim cabhrach. Aon ghníomh maidir leis an gcabhair neamhdhleathach a ghlacann an Coimisiún nó a ghlacann Ballstát, atá ag gníomhú arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, brisfidh sé an tréimhse teorann. Le gach briseadh cuirfear tús an athuair leis an tréimhse teorann.

6.3.1. *Ráthaíochtaí stáit: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana*

(434) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (388) gur deonaíodh go cinntitheach leis an gComhaontú Cuibhreannais an chabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit don Chuibhreannas agus ón lá a bunaíodh é an 13 Feabhra 1992. I bhfianaise na conclúide sin, is gá a chinneadh cé acu an dtagann an chabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit faoi aon cheann de na sainmhínithe ar chabhair atá ann cheana faoi Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.

(435) Ar an gcéad dul síos, meabhraíonn an Coimisiún gur chomhdaigh an Gearánach a ghearán leis an gCoimisiún an 16 Aibreán 2013, ag líomhain gur Státchabhair neamhdhleathach a bhí i samhail na ráthaíochta Stáit. Chuir an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig an Danmhairg agus chuig an tSualainn, i ndáil leis an ngearán sin, an 13 Bealtaine 2013. Measann an Coimisiún gurbh ionann an iarraidh sin ar fhaisnéis agus gníomhaíocht a rinne an Coimisiún maidir leis an gcabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit, a chuirfeadh isteach, de bhun Airteagal 17 de Rialachán 2015/1589, ar an tréimhse teorann i dtaca le cabhair a deonaíodh ón 13 Bealtaine 2003 (is é sin, deich mbliana roimh an iarraidh ar fhaisnéis).

(436) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go ndeachaigh an tréimhse teorann a bhaineann leis an gcabhair a eascraítear ó shamhail na ráthaíochta Stáit in éag an 13 Feabhra 2002, is é sin, deich mbliana tar éis an dáta a deonaíodh í. Dá bhrí sin, bhí an tréimhse teorann sin imithe in éag faoin am a d’fhéadfadh iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 13 Bealtaine 2013 briseadh isteach uirthi.

(437) Sna himthosca sin, cinneann an Coimisiún gur cabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589 atá sa chabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit, arna deonú ag an Danmhairg agus ag an tSualainn don Chuibhreannas.

(438) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire go n-áitíonn údarais na Sualainne gur deonaíodh aon chabhair fhéideartha a dheonaigh an tSualainn i ndáil leis an Nasc Seasmhach roimh a haontachas leis an Aontas, agus roimh theacht i bhfeidhm Chomhaontú LEE, an 1 Eanáir 1994.

- (439) Mar a tugadh faoi deara in aithris (432), faoi Airteagal 1(b), pointe (i) de Rialachán 2015/1589, meastar gur cabhair atá ann cheana í cabhair a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm CFAE sa tSualainn. Is é sin, áfach, gan dochar d'Airteagal 144 agus d'Airteagal 172 d'Ionstraim Aontachais na hOstaire, na Fionlainne agus na Sualainne. De réir Airteagal 144 den Ionstraim sin, measfar gur "cabhracha atá ann cheana..." atá i measc na gcabhracha a cuireadh i bhfeidhm sna Ballstáit nua roimh rochtain a fháil ar na cinn a cuireadh in iúl don Choimisiún amháin roimh an 30 Aibreán 1995'.
- (440) In aithris 113 den Chinneadh Tosaigh, thug an Coimisiún le fios, dá mba cheart a mheas, maidir leis an gcabhair a thagann ó shamhail na ráthaíochta Stáit a dheonaigh an Cuibhreannas don tSualainn, gur deonaíodh í in 1992, toisc nár cuireadh in iúl don Choimisiún í ag an am, nach bhféadfaí a mheas gur cabhair í atá ann cheana ar bhonn Airteagal 1(b), pointe (i) de Rialachán 2015/1589.
- (441) Meabhraíonn an Coimisiún, áfach, nuair a chuir an tSualainn samhail na ráthaíochta Stáit i bhfeidhm, gur cleachtas soiléir ón gCoimisiún a bhí ann a chinneadh nár measadh gur gníomhaíocht eacnamaíoch a bhí i dtógáil agus oibriú an bhonneagair iompair⁽¹⁸⁹⁾. Sna himthosca sin, measann an Coimisiún gur intuigthe nár cuireadh samhail na ráthaíochta Stáit in iúl don Choimisiún mar chabhair a bhí ann roimh theacht i bhfeidhm CFAE toisc, an tráth sin, nár measadh go ginearálta gur Státchabhair é beart den sórt sin.
- (442) Ar chaoi ar bith, tugann an Coimisiún dá aire gur fhormheas an Chomhairle Eorpach tionscadal an Naisc Sheasmhaigh mar cheann de na tionscadail tosaíochta faoi TEN-T i mí na Nollag 1994 (aithris (58)). Sular fhormheas an Chomhairle é a chur ar an liosta sin, chuir na Stáit achoimre ar an tionscadal in iúl don Choimisiún, lena n-áirítear an rún a bhí acu é a mhaoiniú trí bhíthin shamhail na ráthaíochta Stáit. Dá bhrí sin, cé nár cháiligh samhail na ráthaíochta Stáit mar Státchabhair roimh aontachas na Sualainne leis an Aontas, cuireadh in iúl don Choimisiún í mar sin féin faoin 30 Aibreán 1995, i gcomhthéacs an ullmhúcháin lena cur ar liosta tionscadal tosaíochta TEN-T.
- (443) Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb ionann an chabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit agus cabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (i) de Rialachán 2015/1589, arna deonú ag an tSualainn don Chuibhreannas.
- (444) Thairis sin, mar a tugadh faoi deara in aithris (387), is é an buntáiste atá ann don Chuibhreannas maidir le samhail na ráthaíochta Stáit go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Stáit tabhairt faoi na rioscaí a bhaineann le maoiniú phleanáil agus thógáil an Naisc Sheasmhaigh — agus níor athraíodh an buntáiste sin, ná an ceart chuige, ó bunaíodh é. Tugann an Coimisiún dá aire nach bhfuil sé ábhartha sa chomhthéacs seo Roinn 11 d'Acht Sund & Bælt a chur in ionad Alt 8 den Acht Foirgníochta ós rud é go bhfuil an dá fhoráil mórán mar an gcéanna (aithris (87)).
- (445) I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach in aithrisí (434) go (444), baineann an Coimisiún de thátal as gurb ionann an chabhair a eascraítear as samhail na ráthaíochta Stáit, arna deonú ag an Danmhairg agus ag an tSualainn don Chuibhreannas, agus cabhair atá ann cheana, de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589. Ina theannta sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid gurb ionann an chabhair sin, arna deonú ag an tSualainn don Chuibhreannas, agus cabhair de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (i) de Rialachán 2015/1589.

6.3.2. *Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana*

6.3.2.1. LCF 1991-2001: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

- (446) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (404) gur dheonaigh an Danmhairg an chabhair a eascraítear as LCF 1991-2001 don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992. I bhfianaise na conclúide sin, is gá a chinneadh cé acu an dtagann an chabhair a eascraíonn as LCF 1991-2001 faoi aon cheann de na sainmhínithe ar chabhair atá ann cheana faoi Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.

⁽¹⁸⁹⁾ Féach breithiúnas *Øresund*, mír 308.

- (447) Ar an gcéad dul síos, mar a tugadh faoi deara in aithris (435), rinne an Gearánach a ghearán, inar líomhnaíodh gur Státchabhair neamhdhleathach a bhí i samhail na ráthaíochta Stáit, an 16 Aibreán 2013, ar sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis ina leith chuig na Stáit an 13 Bealtaine 2013. Ag an am sin, ní dhearnadh tagairt sa ghearán, ná in iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis, do rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur bhris an iarraidh sin ar fhaisnéis aon tréimhse teorann i ndáil leis an gcabhair sin nach raibh imithe in éag faoin 13 Bealtaine 2003 (aithrisí (434) go (437)). An 8 Eanáir 2014, chuir an Gearánach doiciméadacht bhreise isteach, inar líomhnaíodh gur thairbhígh an Cuibhreannas freisin de rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig na Stáit maidir le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas an 21 Feabhra 2014 (aithris (3)).
- (448) Measann an Coimisiún gurbh éard a bhí san iarraidh ar fhaisnéis an 21 Feabhra 2014 gníomhaíocht a rinne an Coimisiún i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas, lena n-áirítear an chabhair a eascraítear as LCF 1991-2001, a bhrisfeadh isteach, de bhun Airteagal 17 de Rialachán 2015/1589, ar an tréimhse teorann i ndáil le cabhair arna deonú ón 21 Feabhra 2004 (is é sin, deich mbliana roimh an iarraidh sin ar fhaisnéis).
- (449) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, go ndeachaigh an tréimhse teorann a bhain leis an gcabhair a eascraítear as LCF 1991-2001 in éag an 13 Feabhra 2002, is é sin, deich mbliana tar éis an dáta a deonaíodh í. Dá bhrí sin, bhí an tréimhse teorann sin imithe in éag faoin am a d'fhéadfadh iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 21 Feabhra 2014 briseadh isteach uirthi.
- (450) Sna himthosca sin, baineann an Coimisiún de thátal as gurb ionann an chabhair a eascraítear as LCF 1991-2001, a dheonaigh an Danmhairg don Chuibhreannas, agus cabhair atá ann cheana, de réir bhrí Airteagal 1(b)(iv) de Rialachán 2015/1589.

6.3.2.2. LCF 2013-2015: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

- (451) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (418) gur dheonaigh an Danmhairg an chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015 don Chuibhreannas ar bhonn bliantúil, tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund, go dtí gur glacadh leis an tuairisceán chánach don bhliain chánach 2015. I bhfianaise na conclúide sin, is gá a chinneadh cé acu an dtagann an chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015 faoi aon cheann de na sainmhínithe ar chabhair atá ann cheana faoi Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.
- (452) Ar an gcéad dul síos, mar a tugadh faoi deara in aithris (447), an 21 Feabhra 2014, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig na Stáit maidir leis an gcabhair líomhnaithe a eascraíonn as rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (448) gur 'gníomhaíocht arna déanamh' ag an gCoimisiún i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas a bhí san iarraidh sin ar fhaisnéis. Tá LCF 2013-2015 mar chuid de na rialacha sin. Dá réir sin, deonaíodh gach cabhair a eascraítear as LCF 2013-2015 tar éis na gníomhaíochta a rinne an Coimisiún agus, dá bhrí sin, ní cabhair í atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589.
- (453) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach gcomhlíonann an chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015 coinníollacha aon cheann de na fomhíreanna eile d'Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.
- (454) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cabhair nua, de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, atá sa chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015, arna deonú ag an Danmhairg don Chuibhreannas.

6.3.3. Rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímhéas: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

6.3.3.1. DEP 1999-2007: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

- (455) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris (429), gur deonaíodh an státchabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 ó 2000 ar aghaidh, tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund inar chuir sé ráta dímhéasa i bhfeidhm a sháraíonn an ráta dá bhforáiltear in Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach. I bhfianaise na conclúide sin, is gá a chinneadh cé acu an dtagann an chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 faoi aon cheann de na sainmhínithe ar chabhair atá ann cheana faoi Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.

- (456) Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún dá aire, mar a míníodh maidir le LCF 1991-2001 (aithris (452)), gur 'gníomhaíocht arna déanamh' ag an gCoimisiún a bhí san iarraidh ar fhaisnéis a sheol sé an 21 Feabhra 2014 i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas.
- (457) Mar sin, briseadh an tréimhse teorann maidir le haon chabhair a deonaíodh ón 21 Feabhra 2004 an 21 Feabhra 2014 agus, dá bhrí sin, ní cabhair atá ann cheana í an chabhair sin de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589.
- (458) Chuaigh an tréimhse teorann d'aon chabhair a deonaíodh roimh an 21 Feabhra 2004, áfach, in éag faoin am a d'fhéadfaí í a bhriseadh agus, dá bhrí sin, is cabhair í atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589. Tugann an Coimisiún dá aire gur dheimhnigh an Danmhairg in aithris (271) nár éiligh A/S Øresund dímhéas ina tuairisceán chánach roimh an 21 Feabhra 2004, sa chleachtas, ionas nár deonaíodh aon chabhair a d'fhéadfaí a cháiliú mar chabhair atá ann cheana faoin Airteagal sin, i ndáiríre.
- (459) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach gcomhlíonann an chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 coinníollacha aon cheann de na fomhíreanna eile d'Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.
- (460) Baineann an Coimisiún de thátal as, dá bhrí sin, gur cabhair nua, de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, a dheonaigh an Danmhairg don Chuibhreannas, atá sa chabhair a eascraítear as DEP 1999-2007, a mhéid a deonaíodh í tar éis an 21 Feabhra 2004.

6.3.3.2. DEP 2008-2015: cabhair nua nó cabhair atá ann cheana

- (461) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris (429), gur deonaíodh an Státchabhair a eascraíonn as DEP 2008-2015 tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceán chánach A/S Øresund inar chuir sé ráta dímhéasa i bhfeidhm a sháraigh an ráta dá bhforáiltear in Acht na Danmhairge um Dhímhéas Cánach, go dtí gur glacadh leis an tuairisceán chánach don bhliain chánach 2015. I bhfianaise na conclúide sin, is gá a chinneadh cé acu an dtagann an chabhair a eascraíonn as DEP 2008-2015 faoi aon cheann de na sainmhínithe ar chabhair atá ann cheana faoi Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.
- (462) Mar an gcéanna maidir le DEP 1999-2007 (aithris (456)), is 'gníomhaíocht arna déanamh' ag an gCoimisiún a bhí san iarraidh ar fhaisnéis a sheol an Coimisiún an 21 Feabhra 2014, ionas go mbristí isteach ar an tréimhse teorann don DEP 2008-2015 freisin an 21 Feabhra 2014. Dá réir sin, bhrisfí an tréimhse teorann d'aon chabhair a deonaíodh ón 21 Feabhra 2004 an 21 Feabhra 2014 agus ní cabhair í atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589.
- (463) I ndáil leis sin, tugann an Coimisiún dá aire gur gá gur deonaíodh aon chabhair a eascraítear as DEP 2008-2015 tar éis an 21 Feabhra 2004, agus dá bhrí sin ní cabhair í atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b), pointe (iv) de Rialachán 2015/1589.
- (464) Ar an dara dul síos, tugann an Coimisiún dá aire nach gcomhlíonann an chabhair a eascraíonn as DEP 2008-2015 coinníollacha aon cheann de na fomhíreanna eile d'Airteagal 1(b) de Rialachán 2015/1589.
- (465) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cabhair nua, de réir bhrí Airteagal 1(c) de Rialachán 2015/1589, atá sa chabhair a eascraíonn as DEP 2008-2015, arna deonú ag an Danmhairg don Chuibhreannas.

6.4. Dlíthiúlacht na cabhrach

- (466) Ceanglaítear le hAirteagal 108(3) CFAE ar na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas, in am trátha chun é a chur ar a chumas a bharúlacha a chur isteach, faoi aon phleananna chun cabhair a dheonú. Ina theannta sin, cuireann an oibleagáid neamhghníomhaíochta san Airteagal sin toirmeasc ar na Ballstát an beart atá beartaithe aige a chur i bhfeidhm sula mbeidh cinneadh críochnaitheach glactha ag an gCoimisiún.
- (467) Tugtar faoi deara in Airteagal 1(f) de Rialachán 2015/1589 go bhfuil cabhair nua a cuireadh i bhfeidhm de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE neamhdhleathach.

- (468) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí (454), (460) agus (465) gur cabhair nua atá sa chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015, as DEP 1999-2007, agus as DEP 2008-2015. Tugann an Coimisiún dá aire go ndearna an Danmhairg na bearta sin a chur i bhfeidhm gan fógra a thabhairt don Choimisiún ar dtús fúthu agus gan feitheamh le cinneadh an Choimisiúin ina leith. Dá bhrí sin, chuir an Danmhairg na bearta cabhrach nua sin i bhfeidhm de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE.
- (469) Ar mhaithe le hiomláine, tugann an Coimisiún dá aire gur chuir an Cuibhreannas an Coimisiún ar an eolas faoi shamhail na ráthaíochta Stáit a bheith ann i ndáil le tionscadal an Naisc Sheasmhaigh leis an litir uaidh an 1 Lúnasa 1995 (aithris (149)).
- (470) Fiú dá bhféadfaí a thuiscint go gcumhdaítear leis an litir sin freisin rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas toisc go raibh siad mar chuid den Acht Foirgníochta in 1991 (féach tuilleadh, aithris (504)(c)), ionas go bhféadfaí a chinneadh gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi na pleananna chun an chabhair a dheonú a eascraíonn as na bearta sin, ní athródh sé sin an chonclúid gur chuir an Danmhairg na bearta sin i bhfeidhm de shárú ar Airteagal 108(3) CFAE, ós rud é nár fhan sí go bhfuarthas cinneadh ón gCoimisiún sula ndearna sí amhlaidh.
- (471) Ar chaoi ar bith, measann an Coimisiún nach bhféadfaí litir an 1 Lúnasa 1995 a mheas mar fhógra maidir leis na bearta nua cabhrach (aithris (454), aithris (460) agus aithris (465)) a deonaíodh ar a luaithe, ón tráth a glacadh le tuairisceán cánach A/S Øresund don bhliain chánach 2004 (aithrisí (418) agus (429)), is é sin, beagnach deich mbliana tar éis litir an 1 Lúnasa 1995 a chur faoi bhráid an Choimisiúin.
- (472) Is é conclúid an Choimisiúin, dá bhrí sin, gur cabhair neamhdhleathach í an chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015, as DEP 1999-2007, agus as DEP 2008-2015.

6.5. Measúnú comhoiriúnachta

6.5.1. Ráthaíochtaí Stáit agus LCF 1991-2001

- (473) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithris (388) agus in aithris (404), faoi seach, gurb ionann an chabhair a eascraíonn ó shamhail na ráthaíochta Stáit agus ó LCF 1991-2001 agus cabhair aonair, agus, in aithris (445) agus in aithris (450), faoi seach, gurb ionann í agus 'cabhair atá ann cheana'.
- (474) Foráiltear le hAirteagal 22 de Rialachán 2015/1589 gur féidir leis an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh don Bhallstát lena mbaineann i gcás inar chinn an Coimisiún nach bhfuil scéim cabhrach atá ann cheana comhoiriúnach leis an margadh inmheánach, nó nach bhfuil sí comhoiriúnach a thuilleadh. Níl feidhm aige sin, áfach, maidir le cabhair aonair atá ann cheana. Dá bhrí sin, ós rud é nach féidir leis an gCoimisiún bearta iomchuí a mholadh i ndáil le cabhair aonair atá ann cheana, ní gá measúnú a dhéanamh ar a chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach.
- (475) Baineann an Coimisiún de thátal as, dá bhrí sin, nach gá don Choimisiún a chinneadh cé acu an bhfuil an chabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit nó ó LCF 1991-2001 comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.
- (476) Tugann an Coimisiún dá aire, áfach, gur chomhaontaigh an Cuibhreannas, amach anseo, gan leas a bhaint as a cheart chun ráthaíochtaí Stáit gan préimh atá i gcomhréir leis an margadh, fiachas nua a mhaoiniú, nó fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú. Chuige sin, tá gealltanús tugtha ag na Stáit (aithris (265)) a áirithiú go maoineoidh an Cuibhreannas fiachas nua, agus go ndéanfaidh sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú, ar théarmaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an gcabhair don Chuibhreannas a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit de réir mar a rachaidh ionstraimí fiachais an Chuibhreannais atá gan íoc in éag. Thug na Stáit forléargas don Choimisiún ar an aistriú chuig téarmaí an mhargaidh maidir leis an bhfiachas atá fágtha, agus ar an bpróifíl aisíocaíochta a bhfuil coinne léi (aithris (265)). Dheimhnigh na Stáit, sa chomhthéacs sin, nach bhfuair an Cuibhreannas aon mhaoiniú nó athmhaoiniú nua atá ráthaithe ag an Stát ó bhreithiúnas *Øresund* (aithris (265)).
- (477) Meabhraíonn an Coimisiún go maíonn an Gearánach (aithris (222)) go bhféadfadh téarmaí maoinithe níos fabhraí a fhaigheann fiontair a ndéanann a bhfoirm dhlíthiúil foráil maidir le díolúine ó ghnáthrialacha maidir le féimheacht nó nósanna imeachta dócmhainneachta eile a bheith ina Státchabhair, sa chaoi go leanfadh an Cuibhreannas de bhuntáiste suntasach a bheith aige fiú tar éis do na Stáit scor de ráthaíochtaí sonracha Stáit a eisiúint. Gan a chinneadh an bhfuil sé ceart a rá go bhfuil an Cuibhreannas díolmhaithe ó rialacha nó nósanna imeachta den sórt sin (a dhiúltaíonn na Stáit),

tugann an Coimisiún dá aire go mbeadh díolúine den sórt sin, ar an gcéad dul síos, ina gné dhílis de bhunú an Chuibhreannais féin, agus ar an dara dul síos, dá mba Státchabhair an díolúine sin, ní chumhdófaí an Státchabhair sin, in aon chás, faoi raon feidhme an nós imeachta imscrúdaithe fhoirmiúil atá teoranta do shamhail na ráthaíochta Stáit agus do rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímhéas.

6.5.2. LCF 2013-2015, DEP 1999-2007 agus DEP 2008-2015

- (478) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cabhair nua (aithris (454)) atá sa chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015, a dheonaítear ar bhonn bliantúil, nuair a ghlacann na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund (aithris (418)). Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cabhair nua (aithris (460) agus aithris (465)), a deonaíodh tar éis an 21 Feabhra 2004 ar aghaidh, a bhí sa chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015, tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund inar chuir sé ráta dímhéasa i bhfeidhm a sháraíonn an ráta dá bhforáiltear in Acht na Danmhairge um Dhímheas Cánach, go dtí go nglacfar leis an tuairisceán cánach don bhliain chánach 2015 (aithris (429)).
- (479) Le linn an nós imeachta réamh-imscrúdaithe, d'áitigh an Danmhairg agus an tSualainn, dá mbreithneodh an Coimisiún gur cabhair iad na bearta tacaíochta, gur cheart dó measúnú a dhéanamh ar a gcomhoiriúnacht ar bhonn Airteagal 107(3)(b) CFAE, lena gceadaítear cabhair chun cur i gcrích tionscadail thábhachtaigh ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur chun cinn.
- (480) Sa Teachtaireacht IPCEI ⁽¹⁹⁰⁾, leagtar amach na prionsabail ar dá réir a dhéanann an Coimisiún measúnú ar mhaoiniú poiblí na dtionscadal sin. Foráiltear le mír 52 de Theachtaireacht IPCEI 'i gcás cabhair nár tugadh fógra ina leith, go gcuirfidh an Coimisiún an Teachtaireacht [IPCEI] i bhfeidhm más rud é gur deonaíodh an chabhair tar éis a teacht i bhfeidhm, agus na rialacha a bhí i bhfeidhm tráth a deonaíodh an chabhair i ngach cás eile'. Tháinig an Teachtaireacht IPCEI i bhfeidhm an 1 Iúil 2014.
- (481) Leanann sé ó aithris (429) gur deonaíodh an chabhair a deonaíodh ar bhonn DEP 1999-2007 roimh an 1 Iúil 2014, agus gur deonaíodh ar a laghad cuid den chabhair a deonaíodh ar bhonn LCF 2013-2015 agus ar bhonn LCF 2008-2015 tar éis an dáta sin. Mar sin féin, ós rud é go gcomhdhlúthaítear leis an Teachtaireacht IPCEI cleachtas an Choimisiúin a mhéid a bhaineann leis an measúnú comhoiriúnachta ar chabhair ar bhonn Airteagal 107(3)(b) CFAE ⁽¹⁹¹⁾, tá na treoirphrionsabail bhunúsacha a leagtar amach ann eolasach freisin maidir le measúnú an Choimisiúin ar an gcabhair a deonaíodh sular tháinig sí i bhfeidhm.
- (482) Ceann de na treoirphrionsabail bhunúsacha sin is ea prionsabal na comhréireachta, lena gceanglaítear nach sáróidh bearta cabhrach a bhfuil riachtanach chun a gcuspóirí a bhaint amach. Dá bhrí sin, dá bhféadfaí tógáil agus oibriú an Naisc Sheasmhaigh a bhaint amach le níos lú cabhrach, ní mheasfaí an chabhair a bheith comhréireach. Leagtar síos an prionsabal sin freisin i mír 28 den Teachtaireacht IPCEI.
- (483) I Roinn 5.4.4 den Chinneadh Tosaigh, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht na mbearta tacaíochta, lena n-áirítear na bearta cánach speisialta. Thug an Coimisiún dá aire, in aithris 151 den Chinneadh Tosaigh, nach raibh na heilimintí uile aige chun na teorainneacha ar mhéid agus ar fhad na ráthaíochtaí Stáit agus na buntáistí cánach a d'fhéadfaí a mheas a bheith réasúnta a chinneadh. Ó aithris 152 den Chinneadh Tosaigh, is féidir a thuiscint gur réamhriachtanas é sin chun modh cainníochtaithe cuí na cabhrach atá i gceist agus a teorannú a cheadú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún amhras in iúl maidir le comhréireacht na mbearta atá faoi scrúdú.

⁽¹⁹⁰⁾ An 25 Samhain 2021, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht athbhreithnithe maidir le rialacha Státchabhrach le haghaidh Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IO C 528 an 30 Nollaig 2021, lch. 10). Ós rud é nach raibh feidhm ag an teachtaireacht sin ach ón 1 Eanáir 2022, níl sí ábhartha maidir le haon chabhair a deonaíodh roimh an dáta sin. Ar chaoi ar bith, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil na forálacha maidir le measúnú comhréireachta i dTeachtaireacht IPCEI 2014 agus in athbhreithniú 2021 an-chosúil lena chéile.

⁽¹⁹¹⁾ Féach, mar shampla, cinneadh ón gCoimisiún an 17 Márta 2009, i gcás N 157/2009 — an Danmhairg — Céim phleanála nasc seasmhach Chaolas Fehmarn a mhaoiniú, (IO C 202, 27.8.2009, lch. 1); Cinneadh ón gCoimisiún an 13 Márta 1996 maidir le cabhair fhioscach arna tabhairt d'aerlínte na Gearmáine i bhfoirm saoráid dímhéasa, (IO L 146, 20.6.1996, lch. 42); Cinneadh ón gCoimisiún an 22 Nollaig 1998, N 576/98 i gcás N 576/98 — An Ríocht Aontaithe — Nasc Iarnróid Thollán Mhuir nIocht, (IO C 56, 26.2.1999, lch. 6); agus cinneadh ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2009 i gcás N 420/08 — An Ríocht Aontaithe — Athstruchtúrú Iarnród Londen agus Iarnród Ilchríochacha, (IO C 183, 5.8.2009, lch. 2).

- (484) Níor chuir na Stáit aon fhaisnéis bhreise isteach mar fhreagra ar an gCinneadh Tosaigh a d'fhéadfadh a chur ar chumas an Choimisiúin aon teorainneacha ar mhéid agus ar fhad na cabhrach a eascraíonn as LCF 2013–2015, as DEP 1999–2007 agus as DEP 2008–2015 a chinneadh, teorainneacha a d'fhéadfaí a mheas a bheith comhréireach, nó chun an chabhair lena mbaineann a chainníochtú. Go háirithe, níor chuir na Stáit isteach samhail de bhearna chistiúcháin, a cheanglaítear le mír 31 den Teachtaireacht IPCEI, lena bhforáiltear 'go gcinnefar an t-uasleibhéal cabhrach maidir leis an mbearna chistiúcháin a sainathnódh i ndáil leis na costais incháilithe. Má tá údar cuí leis de bharr na hanailíse ar an mbearna chistiúcháin, d'fhéadfadh an déine cabhrach a bheith chomh hard le 100 % de na costais incháilithe. Tagraíonn an bhearna chistiúcháin don difríocht idir na sreafaí airgid deimhneacha agus diúltacha thar shaolré na hinfheistíochta, arna lascainiú go dtí a luach reatha ar bhonn fachtóir lascaine iomchuí lena léirítear an ráta toraidh is gá chun go mbeidh an tairbhí in ann an tionscadal a chur i gcrích go háirithe i bhfianaise na rioscaí atá i gceist. Is iad na costais incháilithe na costais a leagtar síos in Iarscríbhinn [...]'.
(485) D'áitigh na Stáit go mbeadh roinnt dúshlán modheolaíochta rompu maidir le samhail na bearna chistiúcháin sin a bhunú agus léirigh siad go mbeadh an riosca ann go mbeadh róchúiteamh ar an gCuibhreannas le sonrú mar thoradh ar na ríomhanna bearna chistiúcháin sin.
(486) Thairis sin, níor mheas na Stáit go raibh sé iomchuí ná riachtanach tuilleadh barúlacha a thabhairt maidir le comhoiriúnacht aon chabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann don Chuibhreannas i bhfianaise a seasaimh maidir leis an gcáilíocht cabhrach atá ag samhail na ráthaíochta Stáit cheana agus i bhfianaise an aicmithe maidir le gan aon chabhair i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas. Ina theannta sin, níor thug na Stáit barúil ar an measúnú eacnamaíoch ar an Nasc Seasmhach a choimisiúnaigh an Gearánach (aithrisí (191), (193), agus (201) go (206)), agus a cuireadh ar aghaidh chuig na Stáit (aithrisí (30) agus (38)).
(487) Ar an mbonn sin, measann an Coimisiún gur theip ar na Stáit a léiriú go raibh an chabhair a eascraíodh ó LCF 2013–2015, DEP 1999–2007 agus DEP 2008–2015 comhréireach.
(488) Ós rud é gur theip ar na Stáit comhréireacht na cabhrach a eascraítear ó LCF 2013–2015, DEP 1999–2007 nó DEP 2008–2015 a shuíomh, baineann an Coimisiún de thátal as nach bhfuil an chabhair sin comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. I bhfianaise an mhéid sin, ní gá a chinneadh cé acu an mbaineann an Nasc Seasmhach le tionscadal atá incháilithe i gcomhréir leis an Teachtaireacht IPCEI nó cé acu an bhfuil gá leis na bearta agus nach mbíonn saobhadh míchuí iomaíochta mar thoradh orthu nach féidir a n-éifeachtaí dearfacha a sháru.

7. AISGHA BHÁIL

- (489) I gcomhréir le CFAE agus le cásdlí bunaithe Chúirteanna an Aontais, tá an Coimisiún inniúil a chinneadh go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann cabhair a athrú nó a dhíothú nuair a chinnfidh sé nach bhfuil sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach⁽¹⁹²⁾. Bhí Cúirteanna an Aontais den tuairim go comhsheasmhach freisin maidir leis an oibleagáid atá ar Bhallstát deireadh a chur le cabhair arna meas ag an gCoimisiún mar chabhair atá neamhréireach leis an margadh inmheánach, ceapadh an oibleagáid sin chun an cás a bhí ann roimhe a athshuí⁽¹⁹³⁾.
(490) Sa chomhthéacs sin, tá sé deimhnithe ag Cúirteanna an Aontais go mbaintear an cuspóir sin amach a luaithe a aisíocfaidh an faighteoir na suimeanna a deonaíodh trí chúnamh neamhdhleathach, rud a ghéillfidh an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh inmheánach, agus a luaithe a thabharfar an cás ar ais sular íocadh an chabhair⁽¹⁹⁴⁾.
(491) I gcomhréir leis an gcásdlí, sonraítear in Airteagal 16(1) de Rialachán 2015/1589 'i gcás ina ndéantar cinntí diúltacha i gcásanna cabhrach neamhdhleathaí, cinneadh an Coimisiún go ndéanfaidh an Ballstát lena mbaineann gach beart is gá chun an chabhair a aisghabháil ón tairbhí.'

⁽¹⁹²⁾ Breithiúnas an 12 Iúil 1973, *an Coimisiún v an Ghearmáin*, C-70/72, AE:C:1973:87, mír 13.

⁽¹⁹³⁾ Breithiúnas an 21 Márta 1990, *an Bheilg v an Coimisiún*, C-142/87, AE:C:1990:125, mír 66; breithiúnas an 15 Meán Fómhair 2022, *Fossil v an Coimisiún*, C-100/20, AE:C:2022:750, mír 42.

⁽¹⁹⁴⁾ Breithiúnas an 17 Meitheamh 1999, *an Bheilg v an Coimisiún*, C-75/97, AE:C:1999:311, mír 64 agus mír 65, breithiúnas an 8 Nollaig 2011, *Residex Capital IV v Gemeente Rotterdam*, C-275/10, AE:C:2011:814, mír 34.

- (492) Foráiltear le hAirteagal 16(1) de Rialachán 2015/1589 freisin, áfach, 'nach gceanglóidh an Coimisiún aisghabháil na cabhrach sin dá mbeadh sé sin ag dul in aghaidh prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais'. I ndáil leis sin, rialaíodh go gceanglaítear ar an gCoimisiún imthosca eisceachtúla a chur san áireamh, ar a thionscnamh féin, ar imthosca iad lena dtugtar údar, de bhun Airteagal 16(1), chun nach n-ordóidh sé cabhair arna deonú go neamhdhleathach a aisghabháil i gcás ina bhfuil an aisghabháil sin ag dul in aghaidh prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais ⁽¹⁹⁵⁾. Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún, ar an gcéad dul síos, measúnú a dhéanamh ar cibé acu arbh ann d'imthosca den sórt sin (Roinn 7.1), agus, ar an dara dul síos, cinneadh a dhéanamh maidir leis an modheolaíocht chun cabhair a aisghabháil (Roinn 7.2).

7.1. Ionchais dhlisteanacha

- (493) Áitíonn na Stáit gur cheart an téarnamh a chosc le prionsabal an ionchais dhlisteanach. Is prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é an prionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint ⁽¹⁹⁶⁾, lena dtugtar cearta do dhaoine aonair ⁽¹⁹⁷⁾. I gcomhréir leis an gcásdlí socair, baineann an ceart chun brath ar an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint le haon duine atá i gcás ina bhfuil institiúid de chuid an Aontais tar éis a chur faoi deara dó nó di ionchas cuíreasúnaíthe a bheith aige nó aici ⁽¹⁹⁸⁾.
- (494) Ní mór trí choinníoll charnacha a chomhlíonadh chun go mbeidh bunús maith le héileamh ar theidliocht ar chosaint ionchais dhlisteanach. Ar an gcéad dul síos, ní mór dearbhuithe beachta, neamhchoinníollacha agus comhsheasmhacha de thionscnamh foinsí údaráithe iontaofa a bheith tugtha don duine lena mbaineann. Ar an dara dul síos, ní mór do na dearbhuithe sin a bheith ina gcúis le hionchas dhlisteanach ag an duine a bhfuil siad dírithe chuige. Ar an tríú dul síos, ní mór do na dearbhuithe a thugtar na rialacha is infheidhme a chomhlíonadh ⁽¹⁹⁹⁾.
- (495) Tá an Chúirt tar éis a chinneadh go comhsheasmhach go mbaineann an ceart chun brath ar an bprionsabal maidir le hionchais dhlisteanacha a chosaint le haon duine ar thug foras údar dóchais dó. Ina theannta sin, ghlac an Chúirt leis nach féidir le hionchais dhlisteanacha teacht chun cinn ach amháin i gcás inar thug institiúid féin dearbhuithe beachta nach Státchabhair é an beart atá i gceist ⁽²⁰⁰⁾. I bprionsabal, níl aon cheart ag faighteoirí cabhrach a cuireadh chun feidhme go neamhdhleathach ionchais dhlisteanacha a fháil ⁽²⁰¹⁾.
- (496) Meabhraíonn an Coimisiún gur chinn sé roimhe seo ⁽²⁰²⁾ — suas go dtí dáta bhreithiúnas *Aéroports de Paris* ar a laghad, an 12 Nollaig 2000 — go raibh ionchais dhlisteanacha ag an Danmhairg, an tSualainn, agus ag an gCuibhreannas nach Státchabhair a bhí i mbearta i ndáil leis an Nasc Seasmhach. Dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta an méid sin i *mbreithiúnas Øresund* ⁽²⁰³⁾.
- (497) Tugann an Coimisiún dá aire gurb é seasamh an Ghearánaigh agus Scandlines et al. gur eisiadh le breithiúnas *Øresund* ionchais dhlisteanacha a bheith ann don Chuibhreannas agus do na Stáit, amhail ó bhreithiúnas *Aéroports de Paris* (aithris (213) agus aithris (214)). Ní aontaíonn an Coimisiún leis an seasamh sin.

⁽¹⁹⁵⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Samhain 1987, *Rijn-Schelde-Verolme (RSV) Machinefabrieken en Scheepswerven NV v an Coimisiún*, 223/85, AE:C:1987:502.

⁽¹⁹⁶⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 3 Bealtaine 1978, *August Töpfer & Co. GmbH v an Coimisiún*, 112/77, AE:C:1978:94, mír 19.

⁽¹⁹⁷⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Bealtaine 1992, *Mulder agus Eile v an Chomhairle agus an Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-104/89 agus C-37/90, AE:C:1992:217, mír 15.

⁽¹⁹⁸⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Márta 1987, *Van den Bergh en Jurgens agus Van Dijk Food Products (Lopik) v Coimisiún na gComhphobal Eorpach*, 265/85, AE:C:1987:121, mír 44 agus an cásdlí a luaitear ann.

⁽¹⁹⁹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Meitheamh 2005, *Branco v an Coimisiún*, T-347/03, AE:T:2005:265, mír 102 agus an cásdlí a luaitear ann; an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 23 Feabhra 2006, *Cementbouw Handel & Industrie v an Coimisiún*, T-282/02, AE:T:2006:64, mír 77; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Meitheamh 2009, *CPEM v an Coimisiún*, T-444/07, EU:T:2009:227, mír 126.

⁽²⁰⁰⁾ Féach an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 22 Meitheamh 2006, *an Bheilg agus Fóram 187 ASBL v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-182/03 agus C-217/03, AE:C:2006:416, mír 147; an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 24 Samhain 2005, *an Ghearmáin v an Coimisiún*, C-506/03, AE:C:2005:715, mír 58.

⁽²⁰¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 11 Samhain 2004, *Daewoo Electronics Manufacturing España SA (Demesa) agus Territorio Histórico de Álava — Diputación Foral de Álava v an Coimisiún*, Cásanna Uamtha C-183/02 P agus C-187/02 P, AE:C:2004:701, mír 44 agus mír 45, agus an cásdlí a luaitear ann.

⁽²⁰²⁾ Cinneadh 2014, aithrisí 140 go 153, agus Cinneadh Tosaigh, aithrisí 169 go 179.

⁽²⁰³⁾ Breithiúnas *Øresund*, míreanna 297-328.

- (498) I mír 322 de bhreithiúnas *Øresund*, dhiúltaigh an Chúirt Ghinearálta an chaingean i gcoinne chinneadh 2014 a mhéid a bhain sí le cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an Cuibhreannas agus na Stáit tairbhe ionchas dlisteanach a éileamh don tréimhse roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*. Maidir leis an tréimhse ina dhiaidh sin, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire i mír 327 agus i mír 328, nach ndearnadh cinneadh cinntitheach i gcinneadh 2014. Chinn an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé riachtanach di rialú a thabhairt ar na hargóintí ina leith sin.
- (499) Sna himthosca sin, measann an Coimisiún gur fhág an Chúirt Ghinearálta ceist an phointe a raibh feidhm ag cosaint na n-ionchas dlisteanach ina leith, sa chás seo, faoi scrúdú an Choimisiúin. Dá réir sin, i Roinn 6 (teacht i gcrích an Chinnidh Tosaigh), thug an Coimisiún dá aire go bhféachfadh sé ar an tréimhse bheacht ar lena linn a d'fhéadfadh an tairbhí, an tSualainn agus/nó an Danmhairg ionchais dhlisteanacha a agairt, dá bhfaighfí amach gur Státchabhair neamh-chomhoiriúnach a bhí sna bearta.
- (500) Mar a fuarthas in aithrisí (454), (460), (465) agus (472), is ionann an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015, DEP 2008–2015 agus DEP 1999–2007 agus Státchabhair neamhdhleathach nua é, rud nach bhfuil comhoiriúnach leis an margadh inmheánach (aithris (488)). Dá bhrí sin, ní mór don Choimisiún a chinneadh cathain a d'fhéadfadh na páirtithe a bheith ag brath ar ionchais dhlisteanacha i leith na cabhrach sin.
- (501) Roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, ba léir go raibh sé de chleachtas ag an gCoimisiún a fháil amach nár ghníomhaíocht eacnamaíoch a bhí i dtógáil agus oibriú bonneagair iompair ⁽²⁰⁴⁾. I mbreithiúnas *Aéroports de Paris*, áfach, d'admhaigh an Chúirt Ghinearálta go bhféadfaí féachaint ar oibriú aerfoirt mar ghníomhaíocht eacnamaíoch.
- (502) Dá bhrí sin, mar a luaitear san Fhógra maidir le Coincheap na Státchabhrach, d'athraigh an tuairim thraidisiúnta gur lasmuigh de na rialacha maidir le Státchabhair a bhí an cistiú poiblí chun an-chuid bonneagair a thógáil agus a oibriú le breithiúnas *Aéroports de Paris*. Luaitear an méid seo a leanas i mír 209 den Fhógra sin:
- ‘i bhfianaise na héiginnteachta a bhí ann roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, d'fhéadfadh údaráis phoiblí a mheas go dlisteanach nach Státchabhair a bhí i gcistiú poiblí an bhonneagair a deonaíodh roimh an mbreithiúnas sin agus, dá réir sin, nár ghá fógra a thabhairt don Choimisiún faoi bhearta den sórt sin. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún bearta cistiúcháin den sórt sin a glacadh go cinntitheach roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris* a chur in amhras ar bhonn na rialacha maidir le Státchabhair. Ní hionann sin agus aon toimhde maidir le Státchabhair nó ionchais dhlisteanacha a bheith ann nó a bheith in easnamh a mhéid a bhaineann le bearta cistiúcháin nár glacadh go cinntitheach roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, a chaithfear a fhíorú ar bhonn cás ar chás.’
- (503) Mar a tugadh faoi deara in aithris (418) agus in aithris (429), baineann an chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015, as DEP 1999–2007, agus as DEP 2008–2015 le cabhair nár deonaíodh go cinntitheach roimh an 12 Nollaig 2000. Ní mór a fhíorú, dá bhrí sin, cé acu an ndearnadh na hionchais dhlisteanacha atá ag an Danmhairg, ag an tSualainn agus ag an gCuibhreannas a shíneadh níos faide ná an dáta sin sa chás sin.

⁽²⁰⁴⁾ Féach breithiúnas *Øresund*, mír 308.

(504) Chun an fíorú sin a dhéanamh, meabhraíonn an Coimisiún, ar an gcéad dul síos, na himthosca ba chúis leis an gconclúid, i gcinneadh 2014 agus sa Chinneadh Tosaigh, gur tháinig ionchais dhlísteanacha chun cinn sa chás seo, mar a leagtar amach in aithrisí 144 go 153 de chinneadh 2014 agus in aithrisí 170 go 179 den Chinneadh Tosaigh:

- (a) roimh bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, nuair a bhí tionscadal an Naisc Sheasmhaigh á phleanáil agus á thógáil, ba é seasamh an Choimisiúin maoiniú poiblí an bhonneagair a mheas mar earraí poiblí, seachas mar ghníomhaíocht eacnamaíoch. Leagadh an seasamh sin amach go soiléir in ionstraimí na reachtaíochta boige éagsúla ⁽²⁰⁵⁾, chomh maith le cinntí áirithe ón gCoimisiún ⁽²⁰⁶⁾ (féach aithris 144 de chinneadh 2014 agus aithris 170 den Chinneadh Tosaigh);
- (b) an 1 Lúnasa 1995, scríobh an Cuibhreannas chuig an gCoimisiún agus d'iarr sé soiléiriú i dtaobh cé acu an Státchabhair a bheadh sna ráthaíochtaí. Sa chomhthéacs sin, mar a tugadh faoi deara in aithris 148 de chinneadh 2014 agus aithris 174 den Chinneadh Tosaigh, chinn an Coimisiún go raibh sé ábhartha a thabhairt faoi deara gur cuireadh litir an Chuibhreannais faoi bhráid an Choimisiúin roimh theacht i bhfeidhm Rialachán 659/99 agus Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún ⁽²⁰⁷⁾, lenar tugadh isteach foirmiúlachtaí nua i ndáil le fógraí maidir le Státchabhair, lena n-áirítear foirmeacha fógartha, agus tiolacadh leictreonach trí chóras SANI, le bailíochtú ag Buanionadaíochtaí na mBallstát ⁽²⁰⁸⁾;
- (c) le litreacha 1995 chuig an Danmhairg agus chuig an tSualainn, dheimhnigh seirbhísí an Choimisiúin nár tháinig tógáil an Naisc Sheasmhaigh faoi raon feidhme na rialacha maidir le Státchabhair, agus nár ghá fógra a thabhairt don Choimisiún ina leith. Bhí sé sin go hiomlán comhsheasmhach le cleachtas an Choimisiúin, ag an am (féach cinneadh 2014, aithris 150 agus Cinneadh Tosaigh, aithris 176). Fiú mura raibh baint ag litir an Chuibhreannais an 1 Lúnasa 1995 ach leis na ráthaíochtaí, d'eascair ionchais dhlísteanacha as an bhfreagairt i ndáil le rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh cailteanas agus dímhéas agus maidir le céim oibríochtúil an tionscadail, toisc gurbh í gníomhaíocht iomlán an Chuibhreannais í, is é sin, an tógáil agus an oibríocht, a bhí lasmuigh de na rialacha maidir le Státchabhair, neamhspleách ar an bhfoirm a ghlac maoiniú an Stáit (2014, aithris 152, agus Cinneadh Tosaigh, aithris 177, a dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta i mbreithiúnas *Øresund*, mír 313); agus
- (d) ina theannta sin, formheasadh an Nasc Seasmhach mar thionscadal TEN-T, agus fuair sé cistiú ón Aontas, rud a léiríonn a thuilleadh gur cuireadh an Coimisiún ar an eolas go cuí go gcuirfí an beart i bhfoirm ráthaíochtaí Stáit chun feidhme (aithris (58) agus aithris (442)) (cinneadh (2014, aithris 151).

⁽²⁰⁵⁾ Féach, mar shampla, treoirlínte an Chomhphobail maidir le cur i bhfeidhm 92 agus 93 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh Chomhaontú agus Airteagal 61 de Chomhaontú LEE maidir le Státchabhracha san earnáil eitlíochta, (IO C 350, 10.12.1994, lch. 5). Tagraítear go sainráite i mír 12 do dhroichid: 'Is ionann tógáil an mhéadaithe ar thionscadail bhonneagair (amhail aerfoirt, mótarbhealaí, droichid, etc.) agus beart ginearálta den bheartas eacnamaíoch nach féidir leis an gCoimisiún a rialú faoi rialacha an Chonartha maidir le Státchabhair.'; Páipéar Bán ón gCoimisiún an 22 Iúil 1998 maidir le hÍocaíocht chóir le haghaidh úsáid bhonneagair: Cur chuige céimnithe i leith comhchreata muirearaithe do bhonneagar iompair in AE (COM (1998) 466 final), mír 43; Páipéar Uaine an 10 Nollaig 1997 maidir le Calafóirt Mhara agus Bonneagar Muirí (COM (97) 678 críochnaitheach), mír 42; Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 13 Feabhra 2001: Seirbhísí Ardchaighdeán a Neartú i gCalafóirt Mhara: Eochair d'iompar Eorpach, (COM (2001) 35 final).

⁽²⁰⁶⁾ Féach cinntí ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2000 maidir le Státchabhair N 208/2000 — An Ísiltír — Scéim Fóirdheontais do Chríochoir Intíre Phoiblí (SOIT), IO C 315, 4.11.2000, lch. 22; Cinneadh ón gCoimisiún an 17 Iúil 2002, maidir le Státchabhair N 356/2002 — An Ríocht Aontaithe — Gréasán Iarnróid, (IO C 232, 28.9.2002, lch. 2); Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2001, maidir le Státchabhair N 649/2001 — An Ríocht Aontaithe — Deontas Saoráidí Lasta, mír 45, (IO C 45, 19.2.2002, lch. 2); Cinneadh ón gCoimisiún an 8 Márta 2006, maidir le Státchabhair N 284/2005 — Éire — Clár Leathanbhanda Réigiúnach: Líonraí Limistéar Cathrach ('MANanna'), céimeanna II agus III, mír 34, IO C 207, 30.8.2006, lch. 2; Cinneadh ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2002 maidir le Státchabhair C 42/2001 — an Spáinn — Terra Mitica SA, mír 64 agus mír 65, IO L 91, 8.4.2003, lch. 23; Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2005, maidir le Státchabhair N 355/2004 — an Bheilg — Aerfort Idirnáisiúnta PPP Antuairp, mír 34, (IO C 176, 16.7.2005, lch. 11); Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2001, maidir le Státchabhair N 550/2001 — an Bheilg — Partenariat public privé pour la construction d'installations de chargement et de déchargement, mír 24, IO C 24, 26.1.2002, lch. 2; Cinneadh ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2001, maidir le Státchabhair N 649/2001 — An Ríocht Aontaithe — Deontas Saoráidí Lasta (FFG), (IO C 045, 19.2.2002, lch. 2). Féach freisin mír 201 den Fhógra maidir le Coincheap na Státchabhrach.

⁽²⁰⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2004 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm, (IO L 140, 30.4.2004, lch. 1).

⁽²⁰⁸⁾ Ibid., Airteagal 2 agus Airteagal 3.

- (505) Meabhraíonn an Coimisiún, mar a tugadh faoi deara in aithris (371) agus in aithris (399), gur deonaíodh an Státchabhair a tháinig ó shamhail na ráthaíochta Stáit agus ó LCF 1991-2001 chun tacú leis an infheistíocht i bpleanáil agus i dtógáil an Naisc Sheasmhaigh. Ba cheart a mheas go dtacaíonn an Státchabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015, DEP 1999-2007, agus DEP 2008-2015 le hoibriú an Naisc Sheasmhaigh (aithris (416) agus aithris (426)).
- (506) Tugann an Coimisiún dá aire go raibh na cúiseanna ar chinn sé ar dtús gur tháinig ionchais dhlisteanacha chun cinn maidir le tionscadal an Naisc Sheasmhaigh (aithris (504)) bunaithe ar an bhfíric gur dearbhaíodh go sainráite i litreacha 1995 cleachtas an ama inar measadh nár tháinig tionscadail bhonneagair faoi raon feidhme na rialacha maidir le Státchabhair. Seoladh na litreacha sin mar fhreagairt ar litir an Chuibhreannais chuig an gCoimisiún an 1 Lúnasa 1995, inar iarradh soiléireacht i dtaobh an gcáileodh samhail na ráthaíochta Stáit chun tacú le tógáil an Naisc Sheasmhaigh mar Státchabhair.
- (507) I mbreithiúnas *Aéroports de Paris*, dheimhnigh an Chúirt Ghinearálta go bhféadfadh sé gur Státchabhair a bheadh in oibriú an bhonneagair phoiblí ⁽²⁰⁹⁾.
- (508) Mar a tugadh faoi deara in aithris (471), ní mheasann an Coimisiún go bhféadfaí litir an Chuibhreannais an 1 Lúnasa 1995 a mheas mar fhógra faoi na bearta cabhrach nua, a deonaíodh den chéad uair beagnach deich mbliana tar éis an litir sin a sheoladh agus nach féidir glacadh leis go réasúnta ina leith go bhféadfadh an Cuibhreannas iad a chur san áireamh ina litir, ós rud é go bhfuil bunús gach ceann de na trí bheart le fáil i leasú amach anseo ar na gnáthrialacha cánach, rud nach raibh infheidhme maidir le A/S Øresund. Ar an gcaoi chéanna, ní mheasann an Coimisiún gur féidir a mheas i gceart go gcumhdaítear le litir 1995, lena ndeimhnítear nár cuireadh na rialacha maidir le Státchabhair i bhfeidhm maidir leis an infheistíocht a rinneadh ag an am sin, cabhair le haghaidh oibríochtaí laethúla a deonaíodh tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*, agus tar éis an tógáil a bheith curtha i gcrích.
- (509) Cé is moite de litreacha 1995, níl a fhios ag an gCoimisiún go bhfuair an Cuibhreannas nó na Stáit aon dearbhuithe a chomhlíonadh na trí choinníoll charnacha is gá chun ionchais dhlisteanacha a chruthú (aithris (494)).
- (510) Dá bhrí sin, ní thagann an Coimisiún ar aon chúis lena mheas go bhféadfadh ionchais dhlisteanacha a bheith ag na Stáit nó ag an gCuibhreannas nach Státchabhair a bheadh sna bearta cabhrach nua, lena gcumhdaítear oibríochtaí laethúla an Naisc Sheasmhaigh, a deonaíodh tar éis bhreithiúnas *Aéroports de Paris*.
- (511) Cinneann an Coimisiún, dá bhrí sin, ón 12 Nollaig 2000 — dáta bhreithiúnas *Aéroports de Paris* — nach bhféadfadh ionchais dhlisteanacha a bheith ag na Stáit ná ag an gCuibhreannas a thuilleadh nach státchabhair a bhí sa tacaíocht d'oibríochtaí an tionscadail ó lá go lá.
- (512) Tugann an Coimisiún dá aire nach gá gurb ionann staid na cabhrach a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit agus as LCF 1991-2001 agus staid na cabhrach a eascraíonn as LCF 2013-2015, as DEP 1999-2007, agus as DEP 2008-2015, ós rud é gur deonaíodh go cinntitheach don Chuibhreannas an 13 Feabhra 1992 an Státchabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit agus as LCF 1991-2001 chun an infheistíocht sa Nasc Seasmhach a chumasú (aithris (388) agus aithris (404), agus aithris (371) agus aithris (399)), sular eisíodh litreacha 1995. Ós rud é, áfach, gurb ionann an chabhair a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit agus as LCF 1991-2001 agus cabhair atá ann cheana nach bhfuil faoi réir aisghabhála (aithrisí (473) go (475)), ní cheanglaítear ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh i dtaobh an bhféadfadh an Cuibhreannas nó na Stáit ionchais dhlisteanacha a choimeád thar bhreithiúnas *Aéroports de Paris* maidir leis an gcabhair chun tacú leis an infheistíocht i dtógáil an Naisc Sheasmhaigh.
- (513) Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid, dá bhrí sin, nach bhfuil an chabhair nua a eascraíonn as LCF 2013-2015, as DEP 1999-2007, agus as DEP 2008-2015 coiscithe ó aisghabháil, ós rud é gur deonaíodh í tar éis an 12 Nollaig 2000, nach gcuirtear bac ar aisghabháil de bhua chur i bhfeidhm phrionsabal na n-ionchas dlisteanach. Ní mór, dá bhrí sin, an chabhair sin a aisghabháil.

⁽²⁰⁹⁾ Mír 123.

7.2. An Mhodheolaíocht i leith aisghabhála

- (514) Agus aisghabháil na cabhrach a dearbhaíodh a bheith neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach á hordú, ba cheart a áireamh i gcinneadh an Choimisiúin faisnéis lena gcuirtear ar chumas sheolaí an chinnidh méid na cabhrach atá le haisghabháil gan dua mór a ríomh ⁽²¹⁰⁾. Chun an staid a bhí ann ar an margadh inmheánach sular deonaíodh iad a athbhunú, cumhdófar leis an aisghabháil an tréimhse dar tús an dáta ar cuireadh an chabhair ar fáil don tairbhí go dtí go ndéanfar an aisghabháil. Gearrfar ús ar an méid a bheidh le haisghabháil go dtí go ndéanfar an chabhair iomlán a aisghabháil.
- (515) Ní mór cabhair neamhdhleathach a chinntear nach bhfuil comhoiriúnach leis an margadh inmheánach a aisghabháil ó fhaighteoirí na cabhrach ⁽²¹¹⁾. Chun an staid a bhí ar an margadh inmheánach sular deonaíodh an chabhair a athbhunú, ní mór don fhaighteoir an chabhair a aisíoc chun an buntáiste a bhí aige ar a iomaitheoirí ar an margadh a fhorghéilleadh. Thug an Coimisiún dá aire in aithrisí (314) go (319) gur gnóthas aonair iad A/S Øresund agus an Cuibhreannas chun críoch ghníomhaíocht eacnamaíoch an Naisc Sheasmhaigh; go dtéann aon bhuntáiste a shanntar don ghnóthas aonair don ghníomhaíocht eacnamaíoch sin chun tairbhe don Chuibhreannas freisin mar chuid den ghnóthas; agus go rachaidh aon laghdú ar na costais a bhaineann le gníomhaíocht an Naisc Sheasmhaigh chun tairbhe don Chuibhreannas, toisc gurb é ioncam an Chuibhreannais é a úsáidtear chun dliteanais an Chuibhreannais a urscaoileadh. I bhfianaise na n-inthosca sin, agus chun an staid a bhí ann ar an margadh inmheánach sular deonaíodh na bearta cabhrach a athbhunú, d'fhéadfaí an chabhair a aisghabháil ón gCuibhreannas nó ó A/S Øresund, mar chuid den ghnóthas aonair, ós rud é gurb é an Cuibhreannas a bhfuil aon laghdú nó méadú ar na costais a bhaineann leis an Nasc Seasmhach air.
- (516) Deonaíodh an chabhair a eascraíonn as LCF 2013-2015 ar bhonn bliantúil, tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund. Deonaíodh an chabhair a eascraíonn as DEP 1999-2007 agus as DEP 2008-2015 tráth a ghlac na húdaráis le tuairisceáin chánach A/S Øresund, inar chuir sí ráta dímheasa i bhfeidhm thar an ráta dá bhforáiltear in Acht um Dhímheas Cánach na Danmhairge. Chun an méid atá le haisghabháil a chainníochtú, ní mór comparáid a dhéanamh idir an cháin iarbhir a d'íoc A/S Øresund, agus an méid cánach ba cheart a bheith íoctha aige dá gcuirfí na rialacha is infheidhme go ginearálta maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus dímheas i bhfeidhm, arna ríomh ar na dátaí a bheadh an cháin a sábháladh dlite i ngach bliain chánach. Teastaíonn an chomparáid sin, idir an cháin a íocadh iarbhir agus an méid cánach ba chóir a bheith íoctha, maidir le haghaidh gach tuairisceán cánach a tíolacadh ⁽²¹²⁾ agus ar ghlac na húdaráis chánach leo tar éis an 21 Feabhra 2004.
- (517) Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire nach féidir éifeacht rialacha speisialta na Danmhairge maidir le tabhairt ar aghaidh caillteanas agus rialacha speisialta na Danmhairge maidir le dímheas a mheas ina n-aonar, ós rud é go bhfuil tionchar ag dímheas ar ioncam inchánach cáiniocóra, agus gur féidir leis tionchar a bheith aige ar na caillteanais a thugtar ar aghaidh. Lena chois sin, ní mór an tréimhse iomlán, ón gcéad uair a glacadh le tuairisceán cánach ón 21 Feabhra 2004 go dtí dáta an aisghabhála, a chur san áireamh, ós rud é gur féidir le caillteanais a thugtar ar aghaidh tionchar a imirt ar na cánacha a íocadh iarbhir sna blianta atá le teacht.
- (518) Maidir le DEP 2008-2015, go háirithe, tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh A/S Øresund, le gach tuairisceán cánach, cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu an ndéanadh sé nó nach ndéanadh sé cuid dá shócmhainní a dhímheas. Is iad na roghanna iarbhir sin nach mór a chur san áireamh agus an cháin a d'íoc A/S Øresund á cur i gcomparáid leis an gcáin ba cheart a bheith íoctha aige, dá mbeadh na rialacha ginearálta maidir le dímheas infheidhme agus curtha i bhfeidhm ('an tuairisceán cánach frithfhórasach'). Más rud é go ndearnadh A/S Øresund, i mbliain áirithe, a dhímheas ar ráta níos airde ná mar a cheadaítear faoi na rialacha is infheidhme go ginearálta, ba cheart an dímheas barrachais sin a chur san áireamh i dtuairisceán cánach frithfhórasach na chéad bhliana ar roghnaigh A/S Øresund gan a shócmhainní sa Nasc Seasmhach a dhímheas ina leith (nó nach ndearna sé amlaidh ach ar ráta a bhí níos ísle ná an riail is infheidhme go ginearálta), agus suas go dtí an ráta dímheasa a cheadaítear faoi na rialacha ginearálta amháin. Ba cheart gach barrachas dímheasa a bheidh fágtha a mheas, chun críoch ríomha, i dtuairisceán cánach frithfhórasach na bliana dár gcionn go dtí go mbeidh an méid dímheasta carnach i dtuairisceáin chánach A/S Øresund agus sna tuairisceáin chánach fhrithfhórasacha comhionann.

⁽²¹⁰⁾ Féach, chuige sin, an breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 18 Deireadh Fómhair 2007, *an Coimisiún v an Fhrainc*, C-441/06, AE:C:2007:616, mír 29 agus an cásdlí a luaitear.

⁽²¹¹⁾ An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 29 Aibreán 2004, *an Ghearmáin v an Coimisiún*, C-277/00, AE:C:2004:238, mír 75.

⁽²¹²⁾ I gcás inarb infheidhme, ba cheart ceartúchán arna dhéanamh ag riarachán cánach na Danmhairge i gcomthéacs iniúchadh cánach a chur san áireamh.

8. CONCLÚID

- (519) Tagann an Coimisiún ar an gconclúid gur Státchabhair, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, don Chuibhreannas atá i samhail na ráthaíochta Stáit a chuir na Stáit i bhfeidhm le haghaidh na n-iasachtaí a thóg an Cuibhreannas chun costais phleanála agus tógála an Naisc Sheasmhaigh a mhaoiniú.
- (520) Deonaíodh samhail na ráthaíochta Stáit mar chabhair *ad hoc* aonair amháin an 13 Feabhra 1992, nuair a bunaíodh an Cuibhreannas. Cabhair atá ann cheana atá sa bheart sin. Mar sin féin, tugann an Coimisiún dá aire gur gheall na Stáit a áirithiú go maoiníodh an Cuibhreannas fiachas nua agus go ndéanfaidh sé fiachas atá ann cheana a athmhaoiniú ar théarmaí an mhargaidh. Dá bhrí sin, cuirfear deireadh de réir a chéile leis an gcabhair don Chuibhreannas a eascraíonn as samhail na ráthaíochta Stáit de réir mar a rachaidh ionstraimí fiachais an Chuibhreannais atá gan íoc in éag.
- (521) Is é conclúid an Choimisiúin é nach Státchabhair iad LCF 2002–2012 agus DEP 1991–1998, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE.
- (522) Is é conclúid an Choimisiúin é gurb ionann agus Státchabhair na buntáistí a eascraíonn as LCF 1991–2001, LCF 2013–2015, DEP 1999–2007, agus DEP 2008–2015, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, arna deonú ag an Danmhairg do ghnóthas aonair A/S Øresund agus don Chuibhreannas, agus dá bhrí sin don Chuibhreannas, ar bhonn aonair *ad hoc*. Is ionann an chabhair a eascraíonn as LCF 1991–2001 agus cabhair *ad hoc* aonair amháin, a cháilíonn mar chabhair atá ann cheana. Is éard atá sa chabhair a eascraíonn as DEP 1999–2007 deontais cabhrach *ad hoc* aonair, a cháileodh mar chabhair atá ann cheana dá ndeontófaí i roimh an 21 Feabhra 2004, agus a cháilíonn mar chabhair neamhdhleathach nua a mhéid a deonaíodh í ón 21 Feabhra 2004. Is cabhair *ad hoc* aonair atá sa chabhair a eascraíonn as LCF 2013–2015, agus an chabhair a eascraíonn as DEP 2008–2015, a cháilíonn mar chabhair nua, a chuir an Danmhairg chun feidhme go neamhdhleathach. Níl na bearta cabhrach sin a cháilíonn mar chabhair nua comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Ós rud é nár deonaíodh aon chabhair faoi na bearta sin roimh an 12 Nollaig 2000, ní chuirtear cosc ar aisghabháil tríd an bprionsabal maidir le hionchais dhlísteanacha a chosaint a chur i bhfeidhm. Ní mór don Danmhairg an chabhair neamhdhleathach neamh-chomhoiriúnach a deonaíodh faoi LCF 2013–2015, faoi DEP 1999–2007 agus faoi DEP 2008–2015 a aisghabháil.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní Státchabhair iad LCF 2002–2012 agus DEP 1991–1998, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Is éard atá i samhail na ráthaíochta Stáit, arna deonú ag na Stáit, chomh maith le LCF 1991–2001, arna deonú ag an Danmhairg, Státchabhair, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, do ghnóthas aonair A/S Øresund agus don Chuibhreannas, agus, dá bhrí sin, don Chuibhreannas. Cabhair atá ann cheana atá sa chabhair sin.

Airteagal 3

Is ionann na buntáistí a eascraíonn as DEP 1999–2007 arna deonú ag an Danmhairg agus Státchabhair, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, do ghnóthas aonair A/S Øresund agus an Chuibhreannais, agus, dá bhrí sin, don Chuibhreannas. Is ionann an chabhair sin agus cabhair atá ann cheana a mhéid a deonaíodh í roimh an 21 Feabhra 2004.

Airteagal 4

Is ionann na buntáistí a eascraíonn as DEP 1999-2007, a mhéid a deonaíodh iad ón 21 Feabhra 2004, na buntáistí a eascraíonn as DEP 2008-2015, agus na buntáistí a eascraíonn as LCF 2013-2015, agus Státchabhair, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, do ghnóthas aonair A/S Øresund agus an Chuibhreannais, agus dá bhrí sin don Chuibhreannas. Is cabhair nua í an chabhair sin a chuir an Danmhairg i bhfeidhm go neamhdhleathach de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus níl sí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach.

Airteagal 5

- (1) Gnóthóidh an Danmhairg an chabhair dá dtagraítear in Airteagal 4 ó ghnóthas aonair A/S Øresund agus ón gCuibhreannas.
- (2) Íocfar ús ar na suimeanna a bheidh le haisghabháil ón dáta ar cuireadh ar fáil iad do ghnóthas aonair A/S Øresund agus don Chuibhreannas go dtí go n-aisghabhfar iad iarbhrí.
- (3) Déanfar an t-ús a ríomh ar bhonn iolraithe i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 794/2004 agus le Rialachán (CE) Uimh. 271/2008 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 794/2004.

Airteagal 6

- (1) Beidh aisghabháil na cabhrach arna deonú dá dtagraítear in Airteagal 4 láithreach agus éifeachtach.
- (2) Áiríteoidh an Danmhairg go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme laistigh de cheithre mhí tar éis an dáta a dtabharfar fógra faoin gCinneadh seo.

Airteagal 7

- (1) Laistigh de dhá mhí tar éis fógra a fháil faoin gCinneadh seo, tíolacfaidh an Danmhairg an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) méid iomlán na cabhrach, dá dtagraítear in Airteagal 4, a fuair ghnóthas aonair A/S Øresund agus an Cuibhreannas;
 - (b) an méid iomlán (príomhshuim agus ús aisghabhála) atá le haisghabháil ó ghnóthas aonair A/S Øresund agus ón gCuibhreannas;
 - (c) tuairisc mhionsonraithe ar na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh;
 - (d) doiciméadacht lena léirítear gur ordaíodh do ghnóthas aonair A/S Øresund agus don Chuibhreannas an chabhair a aisíoc.
- (2) Coinneoidh an Danmhairg an Coimisiún ar an eolas faoi dhul chun cinn na mbeart náisiúnta arna nglacadh chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme go dtí go mbeidh aisghabháil na cabhrach arna deonú dá dtagraítear in Airteagal 4 tugtha chun críche. Cuirfidh sí isteach láithreach, ar iarraidh shimplí ón gCoimisiún, faisnéis maidir leis na bearta a rinneadh cheana féin agus atá beartaithe chun an Cinneadh seo a chomhlíonadh. Cuirfidh sé faisnéis mhionsonraithe ar fáil freisin maidir leis na méideanna cabhrach agus úis aisghabhála a aisghabhadh cheana ó ghnóthas aonair A/S Øresund agus ón gCuibhreannas.

Airteagal 8

Is chuig Ríocht na Danmhairge agus chuig Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin
